PRELIMS.Layout 1 12/07/2012 15:19 Page 1

Gafa le Gnó

Gearrchuntas ar Chúrsa Gnó na hArdteistiméireachta

Rónán Murdock

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta a mhaoinigh an leabhar seo

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

PRELIMS.Layout 1 12/07/2012 15:19 Page 2

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Le caoinchead ó William Murphy

Dearadh:
Don Harper (Artwerk Limited)

Profú agus eagarthóireacht:
Fionnuala Ní Mhuirí agus Pól Ó Cainín

Gach ceart ar cosaint. Níl cead aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh nó a thraschur i bhfoirm ar bith nó ar bhealach ar bith, leictreonach, meicniúil, fótachóipeála nó eile, gan chead roimh ré i scríbhinn ón bhfoilsitheoir.

ISBN: 978-0-9572986-1-3

Arna phriontáil ag:
Brunswick Press LTD,
Aonad B2,
Eastát Tionsclaíoch Bluebell,
Baile Átha Cliath 12
Éire

Clár

AONAD	*CAIBIDIL*		*Lch*
1	**1**	DAOINE i MBUN GNÓ	**1**
	2	COINBHLEACHT TOMHALTÓIRÍ	**16**
	3	CAIDREAMH TIONSCLAÍOCH	**25**
2	**4**	AN FHIONTRAÍOCHT	**39**
3	**5**	AN BHAINISTÍOCHT	**45**
	6	TREORÚ/ INSPREAGADH	**47**
	7	AN CHUMARSÁID	**55**
	8	GNÍOMHAÍOCHTAÍ BAINISTÍOCHTA	**74**
4	**9**	BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ DAONNA	**87**
	10	RÓL AN BHAINISTEORA AG ATHRÚ	**97**
	11	AN CHUNTASAÍOCHT	**104**
	12(A)	ÁRACHAS	**117**
	12(B)	CÁNACHAS	**121**
	13	AIRGEADAS	**129**
5	**14**	DEISEANNA A AITHINT I GCÚRSAÍ GNÓ	**144**
	15	TÚS Á CHUR LE GNÓLACHT	**150**
	16	MARGAÍOCHT 1	**166**
	17	MARGAÍOCHT 2	**186**
5	**18**	GNÓ A LEATHNÚ	**191**
6	**19**	EAGRAÍOCHTAÍ GNÓ	**199**
	20	CATAGÓIRÍ ÉAGSÚLA TIONSCAIL	**211**
	21	GNÓ, AN GEILLEAGAR AGUS AN RIALTAS	**214**
	22	FORBAIRT POBAIL	**221**
	23	FREAGRACHT SHÓISIALTA	**225**
7	**24**	TRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA	**231**
	25	AN tAONTAS EORPACH	**239**
	26	CUIDEACHTAÍ TRASNÁISIÚNTA	**251**
		AN CHEIST AR AN NGNÓ FEIDHMEACH (ABQ)	**256**

PRELIMS.Layout 1 12/07/2012 15:19 Page 4

Nóta buíochais ón údar:

Tiomnaím an leabhar seo do mo mháthair, Éilís Murdock, le buíochas as a tacaíocht.

Ba mhaith liom buíochas mór a ghabháil freisin le Muireann, Pól agus Aisling sa Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta as ucht a gcuid tacaíochta agus treorach.

AONAD

1 CAIBIDIL 1
DAOINE i MBUN GNÓ

An Gnó – Is é atá sa ghnó ná earraí nó seirbhísí a cheannach ó chustaiméirí agus a dhíol leo. Bíonn daoine faoi leith páirteach sa ghnó. Glaoitear geallsealbhóirí ar na daoine seo.

Na Geallsealbhóirí

1. An Fiontraí
2. An tInfheisteoir
3. An Fostóir
4. An Fostaí
5. An Táirgeoir
6. An Tomhaltóir
7. An Soláthraí Seirbhíse
8. Na Grúpaí Sainleasa

Bíodh dhá phointe agus sampla ullamh agat le haghaidh gach geallsealbhóra!

1. An Fiontraí

- Duine a thapaíonn an deis atá curtha ar fáil agus a ghlacann an fhreagracht air/uirthi féin gnó a bhunú agus airgead a shaothrú ón deis sin.
- Téann an fiontraí i mbun riosca fiontraíochta agus é/í ag bunú gnólachta mar má theipeann ar an ngnó bíonn sé/sí thíos leis.

Samplaí d'fhiontraithe...

- Sna 1970idí d'aithin Bill Gates go mbeadh ríomhairí in úsáid i ngach oifig agus i ngach teach sa todhchaí. Dá bhrí sin, bhunaigh sé Microsoft, cuideachta a dhéanann bogearraí do ríomhairí.
- Bhunaigh Brody Sweeney siopa O'Briens i 1988 nuair a d'aithin sé go raibh éileamh ann do cheapairí mar mhearbhia.

UNIT 1(1-3).Layout 1 12/07/2012 15:24 Page 2

2. An tInfheisteoir

- Is infheisteoir é an té a thugann airgead (nó caipiteal) d'fhiontraí le gnó a bhunú. Bíonn sé/sí ag lorg brabúis ón airgead sin ar a nglaoitear toradh ar infheistíocht.[1]
- Is féidir leis an infheisteoir iasacht a thabhairt don fhiontraí agus bíonn sé/sí ag súil go n-íocfar an t-airgead sin ar ais móide ús. Glaoitear caipiteal fiachais[2] air seo.
- Chomh maith leis sin, is féidir leis an infheisteoir airgead a thabhairt don fhiontraí agus scair den ghnólacht a fháil mar mhalartú. Glaoitear caipiteal cothromais[3] air seo. Sa chás seo faigheann an t-infheisteoir scair de bhrabús an ghnólachta. Glaoitear díbhinn[4] ar an scair seo.

Sampla d'infheisteoir

- Thug Banc na hÉireann €27,000 do Brody Sweeney chun a chéad siopa O'Briens a oscailt. Dá bhrí sin, infheisteoir a bhí i mBanc na hÉireann i ngnó Brody Sweeney.

3. An Fostóir

- Duine a fhostaíonn daoine eile chun obair a dhéanamh dó/di. Is fostóir é an fiontraí nuair a théann a g(h)nólacht i méid agus nuair a fhostaíonn sé/sí daoine eile chun cabhrú leis/léi. Mar shampla, d'fhéadfadh an fiontraí cuntasóir a fhostú chun smacht a choimeád ar chúrsaí airgeadais an ghnó.
- Tugann an fostóir luachanna saothair[5] don fhostaí as an obair a dhéanann sé/sí. Is féidir leis/léi luachanna saothair airgeadais a thabhairt dó/di i bhfoirm pá, bónais agus coimisiúin agus luachanna saothair neamhairgeadais a thabhairt dó/di i bhfoirm laethanta saoire sa bhreis.

Sampla d'fhostóir...

- Fostaíonn Dell daoine chun ríomhairí a thógáil. Fostaíonn Dell breis is 70,000 duine ar fud an domhain.

1 Return on Investment
2 Debt Capital
3 Equity Capital
4 Dividend
5 Rewards

UNIT 1(1-3):Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 3

4. An Fostaí

- Oibríonn an fostaí don fhostóir agus faigheann sé/sí tuarastal don obair sin.
- Lorgaíonn fostaithe pá cóir, coinníollacha maithe oibre agus poist sheasta.

Sampla d'fhostaithe...

- Daoine atá fostaithe ag Dell le ríomhairí a dhéanamh nó a thógáil.
- Daoine a oibríonn in Jack and Jones ag díol éadaí

5. An Táirgeoir

- Déanann an táirgeoir earraí críochnaithe nó earraí leathchríochnaithe agus díolann sé/sí iad ar aghaidh chuig an tomhaltóir. Is déantóirí iad siúd a fhaigheann amhábhar[6] agus a dhéanann earraí críochnaithe nó leath-chríochnaithe as.
- Bíonn ar an táirgeoir earraí a dhíol leis an tomhaltóir ar phraghas níos airde ná an costas táirgeachta chun brabús a dhéanamh.

Sampla de tháirgeoir...

- Is táirgeoir é ***King Crisps***. Déanann siad criospaí as prátaí.

6. An Tomhaltóir

- Duine a cheannaíonn earraí nó seirbhísí ón bhfiontraí ar mhaithe lena úsáid phearsanta. Gan an tomhalotóir ní bheadh aon mhargadh ann don fhiontraí.
- Lorgaíonn siad ardchaighdeán ar phraghsanna íseal.

Sampla de chustaiméir...

- Rothaí a cheannaíonn rothar ar mhaithe lena úsáid phearsanta.
- Buachaill a cheannaíonn barra seacláide.

6 Raw Material

UNIT 1(1-3).Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 4

7. An Soláthraí Seirbhíse[7]

- Gnólacht a chabhraíonn leis an bhfiontraí trí sheirbhís a sholáthar. Sábhálann siad am agus airgead don fhiontraí.
- Soláthraíonn siad seirbhísí riachtanacha cosúil le seirbhísí leictreachais, teileafóin, baincéireachta, fógraíochta, iompair srl.
- Toisc go mbaineann gnólachtaí leas astu ní mór dóibh seirbhís iontaofa[8] ar phraghas réasúnta agus ar ardchaighdeán a sholáthar.

Samplaí de sholáthraí seirbhíse...

- Soláthraíonn Bord Soláthair an Leictreachais[9] seirbhís leictreachais don fhiontraí.
- Sampla eile is ea *eircom*. Soláthraíonn siad seirbhís chumarsáide (teileafón, idirlíon) don fhiontraí.

8. Grúpaí Sainleasa

- Is eagraíocht í seo de ghrúpa daoine a thagann le chéile toisc go mbíonn aidhmeanna comónta acu.
- Trí theacht le chéile bíonn siad níos láidre agus bíonn níos mó airgid acu. Dá bhrí sin tá níos mó seans ann go n-éistfear leo.
- Cuireann siad brú ar an Rialtas agus ar ghnólachtaí chun a gcuid cleachtais a athrú.

Is mar seo a leanas a bhaineann siad a n-aidhmeanna amach:

1. Cuireann siad brú ar pholaiteoirí.
2. Scríobhann siad litreacha.
3. Úsáideann siad poiblíocht dhiúltach.
4. Déanann siad baghcat ar ghnólachtaí.

Samplaí de Ghrúpaí Sainleasa...

- Is grúpa sainleasa é Greenpeace. Má tá aon ghnó ag caitheamh go dona leis an timpeallacht/ leis an gcomhshaol cuireann Greenpeace brú orthu a chuid cleachtais a athrú. I mí Iúil 2006, de bharr brú de chuid Greenpeace, bheartaigh *DELL* ceimiceáin thocsaineacha a bhaint dá chuid táirgí.
- Is grúpa sainleasa eile é Comhdháil na gCeardchumann[10]. Bíonn siad ag troid ar son cearta fostaíochta in Éirinn.

---

7 Service Provider
8 Reliable
9 ESB ➤ Electricity Supply Board (Electric Ireland)
10 Irish Congress of Trade Unions (ICTU)

UNIT 1(1-3):Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 5

An Ghaolmhaireacht idir na Geallsealbhóirí sa Ghnó

Bíonn gaolmhaireachtaí eagsúla idir na geallsealbhóirí sa ghnó. Is iad a seo a leanas na gaolmhaireachtaí:

1. Gaolmhaireacht Chomhoibritheach	2. Gaolmhaireacht Iomaíoch	3. Gaolmhaireacht Spleách[11]

1. Gaolmhaireacht Chomhoibritheach

- Ciallaíonn sé seo go mbíonn na rudaí céanna ag teastáil ón dá gheallsealbhóir agus dá bhrí sin cabhraíonn siad lena chéile chun na rudaí sin a bhaint amach. Baineann an dá pháirtí leas as an gcomhoibriú seo. Bíonn an bua ag an dá pháirtí sa ghaolmhaireacht.

Sampla de ghaolmhaireacht chomhoibritheach...

- Bíonn gaolmhaireacht chomhoibritheach idir ghnólachtaí nuair a dhéanann siad rudaí a chabhraíonn leis an dá pháirtí. Mar shampla, iallach a chur ar an Rialtas cáin áirithe a laghdú nó socrú a dhéanamh agus an praghas céanna a chur ar tháirgí.

2. Gaolmhaireacht Iomaíoch

- Tagann gaolmhaireacht iomaíoch chun cinn nuair a bhíonn geallsealbhóir amháin ag iarraidh an lámh in uachtar a fháil ar gheallsealbhóir eile. Bíonn siad in iomaíocht lena chéile agus ní bhíonn ann ach buaiteoir amháin.

Sampla de ghaolmhaireacht iomaíoch...

- Tagann gaolmhaireacht iomaíoch chun cinn idir an fiontraí agus an t-infheisteoir nuair a dhiúltaíonn an t-infheisteoir airgead a thabhairt don fhiontraí. Is féidir le gaolmhaireacht iomaíoch teacht chun cinn má dhiúltaíonn an fiontraí airgead a aisíoc leis an infheisteoir.

[11] Dependent Relationship

UNIT 1(1-3).Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 6

3. Gaolmhaireacht Spleách

- Ciallaíonn sé seo go mbíonn an dá gheallsealbhóir ag brath ar a chéile le bheith rathúil. Má theipeann ar gheallsealbhóir amháin bíonn an geallsealbhóir eile i dtrioblóid.

Sampla de ghaolmhaireacht spleách

- Bíonn an tomhaltóir ag brath ar an táirgeoir le táirgí a dhéanamh dó/di ar nós bia, éadaí agus gluaisteáin. Bíonn an táirgeoir ag brath ar an tomhaltóir chun na táirgí a cheannach agus brabús a dhéanamh.

Dlí na gConarthaí

- Chun fadhbanna a sheachaint déantar conradh a dhréachtú a chlúdaíonn gach gné den chomhaontas atá idir lámha.
- *Mar shampla, faigheann fostaí conradh fostaíochta óna f(h)ostóir ina leagtar amach na dualgais atá le comhlíonadh aige/aici agus an ráta pá a bheidh á thuilleamh aige/aici.*

An Conradh a shainmhíniú:

- Comhaontú ceangailteach idir bheirt nó níos mó atá i gconradh.
- Má bhriseann duine amháin aon choinníoll sa chonradh is féidir le breitheamh iallach a chur ar an duine sin cúiteamh a íoc nó an conradh a chomhlíonadh i gceart.
- Ní bhíonn an comhaontú dleathach go dtí go mbíonn na hocht ngné riachtanacha de chonradh bailí ann.

Is iad seo a leanas na hocht ngné riachtanacha a bhaineann le conradh bailí:

1. Tairiscint *Offer*	2. Glacadh *Acceptance*	3. Comaoin *Consideration*	4. Rún Conraithe *Intention to contract*
5. Inniúlacht Conraithe *Capacity to Contract*	6. Toiliú le Conrú *Consent to contract*	7. Dlíthiúlacht Foirme *Legality of Form*	8. Dlíthiúlacht Cuspóra *Legality of Purpose*

UNIT 1(1-3):Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 7

1. Tairiscint

- Tagann tairiscint chun cinn nuair a iarrann duine amháin ar dhuine eile margadh a dhéanamh leis/léi.
- Le haghaidh tairisceana bailí *(valid)* is gá na téarmaí uile den mhargadh a leagan síos go soiléir agus go hiomlán roimh ré.

Ní tairiscint é **'cuireadh chun ceannaigh'** *(Invitation to treat)*. Feictear é mar thairiscint chun tairiscint a dhéanamh. *(it's known as an offer to make an offer)*

Mar shampla: Is é an tomhaltóir, ní an siopadóir, an duine a dhéanann tairiscint nuair a dhéanann sé /sí iarracht táirge a cheannach i siopa. Is féidir leis an siopadóir glacadh leis an tairiscint a thugann an tomhaltóir dó/di nó an tairiscint a dhiúltú.

2. Glacadh

- Ciallaíonn glacadh go n-aontaíonn an páirtí eile go hiomlán leis an margadh gan aon choinníollacha.
- Is féidir glacadh le tairiscint trí fhreagra ó bhéal, i scríbhinn nó i ngníomh.

3. Comaoin

- An íocaíocht a thugann duine amháin do dhuine eile mar chuid den chomhaontú.
- Chun conradh a dhéanamh as comaoin caithfidh an comhaontú a bheith ceart agus luachmhar.
- Caithfidh an dá thaobh tairbhe a bhaint as an gcomhaontú.
- *Nuair a bhíonn tú ag siopadóireacht, tugann tú airgead don siopa mar chomaoin agus tugann an siopa earraí grósaeireachta duit mar chomaoin.*

4. Rún Conraithe

- Ciallaíonn sé seo go n-aontaíonn an dá pháirtí go mbeidh conradh dlíthiúil eatarthu.
- Tuigeann siad má bhriseann siad aon choinníoll den chonradh go mbeidh sé de chumhacht ag an bpáirtí eile iad a thógáil os comhair na cúirte.

UNIT 1(1-3).Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 8

- Glactar leis go bhfuil cumhacht dlí taobh thiar de chomhaontú idir chomh-ghleacaithe gnó[12] ach nach bhfuil cumhacht dlí taobh thiar de chomhaontú sóisialta idir chairde nó theaghlach.
- *Ní féidir le do chara tú a thógáil os comhair na cúirte agus cúiteamh a lorg má dhiúltaíonn tú airgead peitril a thabhairt dó/di le haghaidh turais fhada.*

5. Inniúlacht Conraithe

- Níl an chumhacht dhlíthiúil ag daoine áirithe páirt a ghlacadh i gconradh toisc nach bhfuil an cumas intinne acu é a thuiscint.
- Ós rud é nach bhfuil inniúlacht conraithe ag na daoine seo níl dlíthiúlacht ag baint le haon chomhaontú lena nglacann siad páirt.
- *Ní bhíonn inniúlacht conraithe ag daoine faoi 18, daoine faoi thionchar alcóil ná ag daoine mímheabhracha.*[13]

6. Toiliú le Conrú

- Ní féidir brú a chur ar dhuine páirt a ghlacadh i gconradh.
- Má bhíonn an iomarca brú i gceist ní conradh bailí é.
- *Ní féidir le páirtí amháin bagairt a chur ar pháirtí eile conradh a dhéanamh leis/léi. Má bhíonn an iomarca brú i gceist ní bhíonn an conradh bailí agus cuirtear ar ceal é.*

7. Dlíthiúlacht Foirme

- De réir an dlí is gá go mbeadh roinnt mhaith conarthaí i bhfoirm scríbhinne ionas go mbeidh siad dleathach.
- Cuireann an scríbhinn seo taifead nó fianaise den socrú ar fáil.
- *Má bhíonn tú ag ceannach tí ó dhuine is gá go mbeadh an socrú i scríbhinn. Is féidir leis an díoltóir a (h)intinn a athrú aon am sula sínítear an conradh.*

8. Dlíthiúlacht Cuspóra

- Ní thugtar aon aitheantas do chonradh má bhristear an dlí laistigh den chonradh sin.
- *Ní féidir le mangaire drugaí conradh dlíthiúil a dhéanamh le bádóir chun drugaí a allmhairiú/ iompórtáil.*

[12] Business Colleagues
[13] Person of unsound mind

UNIT 1(1-3):Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 9

Deireadh a chur le Conradh

Ceithre bhealach éagsúla le deireadh a chur le conradh:

1. Comhlíonadh
2. Comhaontú
3. Frustrachas
4. Sárú

1. Comhlíonadh

- Nuair a dhéanann an dá pháirtí a gcuid dualgais maidir leis an gconradh a chomhlíonadh bíonn deireadh leis an gconradh.
- *Shínigh Pól conradh le Siobhán. Díolfaidh sé a ghluaisteáin léi ar €6,000. Nuair a thabharfaidh Siobhán €6,000 do Phól agus nuair a thabharfaidh Pól an gluaisteán di beidh deireadh leis an gconradh.*

2. Comhaontú

- Is féidir deireadh a chur le conradh nuair a aontaíonn gach páirtí atá sa chonradh deireadh a chur leis.
- Uaireanta cuirtear deireadh le conradh má cheapann na páirtithe nach mbainfidh siad aon tairbhe[14] as é a chomhlíonadh.
- *Chuir Samantha Mumba ceolchoirm a bhí eagraithe aici i mí Feabhra 2007 ar ceal toisc nár dhíol sí ach 30 ticéad. D'aontaigh sí agus eagraí na ceolchoirme é a chur ar ceal mar chaillfidís airgead dá rachadh an cheolchoirm ar aghaidh.*

3. Frustrachas

- Cuirtear deireadh le conradh má tharlaíonn eachtra faoi leith, nach bhfuil smacht ag an dá pháirtí air, rud a chiallaíonn gur dodhéanta é an conradh a chomhlíonadh.
- *Ar an 21ú de mhí an Mheithimh 2007 chuir Barbara Streisand ceolchoirm a bhí eagraithe aici san Ostair ar ceal de bharr na drochaimsire. Cé nach raibh an locht uirthi ná ar eagraí na ceolchoirme ba dhodhéanta dóibh an conradh a chomhlíonadh.*

[14] Benefit

UNIT 1(1-3).Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 10

4. Sárú

- Tarlaíonn sárú conartha nuair a bhriseann duine coinníoll den chonradh.
- *Má tá banna ceoil le seinm i gceolchoirm agus má tá beirt den ghrúpa sin in easnamh is sárú conartha é sin agus is féidir le heagraí na ceolchoirme an cheolchoirm a chur ar ceal.*

An difríocht idir Coinníoll[15] agus Baránta[16]

Coinníoll ➤ Is gné riachtanach de chonradh é coinníoll. Má bhristear é cuirtear an conradh ar ceal.
Bheadh sé mar choinníoll de chonradh fostaíochta peileadóra phroifisiúnta gur gá dó a bheith i láthair le haghaidh gach cluiche. Mura bhfuil sé i láthair le haghaidh cluiche gan chúis shásúil is féidir leis an gclub an conradh a chur ar ceal.

Baránta ➤ Is cuid den chonradh é seo nach bhfuil go hiomlán riachtanach. Má bhristear é ní chuirtear an conradh ar ceal.
Bheadh sé mar bharánta fostaíochta de pheileadóir proifisiúnta gur gá dó a bheith i láthair gach lá nuair a bhíonn traenáil ar siúl. Mura bhfuil sé i láthair don traenáil gan chúis shásúil gearrtar fíneáil air. Ní chuirtear an conradh ar ceal.

Réiteach maidir le Sárú Conartha

Tarlaíonn sárú conartha nuair a bhriseann duine coinníoll den chonradh. Má bhriseann duine coinníoll den chonradh is féidir é/í a thógáil os comhair na cúirte. Is féidir leis an mbreitheamh na rudaí seo a leanas a thabhairt don pháirtí neamhchiontach:

1. Damáistí
2. Sainchomhlíonadh
3. Cealú

1. Damáistí

- Is féidir leis an mbreitheamh iallach a chur ar an duine a bhris an conradh cúiteamh[17] airgid a íoc leis an bpáirtí neamhchiontach.
- Is réiteach maith é seo ar an bhfadhb mar ní chailleann an páirtí neamhchiontach airgead de bharr shárú an duine eile.

[15] Condition
[16] Warranty

UNIT 1(1-3):Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 11

2. Sainchomhlíonadh

- Is féidir leis an mbreitheamh ordú a thabhairt don té a bhris an conradh a c(h)uid den chonradh sin a chomhlíonadh.
- Leis seo cinntítear go gcomhlíontar an conradh agus nach bhfulaingíonn an páirtí neamhchiontach.

3. Cealú

- Is féidir leis an mbreitheamh an conradh a chealú.
- Ciallaíonn sé seo go bhfilleann an dá pháirtí ar an suíomh ina raibh siad sular ghlac siad páirt sa chonradh.

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2011 Roinn 3 – Ceist 1(A) – 15 Marc
Tabhair breac-chuntas, le samplaí, ar an gcaidreamh is féidir a bheith ann idir 'Infheisteoirí' agus 'Fiontraithe' i ngnó.

2010 Roinn 3 – Ceist 1(C) – 15 Marc
Maidir le Dlí na gConarthaí, léirigh do thuiscint ar *Inniúlacht Chonraithe*.

2009 Roinn 3 – Ceist 1(A) – 10 Marc
Tabhair breac-chuntas, agus úsáid á baint agat as sampla, ar an ról atá ag grúpaí sainleasa i saol an ghnó.

2009 Roinn 1 – Ceist 8 – 10 Marc
(a) Mínigh an téarma dlí 'comaoin'.
(b) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ghné eile de chonradh atá ina cheangal dlí.

2008 Roinn 3 – Ceist 1(A) – 15 Marc
Déan cur síos ar chaidreamh iomaíoch agus ar chaidreamh comhoibritheach idir bheirt táirgeoirí atá sa chineál céanna gnó. Bain úsáid as samplaí cuí chun tacú le do fhreagra.

2008 Roinn 1 – Ceist 2 – 10 Marc
Maidir le dlí na gconarthaí déan idirdhealú idir na téarmaí 'tairiscint' agus 'cuireadh chun déileála'.

[17] compensation

UNIT 1(1-3):Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 12

2007 Roinn 1 – Ceist 5 – 10 Marc
I gcomhthéacs dlíthiúil, ciallaíonn comaoin _____

2007 Roinn 1 – Ceist 8 – 10 Marc
Sainaithin *dhá* pháirtí sa ghnó agus déan cur síos ar ghaolmhaireacht iomaíoch atá eatarthu:

2006 Roinn 3 – Ceist 1(A) – 15 Marc
"Is féidir leis an ghaol idir fiontar agus a chuid geallsealbhóirí a bheith iomaíoch nó comhoibritheach". Pléigh an ráiteas sin agus samplaí cuí á n-úsáid agat.

2006 Roinn 3 – Ceist 1(C) – 20 Marc
Mínigh na heilimintí atá i gconradh bailí.

2005 Roinn 1 – Ceist 1 – 10 Marc
Mínigh an téarma "inniúlacht conraithe".
Tabhair *DHÁ* shampla de shuímh *nach bhfuil* inniúlacht conraithe ag duine aonair ná ag eintiteas dlíthiúil dóibh.

2005 Roinn 3 – Ceist 1(A) – 15 Marc
Déan cur síos ar ghnéithe tábhachtacha den chaidreamh atá idir táirgeoirí agus tomhaltóirí i gcursaí gnó.

2005 Roinn 3 – Ceist 1(B) – 20 Marc
Mínigh *ceithre* mhodh lenar féidir deireadh a chur le conradh dlíthiúil.

2004 Roinn 3 – Ceist 1(A) – 20 Marc
Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanas.

Creideann Príomhfheidhmeanach Fiontraíochtaí Mecca, gnólach náisiúnta i ngnó an chaithimh aimsire, go bhfuil an-tábhacht le dea-chaidrimh sa ghnó. Cabhraíonn dea-chaidrimh le fuascailt choimhlintí idir eagraíochtaí gnó. Mothaíonn sí faoi láthair áfach go bhfuil baol an-ard ann maidir le coimhlint leanúnach sa todhchaí.

Déan cur síos ar chaidreamh comhoibritheach agus ar chaidreamh iomaíoch a bheadh de ghnáth idir Mecca agus eagraíochtaí gnó eile.

2003 Roinn 3 – Ceist 1(A) – 10 Marc
Rianaigh an ról atá ag grúpaí sainleasa i gcúrsaí gnó.

UNIT 1(1-3):Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 13

2003 Roinn 3 – Ceist 1(B) – 30 Marc
Mínigh agus samplaí á lua agat mar is cuí, na míreanna riachtanacha i gconradh bailí.

2002 Roinn 3 – Ceist 1(A) – 10 Marc
Rianaigh an ról atá ag beirt pháirtithe ar bith a bhfuil gnó ar siúl acu.

2002 Roinn 3 – Ceist 1(B) – 20 Marc
Déan cur síos, agus samplaí á lua agat, ar chaidreamh amháin comhoibritheach agus caidreamh amháin iomaíoch a d'fhéadfadh a bheith idir eagraíochtaí nó laistigh díobh.

2001 Roinn 3 – Ceist 1(A) – 15 Marc
Cuir an caidreamh idir fiontraithe agus infheisteoirí i bhfiontar gnó i gcodarsnacht le chéile.

2001 Roinn 3 – Ceist 1 – 20 Marc
Déan '*Conradh*' a shainmhíniú. Rianaigh cén fáth nach conradh é 'cuireadh chun ceannaigh' ('*invitation to trea*").

1999 Roinn 3 – Ceist 1(A) – 15 Marc
Mínigh an ghaolmhaireacht idir táirgeoirí agus grupaí leasmhara i ngnó.

SEANCHEISTEANNA & FREAGRAÍ SAMPLACHA ÓN ARDTEIST

2003 Ardleibhéal – Roinn 3 – Ceist 1(A) – 10 Marc
(A) **Rianaigh** an ról atá ag grupaí sainleasa i gcúrsaí gnó.

N.B. ➤ Má bhíonn an focal Rianaigh (Illustrate) sa cheist ciallaíonn sin gur gá duit **sampla** a thabhairt i do fhreagra.

Freagra:

(1) Eagraíocht é seo de ghrúpa daoine a thagann le chéile mar go mbíonn cuspóir comónta acu. Trí theacht le chéile bíonn níos mó láidreachta agus airgid acu. Mar sin tá níos mó seans ann go n-éistfear leo.

(2) Sampla de ghrúpa sainleasa é Greenpeace. Má tá aon ghnó ag caitheamh go dona leis an timpeallacht cuireann Greenpeace iallach air a chuid cleachtais a athrú. Déanann sé é seo trí bhrú, phoiblíocht dhiúltach agus bhaghcat a úsáid.

UNIT 1(1-3).Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 14

2005 Ardleibhéal – Roinn 3 – Ceist 1(A) – 15 Marc

NOD: Marcanna ÷ 5 = Líon na bPointí.
15 Marc ÷ 5 = 3 Phointe

Déan cur síos ar ghnéithe tábhachtacha den chaidreamh atá idir táirgeoirí agus tomhaltóirí i gcúrsaí gnó.

Freagra:
Déanann an táirgeoir earraí críochnaithe agus díolann siad ar aghaidh leis an tomhaltóir iad. Ceannaíonn an tomhaltóir na hearraí seo d'úsáid phearsanta. Is féidir an ghaolmhaireacht eatarthu a bheith mar seo a leanas:

(1) Comhoibritheach

Ciallaíonn sé seo go mbíonn na rudaí céanna ag teastáil ón dá gheallsealbhóir agus mar sin cabhraíonn siad lena chéile chun na rudaí sin a bhaint amach. Mar shampla, comhoibríonn an tomhaltóir leis an táirgeoir nuair a thugann sé/sí eolas maidir le taighde margaíochta dó/di. Cabhraíonn sé seo leis an táirgeoir earraí níos fearr a dhéanamh.

(2) Iomaitheach

Tagann gaolmhaireacht iomaíoch chun cinn nuair a bhíonn páirtí amháin ag iarraidh an lámh in uachtar a fháil ar pháirtí eile.

Mar shampla, bíonn an tomhaltóir in iomaíocht leis an táirgeoir nuair a ghearrann sé/sí praghas ard ar earra atá ar chaighdeán íseal.

(3) Spleách

Ciallaíonn sé seo go mbíonn an dá pháirtí ag brath ar a chéile ionas go mbeidh siad rathúil.

Mar shampla, bíonn an tomhaltóir ag brath ar an táirgeoir le haghaidh rudaí tábhachtacha ar nós bia, ríomhairí nó gluaisteáin. Bíonn an táirgeoir ag brath ar an tomhaltóir le brabús a dhéanamh.

2005 Ardleibhéal – Roinn 3 – Ceist 1(B) – 20 Marc

Mínigh *ceithre* mhodh lenar féidir deireadh a chur le conradh dlíthiúil.

Freagra:

1. Comhlíonadh

Nuair a dhéanann an dá pháirtí a gcuid dualgas den chonradh a chomhlíonadh bíonn deireadh leis an gconradh. *Mar shampla, shínigh Pól conradh le Siobhán go ndíolfadh sé a ghluaisteán léi ar €6,000. Nuair a thabharfaidh Siobhán €6,000 do Phól agus nuair a thabharfaidh Pól an gluaisteán di beidh deireadh leis an gconradh.*

UNIT 1(1-3):Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 15

2. Comhaontú

Is féidir deireadh a chur le conradh nuair a chomhaontaíonn gach páirtí atá páirteach sa chonradh deireadh a chur leis. *Mar shampla, chuir Samantha Mumba ceolchoirm ar ceal a bhí eagraithe aici i mí Feabhra 2007 toisc nár dhíol sí ach 30 ticéad. D'aontaigh sí féin agus eagraí na ceolchoirme é a chur ar ceal mar chaillfidís airgead dá rachadh an cheolchoirm ar aghaidh.*

3. Frustrachas

Cuirtear deireadh le conradh má tharlaíonn eachtra éigin, nach bhfuil smacht ag an dá pháirtí air, agus a chiallaíonn gur dodhéanta é an conradh a chomhlíonadh. *Mar shampla, ar an 21ú de mhí an Mheithimh 2007 chuir Barbara Streisand ceolchoirm a bhí eagraithe aici san Ostair ar ceal de bharr na drochaimsire. Cé nach raibh an locht uirthi nó ar eagraí na ceolchoirme ba dhodhéanta dóibh an conradh a chomhlíonadh.*

4. Sárú

Tarlaíonn sárú conartha nuair a bhriseann duine coinníoll de chonradh. *Mar shampla, má tá banna ceoil le seinm i gceolchoirm agus má tá beirt den ghrúpa sin in easnamh is sárú conartha é sin agus is féidir le heagraí na ceolchoirme an cheolchoirm a chur ar ceal.*

AONAD

1 CAIBIDIL 2 COINBHLEACHT TOMHALTÓIRÍ

Cúiseanna le coinbhleacht tomhaltóirí:

1. Caighdeán íseal earraí nó seirbhísí.
2. Drochsheirbhís.
3. Praghsanna earraí atá róchostasach.

Modhanna neamhreachtacha *le coinbhleacht tomhaltóirí a réiteach:*

Idirbheartaíocht	Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann

1. **Idirbheartaíocht** ➤ Déanann an tomhaltóir agus an siopa margáil[1] le chéile ag súil go dtiocfaidh siad ar réiteach ar an gcoinbhleacht. De ghnáth bíonn ar an dá pháirtí géilleadh dá chéile rud beag ionas go dtiocfaidh siad ar réiteach.
2. **Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann** ➤ Grúpa sainleasa é seo a thugann aire do thomhaltóirí. Bíonn siad ag iarraidh an tomhaltóir a chur ar an eolas maidir lena c(h)earta dlíthiúla. Má bhíonn deacracht ag tomhaltóir le haon earraí nó seirbhísí cuirfidh Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann comhairle air/uirthi maidir le conas is féidir leis/léi an fhadhb a réiteach.

[1] Bargaining

UNIT 1(1-3):Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 17

Modhanna reachtacha le coinbhleacht tomhaltóirí a réiteach:

(4 Bhealach)

An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980	An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí, 1978
An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí	An Chúirt Mhionéileamh

An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980

Tá cearta áirithe ag tomhaltóirí de réir an dlí seo, mar seo a leanas:

1. Earra

Nuair a cheannaíonn an tomhaltóir **earra** is gá don earra a bheith:

(a) De réir caighdeán inmhargaidh;
(b) Réidh le húsáid agus oiriúnach don fheidhm.
(c) Mar an gcéanna leis an gcur síos a thugtar.
(d) Díreach cosúil leis an sampla a thugtar.

Mura sásaíonn an t-earra na rialacha thuas, tá an tomhaltóir i dteideal réiteach a fháil. Is féidir leo glacadh le haisíocaíocht, athsholáthar earra nó athchóiriú[2].

2. Seirbhís

Nuair a cheannaíonn an tomhaltóir **seirbhís**, is gá go mbeadh:

(a) Soláthraí na seirbhíse sin cáilithe agus an scil riachtanach aige/aici.
(b) An tseirbhís sin á soláthar le cúram agus le haire.
(c) Na hamhábhair a úsáidtear ar ardchaighdeán.

Mura sásaíonn an tseirbhís na rialacha thuas, tá an tomhaltóir i dteideal réiteach a fháil. Is féidir leo glacadh le haisíocaíocht, athsholáthar earra nó athchóiriú. (Na 3A)

3. Míondíoltóir Freagrach

Tá an miondíoltóir **i gcónaí** freagrach as gearán an tomhaltóra a réiteach. Ní féidir leis/léi a rá leis an tomhaltóir gur gá dó/di gearán a dhéanamh leis an táirgeoir.

[2] 3R's – Refund, Replace, Repair

UNIT 1(1-3).Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 18

Cheannaigh an tomhaltóir an t-earra ón miondíoltóir agus dá bhrí sin tá conradh déanta aige/aici leis an miondíoltóir. Is gá don mhiondíoltóir an gearán a réiteach.

4. Comharthaí Neamhdhleathacha

Ní féidir leis an miondíoltóir aon chomharthaí a chrochadh a bhaineann ó chearta dlíthiúla an tomhaltóra:

NEAMHDHLEATHACH	
NÓTAÍ CREIDMHEASA AMHÁIN	NÍ DHÉANFAR AISÍOCAÍOCHT

5. Ráthaíocht Bhreise

Is féidir le **ráthaíocht**[3] **bhreise** cosaint a thabhairt don tomhaltóir, ach ní féidir aon chearta a bhaint uaidh/uaithi. Bíonn rogha ag an tomhaltóir glacadh le réiteach na ráthaíochta nó leas a bhaint as a c(h)earta dlíthiúla. Ní féidir leis an miondíoltóir brú a chur ar an tomhaltóir réiteach a fháil faoi réiteach na ráthaíochta.

2007 ARDLEIBHÉAL – ROINN 3 – CEIST 1(B) – (30 MARC)
Déan cur síos ar fhorálacha an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980 agus déan measúnú ar a éifeacht.

2001 ARDLEIBHÉAL – ROINN 3 – CEIST 1(C) – (25 MARC)
Dearbhaigh chomh héifeachtach is atá na príomhfhorálacha san Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980 i gcosaint tomhaltóirí.

Má bhíonn an focal 'measúnú' nó 'dearbhaigh' (evaluate) sa cheist, ciallaíonn sé sin gur gá duit do thuairim phearsanta a thabhairt faoin ábhar atá á phlé.

Measúnú

Ceapaim go dtugann an tAcht seo cosaint iontach don tomhaltóir mar:

1. Cinntíonn sé go bhfaigheann an tomhaltóir a c(h)uid airgid ar ais má cheannaíonn sé/sí earra nach bhfuil ar ardchaighdeán.
2. Cinntíonn sé freisin nach féidir le miondíoltóirí an dallamullóg a chur ar thomhaltóirí trí chomharthaí neamhdhleathacha a chrochadh. Trí chosc a chur ar na comharthaí seo cosnaítear tomhaltóirí nach bhfuil a gcearta ar eolas acu.

[3] Guarantee

UNIT 1(1-3):Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 19

An tAcht Um Chosaint Tomhaltóra 2007

Baineann an dlí seo le cleachtais tráchtála éagóracha a thiteann amach idir gnóthaí agus tomhaltóirí, ní chlúdaíonn sé coimhlintí idir ghnóthaí.

Cuireann an t-acht seo cosc ar thrí chleachtas tráchtála:

1. Cleachtais Mhíthreoracha
2. Cleachtais Fhóbartacha (ciallaíonn fóbartach trodach)
3. Cleachtais Thoirmiscthe (ciallaíonn toirmiscthe cosc iomlán ar rud)

Cleachtais Mhíthreoracha

Tá cosc ar ghnóthaí éileamh bréagach nó míthreorach a dhéanamh faoi:

1. Nádúr an earra
2. Torthaí a mbeifeá ag súil leo ón earra
3. Príomhthréithe an earra
4. An áit a ndéantar an earra
5. Úsáid agus stair an earra (le haghaidh earraí athláimhe)
6. Praghas an earra

Cleachtais Fhóbartacha

Cuireann an dlí seo cosc ar chleachtais tráchtála fhóbartacha ar nós:

1. An díoltóir ag úsáid caint bhagrach nó mhaslach i dtreo an tomhaltóra.
2. An díoltóir ag baint leasa as easpa éirim an tomhaltóra

Cleachtais Thoirmiscthe

Cuirtear cosc iomlán ar ghnóthaí úsáid a bhaint na cleachtais seo a leanas:

1. Éileamh bréagach a dhéanamh gur féidir leis an táirge tinneas a leigheas.
2. An trádálaí ag ligean air go bhfuil díolacháin ar bun toisc go bhfuil an gnó ag dúnadh síos, agus ní sin an cás.

UNIT 1(1-3).Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 20

3. An cur brú iomarcach ar pháiste i bhfógraíocht ionas go gcuirfidh siad brú ar a dtuistí.
4. Ag insint do thomhaltóirí gur bhuaigh siad duais saor in aisce agus ansin caithfidh siad airgead a íoc chun an duais sin a fháil.
5. Comórtas a chur ar bun agus fógraíocht a dhéanamh do dhuais mhór nach bhfuil fiú ar fáil.
6. Íocaíocht á lorg ar earraí gan iarraidh.

Scéim Pirimide

Cuireann an tAcht seo cosc ar aon scéim pirimide freisin. Gearrtar pionóis de €150,000 nó téarma príosúin suas go cúig bliana ar aon duine a chiontaítear de bharr páirt a ghlacadh i scéim pirimide.

Praghsáil agus Taispeáint Praghsanna

1. Is gá do shiopaí grósaera praghsanna agus scálaí meá a chur in áit lárnach sa siopa ionas gur féidir leis an tomhaltóir an praghas a fháil amach go simplí.
2. Tá cosc ar shiopaí an tomhaltóir a choimeád ón bpraghas a fheiceáil.
3. I gcásanna éigeandála amháin is féidir leis an rialtas uasphraghas a chur ar táirge.

Is féidir teacht ar an acht i nGaeilge agus ar leagan den acht sna suíomhanna seo:

http://www.oireachtas.ie/documents/bills28/acts/2007/a1907i.pdf

http://www.citizensinformation.ie/ga/consumer_affairs/consumer_protection/consumer_rights/unfair_commercial_practices.html

Measúnú

Ceapaim go bhfuil an t-acht seo an-éifeachtach mar cosnaíonn sé an tomhaltóir i gcoinne camscéimeanna. Cinntíonn sé freisin go bhfaighidh an tomhaltóir eolas macánta faoi na rudaí atá á gceannach acu agus faoin bpraghas is gá dóibh a íoc.

UNIT 1(1-3):Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 21

An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí

1. Bhunaigh Rialtas na hÉireann An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí faoin Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007.
2. Is é feidhm na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí ná:

(a) An tomhaltóir a chur ar an eolas faoi chúrsaí dlíthiúla

Déanann sí é seo trí chártaí a scaipeadh a chuireann an tomhaltóir ar an eolas maidir lena c(h)earta agus trí sheirbhís fóin a chur ar fáil ina gcuirtear comhairle ar an tomhaltóir. Is féidir leis an tomhaltóir eolas a fháil ar a shuíomh Gréasáin freisin: www.consumerconnect.ie

(b) Iniúchadh ar shárú dlíthe tomhaltais

Déanann sí iniúchadh ar ghnólachtaí a bhriseann dlíthe tomhaltais. Tá an chumhacht aici cuardach a dhéanamh in áitreabh gnólachtaí.

(c) A chinntiú go gcloítear le reachtaíocht[4] tomhaltóirí

Tá an chumhacht aici fíneáil a ghearradh ar an láthair ar ghnólachtaí a bhriseann an dlí maidir le praghsanna bréagacha a thaispeáint.

(d) Taighde ar shaincheisteanna tomhaltóirí[5]

Déanann sí taighde ar na saincheisteanna is tábhachtaí i saol an tomhaltóra. Sa bhealach seo bíonn a fhios aici cén t-ábhar de na dlíthe tomhaltais atá as dáta nó an t-ábhar a bhfuil gá le feabhsú a dhéanamh air.

(e) Cosantóir don tomhaltóir

Ciallaíonn sé seo go dtugann sí cosaint don tomhaltóir. Cuireann sí an Rialtas ar an eolas maidir le fadhbanna an tomhaltóra ionas gur féidir leo dul i ngleic leis na fadhbanna sin.

Measúnú ar an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí

Ceapaim gur eagraíocht iontach í an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí mar:

1. Cuireann sí an tomhaltóir ar an eolas maidir lena c(h)earta dlíthiúla. Sa bhealach seo bíonn sé níos deacra ar ghnólachtaí éagóir a dhéanamh air/uirthi.
2. Is féidir leis "fíneáil ar an láthair" a ghearradh ar ghnólachtaí a chuireann praghas bréagach ar tháirgí. Laghdaíonn sé seo líon na ngnólachtaí a ghearrann praghsanna bréagacha.

4 Legislation
5 Consumer issues

UNIT 1(1-3):Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 22

An Chúirt Mhionéileamh

1. Mura féidir le tomhaltóir coinbhleacht a réiteach le gnólacht is féidir leis/léi an gnólacht a thógáil os comhair na Cúirte Mionéileamh. Is é aidhm na Cúirte Mionéileamh ná achrann tomhaltóra a réiteach go tapa agus gan aon bhaint a bheith ag dlíodóir leis.
2. Ní féidir leis an éileamh a bheith níos mó ná €2,000 agus bíonn táille €15 ar gach cás cúirte.
3. Bíonn ar an tomhaltóir foirmeacha a chomhlánú ar www.smallclaims.ie más mian leis/léi cás a thógáil. Bíonn 4 seachtaine ag an ngnólacht a tháille a íoc má bhíonn sé ciontach.

Measúnú ar an gCúirt Mhionéileamh

Ceapaim go bhfuil An Chúirt Mhionéileamh an-éifeachtach mar:

1. Is féidir leis an tomhaltóir gnólachtaí a thógáil os comhair na cúirte ar chostas íseal, €15. Sular bunaíodh An Chúirt Mhionéileamh bhíodh drogall ar dhaoine cás cúirte a thógáil mar bhíodh sé róchostasach.
2. Tá cúirteanna lonnaithe ar fud na hÉireann. Ní gá a bheith i do chónaí gar do Bhaile Átha Cliath chun cás a thógáil.

Oifig an Ombudsman

Má cheapann tomhaltóir go bhfuil aon eagraíocht den tseirbhís phoiblí ag déanamh éagóra air/uirthi is féidir leis/léi teagmháil a dhéanamh leis an Ombudsman agus déanfar fiosrúcháin maidir leis an gcás.

Déanfaidh an tOmbudsman fiosrúcháin i dtaobh ceann ar bith de na heagraíochtaí seo a leanas:

1. Eagraíochtaí den Rialtas
2. An Post
3. Na hÚdaráis Áitiúla
4. Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (HSE)

UNIT 1(1-3):Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 23

Seo é an bealach ina n-oibríonn córas an Ombudsman

1. Déanann an tomhaltóir gearán leis an Ombudsman. Ní bhíonn aon táille ar an tseirbhís seo.
2. Déanann an tOmbudsman iniúchadh maidir leis an ngearán seo. Is féidir féachaint ar aon doiciméid ar mhian leis a fheiceáil nó agallamh a chur ar dhuine ar bith a oibríonn sa ghnólacht/ san eagraíocht.
3. Faoi dheireadh déanann an tOmbudsman **moladh**. Níl cumhacht dhlíthiúil leis an moladh seo ach mura nglactar leis seoltar an t-eolas sin ar aghaidh chuig Dáil Éireann.

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2011 Roinn 3 – Ceist 1(B) – 30 Marc

(i) Déan plé ar na cearta atá ag tomhaltóirí faoin Acht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980.

(ii) Léirigh **dhá** chineál sásaimh atá ar fáil do thomhaltóirí má sháraítear an tAcht

2010 Roinn 3 – Ceist 1(B) – 20 Marc

Déan ról **gach** ceann díobh seo a leanas a mheas mar chosantóirí tomhaltóirí:

(i) An Chúirt Mhionéileamh;

(ii) Oifig an Ombudsman do na Seirbhísí Poiblí.

2007 Roinn 3 – Ceist 1(B) – 30 Marc

Déan cur síos ar fhorálacha an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí 1980 agus déan measúnú ar a éifeacht.

2006 Roinn 1 – Ceist 2 – 10 Marc

Tabhair breac-chuntas ar **dhá** fheidhm atá ag an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóirí. *(Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann)*

UNIT 1(1-3):Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 24

2005 Roinn 3 – Ceist 1(C) – 25 Marc

Faoi théarmaí an Achta um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (1978) déan cur síos *agus* measúnú ar ról an Stiúrthóir Gnóthaí Tomhaltóra**. ** Comhlachas Tomhaltóirí na hÉireann

2001 Roinn 3 – Ceist 1(C) – 25 Marc

Dearbhaigh chomh héifeachtach is atá na príomhfhorálacha san Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí (1980) i gcosaint tomhaltóirí.

AONAD

1 CAIBIDIL 3
CAIDREAMH TIONSCLAÍOCH

Is é is brí leis an téarma **Caidreamh Tionsclaíoch** ná an caidreamh a bhíonn idir an fostóir agus an fostaí.

An Tábhacht a Bhaineann le Caidreamh Tionsclaíoch Maith

1. Bíonn an fostaí níos sásta sa phost agus mar sin méadaítear **meanma an fhostaí**[1]. Nuair a bhíonn an fostaí sásta lena f(h)ostóir bíonn sé/sí níos dílse don ghnó.
2. Méadaítear **táirgiúlacht an fhostaí**[2] toisc go bhfuil sé/sí sásta sa phost.
3. Fanann an fostaí sa phost toisc go bhfuil sé/sí sásta ann. Leis seo bíonn an **ráta neamhláithreachta** agus **athraithe lucht oibre** íseal**.** Sábhálann sé seo an-chuid airgid don ghnó.
4. Bíonn **níos lú stailceanna** ann. Cuireann sé seo go mór le híomhá agus brabúsacht an ghnó.

Éilimh Phá

Is féidir leis an bhfostaí ceithre éileamh difriúla pá a dhéanamh, mar seo a leanas:

1. Éileamh Inchomparáideachta

Nuair a lorgaíonn fostaí ardú pá toisc go bhfuil ardú faighte ag oibrithe eile atá ag déanamh an chineáil chéanna oibre i ngnólachtaí eile.

2. Éileamh Coibhneasachta

Uaireanta bíonn pá fostaí ceangailte le pá fostaithe eile, cé go ndéanann siad obair dhifriúil. Má fhaigheann grúpa amháin ardú pá lorgaíonn an grúpa eile ardú pá freisin.

---

1 Employee Morale
2 Employee Productivity

UNIT 1(1-3).Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 26

3. Éileamh Táirgiúlachta

Tagann an cineál seo éilimh chun cinn nuair a mhéadaíonn an méid oibre is gá don fhostaí a dhéanamh.

4. Éileamh Costas Maireachtála

Lorgaíonn an fostaí ardú pá mar ní féidir leis/léi maireachtáil a thuilleadh ar an tuarastal a fhaigheann sé/sí. Níl an t-airgead aige/aici leis an méid céanna earraí nó seirbhísí a cheannach toisc go bhfuil siad ag ardú i bpraghas. (boilsciú).

Gníomhaíocht Thionsclaíoch

Mura féidir an choinbhleacht idir an fostóir agus an fostaí a réiteach, is féidir leis an bhfostaí gníomhaíocht thionsclaíoch a dhéanamh.

1. **Stailc Oifigiúil** – Bíonn vóta rúnda ag na fostaithe. Tugann siad seachtain foláirimh don fhostóir. Deir an ceardchumann leo dul ar stailc agus íocann an ceardchumann na fostaithe agus iad ar stailc. Tá stailc oifigiúil dleathach in Éirinn.
2. **Stailc Neamhoifigiúil** – Tarlaíonn sé seo nuair a théann na fostaithe ar stailc gan vóta rúnda agus/nó foláireamh seacht lá a thabhairt don fhostóir. Ní thugann an ceardchumann aitheantas do stailc neamhoifigiúil. Tá stailc neamhoifigiúil neamhdhleathach in Éirinn.
3. **Tobstailc Neamhoifigiúil**[3] – Tarlaíonn sé seo nuair a théann na fostaithe ar stailc gan aon fholáireamh ar chor ar bith. Go bunúsach siúlann siad amach as an bpost. Tá sé seo neamhdhleathach.
4. **Stailc Iomlán** – Téann na fostaithe uile sa ghnólacht ar stailc cé nach bhfuil ach díospóid ag mionlach díobh leis an ngnólacht. Is gá cead a fháil ó Chomhdháil na gCeardchumann (*ICTU*) leis seo a dhéanamh.
5. **Stailc Chomhbhá** – Téann grúpa fostaithe nach bhfuil ceangailte leis an díospóid ar stailc chun a gcuid tacaíochta a léiriú don ghrúpa atá ar stailc. Tá sé seo neamhdhleathach.
6. **Obair de Réir Rialacha** – Nuair a dhiúltaíonn na fostaithe aon obair a dhéanamh nach bhfuil leagtha amach sa chonradh fostaíochta.

[3] Wildcat Strike

UNIT 1(1-3):Layout 1 12/07/2012 15:26 Page 27

7. **Cosc ar Ragobair** – Diúltaíonn na fostaithe ragobair a dhéanamh. Tá sé seo an-éifeachtach nuair a bhíonn an gnólacht an-ghnóthach.

Bealaí le hAighneas Tionsclaíoch a Réiteach	
Réitigh Neamhreachtacha	**Réitigh Reachtacha**
1. Idirbheartaíocht	1. An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990
2. Comhréitigh	2. An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais
3. Eadráin	3. An Chúirt Oibreachais
	4. An tAcht Um Dhífhostú Éagórach, 1977/93
	5. An tAcht Um Chomhionannas Fostaíochta, 1998

Réitigh Neamhreachtacha ar Aighneas Tionsclaíoch

1. **Idirbheartaíocht** – Déanann an dá thaobh margáil lena chéile. Tá siad ag iarraidh teacht ar chomhréiteach.

   Is iad seo a leanas na céimeanna sa phróiseas idirbheartaíochta:

   Céim 1 – Suíonn an fostóir agus an fostaí síos le chéile agus déanann siad plé ar an bhfadhb. Uaireanta déanann an ceardchumann ionadaíocht don fhostaí agus déanann an bhainistíocht ionadaíocht don fhostóir.

   Céim 2 – Luann an dá thaobh a dtuairim faoin suíomh ina bhfuil siad. Léiríonn siad conas a fhéachann siad ar an bhfadhb agus molann siad réiteach ar an bhfadhb sin.

   Céim 3 – Déanann siad plé ar an bhfadhb agus bíonn siad ag iarraidh teacht ar réiteach a mbeidh an dá thaobh in ann glacadh leis. Bíonn comhréiteach[4] ag teastáil ón dá thaobh.

   Céim 4 – Tagann siad ar réiteach. Tugtar **comhaontú comhchoiteann**[5] air seo. Níl cumhacht dhlíthiúil ag an réiteach seo.

2. **Comhréitigh –** Tógann an dá pháirtí sa díospóid duine neamhspleách isteach a dhéanann iarracht an díospóid a réiteach. Bíonn an comhréiteoir[6] go hiomlán neamhspleách agus neodrach. Éisteann an comhréiteoir leis an dá pháirtí. Ansin, tugann sé/sí moladh don dá pháirtí. Is féidir leo glacadh leis an moladh seo nó é a dhiúltú.

3. **Eadráin –** Tógann an dá pháirtí sa díospóid eadránaí isteach. Bíonn an t-eadránaí go hiomlán neamhspleách agus neodrach. Éisteann sé le gearán an dá pháirtí. Ansin, tugann sé réiteach dóibh. Aontaíonn an dá pháirtí roimh ré an

[4] Compromise
[5] Collective Agreement
[6] conciliator

UNIT 1(1-3).Layout 1 12/07/2012 15:27 Page 28

gá dóibh glacadh leis an réiteach. Má aontaíonn siad roimh ré gur gá glacadh leis bíonn cumhacht dhlíthiúil ag an réiteach sin.

Ceardchumann

Is grúpa sainleasa é seo a dhéanann ionadaíocht don fhostaí. Is gá don fhostaí suibscríbhinn bhliantúil[7] a íoc le bheith mar bhall den cheardchumann. Ansin, is féidir leo leas (úsáid) a bhaint as na buntáistí uile atá ann mar bhall de cheardchumann.

Buntáistí Ceardchumainn

1. **Pá agus coinníollacha oibre níos fearr** – Bíonn an ceardchumann ag troid ar son na rudaí seo. Bíonn daoine proifisiúnta fostaithe ag na ceardchumainn a dhéanann an idirbheartaíocht.
2. **Díospóid** – Má bhíonn díospóid ag an bhfostaí leis an bhfostóir tabharfaidh an ceardchumann tacaíocht don fhostaí. Déanfaidh sé ionadaíocht ar a s(h)on agus íocfaidh sé aon táillí dlí más gá.
3. **An Comhaontas Náisiúnta Pá** – Bíonn an ceardchumann ag déanamh ionadaíochta ar son an fhostaí tríd an gComhaontas Náisiúnta Pá. Tugann an ceardchumann moltaí don ICTU agus úsáideann siad na moltaí seo chun margadh maith a fháil don fhostaí.
4. **Cosaint Poist** – Bíonn drogall ar an bhfostóir an fostaí a dhífhostú go héagórach mar tuigeann siad go bhfuil tacaíocht an cheardchumainn ag an bhfostaí.

An Stíobhard Ceardlainne

Toghann na fostaithe an duine seo mar ionadaí oifigiúil an cheardchumainn san ionad oibre.

Is iad seo a leanas na **feidhmeanna** atá aige/aici:

1. **Earcaíocht** a dhéanamh ar bhaill nua.
2. **Ionadaíocht** a dhéanamh ar son na bhfostaithe nuair a bhíonn idirbheartaíocht ar siúl leis an mbainistíocht.
3. Na **fostaithe a choimeád ar an eolas** maidir le hathruithe dlí/ coinníollacha oibre nó teachtaireachtaí ón gceardchumann.

[7] Annual Subscription / Fee

UNIT 1(1-3):Layout 1 12/07/2012 15:27 Page 29

Feidhmeanna Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU)

1. Idirbheartaíocht a dhéanamh tríd an gComhaontas Náisiúnta Pá

Déanann an ICTU idirbheartaíocht ar son pá d'fhostaithe na hÉireann ag na cruinnithe seo.

2. Cead do Stailc Iomlán

Más mian le gach fostaí i ngnólacht dul ar stailc is gá dóibh cead a fháil ón ICTU.

3. Oiliúint

Cuireann an ICTU oiliúint ar an Stíobhard Ceardlainne agus ar oifigigh eile sa cheardchumann maidir le bainistíocht agus scileanna idirbheartaíochta.

4. Caidreamh Poiblí

Labhraíonn an ICTU thar ceann 750,000 fostaí sa tír seo. Baineann siad leas as an gcaidreamh poiblí chun tacaíocht a fháil do na ceardchumainn. Bíonn sé seo úsáideach nuair a bhíonn stailc ar siúl.

Réitigh Reachtacha ar Aighneas Tionsclaíoch

An tAcht Caidrimh Thionscail, 1990

1. Díospóid Trádála

Ní féidir leis an bhfostaí gníomhaíocht thionsclaíoch a dhéanamh **ach amháin** i ndíospóid atá ceangailte lena p(h)ost. Tugtar díospóid trádála air seo. Is é atá i gceist le díospóid trádála ná díospóid idir an fostóir agus an fostaí a bhaineann le cúrsaí fostaíochta nó coinníollacha oibre.

Díospóid Trádála Dleathach	Díospóid Trádála Neamhdhleathach
1. Pá agus Coinníollacha Oibre	1. Díospóid maidir le "teach dúnta"
2. Dífhostú Fostaí	2. Saincheisteanna Polaitíochta
3. Má dhiúltaíonn an fostóir aitheantas a thabhairt don cheardchumann.	3. Argóint maidir le reáchtáil an ghnólachta
4. Idirdhealú	
5. Dualgais an fhostaí.	

UNIT 1(1-3).Layout 1 12/07/2012 15:27 Page 30

2. Ballóid Rúnda agus Fógra Seachtaine

Más mian leis na fostaithe dul ar stailc is gá dóibh iad seo a leanas a dhéanamh:

(a) Ballóid rúnda a eagrú. Is gá dóibh dul ar stailc má vótálann an tromlach ina fabhar.

(b) Is gá dóibh fógra seachtaine a thabhairt don fhostóir.

3. Picéadú Príomhúil

Má bhíonn ballóid rúnda ann agus fógra seachtaine tugtha don fhostóir tá cead ag na fostaithe picéadú a dhéanamh lasmuigh den ghnólacht. Is é an aidhm a bhaineann le picéadú a dhéanamh ná chun aird a tharraingt agus comhbhá a fháil ón bpobal. Is gá don phicéad bheith síochánta.

4. Picéadú Tánaisteach

Tá cead ag na fostaithe picéadú a dhéanamh lasmuigh de ghnólachtaí eile má bhíonn na gnólachtaí ag cabhrú lena bhfostóir an stailc a bhriseadh.
Mar shampla, tá fostaithe McDonalds ar stailc. Tá McDonalds ag cailleadh an-chuid custaiméirí. Tugann Supermacs fostaithe do McDonalds ionas gur féidir leo oscailt arís. Tá cead ag fostaithe McDonalds picéadú a dhéanamh lasmuigh de Supermacs.

5. Cearta an Fhostaí

Níl cead ag an bhfostóir cúiteamh a lorg ón bhfostaí de bharr an airgid a cailleadh le linn na stailce. Agus níl cead ag an bhfostóir stop a chur le picéadú ach oiread. (Fad is a bhíonn an picéadú síochánta)

6. An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais

Faoin Acht seo bunaíodh an Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais (LRC). Is é aidhm an LRC ná:

1. Caidreamh tionsclaíoch níos fearr a chur chun cinn.
2. Díospóid thionsclaíoch a réiteach

Tá seacht mball ar an gcoimisiún seo, an Cathaoirleach, beirt a dhéanann ionadaíocht d'fhostaithe, beirt a dhéanann ionadaíocht d'fhostóirí agus beirt ionadaí den Rialtas.

Measúnú

1. Tugtar **cearta dlíthiúla** d'fhostaithe,
2. Ní féidir **brú** a chur ar fhostaithe dul ar stailc,
3. Tugtar **cosaint** d'fhostaithe má théann siad ar stailc.

UNIT 1(1-3):Layout 1 12/07/2012 15:27 Page 31

An Coimisiún Um Chaidreamh Oibreachais

Bunaíodh an LRC faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1990. Tá **seacht mball** ar an gcoimisiún seo, an Cathaoirleach, beirt a dhéanann ionadaíocht d'fhostaithe, beirt a dhéanann ionadaíocht d'fhostóirí agus beirt ionadaí den Rialtas. Is é aidhm an LRC ná:

1. Caidreamh tionsclaíoch níos fearr a chur chun cinn.
2. Díospóidí tionsclaíocha a réiteach

Is iad seo a leanas feidhmeanna an Choimisiúin um Chaidreamh Oibreachais:

1. **Seirbhís Comhréitigh** ➤ Má bhíonn aighneas tionsclaíoch ar siúl cuireann an LRC Oifigeach Caidrimh Tionsclaíoch[8] nó Comhréiteoir ar fáil. Bíonn an comhréiteoir go hiomlán neamhspleách agus neodrach. Éisteann an comhréiteoir leis an dá pháirtí. Ansin, tugann sé moladh don dá pháirtí. Is féidir leo glacadh leis an moladh seo nó é a dhiúltú.
2. **Seirbhís Comhairle** ➤ Soláthraíonn an LRC seirbhís comhairle agus tugtar moltaí don fhostóir agus don fhostaí conas caidreamh tionsclaíoch maith a chur chun cinn san ionad oibre.
3. **Cóid Chleachtais** ➤ Tugann sé cód cleachtais don fhostóir agus don fhostaí maidir le cad ba chóir dóibh a dhéanamh má thagann deacracht chun cinn san ionad oibre. *Mar shampla, tá cód cleachtais leagtha síos maidir leis an mbealach le déileáil le hinnealraí san ionad oibre.*
4. **Taighde agus Moladh** ➤ Déanann sé taighde ar chaidreamh agus aighneas tionsclaíoch. Ciallaíonn sé seo go mbíonn sé ag iarraidh teacht ar bhealaí nua le caidreamh tionsclaíoch a fheabhsú agus le haighneas tionsclaíoch a réiteach.
5. **Coimisinéir um Chearta** ➤ Soláthraíonn sé seirbhís Coimisinéirí um Chearta. Déanann an Coimisinéir um Chearta iniúchadh ar dhíospóidí a bhaineann le fostaí amháin nó le grúpa beag fostaithe.

Measúnú

1. Réitíonn an **tseirbhís comhréitigh** 80% dá cuid cásanna.
2. Cabhraíonn an **tseirbhís comhairle** le stailceanna a sheachaint.
3. Feabhsaíonn na **cóid chleachtais** an caidreamh tionsclaíoch.

[8] Industrial Relations Officer

UNIT 1(1-3).Layout 1 12/07/2012 15:27 Page 32

An Coimisinéir um Chearta

1. Iniúchadh ar Dhíospóidí

Oibríonn an Coimisinéir um Chearta don Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais. Déanann an Coimisinéir um Chearta **iniúchadh ar dhíospóidí** a bhaineann le fostaí amháin nó le grúpa beag fostaithe.

2. Ag déileáil le cásanna bunaithe ar dhífhostú éagórach

Déileálann an Coimisinéir le dífhostú éagórach, fionraíocht agus saoire mháithreachais. Má bhíonn aighneas tionsclaíoch ar siúl tá an ceart ag an bhfostóir nó fostaí diúltú le páirteachas (baint) an Choimisinéara um Chearta.

3. Agallamh Príobháideach

Cuireann an Coimisinéir um Chearta agallamh príobháideach ar an bhfostóir agus ar an bhfostaí. Uaireanta glaoitear ar fhinnéithe[9].

4. Cinneadh a dhéanamh

I ndiaidh éisteacht leis an dá thaobh tugann sé réiteach dóibh. Is féidir leo achomharc a dhéanamh i gcoinne an réitigh seo. Má tharlaíonn sé seo téann an cás ar aghaidh chuig an gCúirt Oibreachais.

Measúnú

1. Tugtar **cosaint** don fhostaí mar dhuine aonair.
2. Úsáidtear é go minic mar tá sé **saor in aisce.** Laghdaíonn sé seo an líon stailceanna sa tír.

An Chúirt Oibreachais

1. Is é aidhm na Cúirte Oibreachais ná aighneas tionsclaíoch a réiteach. Tá an tseirbhís seo **saor in aisce**. Téann cásanna chuig an gCúirt Oibreachais nuair a theipeann ar gach bealach réitigh eile.
2. Éisteann an Chúirt Oibreachais leis an dá pháirtí san aighneas agus ansin tugtar réiteach dóibh. Tá cumhacht dhlíthiúil ag réiteach na Cúirte Oibreachais má bhaineann an cás le sárú an Achta um Chomhionannas Fostaíochta, 1998.[10]
3. Sa Chúirt Oibreachais tá cathaoirleach amháin, triúr a dhéanann ionadaíocht don fhostaí agus triúr a dhéanann ionadaíocht don fhostóir.

[9] Witnesses
[10] Mura mbaineann an cás le sárú an Achta um Comhionannais Fostaíochta, 1998 ní bhíonn cumhacht dlíthiúil ag an réiteach.

UNIT 1(1-3):Layout 1 12/07/2012 15:27 Page 33

Feidhmeanna na Cúirte Oibreachais:

1. Iniúchadh a dhéanamh ar Dhíospóid Thionsclaíoch

Chun iniúchadh a dhéanamh ar dhíospóid thionsclaíoch agus réiteach a thabhairt don dá pháirtí. Caithfidh an fostóir agus an fostaí a gcás a thabhairt don Chúirt i scríbhinn. Uaireanta glaonn an Chúirt ar fhinnéithe.

2. Éisteacht le hachomharc[11] i gcoinne an Oifigigh Chomhionannais

Chun éisteacht le hachomharc i gcoinne réiteach an oifigigh chomhionannais maidir le hidirdhealú. Tugann an Chúirt Oibreachais réiteach ar an achomharc. Bíonn cumhacht dhlíthiúil ag an réiteach seo.

3. Iniúchadh ar shárú ar Chóid Chleachtais

Má dhéanann an fostóir nó fostaí sárú ar chóid chleachtais an LRC déanann an Chúirt Oibreachais iniúchadh air seo. Feabhsaíonn sé seo an caidreamh tionsclaíoch go mór sa tír.

4. Clárú ar Chomhaontú Comhchoiteann

Clárú a dhéanamh ar chomhaontú comhchoiteann[12]. Trí chlárú a dhéanamh bíonn cumhacht dhlíthiúil ag na comhaontuithe seo.

An tAcht um Dhífhostú Éagórach 1977 - 1993

Tugann an tAcht seo cosaint d'fhostaithe a dífhostaíodh go héagórach. Tugann an tAcht seo cosaint do gach duine atá idir 16 – 66 bliana d'aois agus ag obair ar feadh breis agus bliain.

1. **Cúiseanna le Dífhostú Cóir:**
   (a) Mura bhfuil an fostaí ábalta an post a dhéanamh.
   (b) Easpa Cáilíochtaí
   (c) Neamhinniúlacht
   (d) Mí-iompar
   (e) Iomarcaíocht

[11] Appeals
[12] Collective agreement

UNIT 1(1-3).Layout 1 12/07/2012 15:27 Page 34

2. **Cúiseanna le Dífhostú Éagórach:**
   (a) Toircheas (iompar clainne)
   (b) Ball de Cheardchumann
   (c) Creideamh
   (d) Cine
   (e) Ball den lucht taistil
   (f) Claonadh Gnéasach
   (g) Má thógann an fostaí cás cúirte i gcoinne an fhostóra

3. Má cheapann an fostaí go bhfuil dífhostú éagórach déanta air/uirthi is gá dó/di dul go dtí an Coimisinéir um Chearta nó chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta. Tá an dualgas ar an bhfostóir a chruthú go raibh an dífhostú cóir.
4. Má chruthaítear go bhfuil dífhostú éagórach déanta ar an bhfostaí tá sé/sí i dteideal a bheith athfhostaithe, athfhruilithe nó i dteideal cúiteamh a fháil.

	Míniú	PÁ	POST
Athfhostú *(Re-instatement)*	Faigheann an fostaí a p(h)ost ar ais leis na coinníollacha céanna agus an pá céanna. Agus, faigheann sé/sí pá ón dáta a dífhostaíodh é/í.	*	*
Athfhruiliú *(Re-engagement)*	Faigheann an fostaí a p(h)ost ar ais (nó ceann den chineál céanna). Ach, ní fhaigheann sé/sí pá ón dáta a dífhostaíodh é/í.		*
Cúiteamh *(Compensation)*	Faigheann an fostaí airgead mar chúiteamh don airgead a chaill sé/sí de bharr an dífhostaithe. Ní fhaigheann sé/sí a p(h)ost ar ais.	*	

5. Dífhostú Inchiallaithe[13]

Tarlaíonn sé seo nuair a éiríonn an fostaí as a p(h)ost de bharr iompar an fhostóra ina t(h)reo. Bíonn an fostóir dian air/uirthi ionas go mbeidh iallach air/uirthi eirí as. Tá sé seo neamhdhleathach. Tá cead ag an bhfostaí cás a thógáil chuig an gCoimisinéir um Chearta ach caithfidh an fostaí an cás a chruthú.

Measúnú

1. Cosaint phoist don fhostaí.
2. Cúiteamh don fhostaí.
3. Bíonn an fostaí sásta san ionad oibre. Cosc ar dhífhostú inchiallaithe.

[13] Constructive Dismissal

UNIT 1(1-3):Layout 1 12/07/2012 15:27 Page 35

An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998

1. Idirdhealú

Cuireann an dlí seo cosc ar idirdhealú faoi na codanna thíos san ionad oibre.

1. Gnéas	2. Cine	3. Ball den lucht taistil
4. Stádas Pósta	5. Aois	6. Claonadh Gnéasach
7. Stádas Clainne	8. Míchumas	9. Creideamh

2. Faoin Acht seo tá sé neamhdhleathach idirdhealú a dhéanamh:



Má bhíonn fostaí á fhostú, á chur faoi oiliúint agat nó má thugann tú ardú céime dó/di.

1. Maidir le coinníollacha fostaíochta.
2. I bhfógraíocht le haghaidh fostaithe.

3. Pá céanna don obair chéanna

Is gá an pá céanna a íoc le fostaithe a dhéanann an obair chéanna má bhíonn siad ar chomhchéim sa ghnólacht.

4. Cead Idirdhealú Dearfach[14] a dhéanamh

Ciallaíonn sé seo go bhfuil cead ag an bhfostóir rudaí a dhéanamh chun cabhrú le daoine sna 9 gcatagóir thuas chun comhionannas iomlán a bhaint amach san ionad oibre.

5. An tÚdarás Comhionannais[15]

Faoin Acht seo bunaíodh an tÚdarás Comhionannais. Is iad na feidhmeanna atá aige ná:

(a) Stop a chur le hidirdhealú san ionad oibre
(b) Comhionannas a chruthú do dhaoine atá sna naoi gcatagóir thuas.
(c) Cóid chleachtais a leagan amach chun cabhrú le stop a chur le hidirdhealú agus leis an gcomhionannas a chur chun cinn san ionad oibre. (A + B thuas)

6. Stiúrthóir an Bhinse Chomhionannais[16]

Bhunaigh an tAcht seo Stiúrthóir an Bhinse Chomhionannais. Déanann sé/sí fiosrúcháin ar chásanna maidir le hidirdhealú san ionad oibre. Tá an chumhacht aige/aici cúiteamh pá dhá bhliana an fhostaí a ghearradh ar an bhfostóir.

[14] Positive Discrimination
[15] Equality Authority
[16] Director of the equality tribunal

UNIT 1(1-3):Layout 1 12/07/2012 15:27 Page 36

Measúnú / Anailís / Déan Plé

1. Cuirtear an fostaí ar an eolas maidir lena c(h)earta.
2. Cuirtear comhionannas pá chun cinn san ionad oibre.

An Binse Comhionannais

1. Cásanna a bhaineann le hIdirdhealú

Bunaíodh an binse seo faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta, 1998. Déanann sé fiosrúcháin ar chásanna maidir le hidirdhealú san ionad oibre. Is gá don íospartach cás a thógáil laistigh de 6 mhí ón uair a tharla an t-idirdhealú.

2. Cás nach bhfuil róthromchúiseach

Mura mbíonn idirdhealú róthromchúiseach i gceist cuireann an stiúrthóir an cás ar aghaidh chuig Oifigeach Idirghabhála Comhionannais[17]. Déanann an t-oifigeach seo iarracht teacht ar réiteach ionas gur féidir leis an dá thaobh aontú air.

3. Cás Tromchúiseach

Má bhíonn idirdhealú tromchúiseach i gceist cuireann an stiúrthóir an cás ar aghaidh chuig an Oifigeach Comhionannais[18]. Éisteann sé le fianaise ón dá thaobh agus ansin tugann sé rialú ar an ábhar.

4. An Cinneadh Deiridh

Tá an cinneadh deiridh ag Stiúrthóir an Bhinse Chomhionannais i ngach cás. Tá cumhacht dhlíthiúil ag an rialú sin. Tá an chumhacht aige/aici cúiteamh pá dhá bhliana an fhostaí a ghearradh ar an bhfostóir.

Measúnú/ Anailís/ Déan Plé

1. Seirbhís Saor in Aisce,
2. Seirbhís Phríobháideach,
3. Cúiteamh don Fhostaí más gá

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2011 Roinn 3 – Ceist 1(C) – 15 Marc

Déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí aighneas idir fostóir agus fostaí a réiteach ar bhealach neamhreachtúil.

[17] Equality Mediation Officer
[18] Equality Officer

UNIT 1(1-3).Layout 1 12/07/2012 15:27 Page 37

2010 Roinn 3 – Ceist 1(A) – 30 Marc

(i) Tabhair breac-chuntas ar an tionchar atá ag príomhfhorálacha an Achta Caidrimh Thionscail, 1990 ar cheardchumainn.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** shaghas gníomhaíochta tionsclaíche oifigiúla is féidir le ceardchumann a dhéanamh mar chuid d'aighneas trádála.

2010 Roinn 1 – Ceist 9 – 10 Marc

Tabhair breac-chuntas ar **thrí** bhonn le dífhostú **cóir** faoi théarmaí an Achta um Dhífhostú Éagórach 1977/93.

2009 Roinn 3 – Ceist 1(B) – 35 Marc

(i) Mínigh an téarma 'idirdhealú fostaíochta' mar atá leagtha amach san Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998.
Liostaigh **ceithre** fhoras (bhonn) shoiléire a chuireann cosc ar idirdhealú faoin Acht.

(ii) Déan measúnú ar an ról atá ag Stiúrthóir na bhFiosrúchán Comhionannais i réiteach gearán maidir le hidirdhealú sa láthair oibre.

2008 Roinn 3 – Ceist 1(C) – 20 Marc

Déan measúnú ar an ról atá ag an gCúirt Oibreachais agus iad ag déileáil le haighnis thionsclaíocha.

2008 Roinn 1 – Ceist 9 – 10 Marc

Liostaigh **cúig** bhonn ar a bhfuil leithcheal i gcúrsaí **fostaíochta** eisreachtaithe in Éirinn.

2007 Roinn 3 – Ceist 1(A) – 20 Marc

Faoi théarmaí an Achta Caidrimh Thionscail 1990, (i) sainmhínigh díospóid trádála dhlisteanach agus (ii) mínigh an ról atá ag an gCoimisiún um Chaidreamh Oibreachais.

2006 Roinn 3 – Ceist 1(B) – 25 Marc

(i) Faoi théarmaí an Achta um Dhífhostú Éagórach 1977/1993, mínigh na cúiseanna atá le dífhostú a cheaptar a bheith cóir.

(ii) Déan cur síos ar na cineálacha éagsúla sásaimh atá ar fáil d'fhostaithe a dhífhostaítear go héagórach. Léirigh do fhreagra le samplaí cuí.

2004 Roinn 3 – Ceist 1(B) – 20 Marc

Déan measúnú ar ról an Stiúrthóra um Fhiosruithe Comhionannais maidir le coimhlintí i gcúrsaí gnó a réiteach.

UNIT 1(1-3).Layout 1 12/07/2012 15:27 Page 38

2004 Roinn 3 – Ceist 1(C) – 20 Marc

Faoi théarmaí an Achta um Chaidreamh Tionscail 1990 mínigh

(i) Na cúiseanna a bhíonn le haighnis thrádála dlíthiúla

NÓ

Faoi théarmaí an Achta um Dhífhostú Éagórach 1977/93 mínigh

(ii) Na bunúis atá le dífhostú a cheaptar a bheith éagórach.

2003 Roinn 3 – Ceist 1(C) – 20 Marc

Mínigh cén bhrí atá le *Leithcheal* de réir mar a leagtar síos é san Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998. Liostaigh cúig fhoras ar leith a dhéanann an leithcheal mídhleathach de réir an Achta.

2002 Roinn 1 – Ceist 1 – 10 Marc

Cad is eadráin ann?

2002 Roinn 3 – Ceist 1(C) – 30 Marc

Déan measúnú ar an gcaoi a bpléann an Coimisiún um Chaidreamh Saothair agus An Chúirt Oibreachais le haighnis thionsclaíocha, faoi théarmaí an Achta Chaidrimh Thionscail.

2000 Roinn 1 – Ceist 2

Léirigh an tuiscint atá agat ar an téarma "Eadráin".

2000 Roinn 3 – Ceist 1(B) – 20 Marc

Cuir ról an Choimisinéara um Chearta i gcodarsnacht le ról an Choimisinéara um Chosaint Sonraí ó thaobh coimhlintí gnó a réiteach.

2000 Roinn 3 – Ceist 1(C) – 20 Marc

Mínigh faoi théarmaí an Achta Caidrimh Thionscail 1990 **(i)** Na cúiseanna do dhíospóidí trádála dleathacha agus **(ii)** Forálacha an Achta sin maidir le picéadú.

1999 Roinn 3 – Ceist 1 – 25 Marc

Déan measúnú ar ról an Choimisiún an Chaidreamh Oibreachais faoin Acht Caidrimh Thionscail 1990.

AONAD

2 CAIBIDIL 4 AN FHIONTRAÍOCHT

An Fhiontraíocht – Nuair a dhéantar iarracht rud éigin nó gníomh nua a chur i gcrích, bíonn riosca i gceist leis an bhfiontraíocht, riosca airgeadais agus riosca pearsanta.

Ról an Fhiontraí i gcúrsaí gnó

- Is é an fiontraí an duine a aithníonn an deis agus a ghlacann an dúshlán air/uirthi féin gnó a bhunú.
- Glacann an fiontraí le riosca mór nuair a bhunaíonn sé/sí gnó. Tá riosca airgeadais i gceist mar má theipeann air/uirthi caillfidh sé/sí an t-airgead a d'infheistigh sé/sí. Tá riosca pearsanta i gceist freisin, mar má theipeann air/uirthi caillfidh sé/sí a f(h)éinmhuinín.
- Ach, tá an fiontraí sásta dul i mbaol maidir leis na rioscaí mar ceapann sé/sí go mbeidh an gnó rathúil agus go ndéanfaidh sé/sí airgead as.

Samplaí d'Fhiontraithe

Anita Roddick – Bhunaigh sí "*The Body Shop*" mar bhí sí ag iarraidh gnó a bhunú nach ndéanfadh tástálacha ar ainmhithe agus ***a dhíolfadh cosmaidí i méideanna beaga*** *(that sold cosmetics in small sizes)*

Brody Sweeney – Nuair a bhí sé ar laethanta saoire in SAM d'aithin sé cé chomh rathúil is a bhí an siopa ceapairí Subway. Ag an am seo ní raibh aon siopaí ceapairí in Éirinn (1988), mar sin bhunaigh sé a shiopaí ceapairí féin ar a nglaoitear 'O'Briens Sandwich Bars'.

An Fhiontraíocht in áiteanna eile

An Fhiontraíocht sa Bhaile

Tuismitheoirí ag athrú seomra suí sa teach go seomra staidéar chun cabhrú lena mac/n-iníon staidéar a dhéanamh don Ardteistiméireacht.

UNIT 2:Layout 1 13/07/2012 07:55 Page 40

An Fhiontraíocht sa Phobal

Léiríonn comharsana an fhiontraíocht trí theacht le chéile agus eagraíocht a bhunú a bheidh i gceannas ar an gceantar chun glanadh suas a dhéanamh ionas gur féidir leo comórtas na mBailte Slachtmhara *(Tidy Towns)* a bhuachan.

An Fhiontraíocht ar Scoil

Léiríonn múinteoir an fhiontraíocht trí dhráma a eagrú. Léiríonn daltaí an fhiontraíocht trí mhionchomhlachtaí a bhunú nó trí thuras scoile a eagrú.

An Fhiontraíocht sa Saol Poiblí

An tAire Airgeadais in Éirinn ag bunú an CSDC (*SSIA*) in 2001. Chun daoine a spreagadh chun airgead a shábháil thairg sé bónas de 25% ar an tsuim airgid a shábháil daoine gach mí ar feadh 5 bliana. Bhain 1 mhilliún duine de mhuintir na hÉireann leas as an scéim seo.

Saintréithe Fiontraithe

Réamhghníomhach

Díríonn siad ar an am atá le teacht. Ní fhanann siad go dtí go dtarlaíonn rudaí. Baineann siad rudaí amach.

Neamhspleách

Is maith leo bheith i gceannas. Is maith leo bheith ag obair dóibh féin. Is fearr leo orduithe a thabhairt seachas orduithe a ghlacadh.

Féinspreagadh

Cuireann fiontraithe brú orthu féin chun a spriocanna a bhaint amach. Ní gá dóibh inspreagadh a fháil ó dhaoine eile.

Féinmhuinín

Creideann siad iontu féin. Ní ligfidh siad do dhaoine eile iad a tharraingt síos má bhíonn na daoine eile sin éadóchasach faoi smaoineamh atá acu. Ní éiríonn siad as ach an oiread má tharlaíonn drochrudaí don ghnó.

Neamhthrócaireach

Cuireann siad an gnó roimh gach rud eile. Má bhíonn cinneadh deacair le déanamh acu déanann siad an cinneadh ar mhaithe leis an ngnó. Tugann siad tús áite don ghnó.

UNIT 2:Layout 1 13/07/2012 07:55 Page 41

Sásta dul i mbaol maidir leis na rioscaí

Níl eagla orthu dul i mbaol maidir leis na rioscaí in ainneoin go bhfuil baol ann go dteipfidh orthu. Bíonn siad ciallmhar freisin agus iad ag dul i mbun rioscaí.

An Gá le bheith Rathúil[1]

Is gá dóibh rud éigin a bhaint amach. Is mian leo bheith rathúil. Is é sin an tosaíocht atá acu.

Scileanna Fiontraithe

Caidreamh Daonna

Is scil fiontraíochta é bheith go maith le daoine. Nuair is mian le fiontraithe rud éigin a bhaint amach is féidir leo daoine a fháil chun a ndícheall a dhéanamh dóibh sa ghnó.

Pleanáil

Is scil fiontraíochta é spriocanna a leagan amach agus teacht ar bhealaí/ straitéisí maidir le conas is féidir na spriocanna sin a bhaint amach.

Bainistíocht Ama

Na tascanna uile atá le déanamh ag an bhfiontraí a dhéanamh laistigh den am atá aige/aici.

Glacann sé/sí na céimeanna seo a leanas:

1. Scríobhann an fiontraí síos cad atá le déanamh aige/aici;
2. Oibríonn sé/sí amach cé mhéad ama atá aige/aici leis na tascanna a dhéanamh;
3. Má tá an iomarca tascanna ann agus mura bhfuil go leor ama i gceist tugann sé/sí tús áite do na tascanna is tábhachtaí agus déanann sé/sí iad sin.
4. Sa bhealach seo cinntíonn sé/sí go ndéantar na tascanna uile taobh istigh den am atá i gceist.

[1] Need for achievement

UNIT 2:Layout 1 13/07/2012 07:55 Page 42

Bainistíocht Riosca

Plean a chur le chéile ina gcoimeádtar riosca an ghnó go dtí an leibhéal is lú. Is gá gach riosca a aithint atá ag an ngnó agus urrús/ árachas a thógáil amach i gcoinne an riosca sin.

Cinneadh a dhéanamh

Leagann fiontraithe amach na réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann le haghaidh deiseanna nó fadhbanna agus déanann siad rogha ar an gcinneadh is fearr don ghnó.

Infhiontraíocht

- Fostaí a oibríonn laistigh den ghnó agus a léiríonn fiontraíocht.
- Bíonn sé/sí réamhghníomhach agus gineann sé/sí smaointe a chabhraíonn leis an ngnó ina n-oibríonn sé/sí bheith rathúil.

Samplaí den Infhiontraíocht

Nuair a d'aithin fostaithe Microsoft rath an Sony Playstation smaoinigh siad ar chonsól cluichí (games console) a dhéanamh do Microsoft. D'oibrigh siad go dian air seo agus ar deireadh ba é an Xbox an toradh.

Tábhacht na Fiontraíochta d'Éirinn

1. Leis an bhfiontraíocht cinntítear go bhfásann an **geilleagar**.
2. Clúdaítear **riachtanais** na sochaí.
3. Cruthaítear **fostaíocht** tríd an bhfiontraíocht.
4. Cruthaíonn an fhiontraíocht **caighdeán maireachtála** níos airde don duine.
5. Tugtar isteach **táirgí agus seirbhísí nua** tríd an bhfiontraíocht.

Cúiseanna le fás na Fiontraíochta in Éirinn

1. An Rialtas

Cuireann an Rialtas seirbhísí ar fáil chun cabhair a thabhairt do ghnólachtaí nua atá á mbunú in Éirinn.

UNIT 2:Layout 1 13/07/2012 07:55 Page 43

2. Gnólachtaí Iasachta

D'fhoghlaim muintir na hÉireann an-chuid ó ghnólachtaí iasachta atá á mbunú in Éirinn.

3. Oideachas

Tháinig fás ar an bhfiontraíocht de bharr leibhéal ard an oideachais in Éirinn.

4. Teicneolaíocht

Tháinig fás ollmhór sa teicneolaíocht. Leis seo tugadh deis d'fhiontraithe gnólachtaí a bhunú, mar shampla, Bluemedia.

5. Athrú nósanna

D'athraigh nósanna mhuintir na hÉireann. Nílimid coimeádach a thuilleadh mar thír. Táimid sásta dul i mbaol maidir le rioscaí anois.

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2009 Roinn 1 – Ceist 7 – 10 Marc

Taispeáin an difríocht atá idir 'fiontraíocht' agus 'bainistíocht'.

2009 Roinn 2 – Ceist 1(C) – 20 Marc

Léirigh agus úsáid á baint agat as samplaí ón téacs thuas, **ceithre** thréith fiontraíochta/scil atá léirithe ag Liam.

2008 Roinn 3 – Ceist 4(A) – 15 Marc

"Is iad a bheith cinntitheach, cruthaitheach agus sásta dul i riosca na tréithe pearsanta a bhaineann go minic le fiontraithe."

Déan plé ar na tréithe sin agus bíodh samplaí agat mar thacaíocht le do fhreagra.

2007 Roinn 3 – Ceist 4(A) – 15 Marc

Déan cur síos ar **thrí** scil fiontraíochta nach foláir d'fhiontraí a bheith aici/aige.

2006 Roinn 1 – Ceist 1 – 10 Marc

Léirigh do thuiscint ar an téarma 'fiontraíocht':

2006 Roinn 3 – Ceist 4(C) – 20 Marc

Agus samplaí á n-úsáid agat, déan anailís ar **cheithre** scil éagsúla fiontraíochta, agus ceangail dhá cheann acu leis an ngnó agus dhá cheann leis an bpobal.

UNIT 2:Layout 1 13/07/2012 07:55 Page 44

2005 Roinn 1 – Ceist 2 – 10 Marc

Éilíonn 'Bainistíocht Riosca' ar bhainisteoirí:

2004 Roinn 1 – Ceist 2 – 10 Marc

Bíonn lámh ag 'Infhiontraí' in:

2003 Roinn 3 – Ceist 4(A) – 10 Marc

Déan cur síos ar an tuiscint atá agat ar an téarma fiontraíocht.

2003 Roinn 3 – Ceist 4(B) – 20 Marc

Ainmnigh na tréithe pearsanta a bhaineann le daoine a bhíonn rathúil i gcúrsaí gnó.

2003 Roinn 3 – Ceist 4(C) – 30 Marc

Léirigh conas a d'fhéadfaí scileanna fiontraíochta a úsáid chun cur le leas **aon cheann** acu seo:

(i) An pobal áitiúil
nó
(ii) Roinn Rialtais

2000 Roinn 1 – Ceist 3 – 10 Marc

Déan idirdhealú idir "bainistíocht riosca" agus "bainistíocht ama".

1999 Roinn 1 – Ceist 1 – 10 Marc

Léirigh an tuiscint atá agat ar an téarma "Fiontraí".

AONAD

3 CAIBIDIL 5
AN BHAINISTÍOCHT

An Bhainistíocht – Sa phróiseas seo tá bainisteoir ann a oibríonn le daoine agus a úsáideann acmhainní eile (airgead agus trealamh, mar shampla) le cinntiú go mbainfidh an gnólacht a spriocanna amach.

Glaoitear an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin nó an Stiúrthóir Bainistíochta ar an mbainisteoir atá go hiomlán i gceannas ar an ngnó a reáchtáil.

Samplaí den Bhainistíocht

1. Sa Bhaile

Feictear an bhainistíocht sa bhaile nuair a dhéanann tuismitheoirí buiséadú chun a chinntiú go bhfuil dóthain airgid acu le haghaidh laethanta saoire.

2. Sa Phobal

Nuair a shocraíonn daoine sa cheantar an baile a chur isteach i gcomórtas na mBailte Slachtmhara.

3. Ar Scoil

Nuair a eagraíonn an príomhoide amchlár le haghaidh na ndaltaí.

4. Sa Rialtas

Nuair a chuireann an tAire airgeadais an buiséad le chéile don bhliain.

5. Sa Ghnó

Is gá don bhainisteoir bheith cinnte go bhfuil na fostaithe ag déanamh a gcuid oibre i gceart, go bhfuil na custaiméirí sásta agus go bhfuil an gnó ag déanamh brabúis.

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:19 Page 46

Saintréithe Bainisteoirí Maithe

1. **In ann cinneadh a dhéanamh** – Is féidir le bainisteoir maith anailís a dhéanamh ar fhadhb agus teacht ar réiteach na faidhbe sin go tapa.
2. **Réamhghníomhach** – Ní gá orduithe a thabhairt don bhainisteoir maith. Tá an cumas aige/aici rudaí a chur i gcrích. Úsáideann sé/sí a (h)intinn chun teacht ar smaointe agus chun réiteach a fháil ar na fadhbanna atá aige/aici.
3. **Scileanna Pearsanta** – Is féidir le bainisteoirí maithe réiteach go maith le daoine. Is féidir leo daoine a fháil chun tacú leo freisin. Is rud iontach é seo chun an gnólacht a choimeád rathúil.
4. **Oibríonn siad go dian** – Oibríonn siad go dian ar mhaithe leis an ngnólacht. Má bhíonn fadhb sa ghnólacht fanann siad agus réitíonn siad í.
5. **Solúbtha** – Bíonn bainisteoirí maithe in ann a modhanna gnó a athrú ar mhaithe leis an ngnólacht de réir mar a thagann athruithe ar an saol.
6. **Mealltach** – Is féidir leo daoine a mhealladh. Bíonn meas ag an bhfostaí orthu agus oibríonn sé/sí níos déine dá bharr.

Codarsnachtaí idir An Fiontraí agus An Bainisteoir

AN FIONTRAÍ	AN BAINISTEOIR
1. Bunaíonn sé/sí an gnó	1. Reáchtálann sé/sí an gnó
2. Bíonn fiontar ard aige/aici	2. Bíonn fiontar íseal aige/aici.
3. Gineann sé/sí an smaoineamh le haghaidh an ghnó.	3. Cuireann sé/sí an smaoineamh i gcrích
4. Díríonn sé/sí ar an ngnó go fadtéarmach.	4. Díríonn sé/sí ar an ngnó ó lá go lá
Sampla Bill Gates – Microsoft	**Sampla Michael O'Leary - Ryanair**

2006 Roinn 1 – Ceist 3 – 10 Marc

Sainmhínigh bainistíocht:

1999 Roinn 3 – Ceist 4(A) – 20 Marc

Agus tú ag baint leasa as ainm agus seoladh bréige dréachtaigh litir chuig Bainisteoir Acmhainní Daonna gnó ag leagan amach ceithre thréith a lorgófaí i mbainisteoirí nuair a bheifí ag cur agallamh ar iarraitheoirí do phoist bhainisteoirí.

AONAD

3 CAIBIDIL 6 TREORÚ/ INSPREAGADH

Is iad seo a leanas na trí scil bainistíochta:

1. Ceannaireacht/ Treorú	**2. Inspreagadh**	**3. Cumarsáid**

Ceannaireacht/ Treorú

An cumas atá ag bainisteoir chun daoine a threorú, orduithe a thabhairt d'fhostaithe agus a chinntiú go leanann siad iad. Tá trí bhealach dhifriúla inar féidir daoine a threorú agus glaoitear ***stíl*eanna** ceannasaíochta orthu, **mar seo a leanas:**

Ceannaireacht Thiarnasach
Ceannaireacht Dhaonlathach
Ceannaireacht Laissez Faire

Ceannaireacht Thiarnasach

- Déanann an bainisteoir na cinntí uile gan aon cheist a chur ar na fostaithe.
- Tugann sé/sí orduithe dóibh agus bíonn sé/sí ag súil go leanfar na horduithe sin gan aon cheist. Úsáideann sé/sí imeaglú agus bagairt mar bhealach inspreagtha.
- Feictear an stíl seo i bpoist neamhoilte go minic.

Measúnú/ Anailís/ Déan Plé
I mo thuairim, ní chothaíonn an stíl bhainistíochta seo torthaí maithe don bhainisteoir. Ní spreagtar na fostaithe agus ní bhíonn siad dílis don ghnólacht.

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:19 Page 48

Ceannaireacht Dhaonlathach

- Glacann na fostaithe páirt nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh ag an mbainisteoir. Cuireann an bainisteoir a dtuairimí san áireamh.
- Tugann an bainisteoir freagracht do na fostaithe toisc go bhfuil muinín aige/aici astu.
- An míbhuntáiste a bhaineann leis an stíl seo ná go mbíonn moill ar chinntí.

Measúnú/ Anailís/ Déan Plé

1. **I mo thuairim**, tá an stíl treoraithe/ bhainistíochta seo i bhfad níos oiriúnaí don bhainisteoir.
2. Tugtar **spreagadh** don fhostaí toisc go bhfuil sé/sí ag glacadh páirte níos mó sa ghnó.
3. Faigheann an stíl bhainistíochta seo torthaí níos fearr ná an cheannaireacht thiarnasach.

Ceannaireacht Laissez-Faire

- Ní bhíonn aon baint ag an mbainisteoir maidir le conas a dhéanann na fostaithe a gcuid oibre.
- Tugann an bainisteoir **spriocanna** d'fhostaithe agus is féidir leo na spriocanna sin a bhaint amach cibé bealach is mian leo.
- Tugann an bainisteoir an-chuid cumhachta do na fostaithe mar go bhfuil muinín aige/aici astu.
- Feictear é seo i bpoist ina bhfuil an-scil i gceist.

Measúnú/ Anailís/ Déan Plé

1. **I mo thuairim**, tá an stíl cheannaireachta seo oiriúnach nuair atá muinín ag an mbainisteoir as na fostaithe sa ghnó. Ní chreidim go n-oibreodh an stíl seo le gach gnó. Bhainfeadh fostaithe leisciúla an leas mícheart as an stíl seo.

Tarmligean

Nuair a roinneann an bainisteoir cuid dá t(h)ascanna ar a f(h)ostaithe le déanamh. *Sampla maith den tarmligean ná an Bainisteoir Acmhainní Daonna ag tabhairt an phoist don chúntóir atá aige/aici chun agallamh a chur ar iarrthóirí do phost nua mar níl an t-am aige/aici*.

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:19 Page 49

Buntáistí an Tarmligin

1. Tá breis ama ag an mbainisteoir chun díriú ar na fadhbanna is mó atá ag an ngnó.
2. Tríd an obair a roinnt idir an bainisteoir agus na fostaithe déantar rudaí níos tapúla.
3. Is oiliúint mhaith é an tarmligean toisc go bhfuil na fostaithe ag foghlaim conas bainistíocht a dhéanamh.
4. Cuireann sé le sásamh agus inspreagadh na bhfostaithe toisc go bhfuil an bainisteoir ag léiriú go bhfuil muinín aige/aici astu.

N.B. *Má chuirtear ceist ort faoi na míbhuntáistí atá ann don ghnó a bhaineann leis an tarmligean mura ndéantar an bainisteoir é ní gá ach a mhalairt a scríobh faoina bhfuil scríofa thuas.*

Cad atá ag teastáil ionas go mbeidh tarmligean éifeachtach ann?

1. **Fostaithe macánta, spreagtha** agus **oilte**
2. ***Córas rialaithe mhaith*** ionas go mbeidh an gnólacht ar an eolas má dhéanann na fostaithe aon bhotúin
3. **Cumarsáid** Mhaith
4. Bainisteoir atá sásta é a dhéanamh. *(Bainisteoir daonlathach/ laissez faire)*

An Tábhacht a bhaineann leis an gCeannaireacht Mhaith

1. Gnó níos éifeachtaí

Tugtar orduithe cruinne do na fostaithe agus ní chuireann siad am amú ag déanamh tascanna nach bhfuil aon ghá leo.

2. Níos mó comhordaithe

Cuireann an ceannaire maith gach duine ag obair sa treo céanna. Mar sin bíonn na fostaithe uile ag tarraingt sa treo céanna.

3. Coinneáil Fostaithe[1]

Déanann ceannaire maith tarmligean agus ardaíonn sé seo meanma na bhfostaithe agus tá níos mó seans ann go bhfanfaidh siad ag obair sa ghnólacht.

4. Athruithe le cur i gcrích

Bíonn athruithe de shíor ag tarlú i saol an ghnó, mar sin is gá go mbeadh ceannaire maith i bhfeidhm chun na hathruithe sin a chur i gcrích.

[1] Employee Retention

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:19 Page 50

Inspreagadh

Na fostaithe a spreagadh agus dreasú a thabhairt dóibh le hobair mhaith a dhéanamh ionas go n-oibreoidh siad go dian sa ghnó.

Baineann Microsoft leas iontach as an inspreagadh. Vótáladh iad mar cheann amháin den 50 gnólacht is fearr le bheith ag obair iontu in Éirinn. Tugann sé bónas do na fostaithe bunaithe ar an obair a dhéanann siad. Tugann sé airgead & scaireanna dóibh sa ghnólacht.

Má bhíonn a fhios ag an mbainisteoir cad atá ag teastáil ó na fostaithe chun iad a spreagadh beidh an gnó an-rathúil. Tá dhá theoiric ann atá bunaithe ar conas na fostaithe a spreagadh, mar seo a leanas:

- **Teoiric X & Y (Douglas McGregor)**
- **Tosaíochtaí na Riachtanas ag Maslow (Abraham Maslow)**

Teoiric X / Y McGregor

Deir McGregor go bhfuil dhá chineál bainisteora ann. Bainisteoir X agus Bainisteoir Y. Bíonn tuairimí éagsúla ag an dá bhainisteoir faoi na fostaithe. Is mar seo a leanas an bealach ina gcaitheann siad leo:

1. Creideann **Bainisteoir X** nach bhfuil a f(h)ostaithe ag iarraidh obair a dhéanamh agus go bhfuil siad an-leisciúil. Creideann sé/sí go bhfuil na fostaithe mímhacánta agus nach bhfuil suim acu in aon rud ach airgead.
2. Is é an bealach ina ndéanann sé/sí iad a inspreagadh ná trí shúil ghéar a choimeád ar na fostaithe chun a chinntiú go ndéanann siad a gcuid oibre. Baineann sé/sí úsáid as an mbagairt agus as an imeaglú chun na fostaithe a spreagadh.
3. Dúirt McGregor nach n-éireodh leis an teoiric seo toisc nach mbeadh aon ghaol/cheangal idir na fostaithe agus an bainisteoir. Dhéanfadh na fostaithe an méid is lú oibre ar an méid is mó airgid a d'fhéadfaidís a fháil.
4. *Creideann **Bainisteoir Y** go bhfuil na fostaithe ag baint suilt as a gcuid oibre agus nach bhfuil siad leisciúil. Creideann sé freisin go bhfuil siad spreagtha agus tá poist dhúshlánacha ag teastáil uathu.*

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:19 Page 51

5. *Baineann Bainisteoir Y leas as ardú céime chun inspreagadh a thabhairt do na fostaithe. Tugann sé/sí moladh do na fostaithe agus baineann sé/sí úsáid as an tarmligean freisin.*
6. *Dúirt McGregor go n-éireodh leis an stíl seo toisc go mbeadh na fostaithe spreagtha agus sásta san ionad oibre.*

Measúnú / Anailís / Déan Plé
I mo thuairim, is teoiric mhaith í faoi Bhainisteoir Y mar tá sé ciallmhar. Oibreoidh na fostaithe níos déine má thugtar freagracht dóibh, agus má bhíonn meas ag an mbainisteoir orthu beidh siad níos dílse don ghnó.

Tosaíochtaí na Riachtanas ag Maslow

- Dúirt Maslow go spreagtar na fostaithe lena riachtanais. Mhothaigh sé dá n-aithneodh an bainisteoir riachtanais na bhfostaithe go bhféadfadh sé/sí na riachtanais sin a úsáid chun iad a spreagadh.
- De réir thuairim Maslow is féidir 5 riachtanas fostaithe a leagan amach mar thosaíochtaí de réir pirimide ag dul ón riachtanas is bunúsaí go dtí an riachtanas is sofaisticiúla.
- Dúirt Maslow go dtosaíonn gach duine ag bun na pirimide leis na riachtanais Fiseolaíochta. Is iad seo na riachtanais is tábhachtaí go dtí go sásaítear iad.
- Nuair a shásaítear na riachtanais seo ní spreagtar na fostaithe a thuilleadh. Is iad na chéad riachtanais eile ar an bpirimid a spreagann na fostaithe.
- Mar sin, tá sé tábhachtach go bhfuil a fhios ag an mbainisteoir cad iad na riachtanais a spreagfaidh na fostaithe. Is féidir leis an mbainisteoir na fostaithe a spreagadh chun obair níos déine a dhéanamh más féidir leis/léi na riachtanais sin a shásamh.



UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 52

Riachtanais	Míniú	Conas é a shásamh
Féin-achtáil	An riachtanas chun do spriocanna uile a bhaint amach	Obair dhúshlánach, comhúinéireacht, ardú céime
Urraim	An riachtanas féinmheasa agus meas a fháil ó dhaoine eile	Moladh, duaiseanna, Rannpháirtíocht na bhfostaithe
Sóisialta	An riachtanas cairdis agus grá	Obair foirne, ócáidí sóisialta
Sábháilteacht	An riachtanas le bheith sábháilte agus socair	Conradh fostaíochta, Poist a dhéanamh slán
Fiseolaíocht	Na riachtanais is bunúsaí agus is daonna – bia, uisce etc.	Pá/ ceaintín

Measúnú/ Anailís/ Déan Plé

I mo thuairim, is smaoineamh iontach é seo le fostaithe a inspreagadh. Má fhaigheann an bainisteoir amach cén leibhéal den phirimid ar a bhfuil na fostaithe is féidir leis/léi í a úsáid chun iad a spreagadh.

***Ach*, tá laigí ag baint leis. Sa saol réadúil bíonn níos mó ná riachtanas amháin ag fostaithe in aon am ar leith, mar shampla, riachtanas Fiseolaíochta agus Sábháilteachta ag an am céanna**

Tábhacht an Inspreagtha don ghnó

1. Táirgiúlacht níos fearr

Ardaíonn sé táirgiúlacht an ghnó mar spreagtar na fostaithe níos mó.

2. Níos mó infhiontraíochta

Gineann fostaithe spreagtha níos mó smaointe.

3. Coinneáil Fostaithe

Agus fostaithe spreagtha tá siad níos sásta sa ghnó.

4. Caidreamh Tionsclaíoch níos fearr

Bíonn gaol níos fearr ag fostaithe spreagtha le bainisteoirí sa ghnó, mar sin bíonn an baol níos lú go mbeidh aighneas tionsclaíoch ann.

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 53

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2011 Roinn 3 – Ceist 4(B) – 20 Marc

(i) Mínigh 'Teoiric an Inspreagtha' ag Maslow.

(ii) Léirigh conas a d'fhéadfadh bainisteoir a chuid oibrithe a spreagadh trí Theoiric Maslow a chur i bhfeidhm sa láthair oibre.

2009 Roinn 3 – Ceist 4(A) – 20 Marc

(i) Mínigh an téarma 'tarmligean'.

(ii) Déan cur síos ar bhuntáistí an tarmligin do bhainisteoir.

2009 Roinn 3 – Ceist 4(B) – 20 Marc

Déan anailís ar na himpleachtaí do ghnólacht nuair a ghlacann bainisteoir cur chuige Theoiric X chuici/chuige féin sa bhainistíocht.

2007 Roinn 1 – Ceist 7 – 10 Marc

D'aithin Maslow, ina ord tosaíochta, 'féin-achtáil' mar riachtanas daonna.

(a) Ciallaíonn féin-achtáil _____

(b) Ainmnigh **dhá** riachtanas dhaonna eile a d'aithin sé chomh maith:

(i) _____

(ii) _____

2006 Roinn 3 – Ceist 4(A) – 10 Marc

Déan cur síos ar theoiric inspreagtha **amháin** is gnách a úsáid sa bhainistíocht.

2006 Roinn 3 – Ceist 4(B) – 30 Marc

Déan plé ar **thrí** stíl bhainistíochta.

2005 Roinn 3 – Ceist 4(C) – 25 Marc

Déan measúnú ar theoiricí inspreagtha Maslow *agus* McGregor.

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 54

2003 Roinn 3 – Ceist 5 – 60 Marc

Deirtear go nglacann Bainisteoirí réimse leathan ról orthu féin agus cuspóirí eagraíochta á mbaint amach acu. Bíonn orthu tuairisciú ar obair dhaoine eile chomh maith lena gcuid oibre féin, agus oibríonn siad le daoine eile agus trí dhaoine eile ar gach leibhéal den eagraíocht.

Déan luacháil, sa chomhthéacs thuas, ar na Scileanna Bainistíochta seo:
(i) Ceannaireacht
(ii) Spreagadh agus
(iii) Cumarsáid a dhéanamh.

2001 Roinn 1 – Ceist 3 – 10 Marc

Déan cairt le lipéid de Ordlathas Riachtanas Maslow.

2001 Roinn 3 – Ceist 4(B) – 15 Marc

Imlínigh agus léirigh cad is brí le 'Tarmligean'.

UNIT 3.Layout 1 13/07/2012 13:57 Page 55

AONAD

3 CAIBIDIL 7
AN CHUMARSÁID

Malartú eolais idir páirtí amháin agus páirtí eile. Is féidir leis bheith i bhfoirm scríofa, béil nó súl. Is féidir leis bheith anuas, aníos, inmheánach nó seachtrach freisin.

Cumarsáid Inmheánach – Nuair a aistrítear eolas idir bheirt daoine sa ghnólacht céanna.
Cumarsáid Sheachtrach – Eolas a mhalartú le daoine atá lasmuigh den ghnólacht.

Cumarsáid Inmheánach

Is iad seo a leanas samplaí den chumarsáid inmheánach:

Ríomhphost	Cruinniú	Meamram
Bosca Moltaí	Teileafón Inmheánach	Comhrá

1. **Cumarsáid Aníos (upward)** ➤ Nuair a théann eolas faoin ngnó ó leibhéal amháin go dtí leibhéal níos airde.
2. **Cumarsáid Anuas (downward)** ➤ Nuair a théann eolas ó leibhéal amháin go dtí leibhéal níos ísle, mar shampla bainisteoir ag tabhairt orduithe d'fhostaithe.
3. **Cumarsáid Chothrománach (Horizontal)** ➤ Malartú eolais idir fostaithe atá ar chomhchéim.

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 56

Cumarsáid Sheachtrach

Is iad seo a leanas samplaí den Chumarsáid Sheachtrach

1. **Na Bainc** ➤ An gnólacht ag dul go dtí an banc ag lorg iasachta.
2. **Na Soláthraithe** ➤ Seolann an bainisteoir ordú chuig soláthraí ag lorg amhábhair.
3. **Na Custaiméirí** ➤ Seolann an bainisteoir litir ar ais chuig an gcustaiméir mar fhreagra ar ghearán.

Is iad seo a leanas bealaí le cumarsáid sheachtrach a dhéanamh:

Físchomhdháil	**Ríomhphost**	**Litir**
Teileafón	**Preasócáid**	**An tIdirlíon**

Cumarsáid Scríofa, Béil agus Súl

Ceist choitianta é seo ar gnáthleibhéal!	**Cumarsáid Scríofa**	**Cumarsáid Béil**	**Cumarsáid Súl**
Samplaí	Ríomhphost, Facs, Meamram, Litir, Tuairisc	Comhrá, Teileafón, Cruinniú, Físchomhdháil	Barrachairt, Píchairt, Picteagram, Cairt mheá ar mheá, Líneghraf
Buntáistí	Taifeadadh déanta: Is féidir é a léamh arís agus arís go dtí go dtuigeann tú an teachtaireacht. Tá sé tapa (ríomhphost)	Tá sé tapa. Is féidir mothúcháin a léiriú an bealach seo. Tá sé pearsanta	Is éasca pictiúir a thuiscint. Tá sé úsáideach le hanailís a dhéanamh ar staitisticí
Míbhuntáistí	Tá aiseolas i gceist agus tá baol ann go mbeidh an iomarca eolais ann	Níl aon taifeadadh déanta de. B'fhéidir nach n-éistfidh an faighteoir leis an teachtaireacht	Is deacair é a tuiscint mura bhfuil aon scríbhneoireacht ann

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 57

Ceisteanna um chleachtadh praiticiúil cumarsáide a fheictear go minic san Ardteistiméireacht ná iad seo a leanas:

1. Barrachairt
2. Líneghraf
3. Píchairt
4. Meamram
5. Litir
6. Clár Oibre agus Miontuairiscí
7. Tuarascálacha

Barrachairteacha

- Cairteacha a léiríonn eolas i bhfoirm bloc.
- Go maith chun líon rudaí a chur i gcomparáid lena chéile.
- Éasca iad a thuiscint.
- Éasca iad a leagan amach.



UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 58

Líneghraif

- Go maith le hathruithe suíomhanna a léiriú thar am.
- Cuirtear luach áirithe ar na pointí ag amanna ar leith agus ansin ceanglaítear na suíomhanna uile le chéile trí líne a tharraingt eatarthu.



Píchairteacha

- Éifeachtach chun codáin agus céatadáin a léiriú



UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 59

Picteagraim

- Léiríonn siad seo eolas i bhfoirm pictiúir.
- Léiríonn gach pictiúr méid áirithe d'aonad amháin.



Bacainní ar an gCumarsáid Éifeachtach

1. **Teanga** – Nuair a úsáideann an seoltóir focail nach dtuigeann an faighteoir. Ní féidir leis an bhfaighteoir mórán a dhéanamh leis an eolas a fhaigheann sé/sí.
2. **Claontacht** – Má tá an faighteoir claonta go pearsanta i gcoinne an tseoltóra tá seans maith ann nach dtabharfaidh an faighteoir mórán airde ar an teachtaireacht.
3. **An Iomarca Eolais** – Má tá an iomarca eolais sa teachtaireacht d'fhéadfadh sé bheith an-deacair don fhaighteoir an t-eolas uile a thógáil isteach.

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 60

4. **Drochscileanna Éisteachta** – Ionas go mbeidh cumarsáid éifeachtach ann is gá an t-eolas ceart a sheoladh agus go nglacfar leis freisin. Uaireanta ní bhíonn an faighteoir ag éisteacht i gceart (neamhaird á tabhairt aige/aici) agus dá bhrí sin ní fhaigheann sé/sí an t-eolas ceart.
5. **Muinín** – Mura bhfuil muinín ag an bhfaighteoir as an seoltóir ní tabharfaidh sé/sí mórán airde ar an eolas atá seolta chuige/chuici.
6. **An tAm Ceart** – Má sheoltar an t-eolas ródhéanach ní féidir leis an bhfaighteoir mórán a dhéanamh leis.

Cúig Phrionsabal do Chumarsáid Mhaith

1. Teanga Oiriúnach
2. Léamh Maith agus Scríbhneoireacht Mhaith
3. An teachtaireacht a sheoladh in am
4. Éisteacht a dhéanamh go cúramach
5. Bheith Macánta

Prionsabal 1 – Teanga Oiriúnach

- Prionsabal tábhachtach den chumarsáid éifeachtach is ea teanga oiriúnach a úsáid le faighteoir na teachtaireachta agus béarlagair ***(jargon)*** a sheachaint.
- Cinntíonn sé seo go dtuigfidh an faighteoir an t-eolas agus go n-úsáidfidh sé/sí an t-eolas i gceart.

Sampla: Cumarsáid Inmheánach

Tá sé an-tábhachtach go labhraíonn an bainisteoir go cruinn agus go soiléir nuair atá sé/sí ag tabhairt orduithe dá c(h)uid fostaithe. Mura dtuigeann na fostaithe cad atá á rá ag an mbainisteoir ní bheidh siad in ann an obair a dhéanamh i gceart.

Sampla: Cumarsáid Sheachtrach

Tá sé riachtanach go n-úsáideann an bainisteoir margaíochta an téarmaíocht cheart agus feachtas fógraíochta á dhréachtú aige/aici. Nuair a bhí Microsoft ag lainseáil Windows Vista sa Laitvia bhí deacrachtaí acu. **Ciallaíonn "Vista" "Bean Shraoilleach" (frumpy woman) sa Laitvis!**

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 61

Prionsabal 2 – Léamh Maith agus Scríbhneoireacht Mhaith

- Prionsabal riachtanach den chumarsáid éifeachtach ná bheith in ann scríobh agus léamh sa teanga chuí.

Sampla: Cumarsáid Sheachtrach

Tá sé an-tábhachtach gur féidir leis an bhfiontraí léamh agus scríobh i gceart agus iarratais le haghaidh deontas nó iasachtaí bainc á gcomhlánú aige/aici. Mura féidir leis an bhfiontraí an t-eolas riachtanach a thabhairt i scríbhinn ní bhfaighidh sé/sí an deontas nó an iasacht bhainc.

Prionsabal 3 – An teachtaireacht a sheoladh in am

- Prionsabal tábhachtach ná an teachtaireacht a sheoladh in am. Má fhaigheann faighteoir an teachtaireacht ródhéanach ní bheidh sé/sí in ann feidhmiú dá bharr.

Sampla: Cumarsáid Inmheánach

Tá sé tábhachtach má bhíonn cruinniú foirne á eagrú agat go seolfaidh tú an teachtaireacht amach in am ionas gur féidir le gach duine a chinntiú go mbeidh sé/sí ag an gcruinniú.

Sampla: Cumarsáid Sheachtrach

Tá sé tábhachtach go seolfaidh an bainisteoir ordú le haghaidh stoic nua go dtí a s(h)oláthraí in am. Má fhágann sé ródhéanach é ní bhfaighidh sé an stoc in am. Mar thoradh air seo caillfidh an gnólacht díolacháin agus brabúis.

Prionsabal 4 – Éisteacht a dhéanamh go cúramach

- Prionsabal tábhachtach den chumarsáid mhaith ná go n-éistear leis an teachtaireacht a tháinig ón seoltóir. Mar thoradh air seo déanann an faighteoir an rud ceart leis an eolas.

Sampla: Cumarsáid Sheachtrach

Nuair atá taighde margaidh ar bun ag gnólacht tá sé tábhachtach go n-éisteann sé leis an tomhaltóir ionas go soláthraíonn sé an táirge ceart. Mura ndéanann sé taighde margaidh ceart soláthróidh an gnólacht táirge/ seirbhís nach bhfuil ag díriú ar riachtanais an tomhaltóra.

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 62

Prionsabal 5 – Bheith Macánta

- Prionsabal riachtanach den chumarsáid mhaith ná bheith macánta leis an duine a fhaigheann an teachtaireacht.

Sampla: Cumarsáid Inmheánach

Ba chóir don bhainisteoir bheith macánta leis na fostaithe faoi aon athruithe atá á gcur i gcrích sa ghnólacht. Cabhróidh sé seo leis na fostaithe glacadh leis na hathruithe.

Bealach Cumarsáide Á Roghnú

Nuair atá bealach cumarsáide á roghnú agat ba cheart na tosca seo a leanas a chur san áireamh:

1. Costas

Tá gnólacht ag díriú ar bhrabús a dhéanamh, mar sin ba cheart dó bealach a roghnú a choimeádann costais síos. Sampla maith dá seo ná an ríomhphost.

2. Práinn na teachtaireachta

Má tá an teachtaireacht práinneach is gá don ghnó an bealach cumarsáide is tapúla a roghnú. Tá an teileafón an-tapa/ tá litir an-mhall.

3. Rúndacht

Má tá an teachtaireacht príobháideach is gá don ghnó an bealach is rúnda a roghnú. Sampla maith den chumarsáid rúndachta is ea comhrá pearsanta

4. Coinníollacha dlíthiúla

Má tá tú ag iarraidh talamh a cheannach is gá don chonradh bheith i bhfoirm scríbhinne.

5. An cineál teachtaireachta

Más teachtaireacht fhada chasta atá ann b'fhéidir gurbh fhearr é a chur i scríbhinn. Ach, má bhíonn cruthúnas ag teastáil ní mór é a chur i scríbhinn nó taifeadadh a dhéanamh den chumarsáid.

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 63

Cruinnithe

Cruinnithe – Nuair a thagann beirt nó níos mó le chéile chun ábhar ar leith a phlé.

Aidhm/ Buntáiste Cruinnithe (Coitianta ar ghnáthleibhéal)

1. Chun eolas a thabhairt do dhaoine éagsúla ag an am céanna. (CGB)
2. Chun daoine a thabhairt le chéile chun fadhbanna a réiteach
3. Chun cinneadh a dhéanamh

(AGM) CGB _____

Gnéithe Riachtanacha de Chruinnithe

- Is gá don rúnaí cruinnithe a eagrú roimh ré. Is gá dó/di ionad a aimsiú srl.
- Is gá clár oibre agus miontuairiscí a sheoladh amach in am.
- Bíonn cathaoirleach agus rúnaí ag teastáil.
- Sula dtosaíonn an cruinniú is gá a chinntiú go bhfuil córam i láthair.
- Is gá miontuairiscí a choimeád.

Fógra

- Tá an fógra cosúil le cuireadh a chuirtear chuig daoine le teacht chuig cruinniú.
- Doiciméad scríofa atá ann a leagann amach an dáta, an t-am agus an t-ionad.
- Seolann an rúnaí é seo amach.

Clár Oibre

- Is liosta é seo de na hábhair uile ba chóir a phlé ag an gcruinniú.
- Leagtar na hábhair amach de réir a dtosaíochta. Cuirtear an t-ábhar is tábhachtaí ar bharr an liosta agus an t-ábhar nach bhfuil chomh tábhachtach sin ag bun an liosta.
- Tosaíonn an clár oibre leis na miontuairiscí ón gcruinniú deireanach.
- Críochnaíonn an clár oibre i gcónaí le 'Aon Ghnó Eile' (AOB).

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 64

Córam

Íoslíon na ndaoine is gá a bheith i láthair sula dtosaíonn cruinniú. Mar shampla, *ní féidir le cruinniú dul ar aghaidh mura bhfuil 40 scairshealbhóir/ball ar a laghad i láthair.*

Cén fáth a bhfuil córam tábhachtach?

1. ***Déantar cinntí atá cóir ar son thromlach na ndaoine sa ghnólacht***
2. ***Déantar plé maith ar na hábhair***

Cathaoirleach

Is gá don chathaoirleach bheith i láthair ag gach cruinniú chun é a reáchtáil agus chun é a chur i gcrích.

Is iad seo a leanas feidhmeanna an Chathaoirligh:

1. Chun a chinntiú go bhfuil córam i láthair sula dtosaíonn an cruinniú.
2. Chun tús a chur leis an gcruinniú.
3. Chun ord agus eagar a choimeád ar an gcruinniú.
4. Chun vótáil a eagrú más gá.
5. Chun críoch a chur leis an gcruinniú.

Tréithe an Chathaoirligh Mhaith

1. Cóir

Tugann sé/sí deis do gach duine caint a dhéanamh.

2. Deastuisceanach

Cuireann sé/sí stop ar dhaoine a labhraíonn an iomarca.

3. Go maith ag labhairt go soiléir

Labhraíonn sé/sí go díreach agus léiríonn sé/sí an pointe go soiléir.

4. Ar an eolas faoi na rialacha

Tá sé/sí ar an eolas faoi na rialacha a ghabhann le cruinniú a reáchtáil.

Rúnaí

An phríomhfhreagracht atá ar an rúnaí ná chun cruinniú a eagrú agus moltaí a thabhairt don chathaoirleach le linn an chruinnithe.

Feidhmeanna an Rúnaí

- Ionad a aimsiú don chruinniú.

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 65

- Fógra & Clár Oibre a sheoladh amach. Taifeadadh a dhéanamh de na miontuairiscí ag an gcruinniú.
- Moladh a thabhairt don chathaoirleach ag an gcruinniú

Tréithe an Rúnaí Mhaith

1. Eagraithe.
2. Ina scríbhneoir maith.
3. Go maith ag coimriú.

Miontuairiscí

Leagann an rúnaí iad seo amach i ndiaidh gach cruinnithe. Is achoimre atá iontu maidir lenar tharla ag an gcruinniú.

Fógra & Clár Oibre do CHLUB

Fógra & Clár Oibre Chlub CLG Chuaille

Beidh Cruinniú Ginearálta Bliantúil Chlub CLG Chuaille ar siúl ar 01/07/2008 ar 7pm.

An Clár Oibre:
1. Miontuairiscí ón gCGB 2007.
2. Nithe ag éirí as na miontuairiscí sin.
3. Tuairisc an Chathaoirligh.
4. Tuairisc an Chisteora.
5. Ballraíocht do 2009.
6. Toghadh Oifigigh nua.
7. Aon Ghnó Eile (AOB)

Síniú

_____

Peadar Ó Floinn
Rúnaí

Miontuairiscí do CHLUB

Miontuairiscí Chlub CLG Chuaille

Tionóladh CGB Chlub CLG Chuaille ar 01/07/2008 ar 7pm.

Na Miontuairiscí:
1. Léadh amach na miontuairiscí ón gCGB in 2007.
2. Ní raibh aon nithe ag éirí as na miontuairiscí.
3. Dúirt an Cathaoirleach gur bhliain an-rathúil a bhí ann don Chlub.
4. Dúirt an cisteoir go raibh cúrsaí airgeadais an chlub i staid mhaith.
5. Bhí vóta ann ina raibh 120 ball i gcoinne 76 ball chun an costas ballraíochta a ardú go €70 don bhliain.
6. Bhuaigh Alan Ó Murchú ar Sheán Ó Riain le 156 vóta in aghaidh 46 vóta agus toghadh é mar oifigeach nua de Chlub CLG Chuaille
7. Ní raibh aon ghnó eile le plé agus cuireadh críoch leis an gcruinniú ar 11.15pm.

Síniú

_____

Ruairí Ó Baoill
Cathaoirleach

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 66

Fógra & Clár Oibre do GHNÓ

Fógra & Clár Oibre do Spiron Tta.

Beidh Cruinniú Ginearálta Bliantúil Spiron Tta ar siúl ar 01/07/2008 ag 7pm.

An Clár Oibre:

Miontuairiscí ón gCGB 2007.

Nithe ag éirí as na miontuairiscí sin.

Tuairisc an Chathaoirligh

Tuairisc an Iniúchóra.

Díbhinn do 2008.

Toghadh na nOifigeach.

Aon Ghnó Eile.

Síniú

_____

Pól Ó Broin
Rúnaí

Miontuairiscí do GHNÓ

Miontuairiscí do Spiron Tta.

Tionóladh CGB Spiron Tta.
ar 01/07/2008 ar 7pm.

Na Miontuairiscí:

1. Léadh amach na miontuairiscí ón gCGB i 2007.
2. Ní raibh aon nithe ag éirí as na miontuairiscí.
3. Dúirt an Cathaoirleach gur bhliain an-rathúil a bhí ann don ghnó ina raibh brabús de €350,000.
4. Dúirt an t-iniúchóir go ndearna sé iniúchadh ar chuntais an ghnó agus go bhfuil cúrsaí airgeadais an ghnó i ndeá-staid.
5. Socraíodh ar dhíbhinn de €0.07 a íoc as gach scair.
6. Toghadh Sorcha Ní Mhurchú ar Bhord na Stiúrthóirí.
7. Ní raibh aon ghnó eile le plé agus cuireadh críoch leis an gcruinniú ag 11.15pm.

Síniú

_____

Caitríona Ní Riain
Cathaoirleach

Meamram ➤ 2006/ 2004/ 2002/ 2001/ 1999 – **10 Marc**

Foghlaim an leagan amach!!!

Meamram

Do: **Dáta:**
Ó: **Ábhar:**

_____

_____

_____

Síniú _____

(Cuir d'ainm faoi i mBloclitreacha)

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 67

An Litir Ghnó

Ainm & Seoladh an tSeoltóra

Dáta

Ainm & Seoladh an fhaighteora

Ábhar (Tag.) _____

A Dhuine Uasail,

Alt 1,

Alt 2,

Alt 3,

Is mise le meas,

Síniú_____

Ainm i mbloclitreacha

Tuarascáil

Doiciméad scríofa ina leagann duine amach cad a fuair sé/sí amach agus iniúchadh á dhéanamh aige/aici ar fhadhb éigin. Chomh maith leis sin, tugann sé/sí moladh sa tuarascáil maidir le conas is féidir an fhadhb a réiteach.

Aidhmeanna Tuarascála

1. Eolas a thabhairt
2. Iniúchadh a dhéanamh ar eachtra/ ar fhadhb
3. Moladh a thabhairt maidir le conas is féidir an fhadhb a réiteach
4. Iniúchadh a dhéanamh ar an gcinneadh sin
5. A chur ina luí don léitheoir gur chóir é sin a dhéanamh.

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 68

Leagan amach Tuarascála

1. Teideal

Leagtar amach aidhmeanna na tuarascála

2. Clár Ábhair

Is liosta é seo de gach cuid den tuarascáil agus uimhreacha na leathanach ina bhfuil gach cuid ar fáil.

3. Achoimre Feidhmiúcháin

San achoimre cuirtear in iúl faoi aon torthaí tábhachtacha atá sa tuarascáil.

4. Na Téarmaí Tagartha

Anseo tá aon saincheisteanna móra a dtuairisceoidh an scríbhneoir fúthu.

5. Na Torthaí

Na bunfhíricí a d'aimsigh an scríbhneoir.

6. Conclúidí agus Moltaí

Tugann an scríbhneoir conclúidí agus déanann sé moltaí don todhchaí.

7. Aguisíní

Eolas sa bhreis gur féidir le léitheoirí féachaint air más mian leo.

8. Leabharliosta/ Bibleagrafaíocht

Foinsí eolais a d'úsáid an scríbhneoir.

Córas Teicneolaíochta Faisnéise

Idirmhalartú Leictreonach Sonraí

Is córas é seo ina bhfuil nasc idir dhá ríomhaire ó ghnólachtaí difriúla. Tá ríomhairí na ngnólachtaí ríomhchláraithe chun doiciméid bhunúsacha a sheoladh ó ríomhaire amháin go ríomhaire eile.

Na Buntáistí a bhaineann leis an Idirmhalartú Leictreonach Sonraí

1. Níl aon ghá le doiciméid chrua ghnó. Sábháiltear airgead mar gheall air seo.
2. Ní gá don ghnó fostaí a chur ag próiseáil orduithe stoic mar déanann an ríomhaire é.
3. Sábháiltear spás. Ní gá aon rud a stóráil.
4. Tá sé tapa.

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 69

Físchomhdháil

Is bealach é seo chun foireann oibre a thabhairt le chéile le haghaidh cruinnithe agus iad i láithreacha difriúla. Déantar é seo trí úsáid a bhaint as físeán agus as na ríomhairí atá sna láithreacha éagsúla.

Na Buntáistí a bhaineann le Físchomhdháil

1. Ní gá taisteal a dhéanamh le dul chuig cruinniú – Sábháiltear am
2. Sábháiltear Airgead – ní gá íoc as costais taistil

An tIdirlíon

Nuair atá tú ceangailte leis an idirlíon is féidir leat an-chuid eolais a fháil ar do ríomhaire.

Na Buntáistí a bhaineann leis an Idirlíon

1. Eolas
2. Taighde Margaidh
3. Fógraíocht
4. Díolacháin
5. Ríomhphost

Ríomhphost

Ligeann sé duit teachtaireacht a sheoladh ó ríomhaire amháin go dtí ríomhaire eile agus tú ceangailte leis an idirlíon.

Na buntáistí a bhaineann leis an Ríomhphoist	Na míbhuntáistí a bhaineann leis an Ríomhphoist
Luas	Rúndacht
Taifead	Teip na teicneolaíochta
Costas	Neamhphearsanta

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 70

An tAcht Um Chosaint Sonraí 1988

Tugann an dlí seo cearta do shaoránaigh maidir le heolas a fháil fúthu atá stóráilte ar ríomhairí. Glaoitear **rialaitheoir sonraí** ar dhuine a choimeádann eolas faoi dhaoine eile ar ríomhairí.

A) Cearta Ábhar na Sonraí:

1. Cóip a fháil den eolas sin.

Is gá duit an t-iarratas a dhéanamh i scríbhinn. Is gá don rialaitheoir sonraí an t-eolas a thabhairt duit.

2. Aon bhotúin a bheith ceartaithe.

Má tá aon eolas mícheart stóráilte fút is gá don rialaitheoir na botúin sin a cheartú. Ach, mura bhfuil aon ghá don ghnó an t-eolas sin a choimeád is gá dó fáil réidh leis.

3. Gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí

Má tá rialaitheoir sonraí ag sárú an achta is féidir gearán a dhéanamh leis an gCoimisinéir Cosanta Sonraí. Tá cumhacht dhlíthiúil ag an gCoimisinéir seo.

4. Cúiteamh a fháil

Má fhulaingíonn tú de thoradh eolais atá mícheart is féidir leat cás cúirte a thógáil.

B) Dualgais Rialaitheora Shonraí:

1. Cóip den eolas

Cóip den eolas a thabhairt duit má iarrann tú air/uirthi. Is féidir leis/léi táille a ghearradh ort de €6.35 agus caithfear an t-eolas a thabhairt duit laistigh de 28 lá.

2. Sábháilte

Is gá dó/di an t-eolas a choimeád slán sábháilte ón bpobal i gcoitinne nó ó fhostaithe eile sa ghnó nach mbaineann an t-eolas leo.

3. Eolas a Scriosadh

Eolas a scriosadh nuair nach bhfuil sé ag teastáil uaidh/uaithi a thuilleadh

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 71

C) Faoin Acht seo bunaíodh an Coimisinéir Cosanta Sonraí. Is iad seo a leanas na haidhmeanna atá aige/aici:

1. Clár a choimeád

Clár a choimeád de gach rialaitheoir sonraí agus a chinntiú nach bhfuil sé/sí ag sárú an Achta.

2. Eolas a Cheartú

Brú a chur ar rialaitheoir sonraí an t-eolas a cheartú agus bíonn an chumhacht ag an gCoimisinéir fíneáil a ghearradh air/uirthi mura gceartaíonn rialaitheoir na botúin.

3. Iniúchadh a dhéanamh ar ghearán

Iniúchadh a dhéanamh ar aon ghearán atá ag an bpobal i gcoinne rialaitheora shonraí.

Measúnú/ Anailís/ Déan Plé

I mo thuairim, is acht iontach é seo mar cosnaíonn sé Saoránaigh na hÉireann. Cabhraíonn sé le daoine a cúiteamh a fháil má dhéantar éagóir orthu. Cinntíonn sé freisin nach mbaintear leas mícheart as an eolas.

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2008 Roinn 3 - Ceist 4(B) – 25 Marc

Déan cur síos ar na bacainní ar chumarsáid éifeachtach i bhfiontar gnó agus déan moltaí maidir leis na modhanna a bhféadfadh gnólacht leas a bhaint astu chun **dhá** cheann de na bacainní sin a shárú.

2007 Roinn 3 – Ceist 4(B) – 20 Marc

Déan plé ar an tábhacht a bhaineann leis an dea-chumarsáid idir na leibhéil éagsúla in eagraíocht.

2007 Roinn 3 – Ceist 4(C) – 25 Marc

Leagann an tAcht um Chosaint ar Shonraí 1988 síos na nithe seo a leanas:

(i) Cearta na nÁbhar Sonraí

(ii) Na hoibleagáidí atá ar Rialaitheoirí Sonraí

(iii) Feidhmeanna an Choimisinéara Cosanta Sonraí

Mínigh aon **dá cheann** díobh sin thuas.

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 72

2005 Roinn 3 – Ceist 4(A) – 10 Marc

Cuir i gcás gur tusa rúnaí an chlub óige áitiúil. Dréachtaigh an fógra agus an clár atá le seoladh chuig gach ball den chlub óige ag tabhairt scéala dóibh faoin gCruinniú Ginearálta Bliantúil. (Ní mór cúig mhír a bheith ar an gclár).

2005 Roinn 3 – Ceist 4(B) – 25 Marc

"Caitheann bainisteoirí 75% , ar an meán, dá gcuid ama i mbun cumarsáide". Mínigh na tosca a dhéanann deimhin de go mbíonn cumarsáid éifeachtach ar siúl ag bainisteoirí. Bain úsáid as samplaí nuair is cuí.

2004 Roinn 3 – Ceist 4(C) – 25 Marc

Dréachtaigh clár agus miontuairiscí a bheadh ann de ghnáth, do CGB chuideachta theoranta.

2003 Roinn 3 – Ceist 5 – 60 Marc

Deirtear go nglacann Bainisteoirí réimse leathan ról orthu féin agus cuspóirí eagraíochta á mbaint amach acu. Bíonn orthu tuairisciú ar obair dhaoine eile chomh maith lena gcuid oibre féin, agus oibríonn siad le daoine eile agus trí dhaoine eile ar gach leibhéal den eagraíocht.

Déan luacháil, sa chomhthéacs thuas, ar na Scileanna Bainistíochta seo:

(i) Ceannaireacht

(ii) Spreagadh agus

(iii) Cumarsáid a dhéanamh.

2002 Roinn 3 – Ceist 4(A) – 20 Marc

Dréachtaigh tuarascáil chuig an mBainisteoir Stiúrtha ar chuideachta theoranta ag míniú na ceithre phríomhbhac ar chumarsáid éifeachtach sa ghnólacht. Glac le tuiscintí áirithe de réir mar a oireann.

2000 Roinn – Ceist 4(A) – 20 Marc

Tabhair sainmhíniú ar 'Chumarsáid'. Léirigh an tábhacht a bhaineann le cumarsáid mhaith le go n-éireodh le fiontraíocht gnó.

2000 Roinn – Ceist 4(B) – 20 Marc

Déan an ról atá ag feidhmiúcháin Theicneolaíocht an Eolais (Cumarsáid) i gcumarsáid ghnó a mheas. Bain leas as samplaí i do fhreagra.

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 73

2000 Roinn – Ceist 4(C) – 20 Marc

(i) Dréachtaigh Barrachairt as na sonraí seo a leanas

Catagóirí Costas	%
Ábhair	35
Saothar	20
Speansais Ghinearálta	10
Speansais Airgeadais	05
Iompar	25
Margaíocht	05

(ii) Abair dhá ní ábhartha maidir leis an eolas atá sa chairt.

(iii) Imlínigh dhá chineál amharc-chumarsáide a bhféadfaí leas a bhaint astu chun na sonraí a chur i láthair ag cruinniú bainisteoirí. **(20 marc)**

1999 Roinn 3 – Ceist 4(B) – 20 Marc

Pléigh na Príomhfhachtóirí ba chóir a chur san áireamh nuair a bhítear ag cinneadh cad iad na modhanna cumarsáide is éifeachtaí i ghnó.

AONAD

3 CAIBIDIL 8 GNÍOMHAÍOCHTAÍ BAINISTÍOCHTA

Pleanáil	Eagrú	Rialú/ Smachtú

Pleanáil

Spriocanna a leagan síos agus cinneadh a dhéanamh ar conas is féidir na spriocanna sin a bhaint amach.

Anailís LLDB

Sula leagtar aon phlean amach is gá don ghnólacht measúnú a dhéanamh ar a **láidreachtaí** agus **laigí** inmheánacha agus ar a **dheiseanna** agus **bagairtí** seachtracha.

1. **Láidreachtaí –** Is gá don ghnólacht measúnú a dhéanamh ar a chuid láidreachtaí agus bealach a aimsiú chun dul chun cinn a dhéanamh ag baint úsáide astu.

Láidreachtaí a bheadh ag Gnólacht
Teicneolaíocht nua-aimseartha
Fostaithe atá spreagtha agus dílis
Leibhéal díolachán atá riachtanach agus láidir

2. **Laigí** – Is gá don ghnólacht a laigí a aithint chun a fháil amach conas is féidir iad a shárú.

Laigí a bheadh ag Gnólacht
Fostaithe leisciúla
Innealra as data

3. **Deiseanna** – Is gá don ghnólacht deiseanna a aithint ionas gur féidir leo leas a bhaint astu.

Deiseanna don Ghnólacht
Margaí nua ag teacht chun cinn, m.sh. An India.
Earraí nua ag teacht ar an margadh is féidir a dhíol.
Do chuid iomaitheoirí bheith bancbhriste

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 75

4. Bagairtí – Is gá don ghnólacht bagairtí a aimsiú agus deireadh a chur leo.

Bagairtí a bheadh ag Gnólacht
Iomaitheoirí nua sa mhargadh.

Bunphrionsabail Pleanála ➤ SICRU

1. **S ➤ Sonrach –** Caithfidh na **spriocanna**/ cuspóirí bheith soiléir
2. **I ➤ Intomhaiste –** Caithfear iad a **thomhas** go héifeachtach
3. **C ➤ Comhaontaithe –** Caithfidh gach duine bheith **aontaithe** ar an bplean
4. **R ➤ Réalaíoch –** Caithfidh an plean bheith **réalaíoch**
5. **U ➤ Uainithe –** Ní mór **amchlár** a bheith ceangailte le gach plean

Na Trí Chineál Pleanála

Tá trí phríomhchineál pleanála ann. Ráiteas Misin, Pleanáil **Straitéiseach** agus Pleanáil **Fheidhmiúil (Oirbheartaíoch)**.

1. Ráiteas Misin

Ráiteas a thugann léargas ginearálta ar nádúr an ghnólachta. Sa ráiteas tá cur síos ar cad atá á dhéanamh ag an ngnólacht faoi láthair agus cad a dhéanfaidh sé sa todhchaí.

Aidhm an Ráitis Mhisin ➤ *Chun an fhoireann oibre a choimeád dírithe ar bhunaidhm an ghnólachta.*

2. Pleanáil Straitéiseach

Plean fadtéarmach a chlúdaíonn tréimhse **thar cúig bliana**. Tá na pleananna seo curtha le chéile ag na bainisteoirí sinsearacha agus tá siad bunaithe ar phríomhaidhm an ghnólachta.

Mar shampla, *Earraí a bheith á n-iompórtáil chuig an mBreatain Mhór laistigh de 5-8 mbliana.*

3. Pleanáil Fheidhmiúil (Oirbheartaíoch)

Plean gearrthéarmach a chlúdaíonn tréimhse idir **bliain amháin agus 2 bhliain**. Tá na pleananna seo curtha le chéile ag an meán-bhainistíocht. Mar shampla, *Feachtas nua fógraíochta a chur chun cinn.*

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 76

An Tábhacht agus Na Buntáistí a bhaineann leis an bPleanáil

1. Dírítear ar an todhchaí

Cuireann an phleanáil straitéiseach agus an phleanáil fheidhmiúil (oirbheartaíoch) brú ar bhainisteoirí chun díriú ar an todhchaí.

2. Aithnítear laigí an ghnólachta

Tríd an Anailís LLDB is féidir le bainisteoirí laigí a aithint agus obair a dhéanamh ar na laigí sin.

3. Iasachtaí

Tá plean gnó riachtanach má tá an gnólacht ag iarraidh teacht ar mhaoiniú.

4. Inspreagadh

Bealach iontach é inspreagadh mar tugtar spriocanna do na fostaithe. Agus, tugtar treoir dóibh.

Eagrú

Acmhainní an ghnólachta a leagan amach san fhoirm is oiriúnaí don ghnólacht ionas gur féidir na cuspóirí a bhaint amach.

Ba chóir go mbeadh córas ag gach gnólacht ar a nglaoitear **An Struchtúr Eagraíochta** ina n-eagraítear na fostaithe sa bhealach is éifeachtaí don ghnólacht.

Sa Struchtúr seo:

1. Cruthaítear líne údaráis.
2. Tagann feabhas ar éifeacht agus ar chaighdeán obair na n-oibrithe.
3. Tagann feabhas ar an gcumarsáid sa ghnólacht.

Na 4 Struchtúr Eagraíochta:

1. Struchtúr Feidhmiúil
2. Struchtúr Táirgeachta
3. Struchtúr Geografach/ Tíreolaíochta
4. Struchtúr Maitríse

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 77

Struchtúr Feidhmiúil

1. Roinneann an struchtúr seo an gnólacht de réir na bpríomhfheidhmeanna atá á gcomhlíonadh ann, mar shampla, díolacháin, margaíocht, táirgeacht, airgeadas agus acmhainní daonna.
2. Bíonn duine amháin i gceannas ar gach roinn agus bíonn an duine sin freagrach don stiúrthóir bainistíochta.



Struchtúr Táirgeachta

1. Tá an gnólacht leagtha amach de réir líon na dtáirgí a sholáthraítear ann. Roinntear i rannóga difriúla iad. Tá Bainisteoir Táirgeachta, Bainisteoir Margaíochta, Bainisteoir Airgeadais agus Bainisteoir Acmhainní Daonna ag gach rannóg.



Struchtúr Geografach/ Tíreolaíochta

1. Tá an gnólacht leagtha amach de réir na gceantar tíreolaíochta ina bhfeidhmíonn sé.
2. Déantar é seo nuair a bhíonn an gnólacht ag díol an-chuid earraí le tíortha difriúla, agus nuair a bhíonn riachtanais na gcustaiméirí agus na margaí ina n-oibríonn sé an-difriúil óna chéile.

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 78



Struchtúr Maitríse

1. Is meascán den Struchtúr Feidhmiúil agus den Struchtúr Táirgeachta atá sa struchtúr seo. Úsáidtear an Struchtúr Maitríse nuair a bhíonn baint ag an ngnólacht le tionscadail mhóra agus má bhíonn saineolaithe ó cheantair dhifriúla sa ghnólacht ag teastáil chun a chinntiú go gcuirfear an tionscadal i gcrích i gceart.
2. Baineann baill den fhoireann tionscadail le rannóga difriúla sa ghnólacht.
3. Na baill atá san fhoireann tionscadail tá na baill sin freagrach don cheannaire foirne.
4. Tá an ceannaire foirne freagrach as a chinntiú go gcuirtear an tionscadal i gcrích (i gceart agus in am).
5. Agus an tionscadal curtha i gcrích filleann na baill foirne chuig a rannóg féin sa ghnólacht lena mbaineann siad.



UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 79

Réise Rialúcháin

Is é is brí le réise rialúcháin ná líon na bhfostaithe atá díreach faoi chúram an bhainisteora. Nó chun é a chur bealach eile líon na bhfostaithe ar féidir leis an mbainisteoir smacht a choimeád orthu. *Is féidir leis an réise rialúcháin bheith* ***leathan*** *agus* ***cúng****. Braitheann réise rialúcháin an bhainisteora ar na nithe seo a leanas:*

1. **Cumas an bhainisteora**
2. **Cumas na bhfostaithe**
2. **An cineál oibre**
4. **Méid ama atá ag an mbainisteoir.**
5. **Láthair na bhfostaithe**

Tábhacht/ Buntáistí a bhaineann le hEagrú

1. Réiteach fadhbanna

Bíonn a fhios ag an bhfostaí cad is gá dó/di a dhéanamh má bhíonn fadhb aige/aici. Bíonn a fhios aige/aici cén duine is gá dó/di labhairt leis/léi. Leis seo cinntítear le heagrú maith go réiteofar fadhbanna go tapa.

2. Reáchtáil níos éifeachtaí ar an ngnólacht

Leis an Struchtúr Feidhmiúil déanann na fostaithe sainphoist faoi leith. Leis seo éiríonn sé/sí níos fearr agus níos tapúla ag déanamh a p(h)oist.

3. Déantar na tascanna is tábhachtaí

Baineann bainisteoirí maithe leas as bainistíocht ama. Leagann siad amach an méid ama atá acu. Ansin, scríobhann siad amach an méid tascanna atá le déanamh acu. Leis seo déanann siad na tascanna is tábhachtaí i dtosach.

4. Déantar obair níos tapúla

Tríd an obair ar fad a roinnt amach i measc rannóg difriúil sa ghnólacht, déantar an obair ar fad níos tapúla.

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 80

Rialú/ Smachtú

Tomhas a dhéanamh ar fheidhmiú an ghnólachta chun a dhearbhú an bhfuil an gnólacht ag baint a spriocanna amach. Baineann smachtú lena chinntiú go mbaintear aidhmeanna amach.

Prionsabail an Rialaithe

1. Caighdeáin feidhmíochta a leagan amach.
2. Tomhas a dhéanamh ar fheidhmiú an ghnólachta agus é sin a chur i gcomparáid leis na spriocanna a leagtar síos.
3. Mura bhfuil an gnólacht ag baint a chuid spriocanna amach is gá gníomh ceartaitheach a chur i gcrích chun é sin a athrú.
4. Ceacht a fhoghlaim as na botúin a rinne tú chun a chinntiú nach dtarlóidh siad arís.

Na Cineálacha Éagsúla Rialaithe

Stoc **Creidmheas** **Cáilíocht** **Airgeadas**

Rialú Stoic - Córas ina gcinntíonn an gnólacht go bhfuil an líon ceart stoic ann an t-am uile. Ní bhíonn an iomarca stoic ann/ Ní bhíonn easpa stoic ann.

Deacrachtaí le hEaspa Stoic	Deacrachtaí leis an Iomarca Stoic
Díolacháin caillte	Imíonn sé as dáta
Tógfaidh iomaitheoirí do chustaiméirí	Tá baol níos mó ann go ngoidfear an stoc
	Costais árachais níos airde

Córas 'díreach in am'

- Is córas déantúsaíochta é seo ina seachadtar na hearraí atá ag teastáil don táirgeacht díreach ag an am ina bhfuil siad ag teastáil.
- Dearadh an córas seo chun laghdú a dhéanamh ar an gcostas stórála a bhaineann le stoc.

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 81

- Ionas go n-oibreoidh an córas seo i gceart is gá go mbeadh córas orduithe agus córas seachadta éifeachtach buanseasmhach agat.

Rialú Creidmheasa

- Córas é seo ina ndéantar monatóireacht ar líon na n-earraí a dhíoltar ar chreidmheas chun a chinntiú go n-íocfar na fiacha seo ar ais laistigh d'am réasúnta.
- Laghdaíonn sé seo an baol atá ann de **dhrochfhiacha.**
- Leis seo is gá duit polasaí creidmheasa a bhunú ina léirítear iad seo a leanas:
  1. Teorainn an Chreidmheasa,
  2. An méid ama a thugtar ar cairde
  3. Nós imeachta atá ann chun drochfhiacha a bhailiú

Rialú Cáilíochta

- Leis seo dearbhaítear éifeacht na táirgeachta. Cinntíonn sé seo go sroicheann an t-earra na caighdeáin atá ag teastáil ó na custaiméirí.
- Déantar scrúdú randamach ar earraí le linn an phróisis táirgeachta chun a chinntiú go sroicheann na hearraí na caighdeáin atá ag teastáil.

Caighdeáin Cháilíochta

- An Marc Q ➤ Faightear an marc seo ón eagraíocht Feabhas Éireann *(Excellence Ireland Quality Association)*
- **ISO 9000** ➤ Is teastas é seo de réir caighdeáin idirnáisiúnta. Tar éis an teastas seo a fháil déantar scrúdú randamach ar an ngnólacht chun a chinntiú nach dtiteann an caighdeán.

Rialú Caighdeáin/ Cáilíochta

Is córas é seo a úsáideann an fostaí chun fadhbanna a aithint agus teacht ar réiteach ar na fadhbanna sin. Aithníonn an fostaí fadhb agus tugann sé/sí moladh leis an bhfadhb sin a réiteach don bhainisteoir. Má bhíonn an bainisteoir sásta leis an moladh téann an fostaí ar aghaidh agus réitíonn sé/sí an fhadhb.

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 82

Rialú Airgeadais

- Úsáid a bhaint as buiséad chun smacht a choimeád ar chúrsaí airgeadais. Sa bhuiséad léirítear an t-ioncam agus an caiteachas a bhfuil an gnólacht ag súil leis.
- Má thagann ardú ar an gcaiteachas déantar é seo a scrúdú. Cuireann an buiséad caiteachas, táirgeacht, margaíocht, caiteachas ar chaipiteal agus airgead tirim san áireamh.

An Tábhacht agus na Buntáistí a bhaineann le Rialú/ Smachtú

1. Cinntítear go mbaineann an gnólacht a chuid spriocanna amach

Is féidir leis an ngnólacht breathnú ar conas atá ag éirí leis i gcomparáid leis na spriocanna atá leagtha amach aige. Má bhíonn sé i bhfad ón sprioc atá aige[1], is féidir leis athruithe a chur i gcrích.

2. Laghdaítear costais an ghnólachta

Laghdaíonn *rialú cáilíochta* costais an ghnólachta mar bíonn níos lú táirgí á gcur ar ais. Íslíonn sé seo costais an ghnólachta agus ardaíonn sé sin brabús an ghnólachta.

3. Feabhsaítear sreabhadh airgid an ghnólachta

Má bhíonn *rialú creidmheasa* ceart curtha i gcrích ag gnólacht cinntíonn sé seo go bhfaighidh sé airgead óna chuid creidiúnaithe in am agus go rialta.

4. Méadaíonn sé díolacháin & brabúis an ghnólachta

Cinntítear le *rialú stoic* go mbíonn dóthain stoic i gcónaí ag an ngnólacht chun na custaiméirí a shásamh. Cinntítear freisin le *rialú* cáilíochta go mbíonn táirgeacht an ghnólachta ar ardchaighdeán agus ardaíonn sé seo díolacháin an ghnólachta.

Leagan Amach na Litreach Gnó

2001 – Roinn 3 – Ceist 4(A) – 20 Marc

Dréachtaigh litir chuig stiúrthóir bainistíochta fiontair a thagraíonn go himlíneach don leas a dhéanfaidh sé don ghnó feabhas a chur a chuid córais Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC). Bíodh samplaí i do fhreagra.

[1] Off Target

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 83

Córais Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide
12 Sráid Grafton
Baile Átha Aliath 2

12 Bealtaine 2008

Máire Bean Uí Dhúill
Stiúrthóir Bainistíochta
ABC Tta.
Baile Átha Cliath 1.

Ábhar (Tag.) – Buntáistí le do Chórais Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide a fheabhsú

A Bhean Uí Dhúill,

Táim ag scríobh chugat chun na buntáistí a bhaineann le feabhas a chur ar do Chórais Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide a chur in iúl duit, mar seo a leanas:

1. **Ní bheidh aon ghá le doiciméid chrua ghnó**
   Toisc go ndéantar malartú eolais trí ríomhairí níl aon ghá le doiciméid chrua ghnó dá bharr. Sábhálann sé seo am agus airgead ar an ngnólacht.
2. **Ní gá don ghnólacht fostaí a chur ag próiseáil orduithe stoic**
   Sábháiltear am agus airgead an ghnólachta mar is féidir leis na ríomhairí stoic a ordú gan aon bhaint a bheith acu leis na fostaithe.
3. **Cumarsáid níos fearr**
   De bharr ríomhphoist agus físchomhdhála bíonn cumarsáid níos tapúla agus níos saoire ar bun ag an ngnólacht.
4. **Cinntí níos fearr**
   Tá raon ollmhór eolais ar fáil ar an idirlíon. Cabhraíonn sé seo leis an ngnólacht taighde margaidh a dhéanamh, eolas a fháil maidir leis an iomaíocht atá ann nó faoi mhargaí eagsúla.

Tá siúl agam go gcabhraíonn an t-eolas seo leat,
Is mise le meas,

Pól O Broin

Pól O Broin

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 84

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2010 Roinn 3 – Ceist 4(A) – 20 Marc

(i) Cad a chiallaíonn an téarma anailís LLDB (*SWOT*)?

(ii) Déan anailís LLDB ar ghnó de do rogha.

(Ba cheart **dhá** phointe a bheith san áireamh faoi gach ceannteideal.) (20 marc)

2010 Roinn 3 – Ceist 4(B) – 20 Marc

Déan anailís ar an bpáirt is féidir a bheith ag an bpleanáil *straitéiseach* agus ag an bpleanáil *oirbheartaíoch* i mbainistíocht rathúil ghnó. Bain úsáid as samplaí i do fhreagra.

2010 Roinn 3 – Ceist 4(C) – 20 Marc

Déan plé ar na buntáistí a bhaineann le struchtúr feidhmiúil eagrúcháin a bheith i ngnó. Déan tagairt don *Slabhra Ceannais* **agus** don *Réise Rialúcháin* i do fhreagra.

2008 Roinn 1 – Ceist 6 – 10 Marc

Déan idirdhealú idir Pleanáil Straitéiseach agus Pleanáil Oirbheartaíoch. Tabhair sampla **amháin** i ngach cás.

2008 Roinn 3 – Ceist 4(C) – 20 Marc

Déan measúnú ar an méid a chuireann Rialú Stoic agus Rialú Creidmheasa le bainistíocht gnólacht rathúil. Bain úsáid as samplaí i do fhreagra.

2007 Roinn 1 – Ceist 2 – 10 Marc

(a) Cad dó a seasann na litreacha LLDB (SWOT)?

(b) Mínigh an úsáid a bhaintear as sa ghnó:

2007 Roinn 1 – Ceist 4 – 10 Marc

Dréachtaigh struchtúr maitríse do ghnó déantúsaíochta agus cuir lipéid air:

2006 Roinn 1 – Ceist 4 – 10 Marc

Dréachtaigh agus cuir lipéid ar struchtúr maitríse d'eagraíocht a bhfuil dhá *fhoireann tionscadail* aici:

2005 Roinn 1 – Ceist 4 – 10 Marc

Déan léaráid oiriúnach a tharraingt agus a lipéadú de 'struchtúr eagraíochtúil' a bheadh oiriúnach d'eagraíocht déantúsaíochta.

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 85

2004 Roinn 3 – Ceist 4(A) – 15 Marc

Tabhair sainmhíniú ar 'Eagrú'.

Léirigh an tábhacht a bhaineann le heagrúchán maith chun go ndéanfadh fiontar gnó dul chun cinn.

2004 Roinn 3 – Ceist 4(B) – 20 Marc

Déan measúnú ar conas a chabhraíonn dhá chineál áirithe pleanála le rath a bheith ar ghnó nó ar fhiontar pobail. Bain úsáid as samplaí i do fhreagra.

2003 Roinn 1 – Ceist 3 – 10 Marc

Dréachtaigh agus Lipéadaigh Struchtúr Eagraíochta tipiciúil de do rogha féin eagraíochta.

2003 Roinn 1 – Ceist 6 – 10 Marc

Ainmnigh ceithre chineál Rialúcháin i gcúrsaí gnó.

2002 Roinn 1 – Ceist 4 – 10 Marc

Dréachtaigh Réise Rialúcháin tipiciúil de do rogha eagraíochta.

2002 Roinn 3 – Ceist 4(C) – 20 Marc

"Is é an t-eagrúchán an ghníomhaíocht bainistíochta is tábhachtaí."

An aontaíonn tú leis an ráiteas sin? Bíodh dhá chúis agus samplaí agat mar thaca le do fhreagra.

2001 Roinn 3 – Ceist 4(C) – 25 Marc

"Pleanáil an ghníomhaíocht bhainistíochta is tábhachtaí"

Mínigh cén fáth a measfadh mórán bainisteoirí go bhfuil an ráiteas seo fíor. Bíodh cúiseanna agus samplaí mar thaca le do fhreagra.

2000 Roinn 1 – Ceist 4 – 10 Marc

Dréachtaigh gnáth Réise Rialúcháin d'eagraíocht.
Mínigh do fhreagra in abairt amháin.

1999 Roinn 3 – Ceist 4(C) – 20 Marc

"Is í an phleanáil an ghníomhaíocht bhainistíochta is tábhachtaí"

An aontaíonn tú leis an ráiteas sin? Tabhair chúiseanna agus samplaí agat mar thaca le do fhreagra.

UNIT 3:Layout 1 13/07/2012 08:20 Page 86

1999 Roinn 1 – Ceist 4 – 10 Marc

Ainmigh cineál *amháin* Struchtúir Eagraíochta:
Tarraing cairt den struchtúr sin:

1999 Roinn 1 – Ceist 5 – 10 Marc

Cén cineál *rialú* bainistíochta is dóigh leatsa is tábhachtaí.
Mínigh do rogha.

AONAD

4 CAIBIDIL 9 BAINISTÍOCHT ACMHAINNÍ DAONNA

Is rannóg é seo sa ghnólacht atá freagrach as bainistíocht a dhéanamh ar fhostaithe an ghnólachta.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Bhainisteora Acmhainní Daonna:

1. Pleanáil Daonchumhachta
2. Earcú & Roghnú
3. Oiliúint agus Forbairt
4. Measúnú Feidhmíochta (Breithmheas Feidhmithe)
5. Pá agus Luach Saothair
6. Caidreamh idir Fostóir agus Fostaithe

Pleanáil Daonchumhachta

Is é atá i gceist le Pleanáil Daonchumhachta ná a chinntiú go bhfuil líon na bhfostaithe ann leis na scileanna cearta chun na poist sa ghnólacht a dhéanamh.

1. Cad a dhéanann an Bainisteoir Acmhainní Daonna má bhíonn an iomarca fostaithe sa ghnólacht? _____
2. Cad a dhéanann an Bainisteoir Acmhainní Daonna má bhíonn ganntanas ar fhostaithe sa ghnólacht? _____

Tá trí chéim i gceist sa phleanáil daonchumhachta:
Céim 1 – Líon na bhfostaithe a bheidh ag teastáil a réamh-mheas.
Céim 2 – Líon na bhfostaithe atá sa ghnólacht a chomhaireamh
Céim 3 – Earcú nó Iomarcaíocht a dhéanamh más gá!

UNIT 4.Layout 1 13/07/2012 08:33 Page 88

An tábhacht a bhaineann le pleanáil daonchumhachta

1. Cinntítear leis an bpleanáil daonchumhachta go mbíonn líon ceart na bhfostaithe timpeall chun an gnólacht a reáchtáil.
2. Sábháiltear airgead ar an ngnólacht mar cinntítear nach bhfostaítear an iomarca daoine.

Earcú & Roghnú

Earcú

Daoine oiriúnacha a aimsiú do phost atá ar fáil sa ghnólacht. Ciallaíonn sé seo jabthuairisc a chur le chéile agus sonraí a thabhairt maidir leis an duine atá ag teastáil don phost. Is gá don Bhainisteoir Acmhainní Daonna an duine seo a aimsiú. Tá dhá bhealach inar féidir earcú a dhéanamh. Is féidir é a dhéanamh go hinmheánach nó go seachtrach.

Roghnú

An duine is oiriúnaí de na hiarratasóirí don phost a roghnú. An chéad rud a dhéanann an Bainisteoir Acmhainní Daonna ná imscrúdú a dhéanamh ar na hiarratasóirí uile agus fáil réidh le hiarratasóir ar bith nach bhfuil oiriúnach don phost. Is féidir leis an mBainisteoir Acmhainní Daonna roinnt teicnící a úsáid chun iarratasóir a roghnú cosúil le scrúdú a thabhairt, agallamh a chur, nó teistiméireachtaí a fháil.

Céimeanna san Earcú agus sa Roghnú

1. **Jabthuairisc a ullmhú ➤** Sa doiciméad seo a déantar cur síos ar phá, dualgais agus freagrachtaí a bhaineann leis an bpost.
2. **Sonraíocht phearsa a ullmhú ➤** Sa doiciméad seo déantar cur síos ar an gcineál duine atá ag teastáil chun na tascanna uile sa jabthuairisc a dhéanamh i gceart.
3. **Iarratasóirí oiriúnacha a aimsiú ➤** Is gá don Bhainisteoir Acmhainní Daonna a chur in iúl do dhaoine conas is féidir leo iarratais a chur isteach don phost. De ghnáth déantar é trí fhoirm iarratais a chomhlánú nó CV a chur isteach. Tá dhá bhealach inar féidir leis an mBainisteoir Acmhainní Daonna teacht ar iarratasóir oiriúnach, trí earcú inmheánach nó earcú seachtrach.

UNIT 4.Layout 1 13/07/2012 08:33 Page 89

	Earcú Inmheánach	Earcú Seachtrach
Sainmhíniú	Daoine Laistigh den ghnólacht	Daoine Lasmuigh den ghnólacht
Foinsí	*Ardú Céime/ Ísliú Céime/ Aistriú*[1]	*Fógraí sna meáin chumarsáide/ Gníomhaireachtaí Earcaithe*[2]
Buntáistí	Ní bhíonn am ag teastáil uathu chun "socrú isteach" / Inspreagadh atá ann/ Níos saoire & tapúla ná earcú seachtrach	Smaointe nua/ Uaireanta bíonn éad ar fhostaithe má fhaigheann a gcomhghleacaithe ardú céime

4. **Scagadh** ➤ Tosaíonn an roghnú anois. Déanann an Bainisteoir Acmhainní Daonna scrúdú ar na hiarratais uile atá faighte aige/aici. Is gá dó/di diúltú a dhéanamh ansin ar na hiarratais nach gcomhlíonann na riachtanais atá sa phost. Déantar gearrliosta de na hiarratais nár diúltaíodh don chéad chéim eile den phróiseas roghnaithe.
5. **Scrúdú roghnaithe** ➤ Cuirtear scrúdú ar na hiarratasóirí chun measúnú a dhéanamh ar a gcumas agus ar a n-oiriúnacht don phost. Cuirtear scrúduithe éirim aigne agus pearsantachta orthu.
6. **Agallamh** ➤ Glaoitear ar ais ar na hiarratasóirí is fearr ó na scrúduithe éirim aigne/ pearsantachta. An aidhm taobh thiar den agallamh ná chun breis eolais a fháil faoin iarratasóir chun a fháil amach an oireann an duine sin don chultúr atá sa ghnólacht. Níl aon gheallúint ann gur oibrí maith é an duine atá in ann é féin a iompar go maith i gcruinniú.
7. **Teistiméireachtaí a fháil** ➤ An-úsáideach mar tugann sé eolas don Bhainisteoir Acmhainní Daonna conas a bhí an fostaí sin i bpoist roimhe sin.
8. **An post a thairiscint** ➤ Tairgeann an Bainisteoir Acmhainní Daonna an post don iarratasóir is fearr. Má dhiúltaíonn sé/sí don tairiscint tairgeann an Bainisteoir Acmhainní Daonna an post don chéad iarratasóir eile is oiriúnaí.

An Tábhacht a Bhaineann le hEarcú

1. Faightear an duine ceart don phost
2. Ní chuirtear am agus airgead amú ag cur agallaimh ar dhaoine nach bhfuil oiriúnach don phost.

[1] Transfer
[2] Recruitment Agencies

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:33 Page 90

An Tábhacht a bhaineann le Roghnú

1. Caidreamh tionsclaíoch níos fearr
2. Déantar an obair go maith agus i gceart.

Oiliúint agus Forbairt

Tá an Bainisteoir Acmhainní Daonna freagrach as a chinntiú go bhfuil an t-eolas agus na scileanna ag gach fostaí nua sa ghnólacht ionas go mbeidh siad in ann a bpost a dhéanamh. Tá dhá bhealach ann le hoiliúint ar chur ar fhostaithe.

1. Oiliúint sa phost/ ar an láthair

Foghlaimíonn an fostaí trí chleachtadh nó trí fhéachaint ar fhostaithe eile sa ghnólacht ag déanamh a p(h)oist. Sampla de seo ná rothlú post nó jabrothlú. Foghlaimíonn an fostaí scileanna nua trí bhogadh timpeall i rannóga difriúla sa ghnólacht.

2. Oiliúint lasmuigh den phost/ ar láthair eile

Foghlaimíonn an fostaí scileanna nua trí fhreastal ar chúrsaí nó ceardlanna taobh amuigh den láthair oibre. Sampla de seo ná comhdhálacha.

An tábhacht a bhaineann le hOiliúint agus Forbairt

1. Scileanna

Tugtar breis **scileanna** do na fostaithe. Cothaíonn sé seo caighdeáin níos fearr a chothaíonn díolacháin bhreise agus a chothaíonn brabúis mhéadaithe.

2. Fostaithe Níos Solúbtha

Bíonn na **fostaithe níos solúbtha** má bhíonn breis scileanna acu de bharr rothlaithe post.

3. Níos lú Maoirsithe

Má chuirtear oiliúint mhaith ar an bhfostaí bíonn sé/sí níos fearr ag a p(h)ost agus ní bhíonn an oiread sin **maoirsithe** ag teastáil.

4. Níos lú aighnis thionsclaíoch

De bharr oiliúna maith déanann an fostaí a p(h)ost i gceart. Ciallaíonn sé seo nach mbíonn aon **aighneas tionsclaíoch** ann toisc go bhfuil an fostaí ag déanamh obair mhaith.

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:33 Page 91

Measúnú Feidhmíochta (Breithmheas Feidhmithe)

Nuair a dhéanann an Bainisteoir Acmhainní Daonna measúnú ar cé chomh maith/dona atá an fostaí ag déanamh a p(h)oist. Tugtar tascanna don fhostaí le déanamh agus nuair a bhíonn na tascanna sin críochnaithe aige/aici déanann an Bainisteoir Acmhainní Daonna measúnú ar conas a d'éirigh leis an bhfostaí agus na tascanna sin á ndéanamh aige/aici.

Má fhaigheann an fostaí grád ard sa mheasúnú faigheann sé/sí ardú céime, bónas nó ardú pá. Mura n-éiríonn go maith leis/léi cuirtear breis oiliúna air/uirthi.

An tábhacht a bhaineann leis an Measúnú Feidhmíochta

1. Aithnítear na fostaithe ar gá oiliúint a chur orthu.
2. Aithnítear na fostaithe atá i dteideal ardú céime a fháil.
3. Cuirtear feabhas leis an gcumarsáid idir an bainisteoir agus an fostaí.

Pá agus Luach Saothair

Dreasú a thugann an gnólacht do na fostaithe chun iad a spreagadh chun obair níos déine a dhéanamh. Is féidir leis bheith i bhfoirm airgeadais nó neamhairgeadais.

Luach Saothair Airgeadais

Bunphá ➤ Tugtar ráta pá socraithe don fhostaí gach seachtain nó gach mí.

Buntáistí – Spreagadh don fhostaí chun é a chur ag obair

Míbhuntáistí – Ní thugtar aon dreasú don fhostaí obair níos déine a dhéanamh.

Ráta de réir na huaire ➤ Íoctar an fostaí ráta de réir na huaire le haghaidh líon áirithe uaireanta. Má dhéanann an fostaí ragobair faigheann sé íoctha ag ráta níos airde.

Mar shampla, €10 san uair le haghaidh 37 uair sa tseachtain agus €15 san uair le haghaidh aon obair thar 37 uaire.

Buntáistí – Spreagadh don fhostaí chun é a chur ag obair

Míbhuntáistí – Uaireanta, oibríonn an fostaí ag luas níos moille ionas go bhfaighidh sé/sí tuilleadh íocaíochta.

UNIT 4.Layout 1 13/07/2012 08:33 Page 92

Tascráta ➤ Íoctar an fostaí ar ráta socraithe do gach aonad a dhéanann sé.

Buntáistí – Spreagann sé seo an fostaí chun obair níos déine a dhéanamh.

Míbhuntáistí – Titeann an caighdeán uaireanta

Coimisiún ➤ Faigheann an fostaí céatadán den earra a dhíoltar.

Buntáistí – Tugtar dreasú don fhostaí chun obair níos déine a dhéanamh.

Míbhuntáistí – Tá baol ann go gcuirfidh an díoltóir an iomarca brú ar an gcustaiméir

Córas Bónais ➤ Íocaíocht sa bhreis a thugtar don fhostaí má bhaineann sé/sí a spriocanna amach.

Buntáistí – Tugtar dreasú don fhostaí chun obair níos déine a dhéanamh.

Luach Saothair Neamhairgeadais

Méadú Post (Jabfhairsingiú)[3] ➤ Tugtar dualgais bhreise don fhostaí chun iad a choimeád spreagtha. Ní bhíonn mórán freagrachtaí i gceist leis na dualgais bhreise seo.

Jabshaibhriú[4] ➤ Tugtar breis freagrachtaí & tascanna dúshlánacha don fhostaí. Forbraíonn sé seo scileanna an fhostaí.

Coinníollacha Oibre níos fearr ➤ Bíonn an fostóir níos solúbtha leis an bhfostaí de réir na n-uaireanta a oibríonn sé/sí. Glaoitear "*fleisc-am (flexitime)*" air seo.

An Tábhacht a Bhaineann le Pá & Luach Saothair

1. Is bealach an-úsáideach é seo chun **inspreagadh** a thabhairt don fhostaí.
2. Déanann sé an t-**earcú níos éasca don fhostóir** freisin.

Caidreamh idir Fostóir agus Fostaithe

Feidhm eile atá ag an mBainisteoir Acmhainní Daonna ná chun a chinntiú go bhfuil caidreamh tionsclaíoch maith sa ghnólacht.

[3] Job enlargement
[4] Job Enrichment

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:33 Page 93

An Tábhacht a Bhaineann leis an gCaidreamh idir Fostóir agus Fostaithe

1. Ardaítear meanma[5] an fhostaí agus ag eascairt as seo oibríonn an fostaí níos déine.
2. Bíonn an fostaí níos dílse don fhostóir.
3. Bíonn an ráta láimhdeachais níos ísle.
4. Bíonn neamhláithreachas níos lú ann.
5. Bíonn níos lú stailceanna ann.

Conas is féidir caidreamh tionsclaíoch a fheabhsú?

1. Oiliúint Bhainistíochta

Is féidir oiliúint a chur ar bhainisteoirí ionas gur féidir leo déileáil le fadhbanna fostaithe sa bhealach ceart.

2. Oiliúint ar Fhostaithe

Má fhaigheann na fostaithe an oiliúint cheart ní dhéanfaidh siad an oiread sin botún. Dá thoradh seo ní bhíonn an oiread sin fadhbanna acu le bainisteoirí, agus ní bhíonn an oiread sin fadhbanna san ionad oibre.

3. Earcú cúramach a dhéanamh

Is gá a chinntiú nach bhfostaítear daoine nach bhfuil oiriúnach don ghnólacht. Ní féidir daoine a fhostú nach bhfuil cáilithe go leor nó atá rócháilithe.

Obair Foirne

I gcuid mhór gnólachtaí ní oibríonn na fostaithe ina n-aonar ach i ngrúpaí nó mar fhoireann. Breathnaítear ar fhoireann mar ghrúpa fostaithe a oibríonn le chéile chun sprioc a bhaint amach.

Tá **Ceithre chéim** i gceist le foireann a chur le chéile, mar seo a leanas:

1. Foirmiú

Buaileann na baill foirne le chéile den chéad uair
Bíonn siad an-bhéasach le chéile
Déanann siad plé ar na tascanna atá acu
Bíonn siad an-choimeádach[6] lena chéile.

5 Morale
6 reserved

UNIT 4.Layout 1 13/07/2012 08:33 Page 94

2. Stoirmiú

De réir mar a chuireann siad aithne ar a chéile tagann coimhlintí chun cinn. Bíonn daoine sa ghrúpa ag lorg poist éagsúla ar an bhfoireann. *Mar shampla, an Ceannasaí.*

3. Normú

Bíonn comhréiteach idir na baill agus tosaíonn siad ag obair le chéile. Bíonn muinín ag na baill as a chéile.

4. Feidhmiú

Tosaíonn siad ag obair níos déine agus déanann siad na tascanna. Bíonn siad comhaontaithe ar an bpost a dhéanamh i gceart.

Na Buntáistí a Bhaineann le hObair Foirne i nGnólacht

1. Déantar cinntí níos fearr

- Is féidir le baill den fhoireann babhta tobsmaointe a chur i gcrích chun teacht ar réiteach ar fhadhbanna atá acu.
- Cuireann baill dhifriúla den fhoireann peirspictíochtaí[7] difriúla i láthair.

2. Tugann sé inspreagadh do na fostaithe

- De ghnáth bíonn na fostaithe níos sásta obair a dhéanamh mar fhoireann. Is maith leo bheith ag déileáil le daoine eile. Tá sé níos sóisialta.
- Dé réir tosaíochtaí riachtanais Maslow má fhreastalaíonn an fostóir ar riachtanais féin-achtála na bhfostaithe oibríonn siad níos déine.

3. Déantar na táirgí ar chaighdeáin níos airde

- Bíonn meanma ard i bhfoirne agus oibríonn gach fostaí níos déine dá bharr mar ní mian leo go gclisfidh siad ar a gcomhghleacaithe.
- Uaireanta nuair a bhíonn iomaíocht idir fhoirne difriúla sa ghnólacht oibríonn siad níos déine mar bíonn siad ag iarraidh an bua a fháil ar a chéile.

7 Perspective

UNIT 4.Layout 1 13/07/2012 08:33 Page 95

4. Feabhsaítear Caidreamh agus Cumarsáid sa ghnólacht

- Is féidir leis na baill den fhoireann teacht ó rannóga difriúla sa ghnólacht. *Mar shampla Margaíocht/ Airgeadais srl.*
- Sa bhealach seo feabhsaítear an caidreamh idir na rannóga difriúla sa ghnólacht mar bíonn siad ag idirghníomhú lena chéile.
- Mar thoradh air seo bíonn níos lú díospóidí idir na fostaithe agus an gnólacht.

Na Buntáistí a bhaineann leis an bhFoireann don Fhostaí

1. Tugtar deis don fhostaí páirt níos mó a ghlacadh sa ghnólacht

- Nuair a bhíonn babhta tobsmaointe ann bíonn fostaithe in ann páirt níos mó a ghlacadh sa ghnólacht mar bíonn siad in ann smaointe a ghiniúint nach mbeadh siad in ann a ghiniúint leo féin.
- Ardaíonn sé seo an sásamh poist atá ag an bhfostaí

2. Sásaíonn Foireann Riachtanais Shóisialta an Fhostaí

- Bíonn fostaí ar a s(h)uaimhneas nuair a bhíonn sé/sí ag obair i bhfoireann mar sásaíonn sí a riachtanais shóisialta.
- Bíonn sé/sí in ann teagmháil níos fearr a dhéanamh lena c(h)omhghleacaithe toisc go bhfuil aithne níos fearr acu ar a chéile.

3. Spiorad Foirne

- Forbraíonn spiorad foirne sa ghrúpa agus bíonn na baill ag cabhrú lena chéile má thagann aon fhadhbanna chun cinn.
- Bíonn an fostaí i bhfad níos sásta agus bród air/uirthi sa phost atá aige/aici.

4. Feabhsaítear Caidreamh agus Cumarsáid sa ghnólacht

- Is féidir le baill den fhoireann teacht ó rannóga difriúla sa ghnólacht. *Mar shampla, Margaíocht/ Airgeadas srl.*
- Sa bhealach seo feabhsaíonn an caidreamh idir rannóga difriúla sa ghnólacht mar bíonn siad ag idirghníomhú lena chéile.

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:33 Page 96

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2010 Roinn 3 – Ceist 5(A) – 20 Marc

(i) Mínigh cad a chiallaíonn an téarma *measúnú feidhmiúcháin*.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar an sochar is féidir le gnólacht a bhaint as measúnú feidhmiúcháin.

2008 Roinn 3 – Ceist 5(A) – 25 Marc

Is feidhmeanna tábhachtacha de chuid Bainisteoir Acmhainní Daonna iad *Measúnú Feidhmíochta, Oiliúint & Forbairt agus Bainistiú an Chaidrimh idir Fostóirí agus Fostaithe*.

Mínigh na feidhmeanna a bhfuil líne fúthu thuas agus déan anailís ar na buntáistí a bhaineann le **dhá** cheann díobh in eagraíocht gnó.

2008 Roinn 3 – Ceist 5(B) – 15 Marc

Tabhair breac-chuntas ar na luachanna saothair éagsúla a úsáidtear i ngnólacht chun fostaithe a spreagadh.

2004 Roinn 3 – Ceist 5(B) – 20 Marc

Rianaigh na buntáistí atá ann d'fhostaithe oibriú mar fhoireann in eagraíocht ghnó.

2003 Roinn 3 – Ceist 6(A) – 25 Marc

Breac síos na feidhmeanna atá ag Bainisteoir Acmhainní Daonna.

2003 Roinn 3 – Ceist 6(B) – 20 Marc

Pléigh na buntáistí a bhaineann le hobair bhuíne in eagraíocht ghnó.

2003 Roinn 3 – Ceist 6(C) – 15 Marc

Mínigh <u>cúig</u> bhealach éagsúil chun sochair a thabhairt d'oibrithe in eagraíocht gnó.

2002 Roinn 1 – Ceist 8– 10 Marc

Rianaigh an tuiscint atá agat ar an téarma 'Breithmheas Feidhmithe'.

1999 Roinn 1 – Ceist 6 – 10 Marc

Déan cur síos go hachomair ar thrí réimse freagrachta a bhíonn ar Bhainisteoir Acmhainní Daonna.

AONAD 4

CAIBIDIL 10
RÓL AN BHAINISTEORA AG ATHRÚ

Tá athrú tar éis teacht ar shochaí na hÉireann le déanaí. Ní ghlacann fostaithe na hÉireann le horduithe a thuilleadh. Mar thoradh air seo tá ról an bhainisteora tar éis athrú ón rialaitheoir go dtí an t-éascaitheoir.

An Rialaitheoir	An tÉascaitheoir
Tugann an bainisteoir orduithe do na fostaithe agus coimeádann sé súil ghéar orthu.	Tugann an bainisteoir neamhspleáchas do na fostaithe leis an bpost a dhéanamh cibé bealach ar mhian leo.
Tá sé mar phost aige/aici breith ar fhostaithe a dhéanann botúin.	Tá sé mar phost aige/aici cabhrú leis na fostaithe ionas nach ndéanfaidh siad botúin.
Cuireann sé/sí pionós ar na fostaithe má dhéanann siad aon rud mícheart.	Tugann sé/sí bónas do na fostaithe má dhéanann siad rudaí i gceart.

Cumhachtú Fostaithe

1. Bíonn an chumhacht ag na fostaithe cinntí a dhéanamh leo féin gan chead ón mbainisteoir.
2. Úsáideann na fostaithe a scileanna agus taithí chun cabhrú leis an ngnólacht cibé bealach inar féidir leo.

Na Buntáistí a bhaineann le Cumhachtú Fostaithe

1. **Seirbhís níos fearr ann don Chustaiméir ➤** Má bhíonn aon ghearán ag custaiméir bíonn an chumhacht ag an bhfostaí an fhadhb a réiteach ar an láthair. Ní bhíonn ar an gcustaiméir fanacht leis an mbainisteoir.
2. **Spreagadh do na Fostaithe ➤** Ardaítear meanma na bhfostaithe agus déantar iad a inspreagadh toisc go dtugtar níos mó freagrachta dóibh (Teoiric Y McGregor)
3. **Faightear an méid agus is féidir ó na Fostaithe ➤** Bíonn na fostaithe in ann cabhrú leis an ngnólacht in aon bhealach inar féidir leo. (níl aon bhac orthu)

UNIT 4.Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 98

4. **Is mó an t-am saor a bhíonn ag an mBainisteoir ➤** Ní gá dó/di an oiread sin maoirseachta a dhéanamh ar na fostaithe. Chomh maith leis sin, ní thagann na fostaithe chuige/chuici agus cead á lorg acu chun rudaí a dhéanamh.
5. **Níos lú neamhláithreachais** – Bíonn na fostaithe níos sásta san ionad oibre agus mar sin ní bhíonn siad as láthair an oiread sin.

Rannpháirteachas Fostaithe

Déantar é seo trí na nithe seo a leanas:

1. Suíocháin a thabhairt d'fhostaithe ar Bhord na Stiúrthóirí
2. Scaireanna a thabhairt do na fostaithe

Buntáistí ➤ Spreagadh & Cumarsáid

Bainistíocht Láncháilíochta (BLC)

- Is straitéis bainistíochta í seo atá dírithe ar tháirge foirfe a dhéanamh agus sásamh 100% a thabhairt don chustaiméir
- Bíonn gach fostaí sa ghnólacht freagrach as an BLC (*TQM*) a chur i gcrích.

Is iad seo a leanas na príomhphrionsabail a bhaineann leis an BLC

1. **Díriú ar an gcustaiméir ➤** Is é an custaiméir an duine is tábhachtaí don ghnólacht. Is gá taighde margaidh a dhéanamh ar riachtanais an chustaiméara agus ansin táirge a dhéanamh chun na riachtanais sin a shásamh.
2. **Cumhachtú Fostaithe ➤** Nuair a bhíonn an chumhacht ag na fostaithe cinntí a dhéanamh iad féin gan aon chead ón mbainisteoir. Úsáideann na fostaithe a scileanna agus taithí chun cabhrú leis an ngnólacht Bainistíocht Láncháilíochta a bhaint amach.
3. **Obair Foirne ➤** Cuirtear na fostaithe i bhfoireann. Spreagann sé seo na fostaithe chun obair níos déine a dhéanamh ionas nach gclisfidh siad ar a gcomhghleacaithe. Bíonn obair foirne ar bun le soláthraithe an ghnólachta freisin. Ní bheidh táirge foirfe ag an ngnólacht mura mbíonn amhábhar foirfe acu.

UNIT 4.Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 99

4. **Feabhsú Leanúnach ➤** Bíonn an gnólacht i gcónaí ag iarraidh an táirge/an tseirbhís a fheabhsú. Sa bhealach seo tugtar sásamh 100% don fhostaí.

Na Buntáistí a Bhaineann leis an mBainistíocht Láncháilíochta

1. **Tagann feabhas ar chaighdeán an táirge/ na seirbhíse.** Cothaíonn sé seo díolacháin bhreise a chothaíonn brabúis bhreise.
2. Bíonn **níos lú deisiúcháin agus aisfhillidh i gceist** agus cothaíonn sé seo costais níos lú mar ní gá don ghnólacht airgead a chur amú ag deisiú earraí lochtacha.
3. Bíonn **na fostaithe níos spreagtha** mar tugtar níos mó freagrachta dóibh.

Éifeacht *na teicneolaíochta* in athrú ról an Bhainisteora	
Déanamh Cinntí	Leis an Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) tugtar cabhair do bhainisteoirí cinntí a dhéanamh. An tIdirlíon – An-chuid eolais ar fáil (Taighde Deisce)
Iomarcaíocht	Cothaíonn an teicneolaíocht iomarcaíocht san ionad oibre.
Margaíocht	Fógraíocht ar an idirlíon Díolacháin ar an idirlíon.

Tionchar na Teicneolaíochta ar Obair Foirne

1. **Athraíonn sé nádúr an phoist ➤** De ghnáth déanann an teicneolaíocht nua an post níos simplí don fhostaí. *Mar shampla, déanann róbait táirgeacht ghluaisteáin i bhfad níos simplí don fhostaí.*
2. **Cruthaíonn sé poist bhreise ➤** Tá deiseanna ann do dhaoine fostaíocht a fháil i bpoist cosúil le suíomhanna Gréasáin a dhearadh.
3. **Iomarcaíocht ➤** Is cúis iomarcaíochta roinnt teicneolaíochtaí i bpoist áirithe d'fhostaithe. *Mar shampla, de bharr Shuíomh Gréasáin Bewleys/ Jurys níl gá le foireann áirithinte*

UNIT 4.Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 100

4. **Teilea-oibriú**[1] ➤ De bharr na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) tá roinnt fostaithe in ann obair a dhéanamh sa bhaile. Tá a ríomhaire baile ceangailte lena ríomhaire oifige. Oireann sé seo go mór d'fhostaithe a bhfuil clann acu.

Tionchar na Teicneolaíochta ar Chostais an Ghnólachta

1. Is féidir le róbait táirgí foirfe a dhéanamh, *mar shampla ipods agus ríomhairí*. Leis seo **laghdaítear costais an ghnólachta** mar ní gá dó aon airgead a íoc ag deisiú táirgí lochtacha.
2. Is féidir leis an teicneolaíocht tascanna an fhostaí a dhéanamh. **Laghdaíonn sé seo costais an ghnólachta** mar ní gá dó aon tuarastal a íoc as seo.
3. Cosnaíonn sé airgead chun teicneolaíocht a cheannach, *mar shampla, róbait*. **Ardaíonn sé seo costais an ghnólachta**.
4. Is gá an fostaí a chur faoi oiliúint le bheith in ann teicneolaíocht faoi leith a fheidhmiú. **Ardaíonn sé seo costais an ghnólachta**.

Conas a chruthaíonn an teicneolaíocht deiseanna don Ghnólacht?

1. **Dearadh** ➤ Cabhraíonn an teicneolaíocht le gnólachtaí chun táirgí/ earraí nua a dhearadh agus ní bhíonn seanmhodhanna dearaidh i gceist, anois úsáidtear ríomhairí. *Mar shampla, Gluaisteáin a dearadh ag baint leasa as CAD (DRC: dearadh ríomhchuidithe)*.
2. **Díolacháin níos mó** ➤ Is féidir le gnólachtaí a dtáirgí a dhíol ar fud an domhain ag baint leasa as an idirlíon. www.adidas.com
3. **Fógraíocht ar an Idirlíon** ➤ Tá líon mór gnólachtaí ag déanamh fógraíochta ar an idirlíon, *mar shampla Vodafone agus UCD ag déanamh fógraíochta ar bebo*
4. **Margaíocht Dhíreach**[2] ➤ Úsáideann gnólachtaí ríomhairí chun eolas a stóráil faoi chustaiméirí agus ansin seolann siad ríomhphoist chucu faoi tháirgí/ seirbhísí a mbeadh suim ag an gcustaiméir sin iontu. *Mar shampla, Ryanair, Cárta Club Tesco*
5. **Deis a thabhairt d'fhiontraí gnólachtaí nua a bhunú a dhíolann táirgí ar an idirlíon** ➤ Tá líon mór gnólachtaí a fheidhmíonn go hiomlán ar an idirlíon.

[1] Teleworking
[2] Direct Marketing

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 101

An Gnólacht ag Athrú

Is gá do gach gnólacht athrú thar am. Aon ghnólachtaí nach ndéanann seo teipeann orthu.

Cén fáth a mbíonn fostaithe i gcoinne athruithe san ionad oibre?

1. Bíonn eagla orthu go gcaillfidh siad a bpost

Uaireanta bíonn eagla ar fhostaithe nuair a thagann innealra nua isteach mar ceapann siad go bhfuil baol ann go gcaillfidh siad a bpost.

2. Eagla orthu go gcaillfidh siad cumhacht nó smacht

Bhí líon mór gardaí i gcoinne chúltaca an Gharda Síochána (*Garda Reserve)*. Ní raibh siad ag iarraidh go mbeadh daoine neamhcháilithe ag déanamh na hoibre a dhéanann siad de ghnáth.

3. Leisciúlacht

Ní mian leis na fostaithe aon bhaint a bheith acu leis na hathruithe mar bíonn eagla orthu go mbeidh breis oibre i gceist, m.sh., oiliúint nó uaireanta oibre níos faide.

4. Bíonn eagla orthu go dteipfidh orthu

Uaireanta bíonn eagla ar na fostaithe go dteipfidh orthu nuair a chuirfear na hathruithe i gcrích, mar sin déanann siad gach rud chun troid i gcoinne na n-athruithe.

Cad iad na straitéisí is féidir le bainisteoirí a úsáid chun athruithe san ionad oibre a chur i bhfeidhm i gceart?

1. Dea-shampla a thabhairt

Má bhíonn an bainisteoir ag iarraidh athruithe a chur i bhfeidhm is gá dó/di dea-shampla a thabhairt. Mura léiríonn an bainisteoir go bhfuil sé/sí dáiríre faoi na hathruithe ní ghlacfaidh na fostaithe leis na hathruithe.

2. Is gá don bhainisteoir dea-chumarsáid a dhéanamh leis na fostaithe

Is gá don bhainisteoir plé a dhéanamh leis na fostaithe faoi na hathruithe – cad iad agus cad is cúis leo? – sa bhealach seo is mó an seans go nglacfaidh na fostaithe leis na hathruithe.

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 102

3. Is gá don bhainisteoir oiliúint cheart a chur ar na fostaithe

Seo cúis mhór a mbíonn fostaithe i gcoinne athruithe san ionad oibre de bharr go mbíonn eagla orthu nach mbeidh siad in ann déileáil leis na hathruithe sin. Is gá don bhainisteoir na fostaithe a chur faoi oiliúint ionas go mbeidh muinín acu astu féin nuair a chuirfear na hathruithe i bhfeidhm.

4. Is gá don bhainisteoir ligean do na fostaithe páirt a ghlacadh sna hathruithe

Is gá ligean do na fostaithe a moltaí a chur chun cinn maidir leis na hathruithe. Leis seo mothóidh siad go bhfuil baint níos mó acu leis an ngnólacht agus leis na hathruithe.

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2009 Roinn 3 – Ceist 6(B) (20 Marc)

Pléigh na buntáistí a bhaineann le Bainistíocht Láncháilíochta (TQM) do ghnó déantúsaíochta.

2008 Roinn 3 – Ceist 6(C) (20 Marc)

Léirigh an tionchar atá ag na teicneolaíochtaí nua ar dheiseanna gnó.

2007 Roinn 3 – Ceist 5(C) (20 Marc)

Mínigh an téarma BLC (TQM) agus déan cur síos ar conas mar a théann sé chun sochair d'eagraíocht.

2006 Roinn 2(B) – (20 Marc)

Cuir comhairle ar Ruth faoi na straitéisí a chabhróidh léi bainistiú a dhéanamh ar na hathruithe nach mór dóibh tarlú chun go n-éireoidh leis an ngnó.

2004 Roinn 3 – Ceist 5(A) (20 Marc)

Mínigh conas mar atá Cumhachtú Oibrithe agus Bainistíocht Cháilíochtaí Iomláine tar éis ról bainisteoirí a athrú.

2004 Roinn 3 – Ceist 5(C) (20 Marc)

Maidir le fiontar gnó, léirigh conas mar a chuireann tabhairt isteach na teicneolaíochta isteach ar

(i) Chostais ghnó
agus ar
(ii) Dheiseanna Gnó an fhiontair.

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 103

2003 Roinn 1 – Ceist 4 (10 Marc)

Críochnaigh an abairt seo: Cuidíonn Cumasú Cumhachtú le gnólacht chun:

2001 Roinn 2(B) – (30 Marc)

Pléigh beartais a d'fhéadfadh Aileen a úsáid chun an próiseas athraithe a bhainistiú i gceart.
Mínigh do fhreagra go cuimsitheach.

2000 Roinn 3 – Ceist 5 (60 Marc)

(A) Mínigh ról an bhainisteora a bheith ag athrú ó rialtóir go héascaitheoir. Déan tagairt do réimsí mar oibrithe a ionchumhachtú agus Bainistíocht Láncháilíochta i do fhreagra. **(25 marc)**

(B) Mínigh na straitéisí a bhféadfaí leas a bhaint astu chun go ndéanfaí athrú in eagraíocht a bhainistiú ar bhealach a n-éireodh leis. **(15 marc)**

(C) Léirigh an tionchar a bhíonn ag teicneolaíocht ar eagraíocht ó thaobh
– Costais ghnó agus
– Pearsanra. **(20 marc)**

1999 Roinn 1 – Ceist 7 (10 Marc)

Cabhraíonn Bainistíocht Cáilíochta Iomláine (TQM) le gnó mar:

AONAD

4 CAIBIDIL 11 AN CHUNTASAÍOCHT

- Is é an aidhm atá taobh thiar d'aon ghnólacht ná chun airgead a dhéanamh.
- Chun a ríomh[1] cé mhéad airgid atá á dhéanamh ag an ngnólacht is gá don fhiontraí/ úinéir/ bhainisteoir próiseas cuntasaíochta a bheith aige/aici.
- An dá phríomhchuntas is gá a ullmhú ná: 1) Cuntas Brabúis agus Caillteanais[2] agus 2) Clár Comhardaithe[3]

Cuntas Brabúis agus Caillteanais

Cuntas Brabúis & Caillteanais Do X. Tta.	
Díolacháin[4]	€80,000
– Costas Díolachán[5]	–€30,000
Brabús Comhlán[6]	€50,000
– Speansais[7]	–€40,000
Brabús Glan[8]	€10,000

1 Calculate
2 Profit and Loss Account
3 Balance Sheet
4 Sales ➤ An tsuim airgid a dhéanann gnólacht as a chuid táirgí a dhíol
5 Cost of Sales ➤ An méid a d'íoc an gnólacht as a chuid táirgí
6 Gross Profit ➤ An brabús a dhéanann an gnólacht as a chuid táirgí a dhíol ach sula ndéantar aon bhrabús
7 Expenses ➤ Billí ar nós tuarastal, teileafón, cíos
8 Net Profit ➤ An brabús iarbhír a dhéanann an gnólacht tar éis do na billí uile a bheith íoctha

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 105

An Tábhacht a bhaineann le Cuntas Brabúis agus Caillteanais don Ghnólacht/ don Bhainistíocht

1. Má tá an **Brabús Comhlán** ró-íseal léiríonn sé seo don bhainistíocht go bhfuil sí ag díol na dtáirgí ar phraghas ró-íseal agus ba cheart é a ardú chun costais an ghnólachta a chlúdach.
2. Má tá an **Brabús Comhlán** ró-íseal léiríonn sé seo don bhainistíocht go bhfuil an praghas ar a bhfuil sí ag ceannach a cuid amhábhair ró-ard agus b'fhéidir gur cheart soláthraithe níos saoire a fháil.
3. Má tá an **Brabús Glan** ró-íseal léiríonn sé seo don bhainistíocht go bhfuil na speansais ró-ard agus ba cheart gearradh siar a dhéanamh ar chostais chun na speansais a ísliú agus na brabúis a ardú.
4. Insíonn suim an **Bhrabúis Ghlain** do stiúrthóirí an ghnólachta cé mhéad díbhinn is féidir leo a íoc amach leis na scairshealbhóirí.

An Clár Comhardaithe

Sócmhainní Seasta

Sócmhainní Reatha

Dliteanais Reatha

Caipiteal Oibre

MAOINITHE AG

	€	€
Sócmhainní Seasta *(Fixed Assets)*		70,000
Sócmhainní Reatha *(Current Assets)*	30,000	
Dliteanais Reatha *(Current Liabilities)*	-5,000	
Caipiteal Oibre *(Working Capital)*		+25,000
Glansócmhainní Iomlána Total Net Assets		**95,000***
MAOINITHE AG *(Financed By)*		
Gnáthscaireanna		50,000
Tuilleamh Coinnithe *(Retained Earnings)*		15,000
Scaireanna Tosaíochta *(Preference Shares)*		10,000
Iasachtaí Fadtéarmacha		20,000
Caipiteal in Úsáid *(Capital Employed)*		**95,000***

UNIT 4.Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 106

An Tábhacht a bhaineann leis an gClár Comhardaithe don Ghnólacht/ don Bhainistíocht

1. Léiríonn luach na sócmhainní seasta don bhainisteoir cé acu a bheidh nó nach mbeidh dóthain comhthaobhachta ag an ngnólacht chun iasacht bhainc a fháil.
2. Léiríonn an caipiteal oibre don bhainisteoir cé acu a bheidh nó nach mbeidh dóthain airgid ag an ngnólacht chun a chuid billí a íoc.
3. Léiríonn an chuid "*maoinithe ag*" don bhainisteoir cé acu a bheidh nó nach mbeidh an gnólacht in ann iasacht eile a fháil. Cén fáth? _____

Anailís Chóimheasa

Nuair atá cuntasóir nó iniúchóir ag déanamh iniúchadh airgeadais ar ghnólacht déanann sé/sí é faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. Cóimheas Brabústachta *(Profitabilty Ratio)*
2. Cóimheas Leachtachta *(Liquidity Ratio)*
3. Cóimheas Fiachais/ Cothromais *(Debt/ Equity Ratio)*

Cóimheasa Brabústachta ➤ Profitability Ratios

Léiríonn an cóimheas seo cé acu atá nó nach bhfuil brabús maith ag an ngnólacht i gcomparáid le cé chomh mór atá sé:

1. Corrlach an Bhrabúis Chomhláin

(Brabús Comhlán ÷ Díolacháin) x 100

Tá tábhacht leis seo don ghnólacht mar....
Má tá an cóimheas seo ag dul in olcas ó bhliain amháin go bliain eile léiríonn sé sin don ghnólacht go bhfuil a phraghas díola ró-íseal nó go bhfuil a sholáthraithe róchostasach.

Cad ba chóir a dhéanamh chun é seo a réiteach?
Is féidir an praghas díola a ardú nó stoc a cheannach ó sholáthraithe atá níos saoire.

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 107

2. Corrlach an Bhrabúis Ghlain

(Brabús Glan ÷ Díolacháin) x 100

Tá tábhacht leis seo don ghnólacht mar....
Má tá an cóimheas seo ag dul in olcas ó bhliain amháin go bliain eile léiríonn sé sin don ghnólacht go bhfuil a chuid costas ag ardú.

Cad ba chóir a dhéanamh chun é seo a réiteach?
Is féidir é seo a réiteach trí ghearradh siar ar chostais. Is féidir cosc a chur ar ragobair nó fiú laghdú pá a thabhairt.

3. Toradh ar Infheistíocht

(Brabús Glan ÷ Caipiteal in úsáid) x 100

Tá tábhacht leis seo don ghnólacht mar....
Má tá an cóimheas seo ag dul in olcas ó bhliain amháin go bliain eile léiríonn sé don ghnólacht nach bhfuil na bainisteoirí chomh mhaith ag aistriú acmhainní an ghnólachta isteach go brabús.

Cad ba chóir a dhéanamh chun é seo a réiteach?
Is féidir é seo a réiteach trí ghearradh siar a dhéanamh agus bainisteoirí níos éifeachtaí a fhostú.

NÓTA ➤ Tá Caipiteal in úsáid cothrom leis na ceithre rud thíos
Fiachais Fhadtéarmacha, Scaireanna Tosaíochta, Gnáth-scairchaipiteal agus Tuilleamh Coinnithe

Cóimheas Leachtaíocht ➤ Liquidity Ratios

4. Cóimheas Caipitil Oibre[9]

Sócmhainní Reatha ÷ Dliteanais Reatha

- Léiríonn an cóimheas caipitil oibre don ghnólacht cé mhéad airgid atá aige do gach €1 ag a bhfuil sé i bhfiacha.
- Léirítear an freagra mar x:1.
- An réiteach is fearr atá ann do ghnólacht ná 2:1

[9] Working Capital Ratio

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 108

Tá tábhacht leis seo don ghnólacht mar....

1. Má tá an cóimheas seo faoi 2:1 léiríonn sé sin don ghnólacht nach bhfuil go leor airgid aige chun a chuid billí a íoc de réir mar a thagann siad isteach. Is féidir é seo a réiteach trí infheistíocht a dhíol sa ghnólacht chun airgead a ghnóthú.
2. Má tá an cóimheas seo os cionn 2:1 léiríonn sé sin don ghnólacht go bhfuil an iomarca airgid le spáráil aige sa bhanc. Is féidir é seo a réiteach trí infheistíocht a dhéanamh leis an mbarrachas airgid.

5. Cóimheas Fíorthástála[10]

(Sócmhainní Reatha – Stoc Deiridh) ÷ Dliteanais Reatha

- Léiríonn an cóimheas fíorthástála don ghnólacht cé mhéad airgid iarbhír atá aige do gach €1 ag a bhfuil sé i bhfiacha. Ní chuirtear stoc san áireamh leis an gcóimheas seo.
- Léirítear an freagra mar x:1.
- An réiteach is fearr atá ann do ghnólacht ná 1:1

Tá tábhacht leis seo don ghnólacht mar....

1. Má tá an cóimheas seo faoi 1:1 léiríonn sé sin don ghnólacht nach bhfuil go leor airgid aige chun a chuid billí a íoc de réir mar a thagann siad isteach. Is fadhb ollmhór é seo don ghnólacht mar ciallaíonn sé nach féidir leis a chuid soláthraithe a íoc. Is féidir é seo a réiteach trí stoc a dhíol ar phraghas an-saor chun airgead a ghnóthú. Is féidir infheistíocht a dhíol sa ghnólacht chun airgead a ghnóthú freisin.
2. Má tá an cóimheas seo os cionn 1:1 léiríonn sé sin don ghnólacht go bhfuil an iomarca airgid le spáráil aige sa bhanc. Is féidir é seo a réiteach trí infheistíocht a dhéanamh leis an mbarrachas airgid.

Cóimheas Fiachais/ Cothromais ➤ Debt / Equity Ratio

6. Cóimheas Fiachais/ Cothromais

Caipiteal Fiachais ÷ Caipiteal Cothromais

(Fiachais Fhadtéarmacha + Scaireanna Tosaíochta) ÷ (Gnáthscaireanna + Tuilleamh Coinnithe)

[10] Acid Test Ratio

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 109

Léiríonn an cóimheas fiachais/ cothromais dúinn cén áit as a dtagann airgeadas an ghnólachta. Léiríonn sé cé mhéad airgid a tógadh amach i bhfoirm iasachtaí *(Fiachais)* agus cé mhéad airgid a d'infheistigh úinéirí an ghnólachta ann *(Cothromais)*.

Tá tábhacht leis seo don ghnólacht mar...

1. Giaráil

Léiríonn sé seo do bhainisteoirí an ghnólachta an bhfuil giaráil íseal (<1:1), Giaráil Neodrach 1:1 nó Giaráil Ard (<1:1) i gceist. Tá sé seo tábhachtach mar taispeánann sé cé mhéad airgid a tógadh amach i bhfoirm iasachtaí agus cé mhéad airgid a d'infheistigh úinéirí an ghnólacht ann.

2. Ús

Léirítear leis seo don bhainisteoir cé mhéad úis a bheidh le híoc ar ais aige. Má thóg an gnólacht amach an-chuid iasachtaí agus giaráil ard aige beidh air roinnt mhaith úis a íoc. Laghdóidh sé seo brabús an ghnólachta.

3. Baol Féimheachta

Má thóg an gnólacht amach an-chuid iasachtaí agus giaráil ard aige tá baol níos airde ann go rachaidh sé i bhféimheacht. Mar má bhíonn drochbhliain ag an ngnólacht is gá dó an banc a aisíoc (móide ús), agus ní gá díbhinn a íoc le scairshealbhóirí má bhíonn drochbhliain aige.

4. Iasachtaí sa Todhchaí

Má tá roinnt mhaith iasachtaí tógtha amach ag an ngnólacht beidh sé níos deacra air iasachtaí a thógáil amach sa todhchaí. Bíonn drogall ar na bainc iasachtaí a thabhairt do ghnólacht a bhfuil roinnt iasachtaí amach aige cheana féin.

UNIT 4.Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 110

GEALLSEALBHÓIR	SCRÚDAÍONN SIAD NA NITHE SEO A LEANAS:
SCAIRSHEALBHÓIRÍ (Infheisteoirí)	**Corrlach an Bhrabúis Ghlain** ➤ *An bhfaighidh siad díbhinn mhaith ón ngnólacht* **Toradh ar Infheistíocht** ➤ An bhfuil an TaI níos airde aige ná gnólachtaí eile atá ar an stocmhalartán.
SOLÁTHRAITHE	**Cóimheas Caipitil Oibre ➤ An féidir leo a fhiachais ghearrthéarmacha a íoc ar ais.** **Cóimheas Fíorthástála** ➤ An féidir leis an ngnólacht a chuid soláthraithe a íoc láithreach.
FOSTAITHE	**Cóimheas Brabústachta** ➤ *An féidir leis an ngnólacht ardú pá a thabhairt dóibh.* **Cóimheas Fiachais/ Cothromais** ➤ *An bhfuil baol ann go rachaidh an gnólacht i bhféimheacht.*
BAINC	**Cóimheas Leachtachta** ➤ An féidir leis an ngnólacht an t-ús a íoc ar na iasachtaí. **Cóimheas Fiachais/ Cothromais** ➤ An féidir iasacht eile a thabhairt don ghnólacht.

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2010 Roinn 3 – Ceist 5(B) – 20 Marc

(B) Ó na figiúirí a thugtar thíos don bhliain **2009 ríomh** iad seo a leanas do CES Tta.:

(i) Corrlach an Bhrabúis Ghlain; **(iii)** An Cóimheas Fíorthástála;

(ii) An Cóimheas Reatha; **(iv)** Cóimheas Fiachas le Cothromas.

Eolas do 2009		
Sales	Díolacháin	€135,000
Net profit	Brabús Glan	€33,750
Current Assets (incl closing stock)	Sócmhainní Reatha (stoc deiridh san áireamh)	€84,500
Current Liabilities	Fiachais Reatha	€65,000
Closing Stock	Stoc Deiridh	€39,000
Ordinary Share Capital	Gnáth-Scairchaipiteal	€300,000
Long Term Debt	Fiachas Fadtéarma	€192,000
Retained Earnings	Tuilleamh Coimeádta	€20,000

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 111

Torthaí 2008		
Net profit margin	Corrlach an Bhrabúis Ghlain	32%
Current ratio	An Cóimheas reatha	02:01
Acid test ratio	An Cóimheas fíorthástála	1.1:1
Debt Equity Ratio	Cóimheas Fiachas le Cothromas	0.4:1

	Obair Gharbh	2009	2008
Corrlach an Bhrabúis Ghlain			32%
An Cóimheas Reatha			02:01
An Cóimheas Fíorthástála			1.1:1
Cóimheas Fiachas le Cothromas			0.4:1

2010 Roinn 3 – Ceist 5(C) – 20 Marc

Déan anailís ar thábhacht na dtreochtaí i rith an dá bhliain (2008/2009) do na páirtithe leasmhara seo a leanas:

(i) Infheisteoirí/scairshealbhóirí; (*Investors/shareholders;*)

(i) Soláthraithe; (*Suppliers;*)

(iii) Fostaithe. (*Employees.*)

NÓTA: Tá torthaí na bliana 2008 scríofa cheana féin thuas.

Infheisteoirí
Soláthraithe
Fostaithe

2009 Roinn 3 – Ceist 5(C) - 20 Marc

(i) Bain úsáid as na figiúirí thíos agus ríomh an cóimheas Fiachais/ Cothromais ag SES Tta. sna blianta 2006 **agus** 2007. (Taispeáin do chuid oibrithe.)

		2006	2007
Long Term Loans	Iasachtaí Fadtéarma	300,000	364,000
Ordinary Share Capital	Gnáth-Scairchaipiteal	450,000	450,000
Retained Earnings	Tuilleamh Coimeádta	50,000	70,000

(ii) Déan trácht ar an tábhacht a bhaineann leis an treocht atá sa chóimheas Fiachais/ Cothromais in imeacht an dá bhliain do na scairshealbhóirí atá ann faoi láthair.

2007 Roinn 3 – Ceist 6(C)c - 20 Marc

Úsáidtear cóimheasa leachtachta chun cabhrú le bainistíocht a dhéanamh ar ghnó. Ainmnigh **dhá** cheann de na cóimheasa seo agus déan cur síos ar na buntáistí a bhaineann le gach ceann.

2006 Roinn 1 – Ceist 7 – 10 Marc

Baineann na figiúirí seo a leanas le cuideachta le dhá bhliain anuas.

		2006 €	2007 €
Authorised Share Capital	Scairchaipiteal Údaraithe	500,000	500,000
Ordinary Share Capital	Gnáth-Scairchaipiteal	420,000	320,000
Long-term loans	Iasachtaí fadtéarma	140,000	270,000
Retained Earnings	Tuilleamh coimeádta	30,000	40,000

		2005 €	2004 €
Sales	Díolacháin	500,000	400,000
Expenses	Speansais	50,000	40,000
Net Profit	Brabús Glan	70,000	60,000
Caipiteal Employed	Caipiteal Fostaithe	650,000	600,000

Ríomh an cóimheas Fiachais/Cothromais sna blianta 2004 agus 2005:

2004 _____ ❑

2005 _____ ❑

Cuir tic (√) sa bhosca cuí le taispeáint cé acu atá an treocht ag feabhsú nó ag dul in olcas, agus tabhair fáth **amháin** a d'fhéadfadh a bheith leis seo:

Ag Feabhsú

Ag Dul in Olcas

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 113

Fáth:

2006 Roinn 3 – Ceist 5(B) - 40 Marc

An t-eolas faoi chúrsaí airgeadais a fhoilsítear i ráitis airgeadais mar Chuntais Bhrabúis agus Chaillteanais agus Cláir Chomhardaithe, bíonn sé úsáideach chun cinntí a dhéanamh.
Déan staidéar ar na figiúirí thíos agus freagair na ceisteanna a leanas:

		2005 €	2004 €
Sales	Díolacháin	500,000	400,000
Expenses	Speansais	50,000	40,000
Net Profit	Brabús Glan	70,000	60,000
Caipiteal Employed	Caipiteal Fostaithe	650,000	600,000

(i) Ríomh an Corrlach Brabúis Comhlán, an Corrlach Brabúis Glan agus an Toradh ar Infheistíocht sna blianta 2004 agus 2005.

(ii) Déan anailís ar na treochtaí brabúis sin agus déan plé ar cé mar d'úsáidfeadh scairshealbhóirí iad chun cinntí a dhéanamh.

2005 Roinn 1 – Ceist 8 – 10 Marc

Baineann na figiúirí seo a leanas le Léasar Tta.

		2004 €	2003 €
Current Assets	Sócmhainní Reatha	90,000	85,000
Current Liabilities	Dliteanais Reatha	60,000	40,000
Closing Stock	Stoc ar Deireadh	20,000	25,000

Obair Gharbh

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 114

Áirigh an Cóimheas Fíorthástála do 2003 agus 2004.

2003 _____ 2004 _____

Cuir tic (√) le taispeáint, cé acu ag feabhsú nó ag dul in olcas atá an treocht agus tabhair fáth amháin a d'fhéadfadh a bheith leis seo.

Ag feabhsú ☐ **Ag dul in olcas** ☐

Fáth:

2004 Roinn 1 – Ceist 6 – 10 Marc

(i) Mínigh an chúis go n-áireodh gnóthas Cóimheas Fiachais / Gnáthscair.

(ii)

		2003 €
Iasachtaí fadtéarma	*Long Term Loans*	100,000
Gnáth Scairchaipiteal	*Ordinary Share Capital*	50,000
Cúlchistí	*Reserves*	25,000
Rótharraingtí	*Overdrafts*	15,000

Obair Gharbh

Áirigh an Cóimheas Fiachais/Gnáthscair don bhliain 2003: _____: _____
Taispeáin na hoibriúcháin go léir.

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 115

2004 Roinn 3 – Ceist 6(A) - 20 Marc

Chun go mbeadh bainistíocht mhaith airgeadais ag baint le gnóthas léirigh an buntáiste a
ghabhann le:

(i) Cuntas Brabúis agus Caillteanais
agus

(ii) Clár Comhardaithe.

2004 Roinn 3 – Ceist (B) - 40 Marc

(i) Déan anailís ar threochtaí brabúsachta agus leachtachta i gComhlacht Tógála Calty
Tta. ag baint úsáide as dhá chóimheas i ngach cás ó na figiúirí do 2002 agus 2003.

(ii) Déan moladh ar conas mar a d'fhéadfaí na treochtaí a fheabhsú.

		2002	2003
Current Assets	Sócmhainní Reatha	15,900	16,800
Net Profit	Brabús glan	15,100	12,285
Equity Share Capital	Scairchaipiteal	100,000	105,000
Current Liabilities	Dliteanais Reatha	8,100	7,400
Closing Stoc	Stoc ar Deireadh	9,100	12,400
Gross Profit	Ollbhrabús	45,150	40,950
Retained Earnings	Tuilleamh Coinnithe	20,000	21,000
Sales	Díolacháin	169,500	157,500

2001 Roinn 1 – Ceist 9 – 10 Marc

Rianaigh dhá chúis a ndéanfadh gnólacht Cóimheas Chaipiteal Oibre a áireamh.

2001 Roinn 3 – Ceist 6(A) - 30 Marc

Pléigh tábhacht na ráiteas airgeadais a leanas do bhainistíocht fhiontar gnó.

(i) An Cuntas Brabúis agus Caillteanais.

(ii) An Clár Comhardaithe.

2001 Roinn 3 – Ceist 6(B) - 30 Marc

Ó na figiúirí atá tugtha thíos:

(i) Ríomh don bhliain 1999 agus 2000 na Cóimheasa Fíorthástála agus na Cóimheasa Fiachais/Cothromais.

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 116

(ii) Déan anailís ar aon treochtaí a thugann tú faoi deara ar do chuid áireamh.

		1999 €	2000 €
Current Assets	Sócmhainní Reatha	Éir£ 90,500	Éir£ 75,400
Current Liabilities	Dliteanais Reatha	Éir£ 65,100	Éir£ 44,600
Closing Stock	Stoc Ar Deireadh	Éir£ 47,300	Éir£ 51,200
Equity Share Capital	Scairchaipiteal Cothromais	Éir£ 240,000	Éir£ 240,000
Long Term Debt	Fiach Fadtéarmach	Éir£ 150,000	Éir£ 220,000
Retained Earnings	Tuilleamh Coimeádta	Éir£ 60,000	Éir£ 62,000

2000 Roinn 1 – Ceist 7 – 10 Marc

		2000 Éir £	1999 Éir £
Long Term Loans	Iasachtaí Fadtéarmacha	310,000	307,000
Ordinary Share Capital	Caipiteal Gnáthscaireanna	210,000	150,000
Reserves	Cúlchistí	98,000	55,000
Overdrafts	Rótharraingtí	56,000	76,500

1999 Roinn 3 – Ceist 6(A) – 20 Marc

Léirigh an fiúntas atá sa cóimheas Fiachais/Cothromais chun cuidiú le bainisteoir faireacháin a dhéanamh ar fheidhmiú airgeadais gnó.

1999 Roinn 3 – Ceist 6(B) – 40 Marc

Déan anailís ar threochtaí brabúsachta agus leachtachta in Gracey and Co. Ltd as na figiúirí seo a leanas do 1997 agus 1998.

		1998 £	1997 £
Current Liabilities	Fiachais Reatha	9,400	8,200
Closing Stock	Stoc Deiridh	8,200	10,100
Equity Share Capital	Scairchaipiteal Cothromais	85,000	85,000
Gross Profit	Brabús Comhlán	58,250	42,560
Retained Earnings	Tuilleamh Coimeádta	17,100	16,450
Current Assets	Sócmhainní Reatha	13,500	15,450
Net Profit	Brabús Glan	13,500	13,255
Sales	Díolacháin	141,500	121,500

AONAD

4 CAIBIDIL 12 (A) ÁRACHAS

Na 5 Phrionsabal Árachais

Meon Lánmhaith

- Má tá teaghlach nó gnólacht ag déanamh iarratais d'árachas is gá dóibh bheith go hiomlán macánta.
- Is gá dóibh gach ceist a fhreagairt go fírinneach. Agus is gá dóibh aon eolas eile a cheapann siad atá riachtanach a thabhairt.
- Má fhaigheann an comhlacht árachais amach gur inis an duine/teaghlach nó an gnólacht bréag agus an fhoirm árachais á comhlánú ní gá dó íoc amach.
- Sa Laidin glaoitear ***"uberrimae fidei"*** ar an riail seo.

Leas Inárachais

- Ciallaíonn an prionsabal seo nach féidir leat ach rudaí a mbaineann tú leas astu a chur faoi árachas.
- Is gá do na rudaí seo bheith luachmhar duit *(mar shampla, teach, gluaisteán)*.
- Ní féidir teach do chara a chur faoi árachas.

Slánaíocht

- Ní féidir leat aon bhrabús a dhéanamh as d'éileamh árachais.
- Ba cheart gurbh ionann an cúiteamh a gheobhaidh tú agus luach an earra a chaill tú.
- Níor cheart go mbeifeá níos measa ná níos fearr as i ndiaidh an cúiteamh a fháil.
- Ciallaíonn an prionsabal/ riail seo nach fiú luach ard bréagach a chur ar do shócmhainn ag ceapadh go bhfaighidh tú airgead breise má tharlaíonn aon rud.

UNIT 4.Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 118

- Mura bhfuil dóthain árachais agat ar do shócmhainn i.e. tearc-árachas ***(under insurance)*** baineann an comhlacht árachais úsáid as an riail um fhoráil chaillroinnte[1].
- Tá luach €450,000 ar fhoirgneamh gnó ach tá sé clúdaithe faoi árachas agus luach €350,000 tugtha. Nuair a dhéanann tine damáiste €124,000 ar an bhfoirgneamh cé mhéad cúitimh a fhaigheann an gnólacht?

Ranníocaíocht

- Ciallaíonn an riail seo má chlúdaíonn tú do shócmhainn faoi thrí chomhlacht árachais éagsúla ní bhfaighidh tú trí huaire shuim an chúitimh má tharlaíonn aon rud.
- Má tharlaíonn sé sin gheobhaidh tú trí íocaíocht difriúla ó na comhlachtaí árachais ach ní bheidh sé ach mar chéatadán den tsuim faoinar chlúdaigh tú an tsócmhainn.
- *Mar shampla, Má chlúdaigh tú do ghluaisteán faoi Quinn agus faoi Hibernian agus le Quinn chuir tú luach €10,000 ar an ngluaisteán agus le Hibernian chuir tú luach €20,000 ar an ngluaisteán. Má dhéantar damáiste de luach €6,000 ar do ghluaisteán cé mhéad a gheofá ó gach comhlacht mar chúiteamh?*

  Quinn ➤ €2,000
  Hibernian ➤ €4,000

Seachaíocht

- Nuair a fhaigheann tú cúiteamh ón gcomhlacht árachais, sin an méid a gheobhaidh tú, ní féidir leat tuilleadh airgid a fháil ar shlí ar bith eile.
- Féadfaidh an comhlacht árachais feidhm a bhaint as cearta dlíthiúla ar bith atá agat.
- Mar shampla, má scriostar do rothar ***(de luach €800)*** i dtimpiste bóthair agus má íocann an comhlacht árachais €800 duit mar chúiteamh. Ní féidir leat:
  (i) An rothar a dhíol le tuilleadh airgid a fháil, nó
  (ii) Cúiteamh a lorg ón duine a scrios do rothar.

Préimh Árachais

Is é atá i gceist leis seo ná an tsuim airgid a íocann tú le comhlacht árachais le cumhdach a fháil. Braitheann an phréimh árachais ar na tosca uile seo a leanas:

1. Luach an earra
2. An Riosca
3. An tsuim éilimh atá agat

[1] Average Clause

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 119

4. Céatadán beag sa bhreis a chuireann le brabús an ghnólachta
5. Cáin ón Rialtas

Na Cumhdaigh Árachais ba cheart a bheith ag gach Gnólacht

1. **Árachas Gadaíochta** ➤ Íocann an comhlacht árachais cúiteamh don ghnólacht le haghaidh stoc a goideadh ón ngnólacht.
2. **Árachas Dliteanas Phoiblí** ➤ Clúdaíonn an t-árachas seo an gnólacht i gcoinne aon bhall den phobal a chuireann éileamh isteach i gcoinne an ghnólachta má gortaíodh é/í ar áitreabh an ghnólachta.
3. **Árachas Dliteanas Táirgí** ➤ Clúdaíonn an t-árachas seo an gnólacht i gcoinne aon bhall den phobal a chuireann éileamh isteach i gcoinne an ghnólachta má gortaíodh é/í agus é/í ag baint úsáide as táirgí an ghnólachta.
4. **Árachas Dliteanas Fostóra** ➤ Clúdaíonn sé seo an gnólacht má dhéanann aon fhostaí éileamh ina choinne má gortaíodh é/í ar áitreabh an ghnólachta.
5. **Árachas Briseadh Gloine** ➤ Má dhéantar damáiste d'fhuinneoga an ghnólachta íocann an comhlacht árachais cúiteamh don ghnólacht.
6. **Árachas Gluaisteán** ➤ Is gá do gach gnólacht árachas gluaisteán a bheith aige.
   Tá trí chineál árachas gluaisteán ann, mar seo a leanas:
   (i) Árachas tríú páirtí ➤
   (ii) Árachas tríú páirtí, dóiteáin agus goid ➤
   (iii) Lánchuimsitheach ➤

An Tábhacht a bhaineann le hÁrachas don Ghnólacht

1. Inmharthanacht an Ghnólachta
2. Bainistíocht Riosca
3. Feabhsú Sreafaí Airgeadais

An tÁrachas ba cheart a bheith ag gach Teaghlach

1. Árachas Sláinte

Clúdaíonn sé seo billí ospidéil an árachaí má éiríonn sé/sí tinn. Clúdaíonn sé seo pá an fhostaí freisin má bhíonn sé/sí as láthair as an obair.



UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 120

2. Árachas Saoil

Clúdaíonn sé seo billí ospidéil agus teaghlach an árachaí má fhaigheann sé/sí bás.

3. Árachas Gluaisteán

Is féidir Árachas tríú páirtí/ Árachas tríú páirtí, dóiteáin agus goid nó Árachas lánchuimsitheach a fháil.

4. Árachas Morgáiste

Is árachas é seo a chlúdaíonn an t-árachaí má chailleann sé/sí a p(h)ost agus nach féidir leis/léi íoc as an morgáiste.

Na Cosúlachtaí & Difríochtaí idir Árachas Gnó agus Árachas Teaghlaigh

Na Cosúlachtaí

- Is gá don dá cheann árachas gluaisteán a íoc.
- Is gá don dá cheann na cúig phrionsabal árachais a leanúint.
- Is gá don dá cheann foirmeacha árachais a chomhlánú. Is gá dóibh iad a líonadh isteach go hiomlán, in am agus go macánta.

Na Difríochtaí

- Bíonn **riosca níos mó ag an ngnólacht** de ghnáth agus is gá dó árachas ar nós Árachas Dliteanas Phoiblí, Táirgí agus Fostóra a thógáil amach.
- De ghnáth bíonn luach níos mó ag baint le gnólachtaí agus mar sin bíonn préimh árachais níos mó acu.

AONAD

4 CAIBIDIL 12 (B) CÁNACHAS

Is é is brí leis seo ná airgead is gá do gach gnólacht agus teaghlach a íoc leis an rialtas. Úsáideann an rialtas an t-airgead sin chun scoileanna, ospidéil, srl. a reáchtáil. Is é an tAire Airgeadais a bheartaíonn cad é an ráta cánach a íocaimid. Tá roinn sa rialtas ar a nglaoitear *Na Coimisinéirí Ioncaim* a chinntíonn go n-íocaimid an tsuim cheart cánach in am.

An Cháin a Íocann Teaghlaigh

1. Íoc Mar a Thuillir (ÍMAT)
2. Árachas Sóisialta agus Pá-Choibhneasta an Fhostaí (ÁSPC)
3. Cáin Bhreisluacha (CBL)
4. Mótarcháin
5. Cáin Ghnóthachan Caipitiúil (CGC)
6. Cáin Fháltas Caipitiúil (CFC)
7. Cáin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT)

1. Íoc Mar a Thuillir (ÍMAT)

- Íocann fostaí cáin ioncaim ar a p(h)á faoin gcóras ÍMAT.
- Faoin gcóras seo bíonn ar an bhfostóir an méid cánach is gá don fhostaí a íoc a ríomh[2]. Íocann an fostóir an cháin seo leis Na Coimisinéirí Ioncaim ar son an fhostaí.
- I láthair na huaire is é an ráta ÍMAT in Éirinn ná _____
- Creidmheasanna Cánach ➤ Is é is brí leis seo ná laghduithe a thugann an Rialtas amach i dtaobh na suime cánach is gá do gach duine a íoc. Braitheann na laghduithe seo ar chúiseanna pearsanta gach duine. *Mar shampla, daoine a bhfuil páistí faoi mhíchumas acu.*

[2] Calculate

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 122

Foirmeacha a úsáidtear do cháin ÍMAT

P45

- Is foirm í seo a thugann an fostóir don fhostaí nuair a fhágann sé/sí a p(h)ost.
- San fhoirm seo tá eolas ann faoin méid pá a thuill an fostaí agus an méid ÍMAT agus Árachais Shóisialta agus Pá-Choibhneasta (ÁSPC) a d'íoc sé/sí ó thús na bliana go dtí an uair a d'fhág sé/sí an post.

P60

- Is foirm í seo a thugann an fostóir don fhostaí ag deireadh na bliana cánach.
- San fhoirm seo tá eolas ann faoin méid pá a thuill an fostaí agus an méid ÍMAT agus Árachais Shóisialta agus Pá-Choibhneasta (ÁSPC) a d'íoc sé/sí i rith na bliana.
- Is féidir leis an bhfostaí é seo a úsáid chun aisíoc cánach a fháil.

Foirm 21

- Is foirm í seo a thugann na Coimisinéirí Ioncaim leis an bhfostaí ag deireadh na bliana cánach.
- San fhoirm seo cuirtear in iúl don fhostaí cé mhéad cánach a d'íoc sé/sí i rith na bliana i gcomparáid leis an méid cánach ba cheart dó/di a íoc i rith na bliana.
- Má tharlaíonn sé gur íoc sé/sí an iomarca cánach i rith na bliana gheobhaidh sé/sí aisíocaíocht. Ach, má tharlaíonn sé nár íoc sé/sí dóthain cánach i rith na bliana beidh air/uirthi an t-iarmhéid a íoc ar ais do na Coimisinéirí Ioncaim.

Foirm 12A

- Is foirm í seo is gá do gach fostaí a chomhlánú nuair a thosaíonn sé/sí ag obair i jab nua.
- Seolann sé/sí é chuig na Coimisinéirí Ioncaim ionas gur féidir leo a ríomh cé mhéad cánach is gá dó/di a íoc.

2. Árachas Sóisialta agus Pá-Choibhneasta (ÁSPC)

- Is é atá i gceist leis seo ná cáin a bhaineann an fostóir de thurastal an fhostaí agus a n-íoctar leis na Coimisinéirí Ioncaim í ar a s(h)on.
- Íocann an fostaí an cháin seo chun sochair a fháil sa todhchaí ar nós sochar leighis nó fiaclóra.

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 123

3. Cáin Bhreisluacha (CBL)

- Is é atá i gceist leis seo ná cáin a íocann teaghlaigh nuair a cheannaíonn siad earraí agus seirbhísí ó ghnólachtaí.
- Cuirtear an cháin seo san áireamh sa phraghas a íocann siad sa siopa.
- An ráta is airde CBL ná _____

4. Mótarcháin

- Is gá do gach teaghlach a bhfuil gluaisteán amháin nó níos mó acu mótarcháin a íoc lena údarás áitiúil gach bliain.
- Braitheann a méid cánach is gá a íoc ar leibhéil na n-astúchán[3] a thagann as an ngluaisteán.
- Truailliú níos mó = Cáin níos mó

5. Cáin Ghnóthachan Caipitiúil (CGC)

- Is é atá i gceist leis seo ná cáin is gá do theaghlach a íoc nuair a dhíolann siad sócmhainn agus brabús a dhéanamh as an díolachán sin.
- An Cháin Ghnóthachan Caipitiúil (CGT) a íocann siad tá an cháin sin cothrom le 20% den bhrabús a dhéanann siad.

6. Cáin Fháltas Caipitiúil (CFC)

- Cáin a íocann tú ar bhronntanas nó oidhreacht[4] a fhaigheann tú.
- Braitheann an méid cánach a íocann tú ar an duine a thug an oidhreacht duit agus an luach a bhí leis.
- Is é an ráta Cánach Fáltas Caipitiúil ná _____
- Is gá duit féin ríomh a dhéanamh ar an gCáin Fháltas Caipitiúil is gá duit a íoc agus í a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim.
- Ní gá do dhaoine atá pósta le chéile Cáin Fháltas Caipitiúil a íoc ar earraí/bhronntanais a fhaigheann siad óna chéile.

7. Cáin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT)

- Cáin a íocann teaghlach ar ús a thuilleann siad sa bhanc nó sa chomhar creidmheasa.
- Is é an ráta DIRT ná _____

[3] Emission
[4] Inheritance

UNIT 4.Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 124

Cáin a Íocann Gnólachtaí

1. Cáin Fhéinmheasúnaithe
2. Cáin Chorparáide
3. Cáin Bhreisluacha
4. Rátaí Tráchtála
5. Árachas Sóisialta agus Pá-Choibhneasta an Fhostóra
6. Dleachtanna Custaim

1. Cáin Fhéinmheasúnaithe

- Is é atá i gceist leis seo ná cáin a íocann Trádálaí Aonair nó Comhpháirtíocht ar an mbrabús a dhéanann sé/sí/siad i rith na bliana.
- Is gá ríomh a dhéanamh ar an méid cánach is gá a íoc agus í a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim.
- Chun a chinntiú nach mbíonn aon chaimiléireacht ar bun is féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim iniúchóir a chur amach chuige/chuici/chucu agus iniúchadh a dhéanamh ar na cuntais.

2. Cáin Chorparáide

- Is é atá i gceist leis seo ná cáin a íocann gnólachtaí ar an mbrabús a dhéanann siad i rith na bliana.
- Is é an ráta cánach corparáide ná _____
- Is gá dóibh ríomh a dhéanamh ar an méid cánach is gá a íoc agus í a íoc leis na Coimisinéirí Ioncaim.
- Chun a chinntiú nach mbíonn aon chaimiléireacht ar bun is féidir leis na Coimisinéirí Ioncaim iniúchóir a chur amach chuig láthair an ghnólachta agus iniúchadh a dhéanamh ar chuntais an ghnólachta.

3. Cáin Bhreisluacha

- Is é atá i gceist leis seo ná cáin is gá do ghnólachtaí chur ar phraghsanna na n-earraí agus seirbhísí a dhíolann siad leis an bpobal.
- Bailíonn siad an cháin seo ón tomhaltóir nuair a cheannaíonn siad an t-earra.
- Is gá do ghnólachtaí CBL a íoc nuair a cheannaíonn siad earraí. Ach, is féidir leo aisíocaíocht a fháil ar an gcáin a íocann siad.

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 125

4. Rátaí Tráchtála

- Is é atá i gceist leis seo ná cáin is gá do ghnólachtaí a íoc leis an údarás áitiúil gach bliain.
- An tsuim a íocann siad braitheann sí ar luach áitreabh an ghnólachta.

5. Árachas Sóisialta agus Pá-Choibhneasta an Fhostóra[5]

- Íocann gnólachtaí an cháin seo leis na Coimisinéirí Ioncaim má tá daoine fostaithe acu.
- An tsuim a íocann siad braitheann sí ar ollphá an fhostaí.

6. Dleachtanna Custaim

- Nuair a iompórtálann gnólachtaí earraí ó thíortha iasachta lasamuigh den Aontas Eorpach, is gá do na gnólachtaí cáin a íoc ar luach na hiompórtála sin.
- Ní féidir leis an ngnólacht na hearraí a fháil go dtí go n-íocann sé an dleacht chustaim. Ní scaoiltear na hearraí ó chustam go dtí go n-íoctar an cháin.

An Tionchar Cánach ar Ghnólachtaí

1. Brabúis níos lú

Caithfidh gnólachtaí Rátaí Tráchtála agus ÁSPC a íoc. Cuireann sé seo le costais an ghnólachta agus íslíonn sé brabús an ghnólachta.

2. Díolacháin níos lú

Is gá do ghnólachtaí CBL a ghearradh ar earraí agus seirbhísí (23% agus 13.5% ag brath ar a bhfuil i gceist) a dhíolann siad. Bíonn orthu an t-airgead seo a chur ar aghaidh go dtí an rialtas. Ardaíonn sé praghsanna sa ghnólacht agus bíonn drochthionchar aige seo ar na díolacháin.

3. Tuilleadh Costas

Bíonn ar ghnólachtaí cuntasóirí a fhostú chun a leabhair a chomhardú ag deireadh na bliana. Arís, ardaíonn sé costais an ghnólachta agus brúnn sé sin brabús an ghnólachta síos.

4. Níos lú Ragoibre

Gearrtar pá ragoibre ag 41% de ghnáth. Mar thoradh air seo bíonn drogall ar fhostaithe ragobair a dhéanamh.

---

5 Employers' Pay Related Social Insurance

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 126

Na Cosúlachtaí & Na Difríochtaí idir Cánachas Teaghlaigh agus Cánachas Gnó

Na Cosúlachtaí

- Is gá don dá cheann iad féin a **chlárú** leis na Coimisinéirí Ioncaim.
- Is gá don dá cheann an **tsuim cheart** cánach a íoc in am.
- Is gá don dá cheann **taifid** dá gcuid cuntas cánach a choimeád.
- Is gá don dá cheann **foirmeacha cánach** a chomhlánú.

Na Difríochtaí

- Faigheann **gnólachtaí lascainí breise cánach ón** rialtas.
- Faigheann **gnólachtaí aisíocaíocht ar aon CBL** a íocann siad.
- Dé ghnáth **íocann gnólachtaí níos mó cánach** ná teaghlach, mar, de ghnáth, bíonn siad i bhfad níos mó i méid.

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2010 Roinn 1 – Ceist 7 – 10 Marc

Léirigh an difríocht atá idir na prionsabail árachais 'Leas Inárachais' agus 'Slánaíocht'.

(a) Is é is Leas Inárachais ann ná:

(b) Is é is Slánaíocht ann ná:

2010 Roinn 1 – Ceist 10 – 10 Marc

(a) Ó na figiúirí seo a leanas ríomh glanphá Hazel Ní Dhoinn.
Ollphá €50,000, Creidmheasanna Cánach €6,000, Ráta Caighdeánach Cánach 20%
An tArdráta Cánach 41%, Scoithphointe €36,400

(b) Luaigh **dhá** chreidmheas cánach a bhféadfadh duine a bheith i dteideal iad a fháil.

2009 Roinn 1 – Ceist 1 – 10 Marc

Déan idirdhealú idir na foirmeacha cánachais seo a leanas: Foirm P45 agus Foirm P60.

(a) Is éard is P45 ann ná:

(b) Is éard is P60 ann ná:

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 127

2009 Roinn 1 – Ceist 3 – 10 Marc

Déan idirdhealú idir 'Dliteanas Poiblí' agus 'Ráthaíocht Dílseachta' mar chineálacha árachais.
(a) Is éard is Árachais Dliteanais Phoiblí ann ná:
(b) Is éard is Ráthaíocht Dílseachta ann ná:

2008 Roinn 1 – Ceist 10 – 10 Marc

(a) Bhí teach ag Seán Ó Néill arbh fhiú €350,000 é agus bhí sé faoi árachas €300,000 aige nuair a tharla páirtchaillteanas €63,000 de bharr tine. Ríomh an méid a íocfaidh an comhlacht árachais.
(b) Ainmnigh an prionsabal árachais atá i gceist in (a) thuas.

2007 – Roinn 3 – Ceist 5(A) - 20 Marc

Déan idirdhealú idir na foirmeacha cánachais seo a leanas: *Foirm P21* agus *Foirm P60*.

2007 – Roinn 3 – Ceist 5(B) - 20 Marc

Ón eolas seo a leanas, ríomh an pá glan bliantúil a thugann Siún Nic Cormaic abhaile. Is fostaí de chuid Uí Loingsigh Tta, Printéirí, í Siún Nic Cormaic agus tuilleann sí €84,000 mar ollphá bliantúil. Lamháiltear na creidmheasanna cánach seo a leanas di: Creidmheas duine shingil de €1,760 agus creidmheas ÍMAT de €1,760. Is iad na rátaí cánach ná 20% ar an gcéad €34,000 (scoithphointe an ráta chaighdeánaigh) agus 41% ar an bhfuílleach. Is é an ráta ÁSPC (tobhach sláinte san áireamh) ná 6% ar an chéad €48,800 agus 2% ar an fhuílleach.

2006 – Roinn 3 – Ceist 5(A) - 20 Marc

(i) Taispeáin an difríocht atá idir slánaíocht agus leas inárachais. Léirigh do fhreagra.
(ii) Déan idirdhealú idir árachas teaghlaigh agus árachas gnó.

2005 Roinn 1 – Ceist 7 – 10 Marc

Déan idirdhealú idir na prionsabail árachais (i) Meon lánmhaith agus (ii) Slánaíocht.

2004 Roinn 1 – Ceist 3 – 10 Marc

Léirigh do thuiscint ar an téarma "Creidmheas Cánach"

2003 Roinn 1 – Ceist 2 – 10 Marc

Déan idirdhealú idir P45 agus P60

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 128

2002 Roinn 3 – Ceist 5(B) - 20 Marc

Mínigh trí phrionsabal tábhachtacha i gcúrsaí Árachais.

2000 Roinn 1 – Ceist 9 – 10 Marc

Dá mbeadh Éir£450,000 de luach ar an margadh ag áitreabh agus é faoi árachas de luach Éir£350,000 nuair a tharla páirtchaillteanas de Éir£124,000 de bharr tine i gcuid na n-oifigí den fhoirgneamh, ríomh an méid cúitimh a bheadh le híoc leis an árachaí. Mínigh do fhreagra.

If a Business premises had a market value of IR£450,000 and was insured for IR£350,000 when a partial loss of IR£124,000 was caused due to a fire in the office part of the building, calculate the amount of compensation to be paid to the insured. Explain your answer

1999 Roinn 3 – Ceist 5(B) - 20 Marc

Is gnó teaghlaigh pluiméireachta agus teasa lárnaigh é *"Watertight Ltd"*. Tá asraon páirteanna a dhíolann páirteanna leis an bpobal agus le lucht ceirde mar chuid de. Tá triúr pluiméirí cáilithe fostaithe sa ghnó agus oibríonn siad ar fud an cheantair agus baineann siad leas as veaineanna an fhiontair.

Déan cur síos ar na cineálacha éagsúla cánacha agus cineálacha éagsúla árachais a mbeifeá ag súil go mbeadh cleachtadh ag *"Watertight Ltd"* orthu. Tabhair Cúiseanna le do rogha.

Watertight is a family run plumbing and central heating business. It has a parts outlet that sells to the public and to the trade. It employs three qualified plumbers who work throughout the area using the enterprise's vans.

Describe the various types of taxes and types of insurance which you would expect 'Watertight Ltd' to be familiar with. Give reasons for your choice.

AONAD

4 CAIBIDIL 13 AIRGEADAS

Réamhaisnéis Faoi Shreabhadh Airgid Thirim/ Buiséadú

- Ullmhaíonn gnólachtaí agus teaghlaigh réamhaisnéis faoi shreabhadh airgid thirim chun a chinntiú go mbeidh an t-airgead acu chun billí a íoc. Léiríonn Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid Thirim cé mhéad airgid a bheidh ag gnólachtaí nó ag teaghlach sa todhchaí.
- Seo mar a dhéantar é: na híocaíochtaí a bheidh acu sa todhchaí baineann siad iad ón ioncam a bheidh acu sa todhchaí, agus ansin fágtar iad leis an airgead glan.

Samplaí d'Ioncam a bheadh ag Gnólacht

1. Díolacháin stoic.
2. Nuair a fhaigheann sé airgead óna fhéichiúnaithe[1].
3. Nuair a fhaigheann sé ús ón mbanc.
4. Cíos a fhaigheann sé ó aon fhoirgneamh atá aige.

Samplaí d'Íocaíochtaí a bheadh ag Gnólacht

1. Nuair a íocann gnólacht agus stoc á cheannach aige.
2. Billí.
3. Nuair a íocann gnólacht agus sócmhainní á gceannach aige.
4. Díbhinn a íocann sé le scairshealbhóirí
5. Tuarastal na bhFostaithe
6. Cáin

[1] Debtors

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 130

Cad a dhéanann Gnólachtaí nuair a bhíonn drochshreabhadh airgid aige?

1. Méadú ar Ioncam

Trí **stoc** a dhíol ar phraghas níos saoire chun breis airgid a dhéanamh.
Trí **scaireanna/ úinéireacht** sa ghnólacht a dhíol.
Trí airgead a fháil óna **fhéichiúnaithe.**

2. Ísliú ar íocaíochtaí

Trí earraí (gluaisteáin, ríomhairí) a cheannach ar **fhruilcheannach.**
Trí **ghearradh siar** a dhéanamh. Cén chaoi? _____
Trí **dhíbhinn níos lú** a íoc amach.

Cén fáth a n-ullmhaíonn gnólachtaí réamhaisnéis faoi shreabhadh airgid thirim?

1. **Féimheacht a sheachaint ➤** Tugann sí foláireamh dóibh más rud é go mbeidh drochshreabhadh airgid thirim ag teacht aníos sa todhchaí.
2. **Infheistíocht ➤** Cuirtear in iúl dóibh roimh ré cén uair a bheidh fuílleach airgid acu sa todhchaí. Is féidir leo an t-airgead seo a infheistiú agus breis airgid a dhéanamh don ghnólacht.
3. **Smacht/ Rialú ➤** Bíonn a fhios ag gnólachtaí cé acu atá siad nó nach bhfuil siad ag baint a spriocanna airgeadais amach.

4. **Iasachtaí ➤** Chun a chruthú don bhanc gur féidir leo bainistíocht mhaith a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais.

Samplaí d'ioncam a bheadh ag Teaghlaigh

1. Pá
2. Sochar Linbh
3. Ús ón mBanc

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 131

Samplaí d'Íocaíochtaí a bheadh ag Teaghlaigh

1. Caiteachas
2. Morgáiste
3. Táillí

Cad a dhéanann teaghlaigh má bhíonn drochbhuiséad acu?

1. **Meadú ar Ioncam**
   Trí **ragobair** a dhéanamh.
   Trí **sheomra** sa teach a chur amach ar **cíos**.
2. **Ísliú ar íocaíochtaí**
   Trí earraí (gluaisteáin, ríomhairí) a cheannach ar **fhruilcheannach**.
   Trí **ghearradh siar** a dhéanamh. Cén chaoi? _____

Cén fáth a ndéanann teaghlaigh Buiséadú?

1. **Drochshreabhadh airgid thirim a sheachaint** ➤ Tugtar foláireamh dóibh cé acu a bheidh nó nach mbeidh drochshreabhadh airgid thirim ag teacht aníos sa todhchaí.
2. **Infheistíocht** ➤ Cuirtear in iúl dóibh cé acu a bheidh nó nach mbeidh fuílleach airgid acu sa todhchaí. Is féidir leo an t-airgead seo a infheistiú.
3. **Iasachtaí** ➤ Chun a chruthú don bhanc gur féidir leo bainistíocht mhaith a dhéanamh ar chúrsaí airgeadais.

An Scarbhileog

- Baineann an-chuid gnólachtaí úsáid as scarbhileog chun réamhaisnéis faoi shreabhadh airgid thirim a dhréachtú.
- Is bogearraí ríomhaireachta[2] atá i gceist leis seo a úsáidtear don chuntasaíocht bhunúsach.

Na Buntáistí a bhaineann le Scarbhileog

- Is féidir cuntasaíocht bhunúsach a dhéanamh go tapa
- Is féidir leis an ngnólacht pleanáil mhaith a dhéanamh leis seo.

[2] Computer Software

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 132

Foinsí Airgeadais don Teaghlach agus don Ghnólacht

	Teaghlach	Gnólacht
Gearrthéarmach	Rótharraingt Bhainc Speansais Fhabhraithe Cárta Creidmheasa	Rótharraingt Bhainc Speansais Fhabhraithe Creidmheas Trádála
Meántéarmach	Fruilcheannach Léasú Iasacht Phearsanta	Fruilcheannach Léasú Iasacht Théarmach
Fadtéarmach	Morgáiste Sábháil	Bintiúr Deontais Scairchaipiteal

Na tosca is gá a chur san áireamh agus foinse airgeadais á roghnú agat

1. **Riosca** – Cad a tharlóidh don ghnólacht mura féidir an iasacht a aisíoc?
2. **Ús** – Cé mhéad úis atá ar an iasacht? An bhfuil aon táille sa bhreis is gá a íoc?
3. **Urrús** – An gá don ghnólacht an foirgneamh a chur ar fáil mar ráthaíocht/ chomhthaobhacht chun an iasacht a fháil?
4. **Rialú/ Smacht** – An gá don fhiontraí aon chuid/ chéatadán den ghnólacht a thabhairt don duine atá ag tabhairt airgid don ghnólacht?
5. **Feidhm** – Ba chóir go mairfeadh an t-earra a cheannaíonn tú níos faide ná an iasacht.
6. **Cáin** – Uaireanta tagann lascaine cánach leis na hiasachtaí.

Foinsí Gearrthéarmacha Airgeadais

1. Rótharraingt Bhainc

Ligeann an banc don ghnólacht nó don teaghlach rudaí a cheannach fiú mura bhfuil an t-airgead acu. Déantar é seo trí sheiceanna a scríobh. Mar sin, glacann an banc leis an seic nuair a dhéanann an soláthraí iarracht an t-airgead a lóisteáil agus íocann an gnólacht nó an teaghlach an banc ar ais móide ús. Ceannaíonn an gnólacht nó an teaghlach rudaí beaga leis seo de ghnáth.

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 133

Buntáistí

- Ní íocann an gnólacht ná an teaghalach **ús** ach amháin ar an tsuim atá rótharraingthe aige.
- Níl aon **Urrús** ag teastáil do Rótharraingt Bhainc.
- Ní chailleann an t-úinéir **smacht** ar an ngnólacht agus níl teach an teaghlaigh i mbaol.

Míbhuntáistí

- Bíonn **ráta úis ard** i gceist le rótharraingt bhainc.
- Ar feadh **30 lá sa bhliain,** ar a laghad, is gá nach mbeadh rótharraingt sa chuntas bainc.
- Gearrann an banc **táillí breise** má théann an gnólacht nó an teaghlach thar an teorainn rótharraingthe bainc.

2. Speansais Fhabhraithe

Faigheann an gnólacht nó an teaghlach seirbhísí láithreach agus íocann siad astu níos déanaí.

Sampla ➤ *Bille Fóin Meteor. Déanann siad glaonna anois agus faigheann siad bille ag deireadh na míosa a thaispeánann dóibh na fiacha atá le híoc acu. Úsáidtear é seo le haghaidh seirbhísí leictreacha, gáis agus teileafóin.*

Buntáistí

- **Ní ghearrtar aon ús**, mar sin is modh airgeadais saor é
- Níl aon **urrús** ag teastáil.
- Ní chailleann an t-úinéir **smacht** ar an ngnó agus níl téach an teaghlaigh i mbaol.

Míbhuntáistí

- Má ghlacann an gnólacht nó an teaghlach an iomarca ama ag íoc an bhille ar ais **d'fhéadfaí iad a ghearradh den tseirbhís**. Ansin beidh an gnólacht nó an teaghlach gan an tseirbhís agus uaireanta beidh costas athcheangail i gceist.
- Ní oireann sé seo do gach cineál ceannaigh.

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 134

3. Creidmheas Trádála

Ligeann sé seo don ghnólacht stoc a cheannach láithreach agus íoc as níos déanaí. Tugann an soláthraí an stoc don ghnólacht agus tugann sé bille don ghnólacht ar a nglaoitear **sonrasc** *(invoice)*. Ar an sonrasc deir sé suim na bhfiach atá ag an ngnólacht agus an **dáta** a bheidh an íocaíocht dlite.

Mar shampla – Nuachtánaí ag ceannach irisleabhar HELLO ó Eason agus ag íoc astu nuair a dhíoltar iad.

Buntáistí

- Is foinse shaor airgeadais atá ann don ghnólacht. **Ní íoctar aon ús**.
- Níl aon **urrús** ag teastáil. Níl foirgneamh an ghnólachta i mbaol.
- Ní chailleann an t-úinéir **smacht** ar an ngnólacht.

Míbhuntáistí

- Mura n-íocann an gnólacht in am cailleann sé amach ar an **lascaine** atá ann má dhéantar íocaíocht tapa.
- Má bhíonn an gnólacht mall ag íoc go rialta tá baol ann go gcaillfidh an gnólacht a **rátáil chreidmheasa**.

Cárta Creidmheasa

Is féidir leis an teaghlach earraí a cheannach ar chárta creidmheasa agus gnólacht an chárta chreidmheasa sin a aisíoc. Agus ráiteas curtha chuig sealbhóir an chárta ag deireadh na míosa, má íoctar an tsuim ina hiomlán ar ais taobh istigh d'fhiche cúig lá ní bhíonn aon ús i gceist. Ach, gearrtar ráta cuibheasach ard úis ar an tsuim a bhíonn gan íoc ina dhiaidh sin.

Buntáistí

- Níl aon **urrús** ag teastáil.
- Tá sé níos **sábháilte** ná airgead a iompar timpeall leat.

Míbhuntáistí

- Má bhíonn an teaghlach mall ag déanamh aisíocaíochta tá an baol ann go ndéanfar dochar dá rátáil **chreidmheasa**.
- Is **modh airgeadais** an-chostasach é seo.

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 135

Foinsí Meántéarmacha Airgeadais

1. Fruilcheannach

Sócmhainn/ Earra a cheannach agus íoc aisti/as i dtráthchodanna. De réir dlí, is leis an ngnólacht an tsócmhainn nuair a íocann sé an aisíocaíocht **dheireanach**. Úsáidtear fruilcheannach chun sócmhainní costasacha a cheannach a bheadh as feidhm laistigh de 5 bliana.

Buntáistí

- Faigheann an gnólacht nó an teaghlach an t**sócmhainn láithreach** gan an t-airgead uile a íoc.
- Níl aon **urrús** ag teastáil. Ní gá don ghnólacht nó don teaghlach aon **ráthaíocht/ chomhthaobhacht** a thabhairt. Mar sin, ní leis an ngnólacht nó leis an teaghlach an tsócmhainn go dtí go ndéanann siad an **aisíocaíocht dheireanach.**
- An t-ús a íocann an gnólacht tá sé **in-asbhainteach ó thaobh cánach**. Níl sé in-asbhainteach i gcás an teaghlaigh.
- Ní chailleann an t-úinéir **smacht** ar an ngnó agus níl teach an teaghlaigh i mbaol.

Míbhuntáistí

- Is **modh airgeadais** an-chostasach é seo.
- Is féidir leis an ngnólacht nó an teaghlach an **t-earra a chailleadh** mura n-íocann siad an tráthchuid dheireanach.

2. Iasacht Théarmach

Faigheann an **gnólacht** iasacht ón mbanc agus íocann sé an iasacht seo ar ais i dtráthchodanna laistigh de chúig bliana. Úsáidtear é chun sócmhainní costasacha a cheannach a bheadh as feidhm laistigh de 5 bliana.

Buntáistí

- Tá sé seo níos saoire ná fruilcheannach.
- An t-ús a íocann an gnólacht tá sé **in-asbhainteach ó thaobh cánach.**
- Ní chailleann an t-úinéir **smacht** ar an ngnó.

Míbhuntáistí

- Bíonn urrús ag teastáil, de ghnáth.
- Má **ardaíonn an Banc Ceannais Eorpach (ECB) rátaí úis, ardóidh sin na rátaí úis** is gá don ghnólacht a íoc.

UNIT 4.Layout 1 13/07/2012 08:34 Page 136

3. Iasacht Phearsanta

Faigheann an **teaghlach** iasacht ón mbanc agus íoctar an iasacht seo ar ais i dtráthchodanna laistigh de chúig bliana. Úsáidtear é chun sócmhainní costasacha a cheannach a bheadh as feidhm laistigh de 5 bliana.

Buntáistí

- Tá sé seo níos saoire ná fruilcheannach.
- Níl aon urrús ag teastáil. Níl aon bhaol ann go gcaillfidh an teaghlach a dteach.

Míbhuntáistí

- Íocann an teaghlach ús ar an méid a fuair siad ar iasacht ar dtús. Ní bheidh aon laghdú ar na tráthchódanna a bheidh le haisíoc acu.

4. Léasú

An tsócmhainn/ trealamh a fháil ar cíos ó chomhlacht airgeadais. Ní bhíonn úinéireacht ag an gnólacht/teaghlach ar an sócmhainn riamh. Ag deireadh na tréimhse léasaithe tugann an gnólacht an tsócmhainn ar ais go dtí an comhlacht airgeadais. Úsáidtear é seo chun sócmhainní atá réasúnta costasach a cheannach a bheadh as feidhm laistigh de 5 bliana.

Buntáistí

- Faigheann an gnólacht nó an teaghlach an t**sócmhainn láithreach** gan an t-airgead uile a íoc.
- Níl aon urrús ag teastáil. Ní gá don ghnólacht nó don teaghlach aon **ráthaíocht/ chomhthaobhacht** a thabhairt.
- Bíonn **trealamh nua-aimseartha** ag an ngnólacht nó ag an teaghlach an t-am ar fad. Is féidir trealamh nua a fháil i ndiaidh gach tréimhse léasaithe.
- An cíos a íocann an gnólacht tá sé **in-asbhainteach ó thaobh cánach.** Níl sé in-asbhainteach i gcás an teaghlaigh.
- Ní chailleann an t-úinéir **smacht** ar an ngnó agus níl teach an teaghlaigh i mbaol.

Míbhuntáistí

- Is féidir an t-earra a chailleadh mura gcoimeádann an gnólacht/ teaghlach suas leis na híocaíochtaí.
- An cíos a íocfar d'fhéadfadh sé bheith níos costasaí ná an t-earra a cheannach.

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:35 Page 137

Foinsí Fadtéarmacha Airgeadais

1. Bintiúr (Gnó)

Bíonn an iasacht seo clúdaithe le sócmhainní an ghnólachta. Mura féidir leis an ngnólacht na hiasachtaí a aisíoc tógann an banc an tsócmhainn atá curtha síos mar **ráthaíocht/ chomhthaobhacht**. Gach bliain íocann an gnólacht ús ar an mbintiúr ach íocann sé an bintiúr ar ais in aon mhóríocaíocht amháin ar dháta a shocraítear sa todhchaí. Úsáidtear é seo chun sócmhainní costasacha a cheannach a mbeadh saolré níos faide ná 5 bliana acu. *Mar shampla, foirgneamh.*

Buntáistí

- An t-ús a íocann an gnólacht tá sé **in-asbhainteach ó thaobh cánach**.
- Ní chailleann an t-úinéir **smacht** ar an ngnó.

Míbhuntáistí

- Bíonn **urrús** ag teastáil. Is féidir leis an mbanc seilbh a ghlacadh ar fhoirgneamh an ghnólachta mura gcoimeádann an gnólacht suas leis na híocaíochtaí.
- An-**deacair** iasacht bintiúir a fháil. Rátáil chreidmheasa iontach agus ráthaíocht/ comhthaobhacht chostasach ag teastáil.

2. Deontais (Gnó)

Airgead a thugann an Rialtas don **ghnólacht** chun cabhrú leis íoc as rudaí. Is foinse airgeadais buan é seo nach gá don ghnólacht a aisíoc. Bíonn an deontas ar fáil ar an gcoinníoll nach sáraítear téarmaí an deontais. Cabhraíonn deontais chun sócmhainní costasacha a cheannach a mbeadh saolré níos faide ná 5 bliana acu.

Buntáistí

- Ní gá aon **ús** a íoc.
- Níl aon urrús ag teastáil. Ní gá don ghnólacht aon **ráthaíocht/ chomhthaobhacht** a thabhairt don rialtas
- Is airgead saor é deontais **nach gá a aisíoc**. Níl foirgnimh an ghnólachta i mbaol.

Míbhuntáistí

- Ní fhaigheann gnólacht deontas ach amháin faoi **choinníollacha an-ghéar**. Má bhriseann sé na coinníollacha seo bíonn air an t-airgead a íoc ar ais leis an rialtas.
- Ní thugann an rialtas ach **céatadán** den airgead atá ag teastáil ón ngnólacht.

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:35 Page 138

3. Scairchaipiteal (Gnó)

Díolann úinéirí an ghnólachta roinnt dá scaireanna le hinfheisteoirí mar bhealach chun airgead a aimsiú. Tá cumhacht ag na hinfheisteoirí sa ghnólacht ansin (1 scair = 1 vóta). Ós rud é gur leo cuid den ghnólacht faigheann siad cuid den bhrabús gach bliain. ***(Glaoitear díbhinn air seo.)*** Déanann stiúrthóirí an ghnólachta cinneadh mar gheall ar cé mhéad díbhinn a íoctar gach bliain. Úsáidtear scairchaipiteal chun sócmhainní costasacha a cheannach a mbeadh saolré níos faide ná 5 bliana acu. *Mar shampla, foirgneamh.*

Buntáistí

- Ós rud é nach iasacht é seo ní gá aon ús a íoc. Íoctar díbhinn faoi dhiscréid na stiúrthóirí.
- Níl aon urrús ag teastáil.
- Ní gá don ghnólacht bheith buartha faoin bhféimheacht. ➤ Ní bhfuair sé an t-airgead ar iasacht

Míbhuntáistí

- Is gá do na húinéirí cuid dá scaireanna sa ghnólacht a thabhairt d'infheisteoirí. Leis seo cailleann siad an **smacht** atá acu ar an ngnólacht.
- Na díbhinní a íoctar níl siad **in-asbhainteach ó thaobh cánach**.
- Tá sé an-chostasach díolacháin scaireanna a eagrú.

4. Morgáiste (Teaghlach)

Iasacht fhadtéarmach atá i gceist leis seo a úsáideann teaghlach chun teach a cheannach. Tá an teach mar urrús ar an iasacht seo. Mura féidir leis an teaghlach na haisíocaíochtaí a dhéanamh glacfaidh an banc seilbh ar an teach.

Buntáistí

- Is é an **t-ús** ar mhorgáiste an ráta úis is saoire atá ar aon iasacht.

Míbhuntáistí

- Mura féidir leis an teaghlach na haisíocaíochtaí a dhéanamh caillfidh siad an teach.

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:35 Page 139

5. Sábháil (Teaghlach)

Is é atá i gceist leis seo ná airgead a chuireann an teaghlach i dtaisce. Úsáidtear é chun rudaí costasacha a cheannach a bheadh saolré níos faide ná cúig bliana acu.

Buntáistí

- Ní gá aon **ús** a íoc ar ais.
- Níl aon bhaol ann go gcaillfidh an teaghlach an teach.

Míbhuntáistí

- Tógann sé an-chuid ama suim mhór airgid a chur i dtaisce.

Na tosca a chuireann na bainc san áireamh nuair atá iasacht á lorg agat

1. D'Ioncam
2. Do Charachtar
3. Na Sócmhainní atá agat
4. Aon iasachtaí eile atá agat
5. Rátáil Chreidmheasa
6. An caidreamh atá agat leo

Na Cosúlachtaí & Difríochtaí idir Bainistíocht Gnó agus Bainistíocht Teaghlaigh

Na Cosúlachtaí

1. Is gá don dá dhream **réamhaisnéis faoi shreabhadh airgeadais** a dhéanamh
2. Úsáideann an dá dhream **cumarsáid inmheánach agus sheachtrach.**
3. Is gá don dá dhream airgead a aimsiú agus **iasachtaí** a thógáil amach.
4. Is gá don dá dhream smacht a choinneáil nó rialú a dhéanamh. Is gá don dá dhream **smachtú/rialú stoic** a dhéanamh.

Na Difríochtaí

1. Déanann gnólachtaí **pleanáil daonchumhachtach**. Ní dhéanann teaghlach é seo.
2. Bíonn gnólachtaí **níos mó** ná teaghlaigh de ghnáth. Déanann bainisteoirí

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:35 Page 140

proifisiúnta na gnólachtaí a reáchtáil i gcomparáid le gnáthdhaoine a reáchtálann an teaghlach.

3. Díolann bainisteoirí gnólachta **táirgí agus fógraíocht** leis an bpobal. Ní dhéanann bainisteoirí teaghlaigh é seo.
4. Is gá don ghnólacht ríomh a dhéanamh ar an tsuim **cánach** is gá a íoc. Ní gá don teaghlach é seo a dhéanamh.

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2009 Roinn 3 – Ceist 5(B) – 20 Marc

Déan measúnú ar Chaipiteal Fiachais agus ar Chaipiteal Cothromais mar fhoinsí airgeadais chun gnó a leathnú.

2009 Roinn 3 – Ceist 6(C) - 20 Marc

"Is é an sreabhadh airgid cuisle gnólachta ar bith agus tá an bhainistíocht a bhaineann leis fíorthábhachtach má tá gnólacht le maireachtáil."

I Meán Fómhair 2008 d'ullmhaigh Ionad Garraíodóireachta an Fhearbáin an Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid seo a leanas.

Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid: Ionad Garraíodóireachta an Fhearbáin Deireadh Fómhair go Nollaig 2008					
		Deireadh Fómhair	**Samhain**	**Nollaig**	**Iomlán**
Receipts	**Fáltais**	€	€	€	€
Cash Sales	Díolachán ar Airgead síos	12,500	9,500	10,000	32,000
Credit Sales	Díolacháin Chreidmheasa	2,000	1,500	3,500	7,000
Total Receipts	Iomlán na bhFáltas	**14,500**	**11,500**	**13,500**	**39,000**
Payments	**Íocaíochtaí**				
Cash Purchases	Ceannacháin ar Airgead síos	1,000	2,500	4,000	7,500
Credit Purchases	Ceannacháin Chreidmheasa	5,000	2,000	1,000	8,000
Wages	Pá	6,000	6,000	7,500	19,500
Equipment	Trealamh	12,000	-	-	12,000
Total Payments	Iomlán na nÍocaíochtaí	**24,000**	**10,500**	**12,500**	**47,000**
Net Cash	Airgead Glan	-9,500	500	1,000	-8,000
Opening Cash	Airgead Tosaigh	3,000	-6,500	-6,000	-8,000
Closing Cash	Airgead Deiridh	-6,500	-6,000	-5,000	-5,000

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:35 Page 141

(i) Mínigh an buntáiste a bhaineann Ionad Garraíodóireachta an Fhearbáin as Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid a ullmhú.

(ii) Bunaithe ar an eolas a thugtar thuas, tabhair breac-chuntas ar conas a d'fhéadfadh Ionad Garraíodóireachta an Fhearbáin an riocht ina bhfuil Sreabhadh Airgid an Ghnólacht a fheabhsú.

2008 Roinn 1 – Ceist 7 – 10 Marc

(a) Sainaithin foinse oiriúnach airgeadais le veain seachadta a cheannach do ghnólacht nua.

(b) Tabhair **dhá** fháth le do rogha.

2008 Roinn 3 – Ceist 6(A) - 20 Marc

"Tá cosúlacht idir gnólacht a bhainistiú agus teaghlach a bhainistiú i réimse an airgeadais agus i réimse an chánachais."

Déan plé ar an ráiteas seo agus bíodh samplaí agat le tacú le do fhreagra.

2007 Roinn 3 – Ceist 6(B) - 20 Marc

D'ullmhaigh Balden Tta. an réamhaisnéis sreabhadh airgid seo a leanas:

2007	2007	Iúil	Lúnasa	M. Fómhair	Iomlán
Receipts	Fáltais	70,000	55,000	80,000	205,000
Payments	Íocaíochtaí	80,000	45,000	55,000	180,000
Net Cash	Airgead Tirim Glan	-10,000	10,000	25,000	25,000
Opening Cash	Airgead Tirim Tosaigh	3,000	-7,000	3,000	3,000
Closing Cash	Airgead Tirim Deiridh	-7,000	3,000	28,000	28,000

(i) Cén fáth a n-ullmhódh Balden Tta an réamhaisnéis sreabhadh airgid seo?

(ii) Cén chaoi a bhféadfadh an bhainistíocht déileáil leis an gceist airgeadais a thagann chun suntais sa réamhaisnéis seo?

2006 Roinn 1 – Ceist 9 – 10 Marc

(a) Sainmhínigh airgeadas gearrthéarmach:

(b) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** rogha d'airgeadas gearrthéarmach atá ar fáil do ghnó déantúsaíochta seanbhunaithe:

2005 Roinn 1 – Ceist 3 – 10 Marc

Liostaigh ***ceithre*** ghníomhaíocht atá cosúil le chéile nuair a bhíonn bainistíocht á déanamh ar theaghlach agus bainistíocht á déanamh ar ghnóthas.

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:35 Page 142

2005 Roinn 3 – Ceist 5(B) – 20 Marc

Déan cur síos, agus úsáid á baint agat as samplaí, ar na tosca nár mhór do bhainisteoir a chur san áireamh agus foinsí airgid i gcomhair leathnaithe á roghnú aici/aige.

2002 Roinn 3 – Ceist 5(A) - 20 Marc

Rianaigh dhá ghníomhaíocht atá comónta **agus** dhá ghníomhaíocht atá éagsúil nuair atá gnó á bhainistiú ag duine seachas teaghlach á bhainistiú aige.

2002 Roinn 3 – Ceist 5(C) - 20 Marc

Tá Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid do Throscán Gairdíní Éireann leagtha amach thíos:

		Iúil	Lúnasa	M. Fómhair	Iomlán
		€	€	€	€
Receipts	Fáltais	16,000	15,750	14,850	46,600
Payments	Íocaíochtaí	28,000	13,000	24,500	65,500
Net Cash	Airgead Tirim Glan	-12,000	2,750	-9,650	-18,900
Opening Cash	Airgead Tirim Tosaigh	8,500	-3,500	-750	8,500

(i) Rianaigh dhá chúis ar ullmhaigh Troscán Gairdíní Éireann an Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid thuas.

(ii) Déan anailís ar an Réamhaisnéis Shreabhadh Airgeadais. Maidir le dhá fhadhb a thuigtear duitse a bheith ag an ngnólacht, tabhair míniú orthu agus mol réiteach orthu.

2001 Roinn 3 – Ceist 5(A) - 20 Marc

Léigh an t-eolas leis seo agus freagair na ceisteanna a leanas.

Gnólacht beag bogearraí-a-scríobh é 'Capdata' i ndeisceart na hÉireann a bhfuil ceathrar fostaithe ann. Tá deis fáis aige ach is beag taithí atá aige ar ghnó a stiúradh ó lá go lá. Tá gá aige le foirgneamh, trealamh agus fostaithe a bhfuil scileanna teicneolaíochta sa ríomhaireacht acu chomh maith le scileanna bainistíochta gnó agus díolacháin.

Tugadh comhairle do 'Capdata' gur cheart dó an fhoinse airgeadais a mheaitseáil i gcónaí leis an sprioc a bhfuil an t-airgead le caitheamh air, pé acu foinse ghearrthéarmach, mheántéarmach nó fhadtréimhseach a roghnaíonn sé. Mínigh cén fáth é seo, agus samplaí i do fhreagra as gach cineál foinse airgeadais acu.

2000 Roinn 1 – Ceist 5 – 10 Marc

Críochnaigh an abairt: Cuidíonn 'Scarbhileog' le cuideachta chun:

UNIT 4:Layout 1 13/07/2012 08:35 Page 143

2000 Roinn 1 – Ceist 10 – 10 Marc

Liostaigh ***ceithre*** ghníomhaíocht chodarsnacha i mbainistíocht teaghlaigh agus i mbainistíocht ghnó.

1999 Roinn 1 – Ceist 9 – 10 Marc

Liostaigh ***dhá*** fhoinse ghearrthéarmacha agus ***trí cinn*** fhadtéarmacha a bheadh oiriúnach d'fhiontar ghnó nua.

Gearrthéarmach	Fadtéarmach
(i)	(i)
(ii)	(ii)
	(iii)

1999 Roinn 3 – Ceist 5(A) - 20 Marc

Déan cur síos go hachomair ar na gníomhaíochtaí a bhíonn comhchoiteann agus ar na gníomhaíochtaí a bhíonn difriúil ó thaobh gnó agus teaghlach a bhainistiú.

1999 Roinn 3 – Ceist 5(C) - 20 Marc

Réamhaisnéis Shreabhadh Airgid Thirim Ghnó Ton Ltd.

2007	2007	Eanáir	Feabhra	Márta	Iomlán
Receipts	Fáltais	40,000	50,000	55,000	**145,000**
Payments	Íocaíochtaí	38,000	53,000	57,500	**148,500**
Net Cash	Airgead Tirim Glan	2,000	-3,000	-2,500	**-3,500**
Opening Cash	Airgead Tirim Tosaigh	2,500	4,500	1,500	**2,500**
Closing Cash	Airgead Tirim Deiridh	4,500	1,500	-1,000	**-1,000**

(i) Mínigh an chúis a n-ullmhódh gnólacht Réamhaisnéis faoi Shreabhadh Airgid Thirim?

(ii) Cén mhí/ cad iad na mhíonna a bhfuil fadhb ag an ngnó thuas? Déan cur síos go hachomair ar na chúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis sin.

(iii) Luaigh dhá ní a d'fhéadfadh an gnó a dhéanamh chun cuidiú leis na fadhbanna a réiteach.

AONAD

5 CAIBIDIL 14 DEISEANNA A AITHINT I GCÚRSAÍ GNÓ

Nuair atá fiontraí ag smaoineamh faoi ghnólacht a bhunú is gá dó/di teacht ar smaoineamh maith. Is é atá i gceist leis seo ná smaoineamh a dhéanfaidh roinnt mhaith airgid.

Tagann smaointe maithe ó dhá phríomhfhoinse:

1. **Foinsí Inmheánacha** – Smaointe a bhaineann le do chuid laigí agus láidreachtaí pearsanta.
2. **Foinsí Seachtracha** – Smaointe a thagann ó na deiseanna agus bagairtí mórthimpeall ort.

Foinsí Inmheánacha do smaoineamh gnó

1. Scileanna agus Cineálacha Caitheamh Aimsire

Uaireanta bíonn scil/cumas faoi leith ag duine agus is féidir leis/léi gnó rathúil a dhéanamh dá sin. Uaireanta tá an scil/cumas seo i nádúr daoine nó forbraíonn siad an scil/cumas sin thar am.

Mar shampla, má tá scil ag duine sa ghalf is féidir leis/léi gnó a bhunú ag tabhairt ceachtanna gailf.

2. Taithí Pearsanta

Uaireanta, tarlaíonn eachtra a spreagann fiontraí chun gnó a bhunú. Tugann an taithí pearsanta sin an inspioráid dó/di chun rud éigean a dhéanamh faoi.

Msh: Bhunaigh Richard Branson Virgin Airways mar ní raibh sé sásta leis an tseirbhís a fuair sé ó British Airways.

3. Taighde agus Forbairt

Uaireanta bunaíonn an fiontraí rannóg taighde agus forbartha laistigh den ghnólacht. Tá sé mar aidhm ag an rannóg seo smaointe nua gnó a ghiniúint.

Mar shampla, tá rannóg taighde agus forbartha ag Nokia. Tá sé mar fhreagracht ann gutháin phóca nua a dhearadh agus a fhorbairt.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 145

4. Aiseolas ó Chustaiméirí

Uaireanta nuair a fhaigheann gnólachtaí gearán ó chustaiméirí tugann sé sin spreagadh dóibh smaointe nua a ghiniúint.

Mar shampla, bhíodh mná ag gearán le McDonalds go raibh an bia ann míshláintiúil. Anois soláthraíonn McDonalds biachlár ina bhfuil sailéid éagsúla agus díolann siad torthaí freisin.

5. Moltaí ó Fhostaithe

Is féidir le gnólacht smaointe nua a ghiniúint trí mholtaí a fháil óna gcuid fostaithe. Chun é seo a spreagadh is féidir le gnólachtaí scéimeanna a bhunú a thugann luachanna saothair don fhostaí a ghineann smaointe maithe.

Mar shampla, ghin fostaí Microsoft an smaoineamh chun "Xbox" a dhéanamh a rachadh in iomaíocht leis an "Sony Playstation"

Foinsí Seachtracha do smaoineamh gnó

1. Teaghlach agus Cairde

Is féidir le fiontraí smaoineamh gnó a fháil nuair a chloisfidh sé/sí cara ag gearán faoi ghanntanas táirge nó faoi sheirbhís ar leith.

2. Gníomhaireachtaí Stáit

Soláthraíonn eagraíochtaí Rialtais smaointe d'fhiontraithe faoi tháirgí agus faoi mhargaí nua.

Mar shampla, tugann Fiontraíocht Éireann (Enterprise Ireland) eolas d'fhiontraithe faoi dheiseanna gnó atá ar fáil ar fud an domhain.

3. Nuacht

Uaireanta bunaíonn fiontraithe gnóthaí nuair a léann siad rud éigin sa nuachtán a chuireann ina luí orthu go mbeidh éileamh do tháirge/ do sheirbhís nua ar leith.

Mar shampla, bhunaigh Olaf O'Moore Ecocabs Limited nuair a chuala sé go raibh Rialtas na hÉireann ag tabhairt deontas le haghaidh gnólachtaí nach ndéanann dochar don timpeallacht.

4. Iomaíocht

Is féidir le gnólachtaí smaointe nua a fháil trí scrúdú a dhéanamh ar earraí a gcuid iomaitheoirí agus earraí atá cosúil leo a chruthú.

Mar shampla, nuair a chonaic Microsoft cé chomh rathúil is a bhí an Sony Playstation chruthaigh sé an "XBox".

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 146

5. Ionadú Iompórtálacha

Is féidir le fiontraithe cóipeáil a dhéanamh ar earraí a iompórtáiltear isteach sa tír. *Mar shampla, bhunaigh Joe Murphy Tayto i 1954 nuair a d'aithin sé go raibh formhór na gcriospaí a bhí ar díol in Éirinn ag teacht isteach ón mBreatain Mhór.*

N.B.

Babhta Tobsmaointe

- Buaileann oibrithe gnólachtaí le chéile chun smaointe nua a fhorbairt do tháirge nó seirbhís nua.
- Spreagtar na hoibrithe chun smaoineamh a dhéanamh go cruthaitheach.
- Ní bhíonn aon teorainn ar na smaointe.
- Is féidir le smaoineamh amháin smaointe nua a spreagadh. Is foinse Inmheánach é seo.

Próiseas Forbartha Táirge / Seirbhíse Nua

1. Ag Giniúint Smaointe

I dtosach is gá smaointe a ghiniúint do tháirge. Is féidir smaointe a fháil ó **fhoinsí inmheánacha agus seachtracha.** Is fiú go mór **babhta tobsmaointe** sa chás seo.

Mar shampla, Cadbury's Fuse Bar. D'aithin Cadbury's bearna sa mhargadh le haghaidh barra seacláide nua. Ghin siad breis agus 20 barra seacláide nua.

2. Scagadh Táirgí

Déanann tú scagadh ar na smaointe uile agus roghnaíonn tú na cinn is fearr. An chúis a bhfuil gá le scagadh a dhéanamh ar smaointe ná chun idirdhealú a dhéanamh idir na smaointe maithe agus na drochsmaointe. Déantar é seo tríd an anailís LLDB.

Mar shampla, Cadbury's Fuse Bar. Rinneadh scagadh ar an bhfiche barra seacláide difriúla. Diúltaíodh aon bharra nach raibh blas deas uaidh nó aon cheann a bhí mar an gcéanna le haon bharra a bhí ar an margadh cheana féin.

3. Forbairt ar an gCoincheap

Is gá cinneadh a dhéanamh faoi riachtanais áirithe an chustaiméara a gcaithfidh an táirge iad a shásamh. Is gá cúpla ceist a chur:

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 147

- Cén **fheidhm** a bheidh ag an táirge?
- Cén sórt **cuma** a bheidh ar an táirge?
- Cén gné uathúil díolacháin (USP) a bheidh ag an táirge?

Mar shampla, Cadbury's Fuse Bar. Chuir Cadburys le chéile an coincheap maidir leis an "Fuse Bar". Bhí an-chuid comhábhar difriúil sa bharra seo ar nós cnónna, rísíní agus gránach.

4. Staidéar Féidearthachta

Seo nuair a dhéanann an gnólacht scrúdú ar na hacmhainní atá aige. Tríd an scrúdú seo faigheann sé amach an bhfuil na hacmhainní aige chun an t-earra a tháirgeadh ar chostas réasúnta agus é a dhíol ar phraghas brabúsach. Déanann sé staidéar ar an leibhéal díolacháin lena bhfuil sé ag súil leis an táirge. Mura gceapann sé gur féidir leis an pointe meá ar mheá[1] a shárú ní théann an gnólacht ar aghaidh leis an smaoineamh.

Mar Shampla, Cadbury's Fuse Bar. Toisc go dteipeann ar fhormhór barraí seacláide nuair a théann siad ar an margadh rinne Cadbury's líon mór scrúduithe. Chabhraigh na torthaí seo le Cadbury's ríomh a dhéanamh ar líon na mbarraí ba cheart a dhíol sa chéad ráithe den bhliain. Bhí Cadbury's sásta le torthaí an staidéir fhéidearthachta agus mar sin lean sé ar aghaidh le táirgeacht an bharra.

5. Fréamhshamhail a fhorbairt

Is é seo an chéad sampla den earra a tháirgeann an gnólacht. Déantar é seo chun a chruthú go bhfuil an táirge indéanta. Leis seo aithnítear agus réitítear na fadhbanna a bhaineann leis an táirge. Déantar fréamhshamhail arís agus arís eile go dtí go mbeidh an táirge foirfe.

Mar shampla, Cadbury's Fuse Bar. Chuaigh Cadbury's trí líon mór de chineálacha pacáistithe agus ainmneacha difriúla don bharra seacláide.

6. Margaíocht Tástála

Anseo tugann tú an táirge do líon beag daoine sa mhargadh agus déanann tú staidéar ar an aiseolas[2] a thugann siad duit. Ansin, déanann tú na hathruithe atá riachtanach. Laghdaíonn an chéim seo an riosca atá ann go dteipfidh ar an táirge.

Mar shampla, Cadbury's Fuse Bar. D'éirigh go han-mhaith leis an "Fuse Bar" sa mhargaíocht tástála. Dúirt 83% de na daoine a rinne é a thástáil go gceannóidís an táirge.

1 Break Even Point
2 Feedback

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 148

7. Táirgeacht agus Seoladh ar an Margadh

Anseo déantar cinneadh táirgeacht leanúnach a dhéanamh ar an earra. Ag an gcéim seo cuirtear feachtas margaíochta i bhfeidhm freisin. De ghnáth, is é an Stiúrthóir Bainistíochta a dhéanann an cinneadh seo.

Mar shampla, Cadbury's Fuse Bar. Dhíol Cadbury's 70 milliún barra sa chéad trí mhí.

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2010 Ardleibhéal – Roinn 1 – Ceist 2 – 10 Marc

Déan idirdhealú idir '*Forbairt Fréamhshamhla*' agus '*Margaíocht Tástála*' mar chéimeanna i bpróiseas forbartha táirge nua.

2009 Ardleibhéal – Roinn 3 – Ceist 7(A) – 20 Marc

Olympian Tta is ainm do chuideachta a tháirgeann éadach spóirt brandáilte atá ar chaighdeán ard. Tar éis próisis fhada de thaighde margaidh tá an gnólacht anois ag leathnú a ghnó agus raon nua de Chultacha Spóirt Húdaí a dhéanamh dírithe ar an margadh déagóirí.

Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna i bpróiseas forbartha an raoin nua de Chultacha Spóirt Húdaí.

2008 Ardleibhéal – Roinn 3 – Ceist 7(C) – 15 Marc

Déan measúnú ar thábhacht 'Staidéar Indéantachta' agus 'Forbairt Fréamhshamhla' i bpróiseas forbartha táirge nua de do rogha féin.

2006 Ardleibhéal – Roinn 3 – Ceist 7(A) – 20 Marc

Tá súil ag Déirdre Ní Mhaoldomhnaigh a gnó féin a bhunú le dul ag plé le táirgí cosmaideacha agus áille phearsanta, agus é dírithe ar mhargadh an tomhaltóra. Is comhairleoir margaíochta tusa agus tháinig sí chugatsa ag lorg roinnt comhairle maidir leis an margaíocht. Mínigh di, i bhfoirm tuairisce **amháin**:

Na céimeanna a bhaineann le forbairt táirge/seirbhíse nua.

2005 Ardleibhéal – Roinn 3 – Ceist 6(A) – 25 Marc

Pléigh ***ceithre*** fhoinse sheachtracha a spreagfadh tuairimí faoi tháirgí nó sheirbhísí nua.

2004 Ardleibhéal – Roinn 1 – Ceist 9 – 10 Marc

Úsáidtear 'Staidéar Indéantachta' chun:

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 149

2003 Ardleibhéal – Roinn 3 – Ceist 7(A) – 25 Marc

Léirigh dhá fhoinse inmheánacha agus dhá fhoinse sheachtracha de smaointe nua do tháirge nó do sheirbhís.

2001 Ardleibhéal – Roinn 3 – Ceist 7(A) – 20 Marc

Rianaigh trí fhoinse a d'fhéadfadh duine tionscantach a spreagadh chun smaointe nua gnó a aithint.

2000 Ardleibhéal – Roinn 3 – Ceist 6 – 60 Marc

Déan anailís ar phróiseas forbartha Tháirge/Sheirbhíse nua de do rogha féin faoi na ceannteidil seo a leanas:

(A) Giniúint an Smaoinimh

(B) Scríneáil Táirge/Seirbhíse

(C) Forbairt an Choincheapa

(D) Staidéar Indéantachta

(E) Forbairt Samhla.

1999 Ardleibhéal – Roinn 1 – Ceist 8 – 10 Marc

Mínigh an téarma "staidéar indéantachta"

1999 Ardleibhéal – Roinn 3 – Ceist 7(A) – 20 Marc

Deirtear gurb í feidhm margaíochta eagraíochta an tsuimint a choinníonn na codanna uile le chéile. Cinntíonn sí go mairfidh an eagraíocht.

Déan cur síos go hachomair ar na céimeanna a bhaineann le próiseas forbartha tháirge nó sheirbhís nua.

AONAD

5 CAIBIDIL 15
TÚS Á CHUR LE GNÓLACHT

Bíonn trí rogha móra le déanamh ag an bhfiontraí nuair a bheidh sé/sí ag bunú gnólachta:

1. **Úinéireacht** – cén cineál gnó a bheidh ann ó thaobh na húinéireachta? Trádálaí Aonair, Comhpháirtíocht nó Cuideachta Phríobháideach Theoranta.
2. Cén **modh táirgeachta** ba chóir a úsáid?
3. Cad iad na **foinsí airgeadais** ba chóir a úsáid?

Rogha 1: Úinéireacht

1. Trádálaí Aonair

Úinéir amháin a bhíonn i gceist le gnólacht trádálaí aonair. Is é an duine céanna é sin a reáchtálann an gnó. *Mar shampla, poitigéir nó feirmeoir.*

Buntáistí

- **Beagán foirmiúlachta** agus páipéarachais i gceist. Is gá clárú ar www.cro.ie
- Coimeádann an trádálaí aonair an **brabús** go léir.
- **Smacht** iomlán ar an ngnó. Is féidir cinntí a dhéanamh go tapa.
- **Rúndacht** – Ní gá na cuntais airgeadais a fhoilsiú go poiblí.

Míbhuntáistí

- **Dliteanas Neamhtheoranta** – D'fhéadfadh an trádálaí gach rud a chailleadh, an t-airgead a d'infheistigh sé sa ghnó agus a chuid sócmhainní pearsanta.
- **Strus/ Ualach Oibre** – An-chuid uaireanta oibre. Ní bhíonn aon chabhair aige.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 151

- **Airgead** – Uaireanta bíonn sé deacair airgead a fháil chun an gnó a bhunú. Bíonn drogall ar bhainc iasachtaí a thabhairt do thrádálaí aonair.

2. Comhpháirtíocht

Gnó ina bhfuil idir 2 – 20 duine. Cuireann na daoine seo a gcuid acmhainní agus saineolais le chéile.

Ní mór do dhaoine atá ag dul isteach i gcomhpháirtíocht lena chéile conradh a leagan síos sula dtosóidh siad ag feidhmiú. Glaoitear **gníomhas comhpháirtíochta** *(deed of partnership)* ar an gconradh seo.

Úsáidtear é seo má bhíonn aon easaontas idir na páirtithe. Leagtar síos sa chonradh seo na nithe seo a leanas:

A) Conas a chomhroinntear an brabús.
B) An fhreagracht atá ag gach páirtí i reáchtáil an ghnó.
C) Cad a tharlaíonn má theipeann ar an ngnó
D) Tuarastal gach páirtí.
E) Úinéireacht gach páirtí.

Buntáistí

- Breis **saineolais** agus **acmhainní** curtha ar fáil don Ghnó. Leis seo déantar cinntí níos fearr.
- **Tá sé simplí é a chur i gcrích**. Níl aon choinníoll dlíthiúil ag teastáil.
- Breis **caipitil** ar fáil. Bíonn breis úinéirí agus infheisteoirí ar fáil agus mar sin bíonn sé níos éasca ar an ngnó teacht ar airgead.
- **Rúndacht** – Ní gá na cuntais airgeadais a fhoilsiú go poiblí ➤ *Ní féidir le do chuid iomaitheoirí eolas a fháil.*

Míbhuntáistí

- **Dliteanas Neamhtheoranta** – D'fhéadfadh na páirtithe gach rud a chailleadh. Mura bhfuil an cumas ag páirtí amháin a sciar den iasacht a íoc ar ais, is gá do na páirtithe eile an sciar sin a chlúdach.
- Bíonn ort do **bhrabús a chomhroinnt.** Eagraítear é seo roimh ré, mar sin ní bhfaighidhaidh tú íocaíocht de réir mhéid na hiarrachta a dhéanann tú i reáchtáil an ghnó ó lá go lá.
- Tá baol ann go mbeidh **coinbhleacht**/ argóint idir na páirtithe. Tá cumhacht ag an easaontas seo an gnó a scriosadh.
- Táthar **níos moille agus cinntí** á ndéanamh. Baineann sé seo de sholúbthacht an ghnó.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 152

3. Cuideachta Phríobháideach Theoranta

I gCuideachta Phríobháideach Theoranta is féidir idir 1-50 úinéirí a bheith ann ar a nglaoitear scairshealbhóirí. Ní féidir scaireanna a dhíol leis an bpobal. Bíonn Stiúrthóirí i gceannas ar an ngnólacht seo agus toghann na scairshealbhóirí na stiúrthóirí seo. Bíonn an gnólacht go hiomlán scartha ó na húinéirí. *Mar shampla, Easons nó Jurys*.

Meabhrán Comhlachais (*Memorandum of Association*)
Is gá don ghnólacht é seo a chur i gcrích sula dtosóidh sé ag trádáil. Leagann an meabhrán comhlachais síos cuspóirí an ghnólachta agus cinntíonn sé nach ndéanfaidh sé aon rud nach bhfuil faoi chumhacht an ghnólachta. Glaoitear *Ultra Vires* air seo. Chomh maith leis sin, sa mheabhrán comhlachais bíonn ainm an ghnólachta agus an tsuim airgid a d'infheistigh gach úinéir.

Is iad seo a leanas na céimeanna atá riachtanach le Gnólacht Príobháideach a bhunú

I dtosach báire is gá don fhiontraí na trí dhoiciméad thíos a líonadh isteach.

1. **Meabhrán Comhlachais**
   Is gá meabhrán comhlachas a chomhlánú (líonadh isteach).
2. **Airteagail Chomhlachais**
   Is é atá i gceist anseo ná doiciméad a leagann síos rialacha inmheánacha an ghnólachta.
3. **Foirm A1**
   San fhoirm seo is gá eolas a thabhairt faoi stiúrthóirí an ghnólachta agus faoin scairchaipiteal atá acu uile
4. **Seol an t-eolas chuig Cláraitheoir na gCuideachtaí**
   Déanann Cláraitheoir na gCuideachtaí iniúchadh ar an eolas agus má bhíonn gach rud in ord bronnann sé/sí deimhniú corpraithe ar an bhfiontraí.

Buntáistí

- Bíonn **dliteanas teoranta** ag na scairshealbhóirí sa ghnólacht. Má theipeann ar an ngnó ní chaillfidh siad a gcuid sócmhainní pearsanta. Ach caillfidh siad an caipiteal a chuir siad isteach sa ghnó.
- Tá sé níos éasca teacht ar **chaipiteal.** Tá níos mó daoine ar fáil chun airgead a infheistiú.
- Is féidir an **t-ualach oibre a chomhroinnt**. Tá scileanna difriúla agus saineolas difriúil ag gach duine.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 153

- **Cinntí níos fearr** – Bíonn breis saineolais ag comhpháirtíocht mar bíonn breis úinéirí sa ghnó. Uaireanta bíonn bua na margaíochta ag duine amháin, bua na cuntasaíochta ag duine eile, srl.
- **Rátaí Cánach** atá íseal – Íocann cuideachta phríobháideach theoranta an ráta cánach corparáideach. Is é an ráta cánach corparáideach 12.5%

Míbhuntáistí

- Tá sé i bhfad **níos casta** tús a chur le Cuideachta Phríobháideach Theoranta. Is gá cead a fháil ó Chláraitheoir na gCuideachtaí. Agus is gá táille a íoc as an tseirbhís seo freisin.
- Is gá don chuideachta a **cuntais airgeadais a fhoilsiú** gach bliain. Is féidir le custaiméirí, iomaitheoirí agus fostaithe úsáid a bhaint astu seo i gcoinne na cuideachta.
- Is gá an **brabús a chomhroinnt** leis na scairshealbhóirí de réir na suime airgid a d'infheistigh siad sa ghnó seachas an méid oibre a d'infheistigh siad.
- Bíonn an-chuid **coinníollacha dlíthiúla** i gceist. Is gá d'iniúchóir iniúchadh a dhéanamh ar chuntais an ghnólachta.

Rogha 2: An Modh Táirgeachta

Nuair atá cinneadh déanta agat faoin táirge a bheidh á dhéanamh agat is gá cinneadh a dhéanamh faoin modh táirgeachta a bheidh in úsáid agat.

Tá 3 phríomhphróiseas táirgeachta ann, mar seo a leanas:

1. Jabtháirgeadh

- Sa phróiseas seo, táirgeann an gnólacht earraí a dhéantar de réir orduithe. Is táirgí aonuaire iad[1].
- De ghnáth bíonn na fostaithe ardoilte.
- Bíonn an t-innealra agus an trealamh costasach agus is féidir é a úsáid ina lán slite éagsúla.
- Bíonn praghas ard ar na táirgí seo de ghnáth.

2. Baisctháirgeadh

- Sa phróiseas seo, táirgtear earraí ina mbaisceanna nó ina mbearta.
- Bíonn oibrithe oilte agus neamhoilte ag plé le baisctháirgeadh.
- Cuirtear an-chuid ama amú ag stopadh agus ag tosú an innealra chun baisceanna difriúla de tháirgí a dhéanamh.

[1] Once-off production

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 154

3. Olltáirgeadh

- Bíonn táirgeacht leanúnach ar siúl ar an mórchóir.
- Bíonn an-chuid spáis ag teastáil le stóráil a dhéanamh freisin.
- Fostaithe neamhoilte a bhíonn ag obair anseo de ghnáth.

Cén modh táirgeachta a úsáidtear chun na hearraí seo a dhéanamh?

Ceapaire a cheannaigh tú in O'Briens	
An gúna a cheannaíonn tú don rince mór	
Buataisí peile	
Toitíní	
Spéaclaí a cheannaíonn tú in Specsavers	
Leabhair Harry Potter	
Kit-Kat	
The Irish Times	

Rogha 3: Foinse Airgeadais

Is é seo an rogha deireanach atá le déanamh ag an bhfiontraí. Is féidir leis na foinsí airgeadais bheith gearrthéarmach, meántéarmach nó fadtéarmach.

Gearrthéarmach	**Meántéarmach**	**Fadtéarmach**
(Níos lú ná bliain amháin)	*(1- 5 Bliana)*	*(5+ Bliana)*
Rótharraingt Bhainc	Fruilcheannach	Bintiúr
Speansais Fhabhraithe	Léasú	Deontais
Creidmheas Trádála	Iasacht Théarmach	Scairchaipiteal

Nuair atá an fiontraí ag roghnú foinse airgeadais dó/di féin, tá 4 thoisc is gá dó/di a chur san áireamh:

Costas	**Riosca**	**Sábháilteacht**	**Smacht/ Rialú**

1. **Costas**
   Cé mhéad úis atá ar an iasacht? An bhfuil aon táille sa bhreis is gá a íoc?

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 155

2. **Riosca**
   Cad a tharlóidh don ghnó mura féidir an iasacht a íoc ar ais?
3. **Urrús**
   An gá don ghnó an foirgneamh a thabhairt mar ráthaíocht/ chomhthaobhacht chun an iasacht a fháil?
4. **Smacht/ Rialú**
   An gá don fhiontraí aon chéatadán den ghnó a thabhairt don duine atá ag tabhairt an airgid dó/di?

Foinsí Gearrthéarmacha Airgeadais

1. Rótharraingt Bhainc

Ligeann an banc don ghnólacht rudaí a cheannach fiú mura bhfuil an t-airgead ag an ngnólacht. Déantar é seo trí sheiceanna a scríobh. Mar sin, glacann an banc leis an seic nuair a dhéanann an soláthraí iarracht an t-airgead a lóisteáil agus íocann an gnólacht an banc ar ais móide ús. Ceannaíonn an gnólacht rudaí beaga leis seo de ghnáth.

Buntáistí

- Ní íocann an gnólacht ach ús ar an tsuim atá rótharraingthe aige.
- Níl aon urrús ag teastáil do rótharraingt bhainc.
- Ní chailleann an t-úinéir smacht ar an ngnólacht.

Míbhuntáistí

- Bíonn ráta úis ard i gceist le rótharraingt bhainc.
- Ar feadh 30 lá sa bhliain, ar a laghad, is gá nach mbeadh rótharraingt sa chuntas bainc.
- Gearrann an banc táillí breise má théann an gnólacht thar an teorainn rótharraingthe bainc.

Costas	Ard
Riosca	Tá baol ann go ndéanfar damáiste don rátáil chreidmheasa
Urrús	Níl aon urrús ag teastáil
Smacht/ Rialú	Ní chailleann an t-úinéir smacht ar an ngnó

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 156

2. Speansais Fhabhraithe

Faigheann an gnólacht seirbhísí láithreach agus íocann sé astu níos déanaí. Mar shampla, déanann an gnólacht glaonna teileafóin anois agus faigheann sé bille ag deireadh na míosa a thaispeánann dó cé mhéad atá le híoc aige. Úsáidtear speansais fhabhraithe le haghaidh seirbhísí leictreacha, gáis agus teileafóin.

Buntáistí

- Ní ghearrtar aon ús, mar sin, is modh airgeadais saor é.
- Níl aon urrús ag teastáil.
- Ní chailleann an t-úinéir smacht ar an ngnó.

Míbhuntáistí

- Má ghlacann an gnólacht an iomarca ama ag íoc an bhille ar ais scoithfear[2] den tseirbhís é. Uaireanta beidh costas athcheangail i gceist.
- Ní oireann sé seo do gach cineál ceannaigh.

Costas	Ní ghearrtar aon ús
Riosca	Tá baol ann go ndéanfar damáiste don rátáil chreidmheasa
Urrús	Níl aon urrús ag teastáil
Smacht/ Rialú	Ní chailleann an t-úinéir smacht ar an ngnó

3. Creidmheas Trádála

Ligeann sé seo don chomhlacht stoc a cheannach láithreach agus íoc as níos déanaí. Tugann an soláthraí an stoc don ghnólacht agus tugann sé bille don ghnólacht ar a nglaoitear **sonrasc.** Ar an sonrasc deir sé an tsuim atá le híoc ag an ngnólacht agus an **dáta** a bheidh an íocaíocht ag teastáil. *Mar shampla, Nuachtánaí ag ceannach irisleabhar HELLO ó Easons*.

Buntáistí

- Is foinse airgeadais saor atá ann don ghnólacht. **Ní íoctar aon ús**.
- Níl aon **urrús** ag teastáil. Níl foirgneamh an ghnólachta i mbaol.
- Ní chailleann an t-úinéir **smacht** ar an gcomhlacht.

Míbhuntáistí

- Mura n-íocann an gnólacht in am cailleann sé amach ar an lascaine atá ann má dhéantar íocaíocht thapa.

[2] Cut Off/ disconnect

[3] Collateral

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 157

- Má bhíonn an gnólacht mall ag íoc go rialta tá baol ann go gcaillfidh an gnólacht a rátáil chreidmheasa.

Costas/ Ús	Íseal (de ghnáth) – is féidir leis an soláthraí rátaí arda úis a ghearradh mura n-íocann an gnólacht ar ais in am.
Riosca	Tá baol ann go ndéanfar damáiste don rátáil chreidmheasa agus mar sin bheadh sé an-deacair earraí a cheannach ar cairde.
Urrús	Níl aon urrús ag teastáil
Smacht/ Rialú	Ní chailleann an t-úinéir smacht ar an ngnó

Foinsí Meántéarmacha Airgeadais

4. Fruilcheannach

Sócmhainn/ Earra a cheannach agus íoc aisti/as i dtráthchodanna. De réir dlí is leis an ngnólacht an tsócmhainn nuair a íocann sé an aisíocaíocht **dheireanach**. Úsáidtear fruilcheannach chun sócmhainní costasacha a cheannach a bheadh as feidhm laistigh de 5 bliana.

Buntáistí

- Faigheann an gnólacht an t**sócmhainn láithreach** gan an t-airgead uile a íoc.
- Níl aon urrús ag teastáil. Ní gá don ghnólacht aon ráthaíocht/ chomhthaobhacht a thabhairt. Mar sin, ní leis an ngnólacht an tsócmhainn go dtí go ndéanann sé an aisíocaíocht dheireanach.
- An t-ús a íocann an gnólacht tá sé in-asbhainteach ó thaobh cánach.
- Ní chailleann an t-úinéir **smacht** ar an ngnó.

Míbhuntáistí

- Is **modh airgeadais** an-chostasach é seo.
- Is féidir leis an ngnólacht an t-earra a chailleadh mura n-íocann sé an tráthchuid dheireanach

Costas	Is gá rátaí arda úis a íoc
Riosca	Mura n-íocann an gnólacht an tráthchuid dheireanach den íocaíocht is féidir leis an ngnólacht an tsócmhainn a chailleadh agus a rátáil chreidmheasa a lot.
Urrús	Níl aon urrús ag teastáil
Smacht/ Rialú	Ní chailleann an t-úinéir smacht ar an ngnó

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 158

5. Iasacht Théarmach

Faigheann an gnólacht iasacht ón mbanc agus íocann sé an iasacht seo ar ais i dtráthchodanna laistigh de chúig bliana. Úsáidtear é chun sócmhainní costasacha a cheannach a bheadh as feidhm laistigh de 5 bliana.

Buntáistí

- Tá sé seo níos saoire ná fruilcheannach.
- An t-ús a íocann an gnólacht tá sé in-asbhainteach ó thaobh cánach.
- Ní chailleann an t-úinéir **smacht** ar an ngnó.

Míbhuntáistí

- Bíonn urrús ag teastáil.
- Má ardaíonn an Banc Ceannais Eorpach (ECB) rátaí úis ardaíonn sin na rátaí úis is gá don ghnólacht a íoc.

Costas	Rátaí úis níos saoire ná fruilcheannach
Riosca	Is féidir leis an ngnólacht an tsócmhainn a chailleadh agus a rátáil chreidmheasa a lot mura n-íocann an gnólacht an íocaíocht dheireanach. Chomh maith leis sin, is féidir leis an ngnólacht an tsócmhainn a thug sé mar ráthaíocht/ chomhthaobhacht a chailleadh.
Urrús	Tá sé seo ag teastáil. Is féidir leis an ngnólacht an foirgneamh a chailleadh.
Smacht/ Rialú	Ní chailleann an t-úinéir smacht ar an ngnó. Ní gá dó aon scaireanna a thabhairt don bhanc.

6. Léasú

An tsócmhainn/ trealamh a fháil ar cíos ó chomhlacht airgeadais. Ní bheidh úinéireacht ag an ngnólacht ar an sócmhainn choíche. Ag deireadh na tréimhse léasaithe tugann an gnólacht an tsócmhainn ar ais don chomhlacht airgeadais. Úsáidtear léasú chun sócmhainní atá réasúnta costasach a cheannach a bheadh as feidhm laistigh de 5 bliana.

Buntáistí

- Faigheann an gnólacht an tsócmhainn láithreach gan an t-airgead uile a íoc.
- Níl aon urrús ag teastáil. Ní gá don ghnólacht aon ráthaíocht/ chomhthaobhacht a thabhairt.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 159

- Bíonn trealamh nua-aimseartha ag an ngnólacht an t-am ar fad. Is féidir trealamh nua a fháil i ndiaidh gach tréimhse léasaithe.
- An cíos a íocann an gnólacht tá sé in-asbhainteach ó thaobh cánach.
- Ní chailleann an t-úinéir smacht ar an ngnó.

Míbhuntáistí

- Is féidir an t-earra a chailleadh mura gcoimeádann an gnólacht suas leis na híocaíochtaí.
- An cíos a íocfar d'fhéadfadh sé bheith níos costasaí ná an t-earra a cheannach.

Costas	An cíos a íocfar d'fhéadfadh sé bheith níos costasaí ná an t-earra a cheannach.
Riosca	Tá baol ann go ndéanfar damáiste don rátáil chreidmheasa mura gcoimeádann an gnólacht suas leis na híocaíochtaí
Urrús	Níl aon urrús ag teastáil
Smacht/Rialú	Ní chailleann an t-úinéir smacht ar an ngnó. Ní gá dó aon scaireanna a thabhairt don bhanc.

Foinsí Fadtéarmacha Airgeadais

Bintiúr

Iasacht fhadtéarmach atá i gceist anseo. Bíonn an iasacht seo clúdaithe le sócmhainní an ghnólachta. Mura féidir leis an ngnólacht na hiasachtaí a aisíoc tógann an banc an tsócmhainn atá curtha síos mar ráthaíocht/chomhthaobhacht[3]. Gach bliain íocann an gnólacht ús ar an mbintiúr ach íocfaidh sé an bintiúr ar ais in aon mhóríocaíocht amháin ar dháta socraithe sa todhchaí. Úsáidtear bintiúr chun sócmhainní costasacha a cheannach a mbeadh saolré níos faide ná 5 bliana acu. *Mar shampla, foirgneamh.*

Buntáistí

- An t-ús a íocann an gnólacht tá sé in-asbhainteach ó thaobh cánach.
- Ní chailleann an t-úinéir smacht ar an ngnó.

[3] Collateral

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 160

Míbhuntáistí

- Bíonn urrús ag teastáil. Is féidir leis an mbanc seilbh a ghlacadh ar fhoirgneamh an ghnólachta mura gcoimeádann sé suas leis na híocaíochtaí.
- An-deacair iasacht bintiúir a fháil. Rátáil chreidmheasa iontach agus ráthaíocht/ comhthaobhacht chostasach ag teastáil.

Costas	Gá don ghnólacht ús a íoc
Riosca	Is féidir leis an ngnólacht an tsócmhainn a chailleadh agus a rátáil chreidmheasa a lot mura n-íocann sé an íocaíocht dheireanach.
Urrús	Tá urrús ag teastáil. Is féidir leis an ngnólacht an foirgneamh a chailleadh
Smacht/ Rialú	Ní chailleann an t-úinéir smacht ar an ngnó. Ní gá dó aon scaireanna a thabhairt don bhanc.

8. Deontais

Airgead a thugann an Rialtas don ghnólacht chun cabhrú leis íoc as rudaí. Is foinse airgeadais buan é seo nach gá don ghnólacht a aisíoc, ach gabhann téarmaí leis. Cabhraíonn deontais chun sócmhainní costasacha a cheannach a mbeadh saolré níos faide ná 5 bliana acu.

Buntáistí

- Ós rud é nach iasacht atá ann níl aon ghá ús a aisíoc.
- Níl aon urrús ag teastáil. Ní gá aon ráthaíocht/ **chomhthaobhacht** a thabhairt don rialtas.
- Is airgead saor é deontais nach gá a aisíoc.

Míbhuntáistí

- Ní thugann an Rialtas deontas do ghnólacht ach amháin faoi choinníollacha atá an-ghéar. Má bhriseann an gnólacht na coinníollacha seo bíonn air an t-airgead a aisíoc.
- Ní thugann an rialtas ach céatadán den airgead atá ag teastáil ón ngnólacht.

Costas	Ní modh costasach é na deontais
Riosca	Is gá don ghnólacht an deontas a íoc ar ais má bhriseann sé aon choinníoll.
Urrús	Níl aon urrús ag teastáil
Smacht/ Rialú	Ní chailleann an t-úinéir smacht ar an ngnó. Ní gá dó aon scaireanna a thabhairt don Rialtas. Ach bíonn ar an ngnólacht cloí le roinnt rialacha.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 161

9. Scairchaipiteal

Díolann úinéirí an ghnólachta roinnt dá scaireanna le hinfheisteoirí mar bhealach chun airgead a aimsiú. Tá cumhacht ag na hinfheisteoirí sa ghnólacht ansin. Tá scair amháin cothrom le vóta amháin. Toisc gur leo cuid den ghnólacht faigheann siad cuid den bhrabús gach bliain. Glaoitear **díbhinn** air seo. Déanann stiúrthóirí an ghnólachta cinneadh mar gheall ar cé mhéad díbhinne a íoctar gach bliain. Úsáidtear scairchaipiteal chun sócmhainní costasacha a cheannach a mbeadh saolré níos faide ná 5 bliana acu. *Mar shampla, foirgneamh.*

Buntáistí

- Ós rud é nach iasacht atá ann ní gá aon ús a íoc. Íoctar díbhinn faoi dhiscréid na stiúrthóirí.
- Níl aon urrús ag teastáil.
- Ní gá don ghnólacht a bheith buartha faoin bhféimheacht.

Míbhuntáistí

- Is gá do na húinéirí cuid dá scaireanna sa ghnólacht a thabhairt d'infheisteoirí. Cailleann siad smacht ar an ngnólacht dá bharr.
- Na díbhinní a íoctar níl siad in-asbhainteach ó thaobh cánach.
- Tá sé an-chostasach díolacháin scaireanna a eagrú.

Costas	Bíonn ar an ngnólacht díbhinn a íoc gach bliain
Riosca	Má theipeann ar an ngnólacht cuirtear cosc ar stiúrthóirí ó bheith páirteach i ngnólachtaí eile ar feadh 5 bliana.
Urrús	Níl aon urrús ag teastáil
Smacht/ Rialú	Cailleann na húinéirí a smacht ar an ngnólacht. Is gá dóibh scaireanna sa ghnólacht a thabhairt d'infheisteoirí mar mhalairt ar airgead.

AN PLEAN GNÓ

- Nuair a chuireann fiontraí tús le gnó caithfidh sé/sí plean gnó a chur le chéile. Is doiciméad é seo a leagfaidh amach spriocanna an ghnó agus an straitéis a úsáidfear chun na spriocanna seo a bhaint amach.
- Is cosúil le léarscáil don ghnó é an plean a insíonn don fhiontraí cad atá le déanamh aige/aici chun an gnólacht a chur chun cinn agus na céimeanna ba cheart a ghlacadh sa phróiseas sin.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 162

- Leagann an plean amach na sonraí go léir atá ag teastáil chun gnólacht a bhunú. Léiríonn sé cad atá taobh thiar den ghnó agus cad atá sa ghné uathúil dhíolacháin[4].
- Léiríonn an plean, freisin, conas a dhéantar agus a dhíoltar an táirge agus conas an gnó a mhaoiniú.

5. Céim an Phlean Ghnó

1. Cur síos ar an nGnó

Déanann an fiontraí cur síos ar na daoine atá ag cur tús leis an ngnó, na táirgí a bheidh á ndíol agus na haidhmeanna fadtéarmacha.

2. Anailís Mhargaidh

Caithfidh an fiontraí a léiriú go bhfuil an táirge/ an tseirbhís inmharthana don mhargadh. Caithfidh sé/sí a thaispeáint freisin conas is féidir an iomaíocht a shárú agus custaiméirí a mhealladh.

3. Plean Margaíochta

Déanann an fiontraí cur síos ar an straitéis mhargaíochta i.e. cad atá ar intinn aige/aici a dhéanamh chun suim na gcustaiméirí a mhúscailt agus chun a chur ina luí orthu an táirge a cheannach.

4. Plean Táirgeachta

Déanann an fiontraí cur síos ar an mbealach ina ndéantar an táirge. Déanann sé/sí plé ar 1) an modh táirgeachta – (jabtháirgeadh, baisctháirgeadh nó olltáirgeadh), 2) an trealamh a bheidh in úsáid aige/aici agus 3) conas a chinnteofar go ndéanfar na táirgí i gceart. *Rialú Caighdeáin*.

5. Plean Airgeadais

Tugann an fiontraí cuntas ar cé mhéad airgid a chosnóidh an gnó, cé mhéad airgid atá sé/sí ag cur isteach sa ghnó agus cé mhéad airgid atá fós ag teastáil. Leagann sé/sí síos an ráthaíocht/ an **chomhthaobhacht** atá aige/ aici le haghaidh iasachta (*carr, teach etc.*). Ullmhaíonn sé/sí cuntas brabúis agus caillteanais, comhardú trádála agus réamhaisnéis airgeadais le haghaidh na bliana atá le teacht.

An Tábhacht a bhaineann leis an bPlean Gnó

1. Ag Díriú ar an Todhchaí

Cuirtear iallach ar an bhfiontraí díriú ar an todhchaí. Leagann an plean amach aidhmeanna an ghnó agus an straitéis a úsáidfear chun na haidhmeanna seo a bhaint amach. Tá sé mar léarscáil don fhiontraí chun é/í a threorú sa treo ceart.

4 Unique Selling Point

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 163

2. Fadhbanna a réamh-mheas

Cabhraíonn an plean leis an bhfiontraí fadhbanna a réamh-mheas agus bheith in ann réiteach a ullmhú dóibh. Clúdaíonn sé gnéithe tábhachtacha nuair a chuirtear tús leis an ngnó ar nós 1) cén modh táirgeachta atá le húsáid, 2) an plean margaíochta agus 3) plean airgeadais an ghnó. Tugann an plean gnó réiteach d'fhadhbanna sula dtarlóidh siad agus cabhraíonn sé leis an ngnó cliseadh a sheachaint.

3. Dul i bhfeidhm ar infheisteoirí

Úsáidtear an plean gnó chun dul i bhfeidhm ar infheisteoirí nuair atá maoiniú á lorg ag an ngnólacht. Féachfaidh na hinfheisteoirí ar an bplean gnó mar a fhéacfaidh fostóir ar C.V. Má thaitníonn an plean gnó leo tabharfaidh siad airgead don fhiontraí.

4. Smacht a choimeád ar an nGnó

Sa phlean gnó leagtar amach na spriocanna ba chóir don ghnólacht a bhaint amach. Tar éis tamaill, is féidir comparáid a dhéanamh idir feidhmiú an ghnólachta agus na spriocanna seo. Mura bhfuil an gnólacht ag baint amach na spriocanna/ na gcuspóirí seo is féidir leis an ngnólacht na hathruithe riachtanacha a chur i gcrích chun é sin a cheartú.

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2011 Roinn 3 – Ceist 7(B) – 25 Marc

(i) Tarraing léaráid de 'shaolré táirge' agus cuir lipéid uirthi.
(ii) Léirigh na modhanna a d'fhéadfadh gnó a úsáid chun fad a chur le saolré táirge.

2010 Roinn 1 – Ceist 5 – 10 Marc

(a) Tabhair breac-chuntas ar chuspóir '*Airteagail Chomhlachais*' comhlachta.
(b) Liostaigh **trí** mhír eolais a fhaightear sna 'h*Airteagail Chomhlachais*'.

2010 Roinn 3 – Ceist 6 – 40 Marc

Is í Marie Ní Nualláin úinéir "Pizza Marie", bialann piazza rathúil a sholáthraíonn seirbhís seachadadh baile. Tá méadú ar éileamh na mbéilí "beir leat" toisc go bhfuil níos mó daoine ag ithe sa bhaile de dheasca an chúlú eacnamaíochta. Tá Marie ag pleanáil a gnó a fhorbairt trí shaincheadú agus molann a cuntasóir di plean gnó a ullmhú sula dtéann sí ar aghaidh leis.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 164

(B) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhainfeadh "Pizza Marie" as plean gnó a ullmhú. (10 marc)

(C) **(i)** Déan plé ar na tosca ar cheart smaoineamh orthu agus duine ag déanamh rogha idir foinsí éagsúla airgeadais.

(ii) Déan anailís ar **dhá** fhoinse chuí airgeadais atá ar fáil chun veain seachadta sa bhreis a fháil do "Pizza Marie". (30 marc)

2009 Roinn 1 – Ceist 9 – 10 Marc

Cuir 'jabtháirgeadh' agus 'baisctháirgeadh' i gcontrárthacht le chéile agus tabhair sampla cuí **amháin** i ngach cás.

2009 Roinn 3 – Ceist 5(B) – 20 Marc

Déan measúnú ar Chaipiteal Fiachais agus ar Chaipiteal Cothromais mar fhoinsí airgeadais chun gnó a leathnú.

2008 Roinn 1 – Ceist 7 – 10 Marc

(a) Sainaithin foinse oiriúnach airgeadais le veain seachadta a cheannach do ghnólacht nua.

(b) Tabhair **dhá** fháth le do rogha.

2008 Roinn 3 – Ceist 7(A) – 15 Marc

Tabhair breac-chuntas ar na buntáistí a bhainfeadh gnólacht nua as Plean Gnó a ullmhú.

2006 Roinn 3 – Ceist 6(A) – 40 Marc

Tá Paula agus Tomás ar ais in Éirinn le gairid tar éis dóibh a bheith ag obair i gcuideachtaí trasnáisiúnta le deich mbliana anuas. Is mian leo gnó a bhunú le chéile in Éirinn agus raon gránbharr bricfeasta orgánach nua a dhéanamh. Tá scil faoi leith ag Paula sa táirgeacht agus san airgeadas agus tá scil ag Tomás sa mhargaíocht agus in acmhainní daonna.

Déan Plean Gnó a dhréachtú i gcomhair an ghnó nua seo atá beartaithe. Bain úsáid as **cúig** phríomh-cheannteideal, agus tabhair breac-chuntas ar an ábhar faoi gach ceannteideal.

2005 Roinn 1 – Ceist 9 – 10 Marc

Taispeánann an tábla seo a leanas trí chineál táirgthe agus ceithre cháilíocht. Maidir le gach cáilíocht, cuir tic (√) leis an gcineál táirgthe **is mó** a thagann leis an gcáilíocht sin.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 165

	JAB	BAISC	OLL
Táirgí sainiúla			
Grúpaí táirgí			
Saothar díreach le hardscileanna			
Earraí costasacha			

2005 Roinn 1 – Ceist 6 – 10 Marc

Mínigh coincheap an 'dliteanas teoranta'.

2005 Roinn 3 – Ceist 5(A) – 20 Marc

(i) Cad is Plean Gnó ann?
(ii) Mínigh an ról atá ag plean gnó agus gnóthais á dtosú.

2004 Roinn 1 – Ceist 7 – 10 Marc

Ainmnigh agus léirigh trí chineál táirgeachta.

2002 Roinn 3 – Ceist 6 – 60 Marc

Tá Micheál Ó Ceallaigh naoi mbliana is fiche d'aois agus is céimí é san innealtóireacht. Ó bronnadh an chéim air, tá sé ag obair sa réimse Taighde agus Forbartha i gCuideachta mhór thrasnáisiúmta. Tá fonn air dul ag obair dó féin, agus braitheann sé gur anois an t-am chun gnólacht dá chuid fein a bhunú ina bhaile dúchais chun páirteanna leictreonacha a tháirgeadh i gcomhair fearas tí. Tá do chúnamh á lorg aige chun a phlean gnó a scríobh.

(A) Mínigh an tábhacht a bhaineann le Plean Gnó. (20 marc)

(B) Dréachtaigh Plean Gnó d'fhiontar Mhichíl Uí Cheallaigh faoi chúig cheannteideal chuí. Glac le tuiscintí áirithe de réir mar a oireann. (40 marc)

AONAD

5 CAIBIDIL 16 MARGAÍOCHT 1

Taighde Margaidh

- Is é atá i gceist le taighde margaidh ná eolas margaíochta a bhailiú agus anailís a dhéanamh ar an eolas sin chun cabhrú le bainisteoirí cinntí a dhéanamh.
- Tá dhá bhealach ann chun taighde margaidh a dhéanamh, 1) Taighde Deisce agus 2) Taighde Allamuigh.
- Taighde Deisce ➤ Eolas a úsáid a bailíodh cheana féin.
- Taighde Allamuigh ➤ D'eolas féin a bhailiú.

Taighde Allamuigh

- Bailítear eolas nua atá bainteach le tionscadal ar leith.
- Is taighde é seo nach raibh déanta cheana féin.
- Ní mór dul amach sa mhargadh agus eolas a bhailiú díreach ó na tomhaltóirí.
- Tá an taighde seo costasach ó thaobh ama agus airgid.

Is féidir na teicnící seo a leanas a úsáid chun taighde allamuigh a dhéanamh:

Breathnóireacht

Bíonn na taighdeoirí ag faire agus ag féachaint ar an mbealach ina bhfreagraíonn daoine áirithe do shuíomhanna áirithe.

Painéal tomhaltóirí

Is grúpa tomhaltóirí é seo agus déantar monatóireacht leanúnach orthu chun a fháil amach cad a cheannaíonn siad agus conas a thaitníonn na táirgí leo. Uaireanta iarrtar orthu dialanna a líonadh isteach nó an táirge a phlé. Tugann na dialanna léargas maith maidir le tuiscint agus iompar an tomhaltóra.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 167

Suirbhé

Cuireann taighdeoirí na tomhaltóirí faoi agallamh. Déantar teagmháil leis an tomhaltóir ar an bhfón, trí litir nó ríomhphost a chur nó go pearsanta. Iarrtar ar an tomhaltóir ceistneoir a líonadh isteach. Is é aidhm an cheistneora ná chun a fháil amach cad a cheapann daoine agus an bhfuil an tuairim chéanna acu.



Taighde Deisce

Sa taighde seo úsáidtear eolas atá bailithe cheana féin. Ní gá dul amach agus é a bhailiú. Mar sin, níl sé costasach. Uaireanta, áfach, ní bhíonn an t-eolas atá ag teastáil ann nó bíonn sé as dáta.

Is féidir Taighde Deisce a fháil ó na foinsí seo a leanas:

Tuairiscí inmheánacha

Is féidir le gnólacht eolas a bhailiú óna chuid díolachán féin agus óna thuairiscí cuntasaíochta féin. Tabharfaidh sé seo eolas dó maidir leis na hearraí a bhfuil tóir orthu agus na siopaí is rathúla.

Foilseacháin ón Rialtas

Foilsíonn Rialtas na hÉireann an-chuid eolais a chabhraíonn le gnólachtaí.

Mar shampla, an Daonáireamh, Suirbhé ar Bhuiséad Teaghlach nó tuairiscí ón bPríomhoifig Staidrimh.

Fiontraíocht Éireann

Soláthraíonn an eagraíocht seo an-chuid eolais maidir le heaspórtáil nó margaí eachtracha.

An tIdirlíon

Bíonn an-chuid eolais ar fáil ar www.google.ie nó www.yahoo.ie.

Is féidir an-chuid eolais a fháil ar shuíomhanna Gréasáin gnólachtaí freisin.

Taighde Allamuigh	Taighde Deisce
Breathnóireacht	Tuairiscí inmheánacha
Painéal tomhaltóirí	Foilseacháin ón Rialtas
Suirbhé	An tIdirlíon

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 168

An Tábhacht a bhaineann le Taighde Margaidh

1. **Sábháiltear airgead go fadtéarmach** – Trí theastálacha an tomhaltóra a aithint roimh ré ní chuirtear airgead amú ag cruthú táirge nach dtaitníonn leis an tomhaltóir.

   I 1985 bhí Coca Cola in iomaíocht go géar le Pepsi. Bheartaigh Coca Cola deoch nua a sheoladh ar ar glaodh "New Coke" chun margadh Pepsi a bhriseadh. Cé gur cheap custaiméirí go raibh blas níos fearr ar "New Coke" theip go hiomlán ar an deoch. CÉN FÁTH ➤ Ní dhearna Coca Cola aon taighde margaidh ar cad a cheap na custaiméirí faoi "New Coke" ag teacht in áit "Old Coke".

Bhí custaiméirí Coke chomh dílis sin nár mhian leo go mbeadh deoch nua ann.

2. **Laghdaíonn sé an riosca sa Ghnó/ Táirge** – Tríd an tomhaltóir a cheistiú roimh ré is féidir táirge a chruthú chun na teastálacha sin a shásamh. Mar gheall ar an taighde sásaítear teastálacha an tomhaltóra agus bíonn seans níos mó ann go mbeidh rátaí arda díolacháin ag an táirge.
3. **Cabhraíonn sé leis an ngnó lena chuid fógraíochta a fheabhsú** – Is féidir leis an ngnólacht tomhaltóirí a cheistiú faoin bhfeachtas fógraíochta atá acu. Ina dhiaidh sin is féidir leis an ngnólacht aon athrú atá riachtanach a chur i bhfeidhm.
4. **Cabhraíonn sé le bainisteoirí cinneadh a dhéanamh maidir le dearadh, pacáistiú agus praghas an táirge** ➤ Cuir leis an bpointe seo in bhur bhfocal féin.

An Coincheap Margaíochta

Deir an coincheap margaíochta gurb é an custaiméir an duine is tábhachtaí sa ghnó. Custaiméir sona ➤ Is é seo an tslí chun airgead a dhéanamh.

Caithfidh an gnó a fháil amach cad iad riachtanais na gcustaiméirí agus ansin táirgí a dhéanamh chun na riachtanais seo a shásamh. Is gá, freisin, iad a dhéanamh níos fearr ná na cinn atá ag aon iomaitheoir eile. Nuair atá custaiméir sásta le gnólacht ceannaíonn sé/sí ón ngnólacht go minic.

Cad é an tábhacht agus cad iad na buntáistí a bhaineann leis an gcoincheap margaíochta?

1. **An Líon Díolacháin** ➤ Méadaítear an **leibhéal díolacháin** mar nuair a chaitear go maith le custaiméirí agus nuair a fhaigheann siad táirge agus

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 169

seirbhís atá ar chaighdeán maith, leanann siad ar aghaidh ag ceannach an táirge sin. Bíonn méadú ar bhrabús an ghnó mar sin.

2. **Scéal scéil (*Word of Mouth*)** ➤ Nuair a chaitear go maith le custaiméirí agus nuair a fhaigheann siad táirge agus seirbhís atá ar chaighdeán maith. Insíonn siad dá gcairde é agus scaipeann siad an dea-scéal faoin ngnólacht. Is cineál margaíochta saor in aisce é a chruthaíonn dea-mhéin agus dea-chlú don ghnólacht.
3. **Laghdú ar chostais don ghnó** ➤ Nuair a chaitear go maith le custaiméirí agus nuair a fhaigheann siad táirge agus seirbhís ar chaighdeán maith ní bhíonn aon chúis ghearáin ann níos déanaí. Mar sin, tá níos lú táirgí a chuirtear ar ais agus níos lú deisiúchán. Laghdaíonn sé sin costais agus méadaíonn sé an brabús.

Sampla de choincheap margaíochta éifeachtach ➤ Superquinn

Tá raon seirbhísí in **Superquinn** atá thar cionn, - níl a macasamhail le fáil in Éirinn nó in aon áit ar domhan, fiú. Tá tithe súgartha do pháistí, scáthanna fearthainne do laethanta báistí, seirbhís chun earraí a thabhairt chuig carr an chustaiméara – agus a lán rudaí eile.

Plean Margaíochta/Straitéis Mhargaíochta

Plean i scríbhinn a leagann amach spriocanna margaíochta an ghnó agus cén chaoi a mbainfidh sé na spriocanna seo amach.

Is iad seo a leanas na ceithre chéim i bplean margaíochta:

1. **Iniúchadh a dhéanamh ar an margadh chun deiseanna a aithint** ➤ Ní mór anailís LLDB a dhéanamh.
2. **Spriocmhargadh a roghnú** ➤ An deighleog is brabúsaí a roghnú.
3. **Taighde a dhéanamh ar dheighleog an mhargaidh a roghnaigh tú** ➤ Ní mór teastálacha do mhargaidh a aithint. Sa chaoi seo is féidir earra a tháirgeadh chun na teastálacha seo a shásamh.
4. **Meascadh Margaíochta a fhorbairt** ➤ Is é atá i gceist leis seo ná chun dul i bhfeidhm ar an tomhaltóir chun d'earra/seirbhís a cheannach. Is gá an táirge, praghas, na bealaí dáileacháin agus cur chun cinn an earra a chur san áireamh sa mheascadh margaíochta seo. *(4 P's)*

Dhear Meteor meascadh margaíochta chun daoine óga a mhealladh. Dá bhrí sin bhí na fógraí greannmhar agus ag iarraidh a chur in iúl go raibh costas íseal ag baint leo.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 170

Deighilt an Mhargaidh

An Margadh a roinnt ina ndeighleoga difriúla de réir na dteastálacha atá acu. Is féidir leis an ngnólacht airgead a dhéanamh trí dheighleog amháin a shásamh níos fearr ná mar a dhéanann an iomaíocht.

Is iad seo a leanas an dá bhealach is coitianta chun an margadh a chomhroinnt;

1. **Deighleog Thíreolaíoch** – An margadh a chomhroinnt de réir an limistéir thíreolaíochta. Is féidir leis an ngnó airgead a dhéanamh trí na teastálacha áitiúla a shásamh.
2 **Deighleog Dhéimeagrafach** – An margadh a chomhroinnt de réir thréithe difriúla an daonra ar nós aoise agus inscne.

Na Buntáistí a bhaineann le Deighilt an Mhargaidh:

1. **Láithreacht a aimsiú ➤** Cabhraíonn sé seo leis an ngnó dul chun cinn a dhéanamh i margadh amháin faoi leith. Tá sé i bhfad níos éasca deighleog bheag den mhargadh a shásamh i dtosach seachas an margadh iomlán.
2 **Méadú ar dhíolacháin ➤** Trí dheighleog amháin a shásamh i gceart is féidir leat an margadh iomlán sin a bhaint amach.
3 **Costais níos ísle ag an ngnó ➤** Ní gá dó fógraíocht a dhéanamh don mhargadh uile.

Spriocmhargadh

Is é atá i gceist leis seo ná deighleog faoi leith sa mhargadh ar a bhfuil earra/ seirbhís an ghnó ag díriú.

Margadh Nideoige

Tá riachtanais difriúla sa chuid seo den mhargadh mar níl siad sásta leis an ngnáth-tháirge. Tá an grúpa seo sásta praghas ard a íoc leis an ngnó atá ábalta a riachtanais a shásamh.

Samplaí de ghnóthaí a shásaíonn Margadh Nideoige

Dublin's Country Mix 106.8" ➤ Stáisiún raidió do dhaoine a dtaitníonn ceol tíre leo. Tá an tseirbhís *"Dublin's Country Mix 106.8"* ann dóibh.

Mr Big & Small ➤ Siopa éadaí a sholáthraíonn éadaí i gcomhair daoine atá an-ard agus daoine atá an-bheag.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 171

An Meascadh Margaíochta

Tá ceithre uirlis a úsáidtear chun an custaiméir a mhealladh agus dul ag ceannach, mar atá:

1. Táirge (Product)
2. Praghas (Price)
3. Tionscnamh (Promotion)
4. Áit le díol (Bealaí dáileacháin) (Place)

1. Táirge

Saolré an Táirge



1. Tabhairt Isteach

- Cuirtear an táirge amach ar an margadh den chéad uair.
- Bíonn na díolacháin mall i dtosach.
- Cuirtear béim mhór ar na bealaí dáileacháin chun a chinntiú go bhfuil an táirge ar fáil don tomhaltóir.
- Cuirtear béim ar an bhfógraíocht chun a chinntiú go bhfuil an t-earra curtha os comhair an phobail.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 172

- Bíonn fíorbheagán iomaíochta ann ag an gcéim seo.
- Is féidir leis an ngnó praghas scimeála a úsáid chun na costais ar an táirgeacht a chlúdach.
- *Sampla d'earra ag an gcéim seo ná* _____

2. Fás

- Tagann méadú go tapa ar na díolacháin.
- Scaipeann scéal scéil (*word of mouth*) i measc daoine a bhaineann triail as an táirge.
- Tagann fás ollmhór ar an mbrabús, ach tagann iomaitheoirí isteach sa mhargadh ar a nglaoitear "*copy-cats*"
- *Sampla d'earra ag an gcéim seo ná* _____

3. Aibíocht

- Tagann moilliú ar an ráta fáis díolacháin.
- Tá an táirge ceannaithe ag formhór custaiméirí.
- Tá an gnólacht ag déanamh brabús mór ar an táirge.
- Bíonn iomaíocht ghéar sa mhargadh.
- *Sampla d'earra ag an gcéim seo ná* _____

4. Sáithiú

- Tagann deireadh leis an bhfás sna díolacháin.
- Níl mórán deiseanna ann don ghnó chun na díolacháin a mhéadú níos mó.
- Chun cur leis na díolacháin bheadh ar an ngnó custaiméirí a bhaint den iomaíocht.
- Uaireanta úsáidtear fógraíocht iomaíoch ag an gcéim seo.
- *Sampla d'earra ag an gcéim seo ná* _____

5. Meathlú

- Ta an táirge as dáta don mhargadh.
- Tá titim an-tapa tar éis teacht ar an earra de bharr dhul chun cinn na teicneolaíochta agus toisc gur tháinig earraí níos fearr amach.
- *Sampla d'earra ag an gcéim seo ná ceamara traidisiúnta a imíonn ón margadh de bharr ceamara dhigitigh.*

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 173

Brandáil

Nuair a thugann gnólacht ainm, dearadh nó siombail dá tháirge ionas gur féidir é idirdhealú ón iomaíocht.

Is iad seo a leanas na cúiseanna a n-úsáideann gnólacht brandáil:

1. **Is féidir leo praghas níos airde a ghearradh ➤** Ceapann an-chuid custaiméirí go bhfuil an caighdeán níos fearr díreach de bharr an ainm atá ar an táirge.
2. **Bíonn méadú ar na díolacháin dá bharr ➤** Toisc go n-aithníonn an tomhaltóir an t-ainm branda ceannaíonn sé/sí an táirge. *Mar shampla, Nike*
3. **Cuireann sé le dílseacht na gcustaiméirí ➤** Tá an-chuid tomhaltóirí atá dílis don bhranda (*dílseacht bhranda*). Ciallaíonn sé seo go gceannaíonn siad an t-earra in ainneoin an phraghais nó na hiomaíochta. *Mar shampla, gluaisrothar Harley Davidson.*
4. **Cabhraíonn sé leis an ngnó táirgí nua a chur amach ar an margadh ➤** Bíonn an tomhaltóir sásta triail a bhaint as an táirge/seirbhís toisc go bhfuil muinín acu as ainm an bhranda. *Mar shampla, Tesco Finance/Tesco Car Insurance/Tesco Loans/Tesco Credit Card/Tesco Food.*
5. Is féidir an branda a úsáid mar **uirlis idirbheartaíochta** in aghaidh miondíoltóirí

Na Feidhmeanna a bhaineann le Pacáistiú Táirgí:

- **Cosaint** –*cartáin bhainne, mar shampla.*
- **Íomhá** – Cuirtear dearadh tarraingteach ar an táirge chun an tomhaltóir a mhealladh. *Mar shampla, Nivea V Nivea for Men = An t-earra céanna, ach tá pacáistiú difriúil i gceist.*
- **Eolas** – *Mar shampla, tugann gránaigh Kellogs eolas don tomhaltóir maidir lena gcomhábhair.*
- Tugtar **Féiniúlacht** do na táirgí ionas go n-aithnítear iad ón iomaíocht.

2. Praghas

Is iad seo a leanas na tosca a bhfuil éifeacht acu ar phraghas earra:

1. **Costas táirgeachta an earra**
   Is gá go mbeadh an praghas níos mó ná an pointe meá ar mheá. Mura bhfuil sé níos mó ná an pointe seo caillfidh an gnólacht airgead.
2. **Praghsanna na hiomaíochta**
   Gearrann gnólachtaí praghsanna bunaithe ar na praghsanna a ghearrann an iomaíocht.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 174

- Má bhíonn caighdeán na hiomaíochta níos fearr gearrfaidh an gnólacht praghas níos ísle ná an iomaíocht. *Mar shampla, Bróga Reatha Dunnes níos saoire ná Bróga Reatha Tesco.*
- Má tá caighdeán an ghnólachta níos fearr ná caighdeán na hiomaíochta gearrfaidh an gnólacht praghas níos mó. *Mar shampla, tá sú oráiste Tropicana níos costasaí ná sú oráiste Squeeze.*
- Má tá an caighdeán ar chomhchéim gearrfar an praghas céanna. *Mar shampla, Coke agus Pepsi.*

3. **An tsuim a íocfaidh an tomhaltóir don earra**
   Caithfidh an gnólacht praghasraon *(price range)* a spriocmhargaidh a aithint roimh ré.
4. **Teorainn dhlíthiúil**
   Is féidir leis an rialtas teorainn a chur ar an méid atá gnólacht in ann a ghearradh ar earra. Chuir Rialtas na hÉireann teorainn ar an bpraghas a raibh cead ag nuachtánaithe Éireannacha a ghearradh ar irisleabhair ón Ríocht Aontaithe.

Is iad seo a leanas na Straitéisí Praghais Éagsúla

1. **Praghas Scimeála**
   Nuair a ghearrann gnólacht praghas ard ar a earra nua chun na costais táirgeachta a chlúdach.
2. **Dul i bhFód ar an bPraghas**
   Nuair a ghearrann gnólachtaí praghas an-íseal ar a dtáirgí chun custaiméirí a bhaint den iomaíocht. Méadaíonn sé seo an sciar margaíochta atá ag an ngnólacht.
3. **Praghas Idirdhealaitheach**
   Praghas difriúil a ghearradh ar chustaiméirí éagsúla don earra céanna/ seirbhís chéanna.
4. **Praghas Síceolaíochta**
   Praghas ard a chur ar earra chun caighdeán ard a léiriú.

An Chairt Mheá ar Mheá

An méid earraí is gá do ghnólacht a dhíol chun a chuid costas a chlúdach. Bíonn dhá shaghas costas ag gnólacht, mar atá:

Costais Sheasta – Ní bhíonn athrú ar an gcostas in ainneoin líon na n-earraí a tháirgeann an gnólacht.

Costais Athraitheacha – bíonn ardú nó laghdú ar chostais an ghnólachta de réir an méid a tháirgeann siad.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 175

Cén fáth a n-úsáidtear an chairt mheá ar mheá?

1. Úsáideann gnólachtaí an chairt chun líon na n-earraí is gá dóibh a dhíol a ríomh chun a gcuid costas a chlúdach.
2. Úsáidtear an chairt chun an éifeacht ar an mbrabús a léiriú don ghnólacht má ardaíonn sé nó má íslíonn sé a phraghas díola.
3. Léiríonn an chairt an tionchar a bhíonn ag an athrú i gcostais ar bhrabús an ghnólachta.

Is iad seo a leanas na foirmlí a úsáidtear chun ríomh a dhéanamh i bhfoirm aonad agus Euro ar phointe meá ar mheá gnólachta.

Pointe meá ar mheá in Aonaid	Costais Sheasta ÷ (Praghas Díola – Costais Athraitheacha)
Pointe meá ar mheá in €	Pointe meá ar mheá in Aonaid x Praghas Díola

Ceist Shamplach

Díolann Fionnán brait lasmuigh de Pháirc an Chrócaigh nuair a bhíonn cluichí ar siúl. Is gá dó €100 a íoc le CLG chun seastán a fháil ar cíos le haghaidh gach cluiche. Díolann sé gach brat ar €6 an ceann. Bíonn costas táirgthe €4 ar gach brat.

1. Cé mhéad brat is gá d'Fhionnán a dhíol chun an pointe meá ar mheá a shroicheadh?
2. Cé mhéad is gá dó a dhíol in € chun an pointe meá ar mheá a shroicheadh?

Freagra ar Cheist A

Pointe meá ar mheá in Aonaid	Costais Sheasta ÷ (Praghas Díola – Costais Athraitheacha)

= €100 ÷ (€6 - €4)
= €100 ÷ €2
= 50 Aonad

Is gá d'Fhionnán breis agus 50 brat a dhíol má tá sé ag iarraidh aon bhrabús a dhéanamh. Má dhíolann sé níos lú ná seo caillfidh sé airgead.

Freagra ar Cheist B

Pointe meá ar mheá in €	Pointe meá ar mheá in Aonaid x Praghas Díola

= 50 Aonad x €6 (An Praghas Díola)
= €300

Is gá go mbeadh díolacháin de bhreis agus €300 ag Fionnán má tá sé ag iarraidh aon bhrabús a dhéanamh. Má dhíolann sé níos lú ná seo caillfidh sé airgead.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 176

Samhlaigh anois go bhfuil sé ar intinn ag Fionnán breis agus 100 brat a dhíol. Cad é an brabús glan a dhéanfaidh sé má dhíolann sé iad sin?

An Brabús Glan ó 'X' Aonad a Dhíol

Ioncam Iomlán = 'X' Aonad x Praghas Díola an Aonaid	
= 100 Brat x €6	€600
Lúide na Costais Iomlána	
Costais Sheasta	(€100)
Costais Athraitheacha	(€400)
An Brabús Glan	**€100**

Tá a fhios ag Fionnán anois go ndéanfaidh sé €100 brabús má dhíolann sé 100 brat, ach níl a fhios ag Fionnán cé mhéad brat a dhíolfaidh sé. Cad a tharlóidh má bhíonn drochlá aige? Mar thoradh air seo is gá dúinn an lamháil sábháilteachta a ríomh.

Lamháil Sábháilteachta

Is é an lamháil sábháilteachta ná an difríocht idir an réamhaisnéis díolacháin agus pointe meá ar mheá an ghnólachta.

Lamháil Sábháilteachta	Réamhaisnéis díolacháin in Aonaid – Pointe meá ar mhéa in Aonaid

Cad é Lamháil Sábháilteachta Fhionnáin

Réamhaisnéis díolacháin in Aonaid – Pointe meá ar mheá in Aonaid

100 brat – 50 Brat
= 50 Brat

An Chairt Mheá ar Mheá

Céim 1

Tarraing ais chothrománach agus ais ingearach

Féach ar an gceist agus déan deimhin de go bhfuil tú in ann na figiúirí uile a scríobh isteach ar an ngraf.

Sa cheist seo téann an ais ingearach suas go €600 agus téann an ais chothrománach suas go 100 Aonad.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 177

Cairt Mheá ar Mheá Fhionnáin

Céim 2

Tarraing an Líne de na Costais Sheasta

Cairt Mheá ar Mheá Fhionnáin

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:02 Page 178

Céim 3

Líon an tábla isteach thíos agus úsáid é chun an Líne den Ioncam Iomlán a tharraingt:

Líne den Ioncam Iomlán		
Líon na nAonad	**X Praghas Díola**	**= Ioncam Iomlán**
0		
Pointe Meá ar Mheá in Aonaid		
Réamhaisnéis Díolacháin		

Seo an freagra i gcás Fhionnáin:

Líne den Ioncam Iomlán		
Líon na nAonad	**X Praghas Díola**	**= Ioncam Iomlán**
0	0 x €6	€0
Pointe Meá ar Mheá in Aonaid	50 Aonad x 6	€300
Réamhaisnéis Díolacháin	100 Aonad x €6	€600

Cairt Mheá ar Mheá Fhionnáin



UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:03 Page 179

Cuir na trí phointe seo ar an gcairt mheá ar mheá agus ceangail iad le chéile chun líne dhíreach a dhéanamh.

Aonad	Euro
0	€100
50	€300
100	€500

Céim 4

Líon isteach an tábla seo thíos agus úsáid é **chun an Líne de na Costais Iomlána a tharraingt**.

Líne de na Costais Iomlána				
Líon na nAonad	**x Costas Athraitheach an Aonaid**	**= Costais Athraitheacha Iomlána**	**+ Costais Sheasta**	**= Costais Iomlána**
0				
Pointe Meá ar Mheá in Aonaid				
Réamhaisnéis Díolacháin				

Líne de na Costais Iomlána				
Líon na nAonad	**x Costas Athraitheach an Aonaid**	**= Costais Athraitheacha Iomlána**	**+ Costais Sheasta**	**= Costais Iomlána**
0	0 Aonad x €4	€0	+ €100	= €100
Pointe Meá ar Mheá in Aonaid	50 Aonad x €4	€200	+ €100	= €300
Réamhaisnéis Díolacháin	100 Aonad x €4	€400	+ €100	= €500

Cairt Mheá ar Mheá Fhionnáin



UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:03 Page 180

Cairt Mheá ar Mheá Fhionnáin



1. **An Pointe Meá ar Mheá**
   An áit ina mbuaileann an t-ioncam iomlán agus na costais iomlána le chéile.
2. **An Brabús ag Lánchumas**
   An difríocht idir an t-ioncam iomlán agus na costais iomlána.
3. **An Lamháil Sábháilteachta**
   An difríocht idir an réamhaisnéis díolacháin agus an pointe meá ar mheá.

Ceist Shamplach

(i) Cuireann gnólachtaí na figiúirí seo a leanas ar fáil maidir lena gcuid gníomhaíochtaí.

Réamhaisnéis Táirgeachta (Díolacháin)	*30,000 aonad*
Praghas Díola	*€90 an t-aonad*
Costais Sheasta	*€300,000*
Costas Inathraithe an t-aonad	*€60*

Léirigh agus úsáid á baint agat as cairt mheá ar mheá:

(a) An Pointe Meá ar Mheá.

(b) An Brabús ag an réamhaisnéis táirgeachta.

(c) An Lamháil Sábháilteachta ag an réamhaisnéis táirgeachta. (25 marc)

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:03 Page 181

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2011 Roinn 3 – Ceist 7(C) – 25 Marc

Mar chuid de 'Staidéar Indéantachta' i gcomhair earra nua, cuireann De Mórdha Tta an t-eolas airgeadais seo a leanas ar fáil:

Aschur Tuartha (Díolacháin)	40,000 aonad
Costas Díola	€20 an t-aonad
Costais Sheasta	€300,000
Costas Athraitheach de réir an aonaid	€10

(i) Léirigh iad seo a leanas le cairt mheá ar mheá:
  (a) An Pointe Meá ar Mheá;
  (b) An brabús ar an aschur tuartha;
  (c) An Lamháil Sábháilteachta ar an aschur tuartha.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar fheidhm **amháin** eile a bheadh ag staidéar indéantachta do De Mórdha Tta.

2010 Roinn 1 – Ceist 6 – 10 Marc

Déan staidéar ar an gcairt mheá ar mheá thíos agus freagair na ceisteanna a leanas sa Bhosca Freagraí.

(i) **An Pointe Meá ar Mheá** (PMM) ina aonaid agus ina euro.

(ii) An **Brabús** ar Dhíolacháin Thuartha (10,000 aonad) ina euro.

(iii) **Lamháil Sábháilteachta** (LS) in aonaid.



2010 Roinn 3 – Ceist 7(A) – 15 Marc

Déan plé ar na cúiseanna a ndéanann gnólachtaí taighde margaidh.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:03 Page 182

2010 Roinn 3 – Ceist 7(C) – 25 Marc

'Caitheann a lán gnólachtaí suimeanna móra airgid ag forbairt ainm branda.' Léirigh na buntáistí a bhronnann an bhrandáil ar an ngnólacht **agus** ar an tomhaltóir.

2009 Roinn 1 – Ceist 4 – 10 Marc

Mínigh na téarmaí 'taighde deisce' agus 'taighde allamuigh'. Bain úsáid as sampla **amháin** i gcás gach ceann díobh chun tacú le do fhreagra.

(a) Is éard is Taighde Deisce ná:
Sampla:

(b) Is éard is Taighde Allamuigh ná:
Sampla:

2009 Roinn 3 – Ceist 7(B) – 20 Marc

Olympian Tta is ainm do chuideachta a tháirgeann éadach spóirt brandáilte atá ar chaighdeán ard. Tar éis próisis fhada de thaighde margaidh tá an gnólacht anois ag leathnú a ghnó agus raon nua de Chultacha Spóirt Húdaí a dhéanamh dírithe ar an margadh déagóirí.

(i) Mínigh an téarma 'deighilt an mhargaidh' agus léirigh do fhreagra le tagairt do Olympian Tta.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhainfeadh Olympian Tta as deighilt an margaidh.

2009 Roinn 3 – Ceist 7(C) – 20 Marc (Féach sna boscaí thuas)

Déan cur síos ar na tosca ba chóir do Bhainisteoir Margaíochta Olympian Tta a chur san áireamh agus praghas díolacháin an raoin nua de Chultacha Spóirt Húdaí á shocrú.

2008 Roinn 3 – Ceist 7(B) – 30 Marc

Tá Déantúsaíocht Gluaisteán Tta ag smaoineamh ar tháirge nua a chur ar fáil.

Tá an gnólacht tar éis na figiúirí seo a leanas a chur ar fáil:

Costais Sheasta	*€200,000*
Costais Athraitheacha de réir an Aonaid	*€5*
Costas Díola	*€15*
Réamhaisnéis faoi Aschur (Díolacháin)	*30,000 Aonad*

(i) Léirigh iad seo le cairt mheá ar mheá:
(a) An Pointe Meá ar Mheá
(b) Brabús ag réamhaisnéis an aschuir
(c) An Lamháil Sábháilteachta ag réamhaisnéis an aschuir.

(ii) Mínigh 'Lamháil Sábháilteachta'. (30 marc)

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:03 Page 183

2007 Roinn 1 – Ceist 9 – 10 Marc

Tá léaráid thíos a úsáidtear sa ghnó. Sa bhosca freagraí in aice na léaráide, ainmnigh an léaráid agus líon isteach na lipéid chuí do na línte a bhfuil uimhreacha leo sa léaráid:



2007 Roinn 3 – Ceist 6(A) – 20 Marc

(i) Mínigh, agus tú ag úsáid léaráide, na céimeanna i saolré táirge.

(ii) I gcás **gach** céime, déan cur síos ar na himpleachtaí atá ann do shreabhadh airgid gnólachta.

2007 Roinn 3 – Ceist 7(A) – 30 Marc

Mínigh **ceithre** pholasaí praghsála ar féidir le gnóthais iad a úsáid mar chuid dá straitéis mhargaíochta féin agus cuir polasaí **amháin** acu i bhfeidhm maidir le do rogha táirge.

2007 Roinn 3 – Ceist 7(B) – 20 Marc

(i) Cad is plean margaíochta ann?

(ii) Déan measúnú ar an ról is féidir a bheith ag plean mar sin i gnó.

2007 Roinn 3 – Ceist 7(C) – 10 Marc

Tabhair breac-chuntas ar an mbrí atá leis an téarma 'margadh nideoige' agus léirigh do fhreagra le sampla.

2006 Roinn 3 – Ceist 7(B) – 30 Marc

Tá súil ag Déirdre Ní Mhaoldomhnaigh a gnó féin a bhunú le dul ag plé le táirgí cosmaideacha agus áille phearsanta, agus é dírithe ar mhargadh an tomhaltóra. Is comhairleoir margaíochta tusa agus tháinig sí chugatsa ag lorg roinnt comhairle maidir leis an margaíocht.

Mínigh di, i bhfoirm tuairisce **amháin**:

An tábhacht a bhaineann le 'pacáistíocht', 'brandáil' agus 'saolré táirge' maidir leis an ngnó seo.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:03 Page 184

2005 Roinn 3 – Ceist 6(B) – 35 Marc

(i) Cuireann gnóthas na figiúirí seo a leanas ar fáil maidir lena chuid gníomhaíochtaí.

Réamhaisnéis Táirgeachta (Díolacháin)	*20,000 aonad*
Praghas Díola	*€50 an t-aonad*
Costais Sheasta	*€300,000*
Costas Inathraithe an t-aonad	*€20*

Léirigh agus úsáid á baint agat as cairt mheá ar mheá:

(a) An Pointe Meá ar Mheá.
(b) An Brabús ag an réamhaisnéis táirgeachta.
(c) An Lamháil Sábháilteachta ag an réamhaisnéis táirgeachta. (25 marc)

(ii) Rianaigh an iarmhairt a bheadh ann don phointe meá ar mheá dá n-ardódh na costais inathraithe go €25 an t-aonad. Léirigh do fhreagra ar chairt mheá ar mhéa. (10 marc)

2005 Roinn 3 – Ceist 7(A) – 20 Marc

Déan cur síos ar na tosca tábhachtacha a chuirfeadh Bainisteoir Margaíochta san áireamh agus cinneadh á dhéanamh aici/aige maidir le praghas táirge nó seirbhíse nua.

2005 Roinn 3 – Ceist 7(C) – 10 Marc

Mínigh an téarma Deighilt an Mhargaidh.

2004 Roinn 1 – Ceist 10 – 10 Marc

Ar an Chairt Mheá ar Mheá thíos taispeáin go soiléir an méid seo a leanas:
Líne Costais Iomlán, Líne Ioncaim, Lamháil Sábháilteachta, Líne Costais Seasta, Pointe Meá ar Mheá.



UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:03 Page 185

2004 Roinn 3 – Ceist 7(A) – 25 Marc

Sainmhínigh Taighde Margaidh.

Mínigh na cúiseanna go dtógfadh fiontar gnó an cúram sin (taighde margaidh) orthu féin.

2004 Roinn 3 – Ceist 7(B) – 20 Marc

Déan anailís ar dhá theicníocht a bhaineann le taighde Margaidh a mbainfeá úsáid astu i gcomhair táirge nó seirbhís de do rogha féin.

2004 Roinn 3 – Ceist 7(C) – 15 Marc

Mínigh an buntáiste atá ann d'fhiontar gnó an coincheap margaíochta a ghabháil chuige féin.

2002 Roinn 3 – Ceist 7(A) – 20 Marc

Céim lárnach i straitéis margaíochta is ea taighde margaíochta a chur i gcrích. Rianaigh an chaoi ar féidir taighde margaíochta sásúil a chur i gcrích trí

(i) Staidéir allamuigh
(ii) Staidéir deisce.

2002 Roinn 3 – Ceist 7(B) – 10 Marc

Rianaigh na cúiseanna a rachadh rannóg margaíochta i mbun deighilt mhargaidh.

2001 Roinn 1 – Ceist 5 – 10 Marc

Sainmhínigh taighde margaíochta:

2001 Roinn 3 – Ceist 7(B) – 40 Marc

Déanann 'Seatsoft' Ltd. cathaoireacha oifige. Caithfidh sé a chuid costas a ghlanadh chun teacht slán. Soláthraíonn 'Seatsoft' na figiúirí seo a leanas faoina chuid gníomhaíochtaí:

Costais Sheasta	Éir£1 milliún
Costais Athraitheacha per aonad	Éir£20
Réamhaisnéis Táirgeachta (Díolacháin)	70,000 aonad
Praghas Díola per aonad	Éir£40

Léirigh trí chairt mheá ar mheá a chur ar fáil:
(i) An Pointe Meá ar Mheá.
(ii) An Brabús ag Lánchumas.
(iii) An Corrlach Sábháilteachta.

2000 Roinn 3 – Ceist 7(B) – 10 Marc

Déan cur síos ar an tslí a gcuideodh forbairt straitéise (plean) mhaith margaíochta le fairsingiú gnó.

AONAD

5 CAIBIDIL 17 MARGAÍOCHT 2

3. Tionscnamh (Cur Chun Cinn)

Tá tionscnamh bunaithe ar an tomhaltóir a chur ar an eolas maidir le táirge agus é/í a mhealladh chun an táirge sin a cheannach.

Is iad seo a leanas na ceithre phríomhbhealach chun táirge a chur chun cinn:

1. Fógraíocht
2. Na Díolacháin a thionscnamh (a chur chun cinn)
3. Caidreamh Poiblí
4. Díolacháin Phearsanta

Fógraíocht ➤ Bealach neamhphearsanta is ea é seo chun an tomhaltóir a chur ar an eolas faoin táirge.

Cineálacha Fógraíochta

1. Fógraíocht Athchuimhne

Chun a chur in iúl don tomhaltóir go bhfuil an táirge ar fáil agus chun é a choimeád in intinn an tomhaltóra.

2. Fógraíocht de Gheit

Chun aitheantas a fháil don táirge/ seirbhís trí gheit a bhaint as an tomhaltóir agus chun a chur ina luí ar an tomhaltóir gur chóir dó/di an táirge a cheannach.

3. Fógraíocht Fhaisnéiseach

Chun eolas a thabhairt don tomhaltóir faoin táirge agus faoi fheidhm an táirge.

4. Fógraíocht Tharraingteach

Chun a chur in iúl don tomhaltóir gur gá dó/di an t-earra a cheannach.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:03 Page 187

5. Fógraíocht Iomaíoch

Chun dhá bhranda a chur i gcomparáid lena chéile chun a thaispeáint go bhfuil táirge amháin níos fearr ná an ceann eile.

Na Meáin Fhógraíochta (Ceist choitianta don ghnáthleibhéal)

1. An Teilifís
2. An Raidió
3. Na Nuachtáin
4. Na hIrisleabhair
5. Post Díreach

Is iad seo a leanas na tosca a bhfuil éifeacht acu ar na meáin fhógraíochta

1. Costas	2. An Teachtaireacht	3. An Cineál Earra

Údarás Caighdeáin Fógraíochta na hÉireann

- Grúpa Sainleasa é seo atá bunaithe ag daoine atá ag obair san tionscal fógraíochta.
- Is é an aidhm atá aige chun rialú a dhéanamh ar an tionscal fógraíochta in Éirinn. Bíonn sé ag iarraidh an tomhaltóir a chosaint ó aon fhógraíocht atá maslach, mícheart nó míthreorach.
- Is féidir le duine ar bith gearán a dhéanamh leis an Údarás. (ASAI)

Díolacháin a Thionscnamh (a Chur Chun Cinn)

Nuair a dhéanann gnó iarracht an tomhaltóir a spreagadh chun a tháirge/ tháirgí a cheannach trína dhreasú. Is iad seo a leanas sampla de dhíolacháin a thionscnamh (a chur chun cinn).

Samplaí saor in aisce

Nuair a thugann gnólacht triail saor in aisce den táirge don tomhaltóir. Is é an aidhm atá taobh thiar dá seo go dtaitneoidh an táirge leis an tomhaltóir agus go gceannóidh sé/sí an táirge ina dhiaidh sin.

Dearbhán ar phraghas níos lú

Tugann gnólacht dearbhán do thomhaltóirí a ligeann dóibh earra a cheannach ar lascaine. Is féidir dearbhán a fháil sna nuachtáin, sa phost nó ar an idirlíon. Baineann Tesco & Dunnes leas as dearbháin.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:03 Page 188

Comórtas

Tugann an gnólacht deis don tomhaltóir airgead/ duais a bhuachan i gcomórtas. Bíonn an gnólacht ag súil go dtarraingeoidh an comórtas aird ar an táirge.

Cártaí Dílseachta

Tugann an gnólacht pointí do thomhaltóirí le gach ceannach a dhéanann siad. Nuair a fhaigheann siad dóthain pointí faigheann siad Dearbhán Praghasghearrtha (*Money off voucher*). Is é an aidhm atá taobh thiar dá seo chun an tomhaltóir a spreagadh chun breis ceannaigh a dhéanamh. *Mar shampla, Dunnes Loyalty Card agus Boots Advantage Card.*

Marsantú

Nuair a chuireann an gnólacht táirgí in áit shuntasach ionas go gceannóidh an tomhaltóir an táirge. Braitheann an marsantú go mór ar an tobcheannach/ ar an gceannach tallannach *(impulse buying)*. Tarlaíonn 70% de na díolacháin laistigh de Dunnes de bharr an tobcheannaigh.

Caidreamh Poiblí

Is é an aidhm atá taobh thiar den chaidreamh poiblí chun íomhá mhaith a chur chun cinn i dtaobh an ghnó. Tá caidreamh poiblí an-tábhachtach mar bíonn drogall ar thomhaltóirí earraí a cheannach ó ghnó a bhfuil drochíomhá aige.

Baintear leas as an gcaidreamh poiblí:

1. **Nuair atá táirgí nua á seoladh ➤** Is é an smaoineamh atá taobh thiar dá seo chun aird a tharraingt ar an ngnó agus ar an táirge.
2. **Chun díriú ar chustaiméirí ar leith ➤** Déanann gnólacht urraíocht ar ócáid ar leith mar tuigeann sé go bhfuil suim ag a spriocmhargadh san ócáid sin.

Díolacháin Phearsanta

Cumarsáid ó bhéal atá i gceist leis seo. Déanann an díoltóir iarracht caidreamh a bhunú leis an gceannaitheoir agus ar deireadh déanann sé iarracht an táirge/ seirbhís a chur ina luí air. Déantar é seo i stóras ar nós Dixons agus Powercity

4. Bealaí Dáileacháin

A.	Táirgeoir →	Mórdhíoltóir →	Miondíoltóir →	Tomhaltóir
B.	Táirgeoir →	→	Miondíoltóir →	Tomhaltóir
C.	Táirgeoir →	→		Tomhaltóir

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:03 Page 189

Tá sé an-tábhachtach go mbeidh an táirge ar fáil sna siopaí ionas go mbeidh an tomhaltóir in ann é a cheannach. Is iad seo a leanas na trí bhealach dáileacháin éagsúla is féidir leis an ngnó a úsáid.

(A) **Táirgeoir ➤ Mórdhíoltóir ➤ Miondíoltóir ➤ Tomhaltóir**
Mar shampla, Barra Seacláide Mars ➤ Díolann Mars an barra le Musgraves ar 50c, Díolann Musgraves é le nuachtánaí ar 65c. Díolann an nuachtánaí é leis an tomhaltóir ar 80c.

(B) **Táirgeoir ➤ Miondíoltóir ➤ Tomhaltóir**
Nuair a dhíolann Mars barra seacláide díreach le Dunnes ar 50c.

(C) **Táirgeoir ➤ Tomhaltóir**
Mar shampla, Dell ag díol díreach leis an tomhaltóir ón suíomh Gréasáin atá aige. Stóras Monarchan O'Neills ag díol díreach leis an tomhaltóir.

Mórdhíoltóir (*Wholesaler*) ➤ **Easons agus Íoc is Iompair**
Miondíoltóir (*Retailer*) ➤ **Nuachtánaí, Dunnes & River Island**

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2010 Roinn 3 – Ceist 7(B) – 20 Marc

Déan measúnú ar "Tionscnamh Díolacháin" agus "Caidreamh Poiblí" mar ghléasanna tionscnaimh.

2006 Roinn 3 – Ceist 7(C) – 10 Marc

Tá súil ag Déirdre Ní Mhaoldomhnaigh a gnó féin a bhunú le dul ag plé le táirgí cosmaideacha agus áille phearsanta, agus é dírithe ar mhargadh an tomhaltóra. Is comhairleoir margaíochta tusa agus tháinig sí chugatsa ag lorg roinnt comhairle maidir leis an margaíocht.

Mínigh di, i bhfoirm tuairisce **amháin**:

An téarma 'bealach dáilte', agus déan ceann a mholadh a bheadh oiriúnach dá gnó.

2005 Roinn 3 – Ceist 7(B) – 30 Marc

Maidir le táirge/seirbhís áirithe de do rogha féin, déan measúnú ar ról na nithe seo a leanas i gcur chun cinn an táirge/na seirbhíse:

(i) Fógraíocht (ii) Caidreamh Poiblí agus (iii) Díolachán Pearsanta.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:03 Page 190

2003 Roinn 3 – Ceist 7(B) – 35 Marc

Má tá rath i ndán don Mheascadh Margaíochta, ní mór dó a bheith bunaithe ar riachtanais custaiméirí agus ní mór dó seasamh leis an íomhá atá riachtanach don táirge nó don tseirbhís áirithe.

Déan anailís, ar mhíreanna an mheascadh margaíochta, i gcás do rogha táirge nó seirbhíse.

2002 Roinn 3 – Ceist 7(C) – 30 Marc

Tabhair breithmheas ar thrí mhodh chun do rogha táirge nó seirbhíse a chur ar aghaidh.

2001 Roinn 1 – Ceist 8 – 10 Marc

Dréachtaigh meamram agus é leagtha amach go cuí, go dtí na Feidhmeannaigh Díolacháin san eagraíocht, ag liostáil dhá mhodh sa ghnólacht chun Díolacháin a chur chun cinn.

2000 Roinn 1 – Ceist 6 – 10 Marc

Is teicníocht tionscnaimh a bhfuil tóir air é Tionscnamh Díolacháin. Liostaigh trí theicníocht tionscnaimh eile a mbaineann gnó leas astu. Imlínigh aon cheann ar bith acu.

AONAD

5 CAIBIDIL 18
GNÓ A LEATHNÚ

Gnó a Leathnú – Tá an-chuid bealaí inar féidir le gnó leathnú a dhéanamh. An dá phríomhbhealach ná trí **Bhorradh Orgánach** agus **Borradh Neamhorgánach**.

Borradh Orgánach

An fás mall agus nádúrtha sa ghnó. Déantar brabús i siopa amháin agus úsáidtear an brabús sin chun siopa eile a cheannach. Déantar é seo arís agus arís eile, agus thar thréimhse ama bíonn an-chuid siopaí ag an ngnó.

Tá roinnt straitéisí **orgánacha** difriúla ann a d'fhéadfadh gnólachtaí a úsáid chun cabhrú leo leathnú a dhéanamh, mar atá:

1. Méadú ar na Díolacháin

Is féidir leis an ngnólacht méadú a dhéanamh trí níos mó earraí a dhíol agus dá bhrí sin níos mó brabúis a dhéanamh. Is féidir na díolacháin a mhéadú trí mhargaíocht níos fearr a dhéanamh agus feabhas a chur ar an táirge.

Mar shampla, Apple, a dhíolann an IPhone, IPad agus IPod.

Is féidir leis an ngnólacht méadú a dhéanamh freisin trína earraí a dhíol i dtíortha difriúla. Tháinig fás ar Baileys trí easpórtáil a dhéanamh ar fud an domhain.

2. Saincheadú

Is féidir le gnó fás orgánach a dhéanamh tríd an saincheadú. Is é atá i gceist le saincheadú go dtugann úinéir an ghnó cead d'fhiontraithe eile aithris a dhéanamh ar a smaoineamh má íocann siad táille leis/léi mar mhalartú.

Cuireann an t-úinéir comhairle agus oiliúint ar an bhfiontraí. Ach, tugann sé rialacha atá docht agus daingean dó/di freisin.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:03 Page 192

Fás Neamhorgánach

Déantar leathnú ar ghnó go tapa trí chumasc nó trí chomhaontú straitéiseach a dhéanamh le gnó eile nó trí tháthcheangal a dhéanamh ar ghnó eile.

Tá roinnt straitéisí **neamhorgánacha** difriúla ann a d'fhéadfadh gnóthaí a úsáid chun cabhrú leo leathnú a dhéanamh, mar atá:

1. Comhaontú Straitéiseach

Nuair a aontaíonn dhá ghnó comhoibriú a dhéanamh le chéile ar thionscadal ar leith. Cé go gcomhaontaíonn siad le chéile fanann na gnóthaí scartha óna chéile. Bíonn roinnt mhaith buntáistí ag baint leis seo. Comhroinntear na costais agus bíonn breis saineolais acu.

2. Cumasc

Nuair a thagann dhá ghnó le chéile chun gnó mór amháin a chruthú. I gcodarsnacht le comhaontú straitéiseach is rud buan é seo.

3. Táthcheangal

Nuair a fhaigheann gnó smacht ar ghnó eile trí 51% dá scaireanna a cheannach (51% ar a laghad). Déantar é seo le toiliú nó gan toiliú an ghnó eile. *Mar shampla, rinne Éircom táthcheangal ar Meteor i 2005, i gcomhair €420 milliún.*

Cúiseanna le Gnó a Leathnú

Cúiseanna Síceolaíochta

1. Uaillmhian

Tógálaithe impireachta a thugtar ar na gnó-eagraithe ar mhian leo a gcuid gnóthaí a leathnú ar fud an domhain. Bíonn an cháil, an gaisce agus an cur i gcrích an-tábhachtach dóibh.

Mar shampla, Donald Trump agus Rupert Murdoch

2. Dúshlán

Baineann an t-úinéir/ fiontraí taitneamh as fás an ghnó. Uaireanta eile bíonn dúil aige/aici gnó nua a chur ar bun agus é a chur i gcrích i gceart. Baineann Richard

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:03 Page 193

Branson, as Virgin, taitneamh as gnóthaí nua a bhunú. Nuair a bhíonn siad bunaithe aige cuireann sé bainisteoirí nua isteach iontu chun iad a reáchtáil. Sa tslí sin is féidir leis díriú ar ghnó nua eile a bhunú. *Laethanta saoire sa Spás* an fiontar is déanaí atá ag Branson.

Cúiseanna Le Cosaint a Dhéanamh

1. Barainneacht Scála

De réir mar a thagann fás ar an ngnó tagann laghdú ar chostais an aonaid. Glaoitear *Barainneacht scála* air seo. Toisc go bhfuil a chuid costas don aonad níos lú, is féidir leis an ngnó a phraghsanna a laghdú agus é féin a chosaint ón iomaíocht.

2. Cosaint ó Sholáthraithe

Is féidir leis an ngnó é féin a chosaint ón easpa amhábhar ar ardchaighdeán atá ar fáil. Is féidir leis cumasc a dhéanamh leis an soláthraí nó táthcheangal a dhéanamh ar an soláthraí óna bhfuil sé ag ceannach na n-amhábhar. *Mar shampla, HB Ice Cream ag ceannach Avonmore chun a chinntiú go bhfaigheann sé bainne ar ardchaighdeán ag an mbunphraghas. Glaoitear cúl-chomhcheangal ingearach (backward vertical integration) air seo.*

3. Cúrsaí Dáileacháin a Chosaint

Chun a chinntiú go bhfuil na táirgí á ndíol sna margaí cearta is féidir leis an ngnó cumasc a dhéanamh le gnó nó táthcheangal a dhéanamh ar ghnó a dhíolann a chuid táirgí leis an tomhaltóir. Cosnaíonn sé seo an gnó ó iomaitheoirí eile. *Mar shampla, Coke ag cumasc le Burger King. Glaoitear réamh-chomhcheangal ingearach (forward vertical integration) air seo.*

4. Éagsúlú *(Diversification)*

Is féidir le gnóthaí an riosca atá ann a chomhroinnt idir tháirgí difriúla chun iad féin a chosaint ó theip sa mhargadh. Déanann gnó leathnú trí chumasc a dhéanamh le gnó nó trí tháthcheangal a dhéanamh ar ghnó i réimse nach bhfuil aon bhaint aige leis. Déantar é seo mar má bhíonn gnó **A** i dtrioblóid is féidir an brabús ó ghnó **B** a úsáid chun cabhrú le gnó **A.** *Mar shampla, sna 1980idí rinne Carrolls táthcheangal ar Fheirm Éisc chun é féin a chosaint ón titim i ndíolacháin toitíní. Agus, cheannaigh Gillette an gnólacht Parker Pens.*

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:03 Page 194

Cúiseanna le bheith Trodach

1. An Iomaíocht a Scriosadh

Is féidir le gnó táthcheangal a dhéanamh ar a iomaitheoir. An chúis a bhaineann leis seo ná chun an iomaíocht a scriosadh agus smacht a choimeád ar an margadh.

Rinne Ryanair iarracht táthcheangal a dhéanamh ar Aer Lingus i 2006.

2. Scamhadh Sócmhainní

Is é atá i gceist leis seo ná táthcheangal a dhéanamh ar ghnó eile ionas gur féidir leis an ngnó acmhainní an ghnó eile a úsáid nó iad a dhíol ar phraghas ina ndéantar brabús mór as. *Mar shampla, tógálaí mór ag déanamh táthcheangail ar ghrúpa mór óstán agus na hóstáin sin a leagan agus árasáin a thógáil.*

3. Táirgí nua a Fháil

Is é atá i gceist leis seo ná táthcheangal a dhéanamh ar ghnó rathúil chun a smaointe, earraí, innealra, foireann oibre agus margadh a fháil. Nuair atá seilbh ag gnó amháin ar ghnó eile tá seilbh aige ar a chuid táirgí.

Airgeadas á Roghnú Le Gnó a Leathnú

1. Caipiteal Cothromais

Is féidir leis an bhfiontraí airgead a dhéanamh don leathnú trí scaireanna sa ghnó a dhíol le hinfheisteoirí. Mar mhalairt ar an airgead sin tugann an fiontraí úinéireacht sa ghnó sin don infheisteoir. Do gach scair a cheannaíonn an t-infheisteoir faigheann sé/sí vóta agus céatadán den bhrabús ar a nglaoitear díbhinn.

2. Tuilleamh Coinnithe (An Brabús a Choimeád)

Is é atá i gceist leis seo ná an brabús a choimeád ar feadh tamaill fhada agus ansin é a úsáid leis an ngnó a leathnú. D'úsáid Ryanair a bhrabús chun 25% de Aer Lingus a cheannach.

3. Caipiteal Iasachta (Caipiteal Fiachais)

Is féidir airgead a fháil le gnó a leathnú trí iasacht a fháil ón mbanc. Glaoitear bintiúr ar iasacht fhadtéarmach. Is gá don ghnó ús a íoc ar an iasacht seo agus é a aisíoc go hiomlán ar dháta socraithe sa todhchaí. Ní fhaigheann an banc aon scair sa ghnó ach cuirtear sócmhainn an ghnó ar fáil mar chomhthaobhacht.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:03 Page 195

4. Deontas

Airgead a thugann an rialtas don ghnó chun cabhrú leis íoc as sócmhainní atá riachtanach leis an ngnó a leathnú. Ní gá don ghnó an deontas a aisíoc don rialtas ach tugann an rialtas rialacha atá docht agus daingean dó. Is foinse airgeadais bhuan í seo.

Codarsnachtaí idir Caipiteal Cothromais agus Caipiteal Iasachta

1. Baol Féimheachta

Tá baol féimheachta i bhfad níos airde ann don ghnó atá ag baint úsáide as caipiteal iasachta. Má bhíonn drochthréimhse aige bíonn air leanúint ar aghaidh ag aisíoc na hiasachta chuig an mbanc, **i gcodarsnacht** leis an ngnó a bhaineann úsáid as caipiteal cothromais mar ní bhíonn aon aisíocaíochtaí rialta le déanamh aige.

2. An fhoinse Airgeadais buan í?

Ní gá an caipiteal cothromais a aisíoc go dtí go ndúnfaidh an gnó síos, **i gcodarsnacht** leis an gcaipiteal iasachta áit ar gá é seo a íoc ar ais ar an dáta a shocraítear.

3. Díbhinn

Leis an gcaipiteal cothromais, is gá díbhinn a íoc leis na scairshealbhóirí, **i gcodarsnacht** leis an gcaipiteal iasachta áit nach gá díbhinn a íoc leis an mbanc.

4. Urrús

Leis an caipiteal cothromais, ní gá urrús a thabhairt, **i gcodarsnacht** leis an gcaipiteal iasachta áit ar gá urrús a thabhairt.

5. In-asbhainteach ó thaobh Cánach

Na díbhinní a íocann an gnó leis na scairshealbhóirí níl siad in-asbhainteach ó thaobh cánach, **i gcodarsnacht** leis an ús a íocann an gnó ar a iasachtaí atá in-asbhainteach. Mar sin íocann an gnó níos lú cánach le caipiteal iasachta.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:03 Page 196

6. Smacht

Leis an gcaipiteal cothromais cailleann an gnó smacht, mar bíonn air scaireanna a eisiúint ar infheisteoirí. **I gcodarsnacht** leis seo ní chailleann an gnó aon smacht nuair a úsáideann sé caipiteal iasachta.

Éifeacht Gnó a Leathnú ar an nGnó

Bíonn éifeacht **Ghearrthéarmach** agus **Fadtéarmach** le gnó a leathnú, mar seo a leanas:

1. Scairphraghas

Tagann ardú ar scairphraghas mar bíonn infheisteoirí ag lorg scaireanna i ngnóthaí móra rathúla. De ghnáth déanann gnóthaí móra brabús níos mó.

2. Táirgí

Bíonn níos mó táirgí ar fáil. Bíonn níos mó airgid ar fáil le haghaidh taighde, cúrsaí margaíochta agus le hearraí a fhorbairt freisin.

3. Bainistíocht

Bíonn struchtúr nua bainistíochta ag teastáil.

4. Brabús

Go gearrthéarmach titeann an leibhéal brabúis mar bíonn an-chuid costas ag baint le gnó a leathnú. Ach, go fadtéarmach ba chóir go dtiocfadh méadú ar an mbrabús de bharr barainneachtaí scála[1].

An Tábhacht a Bhaineann le Gnó a Leathnú do Gheilleagar na hÉireann

1. Cáin sa Bhreis

Déanann gnólachtaí móra níos mó brabúis. Íocann siad níos mó cánach leis an rialtas agus is féidir leis an Rialtas an cháin seo a úsáid chun feabhas a chur ar gheilleagar na tíre.

2. Breis Fostaíochta

An leathnú a dhéantar ar ghnó cothaíonn sé breis fostaíochta. Íocann na fostaithe seo cáin sa bhreis agus ní bhíonn siad ag baint úsáide as an leas sóisialta a thuilleadh.

[1] Economies of scale

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:03 Page 197

3. Buntáistí breise do ghnólachtaí eile

Bíonn an gnólacht ag ceannach níos mó amhábhar ó sholáthraithe. Cabhraíonn sé seo le fás na soláthraithe.

An Tábhacht a Bhaineann le Gnó a Leathnú Thar Lear

1. Breis Fostaíochta

An leathnú a dhéantar ar an ngnó cothaíonn sé breis fostaíochta. Íocann na fostaithe seo cáin sa bhreis agus ní bhíonn siad ag baint úsáide as an leas sóisialta a thuilleadh. *Mar shampla*, *Baileys*

2. Caidreamh Idirnáisiúnta

Tagann feabhas ar an gcaidreamh a bhíonn idir Éirinn agus na tíortha a bhfuil sí ag trádáil leo.

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2011 Roinn 3 – Ceist 6(A) & (B) – 25 Marc & 15 Marc

Táirgeann Cill Rónáin Tta réimse d'earraí bia fuaraithe. As comhábhair nádúrtha a dhéantar táirgí an chomhlachta. Tá duaiseanna éagsúla buaite acu agus tá siad go mór i mbéal an phobail. Tá sé anois ar na brandaí is mó in Éirinn agus soláthraíonn siad earraí do shlabhraí na n-ollmhargaí is mó go léir. Tá Cill Rónáin Tta ag smaoineamh ar 'chumasc' nó ar 'tháthcheangal' a dhéanamh mar mhodh chun an gnó a leathnú i margadh na hÉireann. Ina theannta sin tá sé ag smaoineamh ar conas fás an chomhlachta a mhaoiniú.

(A) (i) Léirigh an difríocht idir *cumasc* agus *táthcheangal* mar mhodhanna chun gnó a leathnú.

(ii) Déan plé ar na buntáistí agus ar na rioscaí do Chill Rónáin Tta a bhaineann le cumasc mar mhodh leathnaithe gnó. (25 mharc)

(B) Déan idirdhealú idir *caipiteal fiachais* agus *caipiteal cothromais* mar fhoinsí maoinithe do leathnú Chill Rónáin Tta. (15 mharc)

2009 Roinn 3 – Ceist 5(A) – 20 Marc

(i) Mínigh an téarma 'comhghuaillíocht ghnó'.
(ii) Léirigh na buntáistí a bhaineann le comhghuaillíocht mar chaoi le gnó a leathnú.

UNIT 5:Layout 1 12/07/2012 16:03 Page 198

2009 Roinn 3 – Ceist 5(B) – 20 Marc

Déan measúnú ar Chaipiteal Fiachais agus ar Chaipiteal Cothromais mar fhoinsí airgeadais chun gnó a leathnú.

2006 Roinn 3 - Ceist 6(B) – 20 Marc

Tá Paula agus Tomás ar ais in Éirinn le gairid tar éis dóibh a bheith ag obair i gcuideachtaí trasnáisiúnta le deich mbliana anuas. Is mian leo gnó a bhunú le chéile in Éirinn agus raon gránbharr bricfeasta orgánach nua a dhéanamh. Tá scil faoi leith ag Paula sa táirgeacht agus san airgeadas agus tá scil ag Tomás sa mhargaíocht agus in acmhainní daonna.

Tá rún ag Paula agus Tomás an gnó a leathnú isteach i margadh an AE ar ball.
(i) Déan cur síos ar na himpleachtaí atá ann don ghnó má dhéantar é a leathnú.
(ii) Mínigh **dhá** mhodh leathnaithe a molfá dóibh smaoineamh orthu.

2005 Roinn 3 – Ceist 5(B) – 20 Marc

Déan cur síos, agus úsáid á baint agat as samplaí, ar na tosca nár mhór do bhainisteoir a chur san áireamh agus foinsí airgid i gcomhair leathnaithe á roghnú aici/aige.

2005 Roinn 3 – Ceist 5(C) – 20 Marc

Déan cur síos ar *thrí* chúis a ndéanfaí gnó a leathnú seachas le brabús a mhéadú.

2000 Roinn 3 – Ceist 7(A) – 20 Marc

Imlínigh dhá chúis le Fairsingiú Gnó seachas ar mhaithe le méadú ar Bhrabúis.

2000 Roinn 3 – Ceist 7(C) – 30 Marc

Cuir caipiteal cothromais i gcodarsnacht le caipiteal iasachta mar fhoinsí airgeadais d'fhairsingiú.

AONAD

6 CAIBIDIL 19 EAGRAÍOCHTAÍ GNÓ

1) Trádálaí Aonair

Úinéir amháin a bhíonn i gceist le gnólacht trádálaí aonair. Is é an duine céanna é sin a reáchtálann an gnó. *Mar shampla, poitigéir nó feirmeoir*

Buntáistí

1. **Beagán foirmiúlachta** agus beagán páipéarachais i gceist. Is gá clárú ar www.cro.ie
2. Coimeádann an trádálaí aonair an **brabús** go léir.
3. **Smacht** iomlán ar an ngnó. Is féidir cinntí a dhéanamh go tapa.
4. **Rúndacht** – Ní gá na cuntais airgeadais a fhoilsiú go poiblí.

Míbhuntáistí

1. **Dliteanas Neamhtheoranta** – D'fhéadfadh trádálaithe aonair gach rud a chailleadh, an t-airgead a d'infheistigh siad ina gnóthaí agus a gcuid sócmhainní pearsanta.
2. **Strus/ Ualach Oibre** – An-chuid uaireanta oibre. Ní bhíonn aon chabhair ag an trádálaí aonair.
3. **Airgead** – Uaireanta bíonn sé deacair airgead a fháil chun críoch a chur leis an ngnó. Bíonn drogall ar bhainc iasachtaí a thabhairt don trádálaí aonair.

2) Comhpháirtíocht

Gnó ina bhfuil idir 2 – 20 duine. Cuireann na daoine seo a gcuid acmhainní agus saineolas le chéile.

Mar shampla, KPMG agus PriceWaterhouseCoopers.

Ní mór do dhaoine atá ag dul isteach i gcomhpháirtíocht lena chéile conradh a

UNIT 6.Layout 1 13/07/2012 08:39 Page 200

leagan síos sula dtosóidh siad ag feidhmiú. Glaoitear **gníomhas comhpháirtíochta** *(deed of partnership)* ar an gconradh seo.

Úsáidtear é seo má bhíonn aon easaontas idir na páirtithe. Leagtar síos sa chonradh seo na nithe seo a leanas:

A) Conas a chomhroinntear an brabús.
B) An fhreagracht atá gach páirtí i reáchtáil an ghnó.
C) Cad a tharlóidh má theipeann ar an ngnó
D) Tuarastal gach páirtí.
E) Úinéireacht gach páirtí.

Buntáistí

1. Breis **saineolais** agus **acmhainní** curtha ar fáil don Ghnó. Leis seo déantar cinntí níos fearr.
2. **Tá sé simplí é a chur i gcrích**. Níl aon choinníoll dlíthiúil ag teastáil.
3. Breis **caipitil** ar fáil. Bíonn breis úinéirí agus infheisteoirí ar fáil, agus mar sin, is fusa don ghnó teacht ar airgead.
4. **Rúndacht** – Ní gá na cuntais airgeadais a fhoilsiú go poiblí ➤ *Ní féidir le do chuid iomaitheoirí eolas a fháil.*

Míbhuntáistí

1. **Dliteanas Neamhtheoranta** – D'fhéadfadh na páirtithe gach rud a chailleadh. Mura bhfuil an cumas ag páirtí amháin a sciar den iasacht a íoc ar ais is gá do na páirtithe eile an sciar sin a chlúdach.
2. Bíonn ar na páirtithe an **brabús a chomhroinnt.** Eagraítear é seo roimh ré, mar sin ní bhfaighidh páirtí íocaíocht de réir mhéid na hiarrachta a dhéanann sé/sí i reáchtáil an ghnó ó lá go lá.
3. Tá baol ann go mbeidh **coinbhleacht**/ argóint idir na páirtithe. Tá cumhacht ag an easaontas seo an gnó a scriosadh.
4. Táthar **níos moille agus cinntí** á ndéanamh. Baineann sé seo de sholúbthacht an ghnó.

3) Cuideachta Phríobháideach Theoranta

I gCuideachta Phríobháideach Theoranta is féidir idir 1-50 úinéirí a bheith ann ar a nglaoitear scairshealbhóirí. Ní féidir scaireanna a dhíol leis an bpobal. Bíonn Stiúrthóirí i gceannas ar an ngnólacht seo

UNIT 6.Layout 1 13/07/2012 08:39 Page 201

agus toghann na scairshealbhóirí na stiúrthóirí seo. Bíonn an gnólacht go hiomlán scartha ó na húinéirí. *Mar shampla, Easons nó Jurys*.

Meabhrán Comhlachais (*Memorandum of Association*)
Is gá don ghnólacht é seo a chur i gcrích sula dtosóidh sé ag trádáil. Leagann an meabhrán comhlachais síos cuspóirí an ghnólachta agus cinntíonn sé nach ndéanfaidh sé aon rud nach bhfuil faoi chumhacht an ghnólachta. Glaoitear *Ultra Vires* air seo. Sa mheabhrán comhlachais bíonn ainm an ghnólachta agus an tsuim airgid a d'infheistigh gach úinéir.

Buntáistí

1. Bíonn **dliteanas teoranta** ag na scairshealbhóirí sa ghnólacht. Má theipeann ar an ngnó ní chaillfidh siad a gcuid sócmhainní pearsanta. Ach caillfidh siad an caipiteal a chuir siad isteach sa ghnó.
2. Tá sé níos éasca teacht ar **chaipiteal.** Tá níos mó daoine ar fáil chun airgead a infheistiú.
3. Is féidir an **t-ualach oibre a chomhroinnt**. Tá scileanna difriúla agus saineolas difriúil ag gach duine.
4. **Cinntí níos fearr** – Bíonn breis saineolais ag comhpháirtíocht mar bíonn breis úinéirí sa ghnó. Uaireanta bíonn bua na margaíochta ag duine amháin, bua na cuntasaíochta ag duine eile, srl.
5. **Rátaí Cánach** atá íseal – Íocann cuideachta phríobháideach theoranta an ráta cánach corparáideach. Is é an ráta cánach corparáideach 12.5%

Míbhuntáistí

1. Tá sé i bhfad **níos casta** tús a chur le Cuideachta Phríobháideach Theoranta. Is gá cead a fháil ó Chláraitheoir na gCuideachtaí. Is gá táille a íoc don tseirbhís seo, freisin.
2. Is gá don chuideachta a **cuntais airgeadais a fhoilsiú** gach bliain. Is féidir le custaiméirí, iomaitheoirí agus fostaithe úsáid a bhaint astu seo i gcoinne na cuideachta.
3. Is gá an **brabús a chomhroinnt** leis na scairshealbhóirí de réir na suime airgid a d'infheistigh siad sa ghnó seachas an méid oibre a d'infheistigh siad.
4. Bíonn an-chuid **coinníollacha dlíthiúla** i gceist. Is gá d'iniúchóir iniúchadh a dhéanamh ar chuntais an ghnólachta.

4) Cuideachta Phoiblí Theoranta

Is é atá i gceist leis seo ná gnó a bhfuil úinéireacht ag seachtar ar a laghad uirthi. Níl aon teorainn ar líon na n-úinéirí. Bíonn **dliteanas teoranta** ag na scairshealbhóirí sa ghnólacht. Is gá go mbeidh an focal deiridh ag an *cpt (plc)*. Is féidir leis an ngnó

UNIT 6.Layout 1 13/07/2012 08:39 Page 202

caipiteal a fháil trí scaireanna a dhíol leis an bpobal. Glaoitear Caipiteal Cothromais air seo.

Buntáistí

1. Bíonn **dliteanas teoranta** ag na scairshealbhóirí. Má theipeann ar an ngnó ní chaillfidh siad a gcuid sócmhainní pearsanta. Ach caillfidh siad an caipiteal a chuir siad isteach sa ghnó.
2. Tá sé níos éasca teacht ar **chaipiteal.** Is féidir leis an ngnó scaireanna a dhíol ar an stocmhalartán. Bíonn rátáil chreidmheasa an-láidir ag *cptanna* de ghnáth.
3. **Poiblíocht saor in aisce.** Bíonn trácht fúthu i gcónaí sna nuachtáin agus ar an teilifís.
4. Tá **earcaíocht níos saoire** i gceist freisin.
5. **Rátaí cánach níos lú**. Gearrtar cáin chorparáide orthu.

Míbhuntáistí

1. Tá sé **an-chasta** cuideachta phoiblí theoranta a chur i gcrích. Ní féidir leis na húinéirí tosú ag feidhmiú go dtí go bhfaigheann siad deimhniú corpraithe (*certificate of incorporation)* agus deimhniú trádála ón meabhrán comhlachais.
2. Is gá na cuntais a fhoilsiú gach bliain. Tá **Easpa Rúndachta** i gceist leis seo. Is féidir leis na custaiméirí, na hiomaitheoirí agus na fostaithe iad seo a úsáid ina coinne.
3. Tá sé **costasach scaireanna a dhíol** leis an bpobal. Is gá bróisiúir a fhoilsiú, comhdháil a eagrú, fógraí a chur sna nuachtáin, agus dlíodóir a fhostú chun na scaireanna a dhíol i gceart.
4. Tá an baol ann go ndéanfar **táthcheangal** trodach ar an gcuideachta.

5) Comharchumainn – Tá 3 Cinn i gceist, mar atá:

1. **Comharchumann Táirgeoirí** – Grúpa táirgeoirí a bhunaíonn gnó le chéile. Díolann siad a gcuid táirgí leis an gcomharchumann a dhíolann iad ar aghaidh leis an bpobal.
2. **Comharchumann Oibrithe** – Comharchumann ina mbíonn na hoibrithe mar úinéirí agus bainisteoirí an ghnó. *Mar shampla, Greencaps in Aerfort Bhaile Átha Cliath*.
3. **Comhar Creidmheasa** – Tá an comhar creidmheasa an-chosúil leis an mbanc. Is é atá i gceist ná grúpa daoine i gceantar a bhíonn ag sábháil le chéile agus ag tabhairt iasachtaí dá chéile. Tá Comhair Chreidmheasa i bhformhór na gceantar in Éirinn.

UNIT 6.Layout 1 13/07/2012 08:39 Page 203

Buntáistí

1. Tá **Dliteanas Teoranta** ag na húinéirí. Má theipeann ar an gcomharchumann ní chaillfidh siad ach an méid a d'infheistigh siad sa ghnó.
2. **Daonlathach** – Tá vóta amháin ag gach úinéir. Cinntíonn sé seo go ndéantar cinntí ar mhaithe leis an ngnó agus leis na húinéirí.
3. Bíonn **dea-íomhá** ag na comharchumainn, go háirithe ag na comhair chreidmheasa.

Míbhuntáistí

1. Tá sé **Casta** Comharchumann a bhunú. Is gá cead a fháil ó chláraitheoir na gCara-chumann. Uaireanta, glacann sé seo tamall fada agus bíonn an-chuid páipéarachais i gceist.
2. Is gá an **brabús a chomhroinnt.**
3. **Easpa Rúndachta** - Is gá na cuntais a fhoilsiú gach bliain. Is féidir leis na Fostaithe, Iomaitheoirí agus Custaiméirí iad seo a úsáid i gcoinne an chomharchumainn.

6) Fiontair faoi Úinéireacht an Stáit

Is é atá i gceist leis seo ná nuair a bhíonn an Rialtas ina úinéir ar ghnó ar son mhuintir na hÉireann. Ceapann[1] an Rialtas bainisteoirí proifisiúnta chun an gnó a rialú.

Buntáistí

1. **Fostaíocht –** Cothaíonn na fiontair seo an-chuid fostaíochta in Éirinn. Ciallaíonn sé seo go mbíonn níos lú daoine ag baint úsáide as an Leas Sóisialta agus níos mó daoine ag tuilleamh tuarastail. Na fiontair atá faoi úinéireacht an stáit cruthaíonn siad caighdeáin maireachtála níos fearr do mhuintir na hÉireann.
2. **Seirbhís a sholáthar** – Soláthraíonn na fiontair seo seirbhís riachtanach ar nós seachadadh postas, leictreachas agus iompar do gach saoránach i ngach ceantar in Éirinn. Ní sholáthraíonn fiontar príobháideach seirbhís do réigiún a bhfuil easpa daonra ann mar ní dhéanfaidís dóthain brabúis as.
3. **Forbairt Eacnamaíochta** – Na fiontair atá faoi úinéireacht an stáit glacann siad ról lárnach i bhforbairt na heacnamaíochta in Éirinn.
4. **Ioncam don Stát –** Na fiontair faoi úinéireacht an stáit a dhéanann brabús íocann siad díbhinn leis an rialtas gach bliain. Is féidir leis an rialtas an t-airgead seo a chaitheamh le bonneagar na tíre a fheabhsú.

[1] Appoints

UNIT 6.Layout 1 13/07/2012 08:39 Page 204

Míbhuntáistí

1. **Costasach don Rialtas –** Bíonn caillteanas ollmhór ag an-chuid fiontar atá faoi úinéireacht an stáit. Is gá don rialtas fóirdheontais[2] a thabhairt dóibh chun iad a choimeád ag feidhmiú.
2. **Cur amú cánach –** Déantar measúnú ar ghnólachtaí príobháideacha ar nós Tesco, Google agus Ryanair de réir shuim an bhrabúis a dhéanann siad. Mar sin, bíonn brú mór orthu a gcuid costas a choimeád ag an íosmhéid. Má chuirtear é seo i gcomparáid leis na fiontair atá faoi úinéireacht an stáit feicfear nach bhfuil mórán brú orthu a gcuid costas a choimeád síos. Dá bhrí sin bíonn roinnt díobh mí-éifeachtach agus cuireann siad airgead an íocóra chánach amú.
3 **Cur isteach ón Rialtas/Tionchar an Rialtais –** I bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit bíonn bord na stiúrthóirí ceaptha ag an rialtas. Mar sin tá an baol ann go bhfuil roinnt mhaith díobh ar bhord de bharr an pháirtí pholaitíochta a leanann siad.
4. **Moill ar chinntí –** Is gá cead a fháil ón rialtas sula ndéanfar aon athruithe i bhfiontair faoi úinéireacht an stáit. *Mar shampla, is gá do CIÉ cead a fháil ón rialtas sula ndéanfar athruithe ar na táillí iompair.*

7) Príobháidiú

Is é atá i gceist leis seo ná nuair a dhíolann an Rialtas fiontar atá faoi úinéireacht an stáit le gnó nó le fiontraí príobháideach. Tá Rialtas na hÉireann tar éis roinnt mhaith fiontar faoi úinéireacht an stáit a phríobháidiú.

Buntáistí

1. **Airgead don Rialtas –** Faigheann an rialtas airgead nuair a dhíolann sé fiontair faoi úinéireacht an stáit. Is féidir leis an Rialtas an t-airgead sin a úsáid chun an geilleagar a fheabhsú, cáin a laghdú nó bonneagar na tíre a fhorbairt.
2. **Neamhspleáchas don ghnó –** Ní dhéanann na polaiteoirí na cinntí a thuilleadh. Tá an gnó in ann earraí/ seirbhísí nua a fhorbairt, leathnú isteach chuig margaí nua. An toradh a bheadh air seo ná brabús agus breis solúbthachta don ghnó.
3. **An gnó a leathnú níos éasca –** Le príobháidiú bíonn an gnó in ann leathnú níos éasca mar ní féidir leis an rialtas aon teorainn a chur ar an ngnó agus is féidir leis airgead a fháil trí scaireanna a dhíol leis an bpobal.
4. **Deis Infheistíochta –** Is deis infheistíochta é seo do mhuintir na hÉireann.

[2] Subsidy

UNIT 6:Layout 1 13/07/2012 08:39 Page 205

Míbhuntáistí

1. **Dífhostaíocht –** De ghnáth leis an bpríobháidiú tagann an-chuid dífhostaíochta. Bíonn úinéirí nua an ghnó ag iarraidh costais a laghdú, agus mar sin, scaoileann siad le roinnt mhaith fostaithe.
2. **Gearradh siar ar sheirbhísí –** Déantar cinntí ar mhaithe leis an ngnó seachas ar mhaithe leis an tír. *Mar shampla, in 2007, tar éis príobháidiú a dhéanamh ar Aer Lingus, chuir Aer Lingus deireadh leis an aerbhealach idir Heathrow agus an tSionainn mar ní raibh siad ag déanamh dóthain brabúis as. Bhí drochthionchar ag an ngníomh seo ar ghnó in Iarthar na hÉireann.*
3. **Tá an rialtas fágtha leis na drochghnólachtaí –** Ní dhíoltar ach na fiontair faoi úinéireacht an stáit a dhéanann brabús. Ciallaíonn sé seo go mbíonn an rialtas fágtha leis na gnólachtaí a chailleann airgead.
4. **Díbhinn Bhliantúil –** Cailleann an rialtas amach ar an díbhinn bhliantúil a gheobhaidís ó na fiontair faoi úinéireacht an stáit a bhí ag déanamh airgid.

8) Saincheadú

Nuair a thugann úinéir gnó cead d'fhiontraí eile aithris a dhéanamh ar a smaoineamh má íocann sé táille ar ais leis mar mhalairt air seo. Cuireann an t-úinéir comhairle agus oiliúint ar an bhfiontraí sin. Ach, tugann an t-úinéir rialacha diana agus táille saincheadaithe don fhiontraí freisin. Is gá don úinéir rialacha diana a thabhairt mar ní féidir leis ainm an ghnó a chur i mbaol.

Buntáistí

1. **Riosca níos lú** – Leis an saincheadú tá cruthúnas ann go bhfuil an smaoineamh gnó rathúil. Bíonn eolas ag daoine ar an ngnó cheana féin.
2. **Barainneachtaí Scála** – Faightear lascaine má dhéantar ceannacháin i mbulc. Tugann sé seo deis don ghnó an lámh in uachtar a fháil ar an iomaíocht.
3. **Oiliúint agus Tacaíocht** – Cuireann an saincheadúnaí oiliúint ar an úinéir nua maidir le conas an gnó a reáchtáil. Tugann sé/ sí moltaí dó/di maidir le hearcaíocht, margaíocht, fógraíocht, srl.
4. **Fógraíocht** – Faigheann an t-úinéir fógraíocht ar leibhéal ollmhór. *Mar shampla, fógraí le haghaidh Dominos ar siúl sna sosa fógraíochta le linn 'The Simpsons'.*

Míbhuntáistí

1. **Costas –** Bíonn táille ard is gá don fhiontraí a íoc i dtosach agus costas bliantúil ina dhiaidh sin. Uaireanta caithfidh an fiontraí díbhinn a íoc ar aghaidh leis an saincheadúnóir (úinéir).

UNIT 6.Layout 1 13/07/2012 08:39 Page 206

2. **Teorainn –** Cuireann an saincheadúnóir líon mór teorainneacha ar an bhfiontraí maidir le reáchtáil an ghnó. Bíonn rialacha diana i gceist maidir le dearadh agus leagan amach an ionaid, na praghsanna agus an tseirbhís don chustaiméir. Ní thugtar mórán spáis don indibhidiúlachas.

9) Comhaontú Straitéiseach

Nuair a aontaíonn dhá ghnó comhoibriú le chéile ar thionscadal ar leith. Cé go gcomhaontaíonn siad le chéile fanann an dá ghnó scartha óna chéile de réir dlí.

Buntáistí

1. **Foirmiú Éasca –** Tá sé éasca é a chur i gcrích agus críoch a chur leis. Tá sé i bhfad níos éasca comhaontú straitéiseach a chur le chéile ná táthcheangal nó cumasc a dhéanamh.
2. **Breis luachanna saothair agus roinnt brabúis –** Tá luachanna saothair ann don dá thaobh sa chomhaontú straitéiseach. Bíonn breis smaointe agus saineolais ar fáil. Chomh maith leis sin, comhroinntear an riosca agus na costais idir an dá ghnó.
3. **Margaí Nua** – Osclaíonn comhaontú straitéiseach margaí nua don dá pháirtí. Tá sé seo an-úsáideach don dá ghnó más mian leo leathnú a dhéanamh sa todhchaí.

Míbhuntáistí

1. **Easaontas –** Tá an baol ann go dtiocfaidh easaontas chun cinn idir an dá pháirtí. Tagann argóintí chun cinn maidir le roinnt brabúis, leis an infheistíocht, leis an ngnó a leathnú srl.
2. **Easpa Rogha** – Uaireanta bíonn custaiméirí míshásta de bharr an easpa rogha a thugtar dóibh. *Mar shampla, i siopaí XTRA VISION is féidir leat fóin phóca agus creidmheas a cheannach, ach ní thugtar aon rogha duit seachas fón póca nó creidmheas Meteor a cheannach.*

10) Gnólachtaí Idirnáisiúnta

Gnólacht ina bhfuil an phríomhoifig i dtír amháin agus feidhmíonn sé i dtíortha eile ar fud an domhain.

UNIT 6:Layout 1 13/07/2012 08:39 Page 207

Buntáistí

1. **Fostaíocht** – Cruthaíonn gnólachtaí idirnáisiúnta an-chuid fostaíochta. Cruthaíonn an fhostaíocht bhreise seo caighdeáin maireachtála níos airde do mhuintir na hÉireann.
2. **Cuirtear le héifeacht gnólachtaí eile** – Tugtar teicneolaíocht nua, táirgí nua agus scileanna bainistíochta nua go hÉirinn. Foghlaimíonn gnólachtaí Éireannacha uaidh seo.
3. **Spreagtar iomaíocht i margaí na hÉireann** – Tá sé seo go hiontach do chustaiméirí na hÉireann mar íslíonn sé seo na praghsanna. *Mar shampla, nuair a tháinig ollmhargaí Tesco, ALDI agus LIDL anseo chuir siad brú ar Dunnes Stores agus Quinnsworth a gcuid praghsanna a ísliú.*
4. **Cáin Chorparáide** – Íocann na gnólachtaí seo cáin chorparáide de ____ ar an mbrabús a dhéanann siad.
5. **Gnólachtaí Áitiúla** – Ceannaíonn na gnólachtaí seo amhábhair ó ghnólachtaí áitiúla in Éirinn. *Mar shampla, ceannaíonn Tesco a gcuid glasraí uile ó fheirmeoirí na hÉireann.*

Míbhuntáistí

1. **Clabhsúr** – Is féidir leis an ngnólacht deontais a fháil ó Rialtas na hÉireann agus ansin tagann deireadh leis nuair a thagann deireadh leis an deontas. Ansin, téann sé go tír eile ina bhfuil rátaí pá níos ísle ann.
2. **Cumhacht** – Bíonn an-chuid de na gnólachtaí róchumhachtach agus bíonn brú mór ar an rialtas maidir le cúrsaí pá, coinníollacha oibre agus cúrsaí cánach.
3. **Aisdúichiú Brabús**[3] – Seolann na gnólachtaí an brabús uile a dhéanann siad in Éirinn ar ais go dtí a dtír dúchasach.

11) Gnólachtaí Dúchasacha

Gnólacht a bhunaítear sa tír seo agus a úsáideann an tír seo mar an príomhmhargadh gnó atá aige. Is féidir leis an ngnólacht margaí eachtracha a úsáid freisin.

Buntáistí

1. **Fostaíocht –** Tagann an-chuid fostaíochta ó ghnólachtaí dúchasacha. Cruthaíonn an fhostaíocht bhreise seo caighdeán maireachtála maith do mhuintir na hÉireann.
2. **Dílseacht –** Nuair a thagann meath ar an ngeilleagar fanann gnólachtaí dúchasacha sa tír.

[3] Repatriation of Profits

UNIT 6.Layout 1 13/07/2012 08:39 Page 208

3. **Cultúr Fiontraíochta –** Spreagtar cultúr fiontraíochta sa tír nuair a fheiceann daoine cé chomh rathúil is atá gnólachtaí dúchasacha.
4. **Brabús –** De ghnáth coimeádtar an brabús sa tír. Déanann siad athinfheistiú ar an airgead ar ais isteach sa tír.

Athrú nósanna i struchtúr na húinéireachta in Éirinn

1. Breis cuideachtaí teoranta poiblí ag teacht chun cinn.
2. Déantar príobháidiú ar fhiontair faoi úinéireacht an stáit.
3. Breis saincheadaithe ag teacht chun cinn.
4. Breis comhaontuithe straitéiseacha á gcur le chéile.

Cén fáth a n-athraíonn eagraíochtaí gnó a struchtúr?

1. **Caipiteal a bhailiú –** Bíonn sé níos éasca do ghnólacht airgead a bhailiú nuair a athraíonn sé ó thrádálaí aonair go comhpháirtíocht.
2. **Laghdú riosca –** Bíonn dliteanas teoranta ag úinéirí comhpháirtíochta nuair a athraíonn siad go cuideachta phríobháideach theoranta.
3. **Méadú ar Bhrabús –** Is féidir le gnólachtaí breis brabúis a dhéanamh nuair a thagann siad ar chomhaontú straitéiseach.
4. **A bheith in ann teacht ar scileanna nua** – Is féidir le gnólachtaí teacht ar scileanna breise nuair a thagann siad ar chomhaontú straitéiseach.

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2010 Roinn 1 – Ceist 1 – 10 Marc

(a) Léirigh do thuiscint ar an téarma '*Gnólacht dúchasach*'.

(b) Luaigh **dhá** bhuntáiste do gheilleagar na hÉireann a bhaineann le cur chun cinn '*Gnólachtaí dúchasacha*'.

2010 Roinn 3 – Ceist 3(B) – 20 Marc

Déan anailís ar conas atá treochtaí malartacha sa gheilleagar idirnáisiúnta tar éis dul i bhfeidhm ar ghnólachtaí Éireannacha.

2010 Roinn 3 – Ceist 6(A) – 20 Marc

Is í Marie Ní Nualláin úinéir "Pizza Marie", bialann piazza rathúil a sholáthraíonn seirbhís seachadadh baile. Tá méadú ar éileamh na mbéilí "beir leat" toisc go bhfuil níos mó daoine ag ithe sa bhaile de dheasca an chúlú eacnamaíochta. Tá Marie ag pleanáil a gnó a fhorbairt trí shaincheadú agus molann a cuntasóir di plean gnó a ullmhú sula dtéann sí ar aghaidh leis.

Déan measúnú ar an saincheadú (sochair agus rioscaí) mar ghléas forbartha don ghnó Pizza.

UNIT 6:Layout 1 13/07/2012 08:39 Page 209

2009 Roinn 3 – Ceist 2(A) – 20 Marc

Déan measúnú ar an 'saincheadú' mar chineál úinéireacht ghnó d'fhiontar nua.

2008 Roinn 3 – Ceist 2(A) – 20 Marc

(i) Mínigh an téarma 'Cuideachta Thrasnáisiúnta' (CTN).
(ii) Déan cur síos ar na fáthanna le forbairt cuideachtaí trasnáisiúnta in Éirinn.

2008 Roinn 3 – Ceist 2(C) – 20 Marc

Déan measúnú, agus úsáid á baint agat as samplaí, ar na hargóintí i bhfabhar **NÓ** i gcoinne fiontair thráchtála stáit in Éirinn a phríobháidiú.

2007 Roinn 1 – Ceist 10 – 10 Marc

(a) Ainmnigh fiontar stáit amháin sa chatagóir 'táirgeachta':
(b) Mínigh **dhá** chúis a mbeadh an stát páirteach sa chatagóir seo:

2006 Roinn 1 – Ceist 5 – 10 Marc

(a) Mínigh an téarma 'príobháidiú':
(b) Mínigh an tionchar atá aige ar fhorbairt gheilleagar na hÉireann:

2005 Roinn 1 – Ceist 6 – 10 Marc

Mínigh coincheap an 'dliteanas teoranta'.

2005 Roinn 3 – Ceist 2(A) – 15 Marc

Déan idirdhealú idir Trádálaí Aonair agus Comhpháirtíocht mar chineál eagraithe gnó.

Bain úsáid as sampla de gach ceann i do fhreagra.

2004 Roinn 3 – Ceist 2(B) – 20 Marc

Déan cur síos ar dhá chúis go n-athródh fiontar gnó a struchtúr eagrúcháin thar thréimhse ama. Bain úsáid as léirithe/samplaí chun cur le do fhreagra.

2004 Roinn 3 – Ceist 2(C) – 20 Marc

Mínigh an chúis a molfá leagan amach Cuideachta Phríobháideach Theoranta mar chineál eagraíochta gnó do fhiontraíocht nua gnó.

2003 Roinn 1 – Ceist 8 – 10 Marc

Léirigh an tuiscint atá agat ar an téarma "Gnólacht Dúchasach"

2003 Roinn 3 – Ceist 2(A) – 30 Marc

Déan comparáid idir Comhghuaillíochtaí Gnó agus Saincheadúnú mar chineálacha éagsúla eagraíochtaí gnó. Bain úsáid as samplaí mar léiriú ar do fhreagra.

UNIT 6.Layout 1 13/07/2012 08:39 Page 210

2002 Roinn 3 – Ceist 2(A) – 30 Marc

Ní fheidhmíonn gníomhaíochtaí gnó beag beann ar an saol. Tá sé tábhachtach tuiscint a bheith ag duine ar an imoibriú idir cineálacha éagsúla eagraíochtaí gnó, an caidreamh atá acu leis an bpobal áitiúil, agus ról an rialtais agus an tsochaí

Déan comparáid idir cuideachtaí trasnáisiúnta agus cuideachtaí faoi úinéireacht stáit mar chineálacha Eagraíochtaí Gnó in Éirinn.

2001 Roinn 3 – Ceist 2(A) – 20 Marc

Bíonn tionchar ag gnólachtaí, eagraíochtaí pobail agus ag athróga éagsúla eacnamaíocha ar an gcóras eacnamaíoch níos leithne in Éirinn. Uaireanta deimhníonn na hathróga eacnamaíocha rogha na heagraíochta gnó a bhunaítear agus a mhéid a éiríonn nó nach n-éiríonn le heagraíochtaí pobail.

Cuir Cuideachta Theoranta Phríobháideach agus Cuideachta Theoranta Phoiblí i gcodarsnacht le chéile mar chineál Eagras Gnó.

2000 Roinn 3 – Ceist 2(B) – 20 Marc

Déan comparáid idir 'comhghuaillíochtaí' agus 'saincheadúnais' mar chineálacha eagrú gnó.

1999 Roinn 3 – Ceist 2(A) – 20 Marc

Déan comparáid idir Comhghuaillíocht Ghnó agus Saincheadúnas mar chinéalacha Eagrú Gnó. Bain leas as samplaí i do fhreagra.

AONAD

6 CAIBIDIL 20 CATAGÓIRÍ ÉAGSÚLA TIONSCAIL

4 Tosca Táirgeachta ➤ Talamh, Lucht Oibre, Caipiteal & Fiontraíocht

Catagóirí Éagsúla Tionscail

Earnáil Phríomhúil	*Primary Sector*
Earnáil Thánaisteach	*Secondary Sector*
Earnáil Threasach	*Tertiary Sector*

Earnáil Phríomhúil

Is iad na príomhthionscail san earnáil seo ná an fheirmeoireacht, an iascaireacht, an fhoraoiseacht agus an mhianadóireacht.

Talmhaíocht

1. Tá an aeráid *(climate)* agus an ithir *(soil)* oiriúnach in Éirinn le haghaidh táirgeacht feirmeoireachta.
2. Sa talmhaíocht fostaítear 10% de lucht oibre *(workforce)* na hÉireann.
3. Soláthraíonn an tionscal seo bainne, mairteoil *(beef)*, uaineoil *(lamb)*, im, uachtar agus an-chuid glasraí do mhuintir na hÉireann.
4. Na deacrachtaí a bhaineann leis an Talmhaíocht ➤ Galar BSE/ an **Baol ann de "Galar Cruibe is Béil"**/ imní ar an tomhaltóir faoi cheimiceáin i mbia / **drochaimsir – stoirmeacha agus triomaigh *(droughts)***/ iomaíocht ó fheirmeacha móra i dtíortha eile an Aontais Eorpaigh.

Earnáil Thánaisteach

Is iad na príomhthionscail san earnáil seo ná an tógáil agus an déantúsaíocht.

UNIT 6.Layout 1 13/07/2012 08:39 Page 212

An Tionscal Tógála

1. An-tábhachtach do gheilleagar na hÉireann mar de ghnáth úsáideann an tionscal tógála amhábhar a dhéantar in Éirinn.
2. Laghdaíonn an tionscal tógála an ráta dífhostaíochta. Is tionscal dlúthfhostaíochta é.
3. Cruthaíonn an tionscal tógála tithe, árasáin agus foirgnimh don tír.
4. Feabhsaíonn an tionscal tógála **bonneagar** na tíre trí bhóithre, tolláin agus droichid a thógáil
5. Nuair atá ag éirí go maith leis an tionscal tógála i dtír is léiriú é go bhfuil ag éirí go maith le geilleagar na tíre sin.

Earnáil Threasach

Is iad na príomhthionscail san earnáil seo ná na tionscail seirbhísí.
Is é atá san earnáil seo ná aon ghnó a bhfuil baint aige le seirbhísí a chur ar fáil don tomhaltóir nó do ghnólachtaí.

Is iad seo a leanas samplaí de sholáthraithe seirbhísí:

1. Baincéireacht agus Airgeadas
2. Taisteal agus Turasóireacht
3. Dearadh
4. Fógraíocht
5. Iompar
6. Seirbhísí Proifisiúnta

An earnáil is mó in Éirinn faoi láthair ná na tionscail seirbhísí.
Fostaítear breis agus 60% de lucht oibre na tíre san earnáil seo.
Is gnólachtaí dúchasacha iad formhór na gnólachtaí seirbhísí. Is rud iontach iad seo don gheilleagar.

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2009 Roinn 1 – Ceist 6 – 10 Marc

Sainmhínigh 'an earnáil thánaisteach' agus tabhair breac-chuntas ar **dhá** threocht reatha a bhfuil tionchar acu ar an earnáil seo in Éirinn.

UNIT 6.Layout 1 13/07/2012 08:39 Page 213

2007 Roinn 3 – Ceist 2(A) – 20 Marc

Déan plé ar an tábhacht a ghabhann leis na catagóirí éagsúla tionscail do gheilleagar na hÉireann faoi láthair.

2006 Roinn 3 – Ceist 2(A) – 20 Marc

Tabhair breac-chuntas ar na catagóirí tionscail i ngeilleagar na hÉireann. Maidir le **ceann amháin** díobh sin, déan cur síos ar a chion tairbhe do gheilleagar na hÉireann.

2003 Roinn 1 – Ceist 1 – 10 Marc

Mínigh an téarma Tionscal Seirbhíse

2002 Roinn 1 – Ceist 2 – 10 Marc

Ainmnigh na trí chineáil tionscail agus luaigh sampla de gach cineáil ar leith.

AONAD 6

CAIBIDIL 21
GNÓ, AN GEILLEAGAR AGUS AN RIALTAS

Ról Rialtas na hÉireann ag cruthú timpeallacht oiriúnach do ghnó sa stáit:

Déanann an rialtas iarracht cabhrú le gnólachtaí trí na nithe seo a leanas:

1. Pleanáil Gheilleagrach

Rinne an rialtas socrú agus Comhaontú Náisiúnta Pá le grúpa mór comhpháirtithe sóisialta. D'aontaigh na comhpháirtithe sóisialta seo leis an Rialtas ar ardú réasúnta pá a thabhairt d'fhostaithe na hÉireann mar mhalairt ar rátaí cánach níos lú agus geallúint le haghaidh níos mó post.

Cruthaíonn an socrú seo timpeallacht oiriúnach do ghnólachtaí mar gheall ar na nithe seo a leanas:

1. Cabhraíonn ardú réasúnta pá le gnólachtaí lena gcostais a choimeád síos.
2. Ní bhíonn mórán coinbhleachta ann idir an fostóir agus an fostaí mar gheall ar chúrsaí pá mar tá an socrú déanta sa Chomhaontú Náisiúnta Pá.
3. Is féidir le gnólachtaí pleanáil níos fearr a dhéanamh don todhchaí mar tá a fhios acu roimh ré cé mhéad is gá dóibh íoc don fhostaí.

2. Caiteachas an Rialtais

An tsuim airgid a chaitheann an rialtas gach bliain. Cabhraíonn an caiteachas a dhéanann an Rialtas le *timpeallacht oiriúnach a chruthú* do ghnólachtaí mar gheall ar na nithe seo a leanas:

1. Caitheann Rialtas na hÉireann na billiúin ar earraí agus ar sheirbhísí gnólachtaí gach bliain. Cothaíonn sé seo níos mó díolachán agus brabúis do ghnólachtaí.
2. Caitheann an Rialtas airgead ag feabhsú bhonneagar na hÉireann. Mar thoradh air seo bíonn sé i bhfad níos éasca do ghnólachtaí earraí a iompar timpeall na tíre.

UNIT 6.Layout 1 13/07/2012 08:40 Page 215

3. Eagraíochtaí an Rialtais

Cruthaíonn an rialtas *timpeallacht oiriúnach* do ghnólachtaí trí eagraíochtaí a bhunú a sholáthraíonn cabhair agus airgeadas do ghnólachtaí.

Fiontraíocht Éireann	Fáilte Ireland
GFT (IDA) Éireann	FÁS
Údarás na Gaeltachta	Bord Bia

4. Scéim Cánach an Rialtais

Is féidir leis an rialtas cáin a laghdú chun *timpeallacht oiriúnach a chruthú do ghnólachtaí*. Agus rátaí ÍMAT níos lú ann bíonn níos mó airgid ag an tomhaltóir chun caitheamh sna siopaí. Mar sin ardaíonn sin an leibhéal díolacháin agus brabús an ghnólachta.

Má tá rátaí cánach níos lú cruthóidh sé brabús níos mó don ghnólacht freisin. Spreagann sé seo an fhiontraíocht agus an infheistíocht in Éirinn.

5. Deontais ón Rialtas

Airgead a thugann an Rialtas do ghnólachtaí chun cabhrú leo íoc le haghaidh rudaí atá riachtanach dóibh. Ní ga don ghnólacht an t-airgead a aisíoc má shásaíonn sé na coinníollacha a bhaineann leis an deontas.

Cruthaíonn deontais timpeallacht oiriúnach do ghnólachtaí mar gheall ar na nithe seo a leanas:

1. Bíonn costais níos lú i gceist le gnó a chur i gcrích.
2. Meallann na deontais cuideachtaí trasnáisiúnta go hÉirinn.

Ról an Rialtais ag Rialú Gnólachtaí

Cé go dtugann an rialtas an-chuid cabhrach do ghnólachtaí ní dhéantar é gan choinníollacha. Thar na blianta bhunaigh an rialtas an-chuid dlíthe/ achtanna chun gníomhaíochtaí gnólachtaí a rialú. Rinne an rialtas é sin chun an tomhaltóir, an fostaí agus an pobal a chosaint. Is iad seo a leanas na hachtanna a bhaineann leo:

An tAcht Um Chosaint Sonraí, 1988
An tAcht Um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980
An tAcht Um Fhaisnéis do Thomhaltóirí, 1978
An tAcht Um Chaidreamh Tionsclaíoch, 1990
Na hAchtanna Um Dhífhostú Éagórach, 1977-93
An tAcht Um Chomhionannas Fostaíochta, 1998

UNIT 6.Layout 1 13/07/2012 08:40 Page 216

An Tionchar a bhíonn ag Athróga Eacnamaíocha ar Ghnólachtaí

Boilsciú	Rátaí Úis	An Ráta Dífhostaíochta	Rátaí Malairte	Cáin

Boilsciú

An méadú a thagann ar phraghsanna earraí agus ar sheirbhísí i dtír laistigh de bhliain. Léirítear é i bhfoirm céatadáin. Déantar é a thomhas tríd an bPraghasinnéacs Tomhaltóirí.

Faoi láthair is é an ráta boilscithe _____

Nuair a bhíonn rátaí boilscithe ard bíonn drochthionchar aige seo ar ghnólachtaí mar gheall ar na nithe seo a leanas:

1. Bíonn fostaithe ag lorg arduithe pá.
2. Titeann caiteachas an ghnáth-thomhaltóra mar bíonn praghsanna ag ardú.
3. Bíonn costas níos mó ar chíos agus ar amhábhair a cheannaíonn gnólachtaí.

Laghdaíonn na trí thoisc thuas leibhéal brabúis gnólachtaí.

Rátaí Úis

An costas atá i gceist le hairgead a fháil ar iasacht. Léirítear é i bhfoirm céatadáin. Leagann an Banc Ceannais Eorpach síos na rátaí úis. Léiríonn na rátaí úis cé mhéad is gá aisíoc ar iasachtaí.

Faoi láthair is é an ráta úis _____

Nuair a bhíonn rátaí úis ag ardú bíonn sé go dona don eacnamaíocht/don gheilleagar mar gheall ar na nithe seo a leanas:

1. Bíonn deacrachtaí ag gnólachtaí na rátaí úis a chlúdach agus na rátaí ard, agus mar sin, ní lorgaíonn na gnólachtaí iasachtaí leis an ngnó a leathnú.
2. Ardaíonn na rátaí úis na haisíocaíochtaí ar na hiasachtaí atá ag an ngnólacht. Leis seo cruthaítear costais níos airde agus brabúis níos lú.
3. Ardaíonn na rátaí úis na haisíocaíochtaí ar mhorgáiste na dtomhaltóirí. Mar sin ní féidir leo an méid céanna earraí a cheannach ón ngnólacht.

Laghdaíonn na trí thoisc thuas leibhéal brabúis gnólachtaí.

UNIT 6.Layout 1 13/07/2012 08:40 Page 217

An Ráta Dífhostaíochta

An céatadán de lucht oibre na hÉireann atá gan phost.

Faoi láthair is é an ráta dífhostaíochta _____

Nuair a bhíonn an ráta dífhostaíochta ag ardú bíonn tionchar aige ar ghnólachtaí trí na nithe seo a leanas:

1. Ardaíonn an rialtas rátaí cánach chun íoc as an ardú san éileamh don leas sóisialta[1].
2. Bíonn titim sna leibhéil díolachán sna siopaí. Ní bhíonn mórán airgid ag daoine dífhostaithe. Mar sin ní cheannaíonn siad an oiread sin earraí nó seirbhísí ó ghnólachtaí.
3. Tagann ardú ar costais árachais do ghnólachtaí, mar nuair a ardaíonn an ráta dífhostaíochta ardaíonn an ráta coireachta.
4. Bíonn sé níos éasca earcaíocht[2] a dhéanamh. Agus bíonn rogha níos leithne ag an bhfostóir freisin mar bíonn níos mó daoine ag lorg post.
5. Is féidir leis an bhfostóir ráta pá níos lú a íoc leis an bhfostaí mar bíonn daoine dífhostaithe sásta obair a dhéanamh ag leibhéal pá níos ísle.

Rátaí Malairte

Insíonn na rátaí malairte dúinn cé mhéad a gheofá don Euro i gcomparáid le hairgeadra eile.

Faoi láthair is iad na rátaí malairte: € _____ : £_____ ~ € _____ : $ _____

Tionchar na Rátaí Malairte ar ghnólachtaí

1. Nuair a thagann ardú ar luach an Euro tagann ardú ar an bpraghas d'earraí Éireannacha a dhíoltar i dtíortha nach bhfuil an Euro mar airgeadra acu (An tSín, SAM, an Ríocht Aontaithe). Ciallaíonn sé seo go ndíolann Éire níos lú earraí thar lear.

[1] Social Welfare/ Benefit
[2] Recruitment

UNIT 6.Layout 1 13/07/2012 08:40 Page 218

2. Nuair a thagann ardú ar luach an Euro tagann ísliú ar an bpraghas d'earraí eachtracha a dhíoltar laistigh d'Éirinn.
3. Nuair a thagann ardú ar luach an Euro tagann ísliú ar chostais earraí eachtracha. Ciallaíonn sé seo gur féidir le gnólachtaí Éireannacha earraí a iompórtáil ag costas níos lú.

Cáin

Íocaíocht éigeantach is gá a íoc mar mhalartú ar an leas a bhaineann an gnólacht as a bheith ag feidhmiú sa tír.

Faoi láthair is iad seo a leanas na rátaí cánach:
Cáin Chorparáide _____ Íoc mar a thuillir _____ Cáin Bhreisluacha _____

Nuair a bhíonn cáin ag ardú bíonn sí go dona do ghnólachtaí mar gheall ar na nithe seo a leanas:

1. Is gá don ghnólacht níos mó dá bhrabús a íoc amach i bhfoirm cáin corparáide.
2. An cháin a íocann an tomhaltóir/ fostaí (ÍMAT) bíonn an cháin sin níos mó, mar sin ní bhíonn an méid céanna aige/aici chun rudaí a cheannach ó ghnólachtaí.
3. Ní cheannaíonn an tomhaltóir an oiread sin mar tagann ardú ar an ráta cánach breisluacha.

Tionchar Gnólachtaí ar an nGeilleagar (Eacnamaíocht)

Cé go mbíonn tionchar ag athróga eacnamaíocha ar ghnólachtaí, bíonn tionchar ag gnólachtaí ar an ngeilleagar. Bíonn an tionchar seo idir dhearfach agus dhiúltach.

Dea-thionchar gnólachtaí ar an ngeilleagar

1. Fostaíocht

Cruthaíonn gnólachtaí fostaíocht. Cabhraíonn sé seo leis an dífhostaíocht sa tír a ísliú. Fostaíonn Dunnes 10,000 duine sa tír seo. Nuair a bhíonn daoine ag obair íocann siad cáin agus cabhraíonn an t-airgead seo leis an rialtas bonneagar na tíre seo a fheabhsú.

2. Éifeacht Buntáistí Breise

Ceannaíonn gnólachtaí amhábhair agus seirbhísí ó ghnólachtaí eile. Cothaíonn seo breis saibhris sa tír. Ceannaíonn Ribena an-chuid torthaí ó fheirmeoirí Éireannacha.

UNIT 6:Layout 1 13/07/2012 08:40 Page 219

3. Boilsciú a Ísliú

Nuair a bhíonn gnólachtaí in iomaíocht lena chéile bíonn orthu na praghsanna a choimeád síos chun custaiméirí a bhuachan óna chéile. Íslíonn sé seo an leibhéal boilscithe sa tír.

4. aibhreas a Chruthú

Cruthaíonn gnólachtaí saibhreas don fhiontraí agus don fhostaí. Caitheann siad an t-airgead seo i ngnólachtaí eile agus leis seo scaiptear an saibhreas ar fud an tíre.

Drochthionchar gnólachtaí ar an ngeilleagar

1. An Timpeallacht (An Comhshaol)

Cruthaíonn an-chuid gnólachtaí truailliú agus bíonn drochthionchar acu ar thimpeallacht na tíre.

2. Dífhostaíocht

Nuair a dhúnann gnólachtaí síos cothaíonn siad an-chuid dífhostaíochta. Bíonn drochthionchar aige seo ar an tsochaí go ginearálta.

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2010 Roinn 1 – Ceist 3 – 10 Marc

(a) Mínigh cad a chiallaíonn an téarma '*Ráta malairte*'.

(b) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** ní a mbeidh tionchar acu ar Lucht Onnmhairithe na hÉireann i gcás mhargadh na Ríochta Aontaithe (RA), má ardaíonn luach an euro (€) i gcoibhneas le punt steirling (£) na RA

2010 Roinn 3 – Ceist 2(C) – 20 Marc

Déan plé ar na slite éagsúla a dtéann Rialtas na hÉireann i bhfeidhm ar an lucht saothair in Éirinn.

2009 Roinn 3 – Ceist 2(C) – 20 Marc

Déan plé ar conas a d'fhéadfadh Rialtas na hÉireann an córas cánach a úsáid chun timpeallacht dhearfach a chruthú don ghnó in Éirinn. Bain úsáid as samplaí chun do fhreagra a léiriú.

2008 Roinn 1 – Ceist 4 – 10 Marc

(a) Mínigh an bhrí atá leis an téarma 'Geilleagar Oscailte'.

(b) Tabhair breac-chuntas ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar fhorbairt eacnamaíochta na hÉireann.

UNIT 6:Layout 1 13/07/2012 08:40 Page 220

2006 Roinn 3 – Ceist 2(B) – 20 Marc

Déan cur síos ar an tionchar a bhíonn ag an mboilsciú agus ag rátaí úis ar an ngnó in Éirinn.

2004 Roinn 3 – Ceist 2(A) – 20 Marc

Agus úsáid á baint agat as samplaí, déan anailís ar ról Rialtas na hÉireann agus é ag cruthú aeráide timpeallachta oiriúnach do fhiontraíochtaí gnó sa stát.

2003 Roinn 1 – Ceist 9 – 10 Marc

Sainmhínigh Boilsciú:

2002 Roinn 3 – Ceist 2(B) – 20 Marc

Mínigh agus sampla á lua agat nuair is cuí tionchar ghníomhaíocht ghnó ar fhorbairt an gheilleagair in Éirinn.

2001 Roinn 1 – Ceist 2 – 10 Marc

Léirigh do thuiscint ar an téarma 'Boilsciú'.

2001 Roinn 3 – Ceist 2(C) – 20 Marc

Déan anailís ar an tionchar a bhíonn ag athróga (tosca) eacnamaíocha i ngeilleagar na hÉireann ar gheilleagar logánta.

2000 Roinn 3 – Ceist 2(C) – 25 Marc

Déan anailís ar an tslí a gcruthaíonn an Rialtas timpeallacht oiriúnach d'fhiontraíochtaí gnó sa tír. Bain leas as samplaí i d'anailís.

1999 Roinn 3 – Ceist 2(C) – 25 Marc

Déan anailís ar an tslí a mbíonn tionchar ag na hathróga eacnamaíocha i ngeilleagar na hÉireann ar an ghnó.

AONAD

6 CAIBIDIL 22 FORBAIRT POBAIL

Forbairt Pobail

Cé go bhfuil Éire ar cheann de na tíortha is saibhre ar domhan, tá an-chuid ceantar atá faoi mhíbhuntáiste. Seachas glacadh leis an staid seo tá an-chuid pobal tar éis gnó a bhunú chun dul i ngleic leis an bhfadhb. Glaoitear forbairt pobail air seo. *Mar shampla, i bPort Láirge thóg an pobal áitiúil ionad pobail (Community Centre) i lár an bhaile. Chun íoc as an ionad déantar brú óige de i rith an tsamhraidh.*

An Tábhacht le Forbairt Pobail:

1. **Fostaíocht:** Cruthaítear fostaíocht do na daoine áitiúla sa bhaile. Baineann siad amach caighdeáin mhaireachtála níos airde de bharr na fostaíochta seo i gcodarsnacht leis an leas sóisialta a fháil.
2. **Éifeacht Buntáistí Breise:** Caitheann na daoine áitiúla an t-airgead a fuair siad óna bpoist sna siopaí áitiúla (bialanna, tithe tábhairne, siopaí, bainc). Cabhraíonn sé seo leis na gnólachtaí áitiúla dul chun cinn a dhéanamh. Mar sin, bíonn éifeacht buntáistí breise ar fhorbairt pobail.
3. **Spreagadh Fiontraíochta:** Feiceann daoine sa phobal a gcuid cairde/comharsan ag cur tús le gnó rathúil agus tugann sé sin misneach dóibh a ngnó féin a bhunú. Cruthaíonn sé seo níos mó saibhris sa cheantar.
4. **Cáin:** Faigheann an rialtas íocaíocht cánach ó na gnólachtaí nua seo. Chomh maith leis sin, ní gá dó an oiread sin de leas sóisialta a chur ar fáil.
5. **Tagann feabhas ar an mBonneagar:** Osclaítear siopaí/gnólachtaí nua mar bíonn níos mó airgid ag na daoine sa cheantar. Tógtar tithe nua chun áit chónaithe a sholáthar do na fostaithe nua sin. Ag eascairt as seo tagann bóithre níos fearr freisin.

UNIT 6.Layout 1 13/07/2012 08:40 Page 222

Eagraíochtaí um Fhorbairt Pobail:

Feicimid ó na pointí thuas go bhfuil forbairt pobail an-tábhachtach. Mar sin, is rud é ba chóir a spreagadh. Bunaítear an-chuid eagraíochtaí chun forbairt pobail a spreagadh, mar seo a leanas:

1. Cuideachtaí Comhpháirtíocht Cheantair

Is é atá i gceist leis na cuideachtaí seo ná eagraíochtaí a chabhraíonn le daoine gnó a chur ar bun sa cheantar áitiúil ina bhfuil siad ina gcónaí. *Mar shampla, Comhpháirtíocht Cheantar na Gaillimhe, Comhpháirtíocht Lárchathair Bhaile Átha Cliath agus Comhpháirtíocht Cheantar Phort Láirge.*

Cabhraíonn Cuideachtaí Comhpháirtíocht Cheantair mar seo:

1. **Deontais** – Tugann siad deontais do ghnólachtaí áitiúla chun cabhrú leo íoc as na costais a bhaineann le gnólacht a bhunú. Íocann na deontais seo as an innealra/ trealamh atá ag teastáil chun gnó a bhunú.
2. Eagraíonn siad **ceardlanna** chun cabhrú leis na daoine áitiúla scileanna a fhoghlaim, mar shampla, an chuntasaíocht, an mhargaíocht, cúrsaí cánach agus conas plean gnó a leagan amach.
3. Soláthraíonn siad **oiliúnóir** freisin chun cabhrú leis na gnólachtaí áitiúla. Bíonn taithí maith ag an oiliúnóir seo ar chúrsaí gnó. Má bhíonn aon fhadhb ag úinéirí an ghnólachta is féidir leo dul i dteagmháil leis an oiliúnóir agus cuirfidh sé/sí comhairle orthu. Tugann sé/sí moladh dóibh freisin maidir le gnó a reáchtáil.

2. Na Boird Fiontar Contae agus Cathrach

Bhunaigh an Rialtas na Boird Fiontar Contae agus Cathrach agus an aidhm a bhí ann ná geilleagar láidir a chruthú sna ceantair sin. *Mar shampla, Bord Fiontar Contae Loch Gorman*

Cabhraíonn Boird Fiontar Contae agus Cathrach le gnólachtaí trí na nithe seo a leanas:

1. Comhairle agus eolas a chur ar fáil do dhaoine áitiúla atá ag smaoineamh ar ghnó a bhunú. Cuirtear comhairle/eolas maidir le cúrsaí pleanála, dlí agus fiú paitinní ar fáil dóibh.
2. Tugann siad deontais do ghnólachtaí chun leathnú a dhéanamh. Tugann siad deontais caipitil dóibh chun cabhrú leo íoc as an trealamh agus tugann siad deontais fostaíochta dóibh chun cabhrú leo íoc as na fostaithe.

UNIT 6:Layout 1 13/07/2012 08:40 Page 223

3. Eagraíonn siad ceardlanna *(workshops)* chun cabhrú leis na daoine áitiúla scileanna a fhoghlaim, mar shampla, an fhaisnéis teicneolaíochta nó bainistíocht airgeadais.
4. Cuireann siad oiliúnóirí ar fáil freisin.

3. Clár na Seirbhísí Pobail

Is é atá i gceist leis an scéim seo ná chun cabhrú le gnólachtaí neamhbhrabúis dul i ngleic leis an míbhuntáiste sa ceantar ina bhfuil siad. Reáchtálann an Roinn Coimirce Sóisialaí an tseirbhís seo.

Cabhraíonn Clár na Seirbhísí Pobail le gnólachtaí trí na nithe seo a leanas:

1. Deontais a thabhairt do ghnólachtaí pobail a fhostaíonn daoine atá faoi mhíbhuntáiste sa phobal. *Mar shampla, daoine den lucht siúil, daoine scothaosta, coirpigh.*
2. Íocann Clár na Seirbhísí Pobail tuarastal leis an mbainisteoir agus na fostaithe san fhiontar pobail. (Gan amhras bíonn teorainn leis an tuarastal seo.)
3. Cuirtear seirbhís comhairle agus oiliúna ar fáil do na fiontraithe seo.

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2009 Roinn 1 – Ceist 5 – 10 Marc

(a) Mínigh an téarma 'Forbairt Pobail'. Is éard is Forbairt Pobail ann ná:
(b) Déan cur síos ar **dhá** bhuntáiste a ghabhann le forbairt pobail.

2008 Roinn 1 – Ceist 8 – 10 Marc

(a) Tabhair breac-chuntas ar **dhá** bhuntáiste a bhaineann le tionscnaimh phobail i bhforbairt pobal áitiúil. (b) Luaigh **dhá** fheidhm atá ag FÁS **NÓ** ag na Boird Fiontar Contae agus Cathrach.

2007 Roinn 3 – Ceist 2(B) – 20 Marc

Ainmnigh **trí** shampla d'eagraíochtaí forbartha pobail agus déan cur síos ar na seirbhísí a chuireann **ceann amháin** díobh ar fáil.

UNIT 6.Layout 1 13/07/2012 08:40 Page 224

2005 Roinn 3 – Ceist 2(B) – 20 Marc

Bunaítear eagraíochtaí Forbartha Pobail, ina bhfuil tionscnaimh phobail áitiúla comhshnaidhmthe, chun cabhrú le fiontair ghnó áitiúla. Déan cur síos ar na seirbhísí a chuireann eagraíocht forbartha pobail *amháin* atá ar eolas agat ar fáil.

2003 Roinn 3 – Ceist 2(B) – 30 Marc

(i) Sainmhínigh Forbairt Pobail. (10 marc)

(ii) Déan anailís ar an gcaoi gur féidir le pobail áitiúla agus gnólachtaí áitiúla leas a bhaint as láithreacht a chéile i gceantar. Bain úsáid as sampla **i ngach aon chás** acu chun léiriú a thabhairt ar do fhreagra. (20 marc)

2001 Roinn 3 – Ceist 2(B) – 20 Marc

Déan plé ar mar a chuidíonn na seirbhísí a sholáthraíonn eagraíocht forbartha pobail i do cheantar féin le fiontair ghnó.

2000 Roinn 1 – Ceist 8 – 10 Marc

Léirigh an difríocht idir 'Fiontar Pobail' agus 'Fiontar Stáit'.

AONAD

6 CAIBIDIL 23 FREAGRACHT SHÓISIALTA

Freagracht Shóisialta *(Social Responsibility)*

An fhreagracht atá ar ghnólachtaí caitheamh go macánta agus go cóir le gach duine lena mbíonn siad i dteagmháil.

Seo a leanas 2 Shampla:

1. *Tugann Vodafone am saor dá chuid fostaithe chun obair dheonach a dhéanamh.*
2. *Tá Scéim ag Banc na hÉireann ar a nglaoitear "Is Féidir Liom" (I can) a chabhraíonn le daoine faoi mhíchumas post a fháil.*

Tá gnólachtaí freagrach go sóisialta do na geallsealbhóirí seo a leanas:

1. **Infheisteoirí** – Bíonn freagracht ar an ngnólacht eolas macánta a thabhairt do na hinfheisteoirí maidir le forbairt airgeadais an ghnólachta agus an díbhinn ba chóir a íoc leo.
2. **Fostaithe** – Ba chóir do ghnólachtaí pá cóir a thabhairt dóibh don obair a dhéanann siad, coinníollacha oibre maithe a thabhairt dóibh agus gan idirdhealú a dhéanamh eatarthu.
3. **Custaiméirí** – Ba chóir do ghnólachtaí caighdeán maith earraí agus seirbhísí a chur ar fail do chustaiméirí ar phraghas réasúnta. Ba chóir dóibh déileáil lena gcuid gearán. Ba chóir dóibh fógraíocht dhleathach mhacánta a chur ar fáil do chustaiméirí.
4. **An Rialtas** – Ba chóir do ghnólachtaí cloí leis na dlíthe agus a gcuid cánach a íoc leis an rialtas go hiomlán agus taobh istigh den tréimhse ama shocraithe. Gan *seachaint cánach* a dhéanamh.
5. **An Pobal i gCoitinne** – Clúdaíonn sé seo gach duine i gceantar an

UNIT 6.Layout 1 13/07/2012 08:40 Page 226

ghnólachta. Bíonn freagracht ar an ngnólacht gan damáiste a dhéanamh don timpeallacht/ chomhshaol áitiúil agus chun cabhrú leis an gceantar áitiúil trí cheannach a dhéanamh ó sholáthraithe áitiúla agus daoine sa cheantar a fhostú.

Na Buntáistí a bhaineann leis an bhFreagracht Shóisialta:

1. **Ardú i ndíolacháin ➤** Tugann líon mór custaiméirí aird ar an timpeallacht agus ar an bpobal. Dá bhrí sin, ceannaíonn siad ó ghnólachtaí eiticiúla agus mar sin de.
2. **Sásamh na bhfostaithe ➤** Má bhíonn cáil ar ghnólacht de bharr na dea-eitice bíonn sé i bhfad níos éasca earcaíocht a dhéanamh. Chomh maith leis sin, bíonn costais níos lú ann agus táirgeacht níos mó.
3. **Breis airgid ar fáil ➤** Is breá le hinfheisteoirí gnólachtaí a thugann aird ar a gcuid freagrachtaí sóisialta. Déanann sé seo maitheas don ghnólacht nuair a bhíonn sé ag iarraidh infheisteoirí a mhealladh chun infheistiú a dhéanamh.
4. **Airgead a shábháil go fadtéarmach ➤** Má bhíonn gnólachtaí ag briseadh an dlí tá an baol ann go gcuirfear an dlí orthu.

Eitic Ghnó nó Cleachtas Gnó Eiticiúil

Na Prionsabail mhorálta a stiúrann gnó. Insítear d'fhostaithe an ghnólachta cad ba chóir a dhéanamh ag staideanna difriúla. Tá sé bunaithe ar an rud ceart a dhéanamh in ainneoin an bhrabúis a dhéantar.

Conas is féidir leis an mbainisteoir feabhas a chur ar chúrsaí eitice i ngnólacht?

1. Dea-shamplaí a thabhairt.
2. Na fostaithe a spreagadh chun a chur in iúl don ghnólacht má bhíonn iompar mí-eiticiúil ar siúl ag aon fhostaí eile. Glaoitear "Sceithireacht" (*Whistleblowing*) air seo.
3. Cód eitice a leagan amach.
4. Iniúchadh eiticiúil a dhéanamh. Cigireacht a dhéanamh ar gach cuid den ghnólacht agus ansin deireadh a chur le haon chleachtas mí-eiticiúil.

An Timpeallacht/ Comhshaol

Is gá do ghnólachtaí bheith freagrach as an timpeallacht. Is gá do ghnólachtaí iad féin a chur ar an eolas maidir le saincheisteanna timpeallachta agus a chinntiú gur beag drochéifeacht a bheidh acu ar an timpeallacht.

UNIT 6.Layout 1 13/07/2012 08:40 Page 227

Saincheisteanna Timpeallachta do Ghnólachtaí

1. Athrú Aeráide

Baineann gnólachtaí leas as breoslaí iontaise[1] (peitreal, díosal, gual agus gás) agus cruthaíonn siad seo dé-ocsaíd charbóin atá go dona don timpeallacht. Mar sin, bíonn freagracht ar ghnólachtaí an méid is lú den bhreosla seo a úsáid. Is féidir é seo a dhéanamh trí fhuinneamh athnuachana a úsáid (cumhacht gaoithe srl.) ina ionad.

2. Bainistíocht Dramhaíola

Cruthaíonn gnólachtaí an-chuid dramhaíola sa tír seo. Bíonn dualgais ar ghnólachtaí an dramhaíl seo a laghdú. Is féidir é seo a dhéanamh trí "Laghdaigh, Athúsáid, Athchúrsáil"

3. Truailliú

Is gá do ghnólachtaí gearradh siar a dhéanamh ar an méid truaillithe a dhéanann siad. Is féidir leo é seo a dhéanamh trí fhoinsí fuinnimh athnuachana a úsáid, athchúrsáil a dhéanamh agus gan taisteal i ngluaisteáin ach amháin más gá é.

4. Forbairt inbhuanaithe

Is é atá i gceist leis seo ná riachtanais an lae inniu a bhaint amach gan damáiste a dhéanamh don timpeallacht sa todhchaí. Is féidir le gnólachtaí é seo a dhéanamh trí chrainn a chur ag fás agus foinsí fuinnimh athnuachana a úsáid.

Éifeacht na Timpeallachta ar Ghnólachtaí:

1. Saincheist ollmhór is ea an Bhainistíocht Dramhaíola. Tá an costas diúscartha ag dul in airde. Is é an polasaí atá ag an Rialtas faoi láthair ná "*íoc mar a thruaillítear*". Ardaíonn sé seo costais an ghnólachta.
2. Tá éileamh an-mhór ar earraí atá neamhdhíobhálach don timpeallacht. *Mar shampla, púdar níocháin nach milleann an fharraige*. Tugann sé seo deiseanna do ghnólachtaí "*earraí glasa*" a fhorbairt.
3. Mura bhfuil cáil ar earra gnólachta de bharr bheith neamhdhíobhálach don timpeallacht tá an gnólacht taobh thiar de chomhlachtaí eile atá ag iomaíocht leis. Leis seo bíonn titim sna díolacháin agus titim sa bhrabús.
4. Gearrann an rialtas fíneáil ar ghnólachtaí nach gcloíonn leis na dlíthe timpeallachta.

[1] Fossil Fuels

UNIT 6.Layout 1 13/07/2012 08:40 Page 228

Tréithe na ngnólachtaí a thugann aire don timpeallacht:

1. Tugann siad aire don timpeallacht. Déanann siad é seo trí athchúrsáil a dhéanamh. *Mar shampla, ríomhphost a úsáid seachas meamram, sonraí a stóráil ar ríomhaire seachas iad a phriontáil.*
2. Bíonn siad macánta faoi chúrsaí Timpeallachta. Má dhéanann siad truailliú trí thimpiste cuireann siad é sin in iúl don údarás áitiúil.
3. Bíonn siad ar an eolas faoi chúrsaí timpeallachta ionas gur féidir leo bheith neamhdhíobhálach don timpeallacht. Déanann siad iniúchadh timpeallachta go rialta.
4. Téann siad i gcomhairle le daoine eile sula ndéanfaidh siad aon rud a rachaidh i bhfeidhm ar an timpeallacht.

Éifeacht ar CHOSTAIS na ngnólachtaí a chomhlíonann a gcuid freagrachtaí eiticiúla, sóisialta agus timpeallachta.

1. Má bhíonn cód eitice ag gnólachtaí tabharfaidh siad pá cóir agus coinníollacha oibre maithe/sábháilte do na fostaithe.
   An Éifeacht ar an gCostas ➤ Bíonn costais na ngnólachtaí níos mó mar is gá dóibh a ndualgais shóisialta a chomhlíonadh.
2. Déanfaidh gnólachtaí eiticiúla taighde agus forbairt ar earraí glasa is féidir a athchúrsáil agus nach ndéanfaidh damáiste don timpeallacht.

   An Éifeacht ar an gCostas ➤ Bíonn Costais níos mó i gceist mar is gá do na gnólachtaí foireann taighde a fhostú.
3. Ceannaíonn gnólachtaí eiticiúla amhábhair ar féidir athchúrsáil a dhéanamh orthu agus úsáideann siad innealra nach ndéanann dochar don timpeallacht.

   An Éifeacht ar an gCostas ➤ Bíonn Costais níos mó i gceist mar bíonn amhábhair athchúrsáilte níos costasaí.
3. Déanann gnólachtaí eiticiúla bainistíocht ar dhramhaíl.
   An Éifeacht ar an gCostas ➤ Bíonn Costais níos mó i gceist mar tá sé an-chostasach diúscairt cheart a dhéanamh.

An Éifeacht ar IONCAM na ngnólachtaí a chomhlíonann a gcuid freagrachtaí eiticiúla, sóisialta agus timpeallachta.

1. Is maith leis an tomhaltóir na gnólachtaí a iompraíonn iad féin go heiticiúil.

   An Éifeacht ar an Ioncam ➤ Ceannaíonn an tomhaltóir níos mó ó

UNIT 6:Layout 1 13/07/2012 08:40 Page 229

ghnólachtaí eiticiúla. Mar sin, cruthaíonn iompar eiticiúil níos mó díolachán agus brabúis.

2. Éileamh níos mó ar tháirgí 'glasa'. Is é atá i gceist le táirgí 'glasa' ná táirgí nach ndéanann tástálacha ar ainmhithe, ar an timpeallacht nó ar an bpobal.

   An Éifeacht ar an Ioncam ➤ Díolacháin níos mó. *Mar shampla, "Dreamliner"* .

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2010 Roinn 3 – Ceist 2(A) – 20 Marc

Léirigh tréithe gnólachta a bhfuil meas ceart aige ar an timpeallacht.

2009 Roinn 3 – Ceist 2(B) – 20 Marc

"Ní hamháin go mbaineann gnó le rudaí a dhéanamh i gceart, baineann sé freisin leis na rudaí cearta a dhéanamh."

Déan cur síos ar na dualgais shóisialta atá ar ghnó dá pháirtithe leasmhara.

2008 Roinn 3 – Ceist 2(B) – 20 Marc

"Agus an téamh domhanda ag éirí níos follasaí ar fud an domhain, tá méadú ar imní daoine maidir le cosaint na timpeallachta."

Léirigh conas a d'fhéadfadh lucht gnó na hÉireann sa lá atá inniu ann níos mó freagrachta a ghlacadh maidir leis an timpeallacht.

2007 Roinn 3 – Ceist 2(C) – 20 Marc

(i) Sainmhínigh cód eitice.

(ii) Tabhair breac-chuntas ar na tionchair ar chostais ghnólachta a bhaineann le freastal ar a chuid dualgas eitice agus sóisialta.

2006 Roinn 1 – Ceist 8 – 10 Marc

Sainmhínigh cleachtas gnó eiticiúil.

2006 Roinn 3 – Ceist 2(C) – 20 Marc

Déan cur síos ar na freagrachtaí sóisialta atá ar an gnó.

2005 Roinn 3 – Ceist 2(C) – 25 Marc

Agus gnólacht ag comhlíonadh a gcúraimí sóisialta, déan measúnú ar an iarmhairt atá aige sin ar ioncam *agus* ar chostais an gnólachta.

UNIT 6:Layout 1 13/07/2012 08:40 Page 230

2002 Roinn 3 – Ceist 2(B) – 10 Marc

(i) Sainmhínigh cleachtas Eiticiúil Gnó (Eitic Ghnó).

2000 Roinn 3 – Ceist 2(A) – 15 Marc

Léirigh an tslí ar féidir le ceisteanna timpeallachta tionchar a bheith acu ar ghnóthaí.

1999 Roinn 3 – Ceist 2(B) – 15 marc

Léirigh an tslí a ndéanann cleachtas gnó a mbaineann a freagracht shóisialta leis leas do ghnó.

UNIT 7.Layout 1 13/07/2012 08:46 Page 231

AONAD

7 CAIBIDIL 24
TRÁDÁIL IDIRNÁISIÚNTA

Onnmhairiú/Easpórtáil – Nuair a dhíolann tír earraí agus seirbhísí le tíortha iasachta.

Allmhairiú/Iompórtáil – Nuair a cheannaíonn tír earraí agus seirbhísí ó thíortha iasachta.

A. *Easpórtáil Shofheicthe* ➤ Éire ag díol earraí le tíortha iasachta
B. *Iompórtáil Shofheicthe* ➤ Éire ag ceannach earraí ó thíortha iasachta
C. *Easpórtáil Dofheicthe* ➤ Éire ag díol seirbhísí le tíortha iasachta
D. *Iompórtáil Dofheicthe* ➤ Éire ag ceannach seirbhísí ó thíortha iasachta

Comhardú na Trádála agus Comhardú na nÍocaíochtaí

Tá dhá bhealach ann inar féidir linn tomhas a dhéanamh ar cé chomh rathúil is atá Éire ag trádáil go hidirnáisiúnta.

Comhardú na Trádála *(Balance of Trade)* ➤ An difríocht idir an méid **earraí** a iompórtálann agus a easpórtálann Éire. Ní léiríonn sé ach trádáil shofheicthe. Léiríonn sé A agus B thuas.

Comhardú na Trádála = Easpórtáil Shofheicthe – Iompórtáil Shofheicthe

Comhardú na nÍocaíochtaí *(Balance of payments)* ➤ An difríocht idir na táirgí agus na seirbhísí uile a iompórtálann agus a easpórtálann Éire. Léiríonn sé A, B, C agus D thuas.

Comhardú na nÍocaíochtaí = An Easpórtáil Iomlán – An Iompórtáil Iomlán

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:46 Page 232

Cúiseanna a ndéanann tír Iompórtáil

1. Easpa Acmhainní Nádúrtha

Uaireanta ní bhíonn na hacmhainní nádúrtha ar fáil do ghnólachtaí/ thíortha, agus mar sin, déanann siad iad a iompórtáil.

2. Aeráid mhí-oiriúnach

Uaireanta ní bhíonn na coinníollacha aeráide oiriúnach i dtíortha chun barra a fhás agus déanann tíortha iad a iompórtáil.

3. Rogha níos mó

Bíonn tíortha ag iarraidh rogha bhreise a thabhairt don tomhaltóir mar gheall ar na hearraí a cheannaíonn an tomhaltóir.

4. Easpa scileanna

Bíonn traidisiúin áirithe ag tíortha éagsúla táirgí faoi leith a dhéanamh ar chaighdeán an-ard. Ós rud é go mbíonn na tíortha sin ag lorg an chaighdeáin is fearr bíonn orthu iompórtáil a dhéanamh.

Cúiseanna a ndéanann tír Easpórtáil

1. Bíonn an margadh dúchasach róbheag

Uaireanta bíonn an margadh dúchasach róbheag don ghnó le brabús a dhéanamh sa tír sin. Dá bhrí sin, chun brabús a dhéanamh bíonn ar an ngnó a tháirgí a easpórtáil chuig na tíortha iasachta.

2. Méadú ar dhíolacháin/bhrabúis

Díolann gnólacht a tháirge le tíortha eile chun breis brabúis a dhéanamh.

3. Éagsúlú

Má bhíonn gnó ag brath go hiomlán ar thír amháin beidh riosca ard i gceist leis seo. Má bhíonn drochthréimhse ag geilleagar na tíre sin beidh an gnó sin i dtrioblóid. Mar sin, chun an riosca a laghdú, díoltar an gnó sin le tíortha éagsúla ar fud an domhain. Má bhíonn drochthréimhse ag an ngeilleagar i dtír amháin coimeádfaidh na díolacháin i dtíortha eile an gnó ag déanamh brabúis.

An Tábhacht a bhaineann le Trádáil Idirnáisiúnta do Gheilleagar na hÉireann

1. Díolacháin & Brabúis do Ghnólachtaí Éireannacha

Níl ach 4 mhilliún duine i margadh na hÉireann. Trí leas a bhaint as an trádáil idirnáisiúnta is féidir le gnólachtaí Éireannacha a dtáirgí a dhíol leis na billiúin tomhaltóir ar fud an domhain.

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:46 Page 233

2. Barainneacht Scála

Trí mhéadú a dhéanamh ar an táirgeacht titeann an costas táirgeachta do gach earra. Mar sin, cuirtear feabhas ar iomaíochas na hÉireann sa mhargadh domhanda. Tríd an modh seo íslítear costais an ghnó agus méadaítear brabús an ghnó.

3. Airgeadra Eachtrach

Nuair a dhíolaimid earraí le Meiriceá uaireanta íoctar muid i ndollair ($). Tá an t-airgeadra eachtrach seo tábhachtach mar is féidir linn é a úsáid chun íoc as na táirgí is gá dúinn a iompórtáil ó Mheiriceá.

4. Fostaíocht

Bíonn ar ghnólachtaí daoine breise a fhostú mar cruthaítear táirgí breise ón trádáil idirnáisiúnta. Leis an ísliú sa dífhostaíocht bíonn breis airgid ag an rialtas chun feabhas a chur ar infreastruchtúr na tíre.

5. Leibhéal Boilscithe na tíre

Cuirtear brú ar ghnólachtaí a bpraghsanna a choimeád síos de bharr na hiomaíochta atá ag teacht ó ghnólachtaí eachtracha.

Saorthrádáil agus Cosaint

Saorthrádáil ➤ Nuair a dhéanann tíortha trádáil le chéile gan aon bhacainní nó srianta. Tá saorthrádáil ar siúl san Aontas Eorpach.

Cosaint ➤ Nuair a dhéanann tíortha iarracht stop a chur le hiompórtáil earraí eachtracha chun cabhrú le gnólachtaí dúchasacha sa tír sin nó nuair a dhéanann siad iarracht cabhrú le gnólachtaí dúchasacha easpórtáil a dhéanamh chuig tíortha iasachta.

Bacainní Trádála idir Thíortha

1. Taraif

Cáin a chuireann tír ar an iompórtáil eachtrach. Agus an cháin seo curtha bíonn an t-earra níos costasaí agus ní dhíoltar an oiread sin de sa tír.

2. Cuóta

Nuair a chuireann tír teorainn ar an méid earraí eachtracha is féidir a iompórtáil. Cabhraíonn sé seo le gnólachtaí dúchasacha sa tír sin.

3. Lánchosc

Nuair a chuireann an rialtas cosc iomlán ar aon earraí/seirbhísí a iompórtáil ó thír amháin.

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:46 Page 234

4. Fóirdheontais

Airgead a thugann an rialtas do ghnólachtaí dúchasacha chun cabhrú leo earraí/ seirbhísí a dhíol ar phraghas níos saoire.

Athruithe atá tar éis teacht chun cinn sa Gheilleagar Idirnáisiúnta

1. Domhandú

Nós mór atá tar éis teacht chun cinn sa trádáil idirnáisiúnta ná an méadú i líon na ngnólachtaí domhanda. Féachann gnólachtaí domhanda ar an domhan mar mhargadh mór amháin. Díolann siad an t-earra céanna ar fud an domhain agus déanann siad an t-earra sin a tháirgeadh sa tír is saoire.

2. Teicneolaíocht

Tá an-chuid gnólachtaí ag baint úsáide as an idirlíon don trádáil idirnáisiúnta. Leis an suíomh Gréasáin atá acu is féidir leo a dtáirgí a dhíol ar fud an domhain ach ní gá siopaí a oscailt ar fud an domhain.

3. Bloic (Comhaontachais) Thrádála a chur le chéile

Tá an-chuid tíortha ag comhoibriú le chéile trí bhloic thrádála a chur le chéile. Is é atá i gceist le bloc trádála ná nuair a chomhaontaíonn tíortha trádáil a dhéanamh le chéile gan aon bhac trádála a bhunú. Ach, is féidir leo taraif a chur ar aon iompórtáil a thagann ó thíortha nach bhfuil ina mball den bhloc trádála.

4. Dírialáil (Dírialú)

An deireadh le bacainní trádála idir thíortha. Is deis iontach é seo do ghnólachtaí Éireannacha mar is féidir leo earraí a dhíol ar fud an domhain. (An Eagraíocht Dhomhanda Trádála).

5. Margaí Nua

Ní dhearna tíortha cumannacha trádáil leis an Iarthar. Ach, le deireadh ré an Chumannachais tá líon mór de na tíortha seo ag trádáil leis an domhan i gcoitinne.

Na Buntáistí/ Deiseanna atá ag Éirinn sa trádáil idirnáisiúnta

1. Bealaí isteach chuig margaí níos leithne agus níos mó

Tá an Eagraíocht Dhomhanda Trádála tar éis deireadh a chur le bacainní trádála agus deis a thabhairt do thrádáil níos saoire idir thíortha.

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:46 Page 235

Ball den Aontas Eorpach

Is é an tAontas Eorpach an bloc trádála is mó agus is saibhre ar domhan. Is deis iontach é seo do ghnólachtaí Éireannacha mar is féidir leo saorthrádáil a dhéanamh le 27 tír gan aon bhacainní/ teorainneacha.

Chomh maith leis sin, cuireann an tAontas Eorpach taraif ar aon iompórtáil a thagann isteach ó thíortha nach bhfuil mar chuid den Aontas Eorpach. Is cosaint mhaith é seo do ghnólachtaí Éireannacha.

3. An Béarla

Breathnaítear ar an mBéarla mar an teanga idirnáisiúnta gnó. Cabhraíonn sé seo le gnólachtaí Éireannacha trádáil a dhéanamh thar lear.

4. Lucht Oibre Oilte agus Óg

Tá lucht oibre an-oilte in Éirinn. Freastalaíonn an-chuid daoine óga ar an gcoláiste agus déanann an-chuid scoláirí staidéar ar an eolaíocht agus ar an innealtóireacht. Cabhraíonn an t-oideachas seo le fiontraithe Éireannacha earraí nua a chumadh agus iad a dhíol ar fud an domhain.

5. Íomhá Ghlas

Tá íomhá ghlas, shláintiúil ag baint le hÉirinn mar thír. Cabhraíonn an íomhá ghlas seo linn bia a dhíol thar lear. Chomh maith leis sin, cabhraíonn sé linn turasóirí a mhealladh anseo.

Na Míbhuntáistí/ Deacrachtaí atá ag Éirinn sa trádáil idirnáisiúnta

1. Teangacha Iasachta

Cé go mbreathnaítear ar an mBéarla mar an teanga idirnáisiúnta gnó bíonn custaiméirí iasachta fós ag iarraidh cumarsáid a dhéanamh ina dteangacha dúchasacha. Cruthaíonn sé seo deacrachtaí do ghnólachtaí Éireannacha.

Bíonn orthu daoine a fhostú a bhfuil teanga iasachta acu, a suíomh Gréasáin a aistriú go teangacha difriúla, ainm a dtáirge a aistriú agus aistriúcháin a dhéanamh ar na doiciméid trádála. Cosnaíonn sé seo am agus airgead. **Ach** *i gcás daoine a bhfuil teangacha iasachta acu is deis ghnó iontach é seo chun poist a chruthú.*

2. Rátaí Malairte

Má thagann ardú ar luach an Euro tagann ardú ar an gcostas atá ar tháirgí Éireannacha atá á ndíol i dtíortha nach n-úsáideann an Euro.

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 236

3. Iomaíocht ó thíortha Iasachta

Téann gnólachtaí Éireannacha in iomaíocht le gnólachtaí i dtíortha neamhfhorbartha a dhíolann an táirge céanna ar phraghsanna níos ísle. Is féidir leo an táirge céanna a dhéanamh ar phraghsanna níos ísle mar tá costais níos lú fostaíochta acu.

4. Íocaíochtaí

Uaireanta bíonn sé deacair íocaíochtaí a fháil ó ghnólachtaí i dtíortha iasachta.

Cén chaoi a gcabhraíonn an Rialtas le gnólachtaí Éireannacha a dhéanann Easpórtáil

1. **Fiontraíocht Éireann** *(Enterprise Ireland)* ➤ Cabhraíonn Fiontraíocht Éireann le gnólachtaí Éireannacha easpórtáil a dhéanamh trí na nithe seo a leanas:
   A) Taighde Margaidh a chur ar fáil dóibh maidir le tíortha iasachta.
   B) Iasachtaí a thabhairt dóibh ag rátaí úis atá íseal chun cabhrú leo easpórtáil a dhéanamh.
   C) Deontais a thabhairt dóibh chun cabhrú leo easpórtáil a dhéanamh.
   D) Comhairle a chur orthu maidir leis na bealaí is fearr inar féidir easpórtáil a dhéanamh.
2. **An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta** ➤ Is é atá i gceist leis seo ná Roinn sa Rialtas a chuireann na dlíthe i dtíortha iasachta in iúl do ghnólachtaí Éireannacha.
3 **An tSeirbhís Taidhleoireachta** *(diplomatic service)* ➤ Cabhraíonn Seirbhís Taidhleoireachta na hÉireann le gnólachtaí Éireannacha easpórtáil a dhéanamh trí na nithe seo a leanas:
   A) Éire a chur chun cinn mar thír.
   B) Brú a chur ar Rialtais iasachta trádáil a dhéanamh linn.
   C) Aonaigh trádála a eagrú do ghnólachtaí Éireannacha.

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2010 Roinn 1 – Ceist 8 – 10 Marc

Déan idirdhealú idir *Cuóta* agus *Taraif* mar **bhacainní** saorthrádála idir thíortha.

2010 Roinn 3 – Ceist 3(A) – 20 Marc

Áirítear go bhfuil Éire ar an tríú náisiún is mó atá domhandaithe i ndiaidh Singeapóir agus Hong Cong.

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 237

(i) Mínigh cad a chiallaíonn an téarma 'Geilleagar Oscailte'.

(ii) Léirigh do thuiscint ar na téarmaí 'Comhardú na Trádála' **agus** 'Comhardú na nÍocaíochtaí'.

2010 Roinn 3 – Ceist 3(B) – 20 Marc

Déan anailís ar conas atá treochtaí malartacha sa gheilleagar idirnáisiúnta tar éis dul i bhfeidhm ar ghnólachtaí Éireannacha.

2007 Roinn 1 – Ceist 6 – 10 Marc

Céard is bloc trádála ann? Tabhair **dhá** shampla:

2007 Roinn 3 – Ceist 3(A) – 25 Marc

Is geilleagar oscailte é geilleagar na hÉireann agus téann tionchair eacnamaíochta ón iasacht i gcion go mór air. Cruthaíonn na tionchair seo deiseanna agus dúshláin araon do ghnó Éireannach.

Déan plé ar na deiseanna a chuireann an trádáil idirnáisiúnta ar fáil do ghnó Éireannach.

2006 Roinn 1 – Ceist 10 – 10 Marc

(a) Mínigh an téarma 'easpórtálacha dofheicthe':

(b) Agus tú ag baint úsáide as an eolas seo a leanas, ríomh
(i) Comhardú na Trádála agus (ii) Comhardú na nÍocaíochtaí:

Iomlán na nIompórtálacha €16 bhilliún ~ Easpórtálacha Dofheicthe[1] €11 bhilliún
Iomlán na nEaspórtálacha €19 mbilliún ~ Iompórtálacha Dofheicthe[2] €9 mbilliún
(i) Comhardú na Trádála _____ (ii) Comhardú na nÍocaíochtaí _____

2006 Roinn 3 – Ceist 3(C) – 15 Marc

Déan anailís ar conas mar atá tionchar ag athruithe sa gheilleagar idirnáisiúnta ar an ngnó in Éirinn. Bain úsáid as samplaí cuí chun do fhreagra a léiriú.

2003 Roinn 1 – Ceist 7 – 10 Marc

Déan idirdhealú idir Deontais agus Fóirdheontais.

2002 Roinn 1 – Ceist 9 – 10 Marc

Sainmhínigh Dírialú

[1] Invisible Exports
[2] Invisible Imports

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 238

2002 Roinn 3 – Ceist 3(A) – 40 Marc

Aithnítear go bhfuil Éire na linne seo, mar gheilleagar oscailte, go mór faoi thionchar na timpeallachta trádála idirnáisiúnta. Tá cuid mhór foghlamtha ag lucht gnó in Éirinn trí staidéar a dhéanamh ar na hathruithe sa gheilleagar idirnáisiúnta agus iad féin a chur in oiriúint do na hathruithe sin agus a n-éifeacht ar chúrsaí gnó in Éirinn.

Déan breithmheas ar thábhacht na trádála idirnáisiúnta do Gheilleagar na hÉireann.

Bíodh tagairt sa fhreagra agat do na deiseanna agus do na dúshláin atá roimh lucht Ghnó in Éirinn de thoradh trádáil idirnáisiúnta a bheith ar siúl acu.

2001 Roinn 3 – Ceist 3(A) – 35 Marc

I sochaí nua-aimseartha is beag tír a d'fhéadfadh teacht slán trí bheith ag brath go hiomlán ar a trádáil bhaile féin. Tá tíortha uile an domhain, beagnach, idirspleách agus ag brath dá bhrí sin ar thrádáil idirnáisiúnta

Déan anailís ar thábhacht Thrádáil Idirnáisiúnta i gcás na hÉireann. Déan tagairt i do fhreagra d'fhorbairt bhloic thrádála agus *chomhlachtaí trasnáisiúnta (Caibidil 26)*.

2000 Roinn 3 – Ceist 3(C) – 30 Marc

Is geilleagar oscailte í Éire. Déanann tionchair ón gcoigríoch difear mór do gheilleagar na hÉireann. Cruthaíonn an timpeallacht idirnáisiúnta go leor deiseanna agus dúshláin do Ghnó na hÉireann m.sh. margú táirgí Éireannacha thar lear agus bagairt ó iomaitheoirí thar lear.

Déan plé ar an tslí a bhfuil an Geilleagar Idirnáisiúnta ag athrú. Bíodh na tionchair atá aige ar Ghnó na hÉireann i do fhreagra.

UNIT 7.Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 239

AONAD

7 CAIBIDIL 25
AN tAONTAS EORPACH

Bloc trádála is ea an tAontas Eorpach. Tá 27 tír san Aontas seo. Tá Éire ina ball den Aontas Eorpach (AE). Bíonn saorthrádáil idir an 27 tír atá san AE. Bíonn an-chuid comhoibrithe polaitíochta idir na tíortha san Aontas Eorpach.

An Tábhacht le Ballraíocht san Aontas Eorpach do Gheilleagar na hÉireann

1. Margadh níos leithne do ghnólachtaí Éireannacha

Bíonn deis acu leathnú agus díolacháin a mhéadú, agus mar sin, ardaíonn siad a leibhéal brabús agus íocann siad níos mó cánach leis an rialtas.

2. Deontais

Faigheann Éire iasachtaí agus deontais ón Aontas Eorpach. Leis an airgead seo is féidir feabhas a chur ar infreastruchtúr na tíre.

3. Cuideachtaí Trasnáisiúnta

Tá cuideachtaí trasnáisiúnta anseo toisc gur féidir leo earraí a tháirgeadh anseo agus iad a easpórtáil ar fud na hEorpa gan aon bhacainní trádála.

Institiúidí den Aontas Eorpach

Tá an tAontas Eorpach tar éis roinnt mhaith institiúidí a bhunú chun a gcuid gnóthaí a reáchtáil.

Is iad seo a leanas na hinstitiúidí is tábhachtaí:

1. An Coimisiún Eorpach
2. Parlaimint na hEorpa
3. Comhairle an Aontais Eorpaigh (Comhairle na nAirí)
4. Cúirt Iniúchóirí na hEorpa
5. Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 240

An Coimisiún Eorpach

Is coimisiún é seo a reáchtálann an AE. Tá sé cosúil le rialtas don Aontas Eorpach. Tá 27 coimisinéir ann, coimisinéir amháin as gach tír. Tá siad i gceannas ar roinn ar leith san AE, mar shampla, iompar, an timpeallacht, oideachas agus sláinte.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an Choimisiúin Eorpaigh:

1. **Reachtaíocht/ dlíthe nua a mholadh ➤** Is gá don Choimisiún bheith ar an eolas faoi na fadhbanna atá san AE mar is é an phríomhaidhm atá aige ná dlíthe nua a mholadh.
2. **Dlíthe a chur i bhfeidhm ➤** Tógann siad na tíortha chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh mura bhfuil siad ag cloí leis na dlíthe.
3. **Buiséad a dhréachtú ➤** Tugann siad moladh maidir leis an méid airgid a fhaigheann gach tír i mbuiséad an AE.

Parlaimint na hEorpa

- Parlaimint a thoghann saoránaigh an Aontas Eorpaigh.
- Déanann an Pharlaimint seo ionadaíocht do na saoránaigh sin le hinstitiúidí eile san AE.
- Bíonn toghcháin gach 5 bliana agus tá breis agus 785 ball i bParlaimint na hEorpa.

Is é seo a leanas na dualgais a bhíonn ar na hionadaithe:

1. **Díospóireacht a dhéanamh agus reachtaíocht nua a cheadú ➤** Déanann siad plé ar na buntáistí agus ar na míbhuntaistí a bhaineann le gach dlí nó reachtaíocht nua agus tagann siad ar bhealaí ina bhféadfaí an reachtaíocht a fheabhsú.
2. **Buiséad an Aontais Eorpaigh a cheadú ➤** Is féidir leis an bParlaimint glacadh leis an mbuiséad a chuirtear le chéile don AE nó é a dhiúltú.

Comhairle an Aontais Eorpaigh

Is é seo an institiúid is tábhachtaí san Aontas Eorpach i dtaobh cinntí a dhéanamh. Freastalaíonn Aire ó gach rialtas ar gach cruinniú.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna Chomhairle an Aontais Eorpaigh:

1. Dlíthe Eorpacha a Cheadú.

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 241

2. Comhaontuithe idirnáisiúnta a chur i gcrích idir an tAontas Eorpach agus eagraíochtaí/ tíortha eile.
3 Buiséad an Aontais Eorpaigh a cheadú.
4. Socruithe a dhéanamh le tíortha iasachta nach bhfuil ina mbaill den AE ionas gur féidir le saoránaigh an AE dul ag obair iontu.

Cúirt Iniúchóirí na hEorpa

- Tá Cúirt Iniúchóirí na hEorpa freagrach as a chinntiú go ndéantar bainistíocht cheart ar bhuiséad an Aontais Eorpaigh.
- Tá sí freagrach as a chinntiú go mbailítear airgeadas an Aontais Eorpaigh (a thagann ón íocóir cánach) i gceart agus go gcaitear é de réir dlí.
- Sa chúirt seo bíonn ionadaithe ann ó gach tír den AE agus is féidir leo iniúchadh a dhéanamh ar aon tír a fuair maoiniú ón AE chun a chinntiú gur caitheadh an t-airgead i gceart.
- Má thagann an chúirt seo ar aon rud tábhachtach nó amhrasach *(suspicious)* scríobhann siad tuairisc chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

- Is é an ról atá ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh chun a chinntiú go gcuirtear dlíthe an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm i ngach ballstát
- Is breithiúna ó gach tír san AE atá sa chúirt seo.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

1. **Moladh a thabhairt do thíortha san AE mar gheall ar reachtaíocht an AE** ➤ Leis seo cinntítear nach ndéanann tíortha difriúla cinntí difriúla maidir leis an mbuncheist *(issue)* chéanna.
2. **A chinntiú go bhfuil gach ball den AE ag cloí le dlíthe an AE** ➤ Tá an chumhacht ag an gCúirt díospóidí a réiteach idir thíortha, institiúidí, shaoránaigh agus ghnólachtaí an Aontais Eorpaigh.
3. Cuireann sí deireadh de haon dlíthe má cheapann sí go bhfuil siad neamhdhleathach nó éagórach.

Cinntí á ndéanamh san Aontas Eorpach

Bíonn an tAontas Eorpach ag iarraidh cabhrú le daoine i ngach tír san AE trína reachtaíocht. Ach, tá sé an-deacair reachtaíocht a achtú a chabhraíonn le gach tír

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 242

san AE. Mar sin, tá roinnt mhaith céimeanna leagtha amach maidir leis an gcaoi ina ndéantar cinntí san Aontas Eorpach:

1. **An Coimisiún Eorpach ➤** Aithníonn sé fadhbanna agus tagann sé ar réiteach ar na fadhbanna sin.
2. **Parlaimint na hEorpa ➤** Bíonn sí i mbun díospóireachta maidir leis an dlí/ reachtaíocht nua seo. Déanann sí plé ar na buntáistí/ míbhuntáistí agus ar an gcaoi inar féidir an reachtaíocht/ dlí a fheabhsú. Ansin seolann sí a moltaí in éineacht leis an dlí ar ais chuig an gCoimisiún Eorpach.
3. **An Coimisiún Eorpach ➤** Déanann an Coimisiún Eorpach na hathruithe atá riachtanach ar an dlí/ reachtaíocht. Ansin seolann sé an dlí ar aghaidh chuig 1) Parlaimint na hEorpa agus 2) An Chomhairle Eorpach.
4. **Parlaimint na hEorpa agus An Chomhairle Eorpach ➤** Tá an cinneadh deiridh ag na hinstitiúidí seo. Is comhchinneadh (co-decision) é a bhíonn acu ina ndéantar dlí a achtú as an reachtaíocht seo atá molta (*the proposed new law*). Mura bhfuil an dá institiúid i bhfabhar na reachtaíochta nua ní dhéantar an dlí a achtú.
5. Má aontaíonn an dá institiúid leis an reachtaíocht seo cuirtear i bhfeidhm í trí cheann amháin de na trí bhealach seo a leanas:
   (a) **Rialachán ➤** Cuirtear i bhfeidhm í láithreach i ngach tír.
   (b) **Treoir ➤** Is gá do **gach tír** toradh a bhaint amach laistigh den spriocdháta a thugtar.
   (c) **Cinneadh ➤** Bíonn sé dírithe ar thír, ar ghnó nó ar dhuine amháin agus is gá dó/di cloí leis an dlí láithreach.

Ról na nGrúpaí Sainleasa maidir leis na cinntí a dhéantar san Aontas Eorpach

1. Cuireann siad brú ar chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa.
2. Cuireann siad brú ar chomhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh.
3. Bunaíonn siad Oifig sa Bhruiséil, áit a ndéantar cinntí an AE, chun brú a chur ar chomhaltaí Pharlaimint na hEorpa agus comhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh go rialta.

Polasaithe an Aontais Eorpaigh

Is é atá i gceist le polasaithe an Aontais Eorpaigh ná dlíthe a leagtar síos chun cabhrú le catagóirí ar leith san AE. Is iad seo a leanas samplaí de na polasaithe seo:

1. An Comhbheartas Talmhaíochta – *Common Agricultural Policy*
2. An Comhbheartas Iascaigh – *Common Fisheries Policy*

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 243

3. Cairt Shóisialta an Aontais Eorpaigh – *European Union Social Charter*
4. An Beartas (Polasaí) Iomaíochta – *Competition Policy*
5. An Margadh Eorpach Aonair – *Single European Market*
6. An Euro

An Comhbheartas Talmhaíochta (CBT)

Bunaíodh an Comhbheartas Talmhaíochta chun caighdeán maireachtála maith a sholáthar d'fheirmeoirí an Aontais Eorpaigh. Déantar seo trí na nithe seo a leanas:

1. **Margadh níos leithne ➤** Deis ar fáil d'fheirmeoirí san Eoraip a dtáirgí a dhíol ar fud na hEorpa gan aon bhacainní ná teorainneacha. Is margadh iomlán saor é seo atá curtha ar fáil dóibh. Tugann sé seo margadh de bhreis is 480 milliún duine dóibh agus is deis iontach é chun na díolacháin agus brabúis a ardú.
2. **Deontais ➤** Leis an gComhbheartas Talmhaíochta tugtar deontais d'fheirmeoirí. Tugtar na deontais seo d'fheirmeoirí ar an gcoinníoll go leanann siad na coinníollacha maidir leis na caighdeáin shábháilteachta agus shláinte a thugtar dóibh.
3. **Feabhas ar na Caighdeáin ➤** Tugann an CBT deontais d'fheirmeoirí chun airgead a chaitheamh le feabhas a chur ar an talamh agus ar na hainmhithe atá acu. Ardaíonn sé seo an caighdeán táirgeachta atá acu a chruthaíonn díolacháin bhreise.
4. **Taraif ➤** Chun feirmeoirí an AE a chosaint ón iomaíocht ó thíortha iasachta cuireann an CBT taraif ar na hiompórtálacha ó thíortha nach bhfuil ina mbaill den AE.

An Comhbheartas Iascaigh (CFP)

Cuirtear an CFP i bhfeidhm mar gheall ar na nithe seo a leanas:

1. Chun a chinntiú go mbeidh caighdeán maireachtála ard ag gach duine atá bainteach leis an iascaireacht san AE.

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 244

Déantar é seo trí na nithe seo a leanas:

- Praghas éisc a shocrú ag ráta áirithe ionas go mbeidh ráthaíocht (guarantee) ann d'fheirmeoirí go bhfaighidh siad ioncam réasúnta.
- Cabhrú le feirmeoirí iasc breise a bhreith trí dheontais a thabhairt dóibh chun báid agus teicneolaíocht iascaireachta nua-aimseartha a cheannach.
- Íocann siad as feachtas margaíochta a mheallann an tomhaltóir iasc breise a cheannach

2. Stoic iascaireachta a chaomhnú

Déantar é seo trí na nithe seo a leanas:

- Cuóta a thabhairt do gach tír ag leagan amach uasmhéid na n-iasc is féidir leo a bhreith gach bliain.
- Teorainn a chur ar líon na bpoll atá sna líonta. Cinntíonn sé seo nach mbeirtear ar iasc óg.
- Patrólú a dhéanamh ar fharraige an AE chun a chinntiú nach bhfuil aon iascaireacht neamhdhleathach ar siúl.

Cairt Shóisialta An Aontais Eorpaigh

Is é aidhm Chairt Shóisialta an Aontais Eorpaigh coinníollacha fostaíochta agus maireachtála a fheabhsú do shaoránaigh an AE. Tugtar na cearta seo a leanas do shaoránaigh an AE.

1. **Ceart chun oibre ➤** Tugtar ceart do shaoránaigh an AE obair a dhéanamh in aon tír atá mar bhall den AE. Is buntáiste é seo do ghnólachtaí Éireannacha mar má bhíonn siad gann ar fhostaithe is féidir leo daoine ó thíortha eile san AE a fhostú. **Ní bhíonn aon ghá le ceadúnas chun daoine a fhostú.**
2. **Pá Cóir ➤** Tá gach fostaí san AE i dteideal pá cóir a fháil don obair a dhéanann sé/sí. Is gá do gach tír san AE íosphá (minimum wage) a leagan síos agus a chur i bhfeidhm.
3. **Níl cead ag fostaí den AE níos mó ná 48 uair an chloig a dhéanamh sa tseachtain ➤** Chomh maith leis sin, tá siad i dteideal seachtain laethanta saoire íoctha ceithre huaire sa bhliain.

An Beartas Iomaíochta

Is é atá i gceist leis an mBeartas Iomaíochta ná na rialacha a chinntíonn go bhfuil iomaíocht chóir idir ghnólachtaí san Aontas Eorpach.

UNIT 7.Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 245

Is é an aidhm atá ann ná chun a chinntiú go bhfaigheann custaiméirí earraí ar ardchaighdeán ag praghsanna réasúnta.

Is iad seo a leanas na rialacha a chuireann an Beartas Iomaíochta i bhfeidhm:

1. **Ní féidir le gnólachtaí cairtéil[1] a bhunú ➤** Cinntíonn an Beartas Iomaíochta nach féidir le gnólachtaí socrú a dhéanamh agus praghsanna arda a ghearradh ar an tomhaltóir.
2. **Rialú a dhéanamh ar na gnólachtaí is láidre ➤** Cinntíonn an Beartas Iomaíochta nach féidir leis na gnólachtaí is láidre sa mhargadh mí-úsáid a bhaint as a láidreacht trí phraghsanna atá ró-ard a ghearradh nó iarracht a dhéanamh stop a chur ar iomaitheoirí nua a thiocfaidh isteach sa mhargadh. *Is cosaint iontach é seo do ghnólachtaí beaga in Éirinn agus is cosaint iontach é don tomhaltóir freisin.*
3. **Is gá d'Eagraíochtaí Faoi Úinéireacht an Stáit bheith oscailte don iomaíocht ➤** Ní féidir leo bheith ina n-aon ghnó atá ag díol an táirge nó ag soláthar na seirbhíse. *Mar shampla, RTÉ agus TV3.*
4. **Táthcheangal & Cumasc ➤** Cuireann an Beartas Iomaíochta cosc ar aon chumasc nó táthcheangal a bhaineann den saoriomaíocht (free competition). Is gá d'aon chumasc nó d'aon táthcheangal cead a fháil ón g**Coimisiún Eorpach**.

An Margadh Eorpach Aonair

Is é an Margadh Eorpach Aonair an limistéar saorthrádála is mó ar domhan. Ní bhíonn aon bhacainní trádála idir an 27 ball den Mhargadh Eorpach Aonair.

Na Buntáistí a bhaineann leis An Margadh Eorpach Aonair d'Éirinn:

1. **Margadh Mór ➤** Is féidir le gnólachtaí Éireannacha a dtáirgí/ seirbhísí a dhíol in aon tír san AE gan aon bhacainní trádála ná teorainneacha. Is deis iontach é seo do ghnólachtaí Éireannacha mar is féidir leo a dtáirgí a dhíol gan aon teorainn ar 27 tír agus breis is 480 milliún tomhaltóir.
2. **Trádáil níos Éasca ➤** Tá An Margadh Eorpach Aonair tar éis an trádáil a dhéanamh i bhfad níos éasca anois mar níl aon scrúduithe custaim (custom checks) idir na tíortha san AE a thuilleadh. Ní dhéantar scrúdú ar an iompórtáil a thagann isteach ó thíortha an AE.

   Is buntáiste iontach é seo do ghnólachtaí mar ní chuirtear moill orthu agus iad ag iompar earraí isteach chuig tíortha iasachta.

[1] Cairtéil - Idir iomaitheoirí is aontú rúnda é cairtéal ina n-aontaíonn siad go mbeidh srian ar an iomaíocht eatarthu.

UNIT 7.Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 246

3. **Gnólachtaí Eachtracha ➤** Tagann an-chuid cuideachtaí trasnáisiúnta anseo chun dul isteach ar mhargadh an Aontais Eorpaigh. Íocann na cuideachtaí seo cáin, cruthaíonn siad fostaíocht agus ceannaíonn siad amhábhair ó ghnólachtaí Éireannacha.
4. **Deis Infheistíochta ➤** Ceadaíonn an tAontas Eorpach saorghluaiseacht airgeadais idir thíortha an AE.
   Is deis iontach é seo d'fhiontraithe Éireannacha mar ní gá dóibh brath ar Éirinn amháin d'fhoinsí airgeadais

Na Míbhuntáistí a bhaineann leis An Margadh Eorpach Aonair d'Éirinn:

1. **Iomaíocht ó ghnólachtaí an AE ➤** Ós rud é gur féidir le gnólachtaí Éireannacha a gcuid earraí/ seirbhísí a dhíol i dtíortha eile san AE gan aon teorainn, ciallaíonn sé sin gur féidir le gnólachtaí iasachta a gcuid earraí/ seirbhísí a dhíol anseo gan aon srian orthu.
2. **Fostaithe Oilte ag fágáil na tíre – Dul go Londain agus áiteanna eile.**

An Euro — €

Bhunaigh an tAontas Airgeadaíochta Eorpach (AAE) airgeadra aonair do 17 dtír san Aontas Eorpach ar a nglaoitear an Euro. Bhunaigh an AAE an Banc Ceannais Eorpach freisin.

Is iad seo a leanas na buntáistí a bhaineann leis an Euro:

1. **Costais níos lú ➤** Ní gá do ghnólachtaí Éireannacha táille bainc a íoc a thuilleadh nuair atá siad ag díol le tíortha nó ag ceannach ó thíortha a bhfuil an Euro mar airgeadra aici. Tíortha Limistéar an Euro (*Eurozone Countries*) a ghlaoitear orthu. Chomh maith leis sin, ní gá bheith buartha faoi aon athruithe a thagann ar rátaí malairte mar íoctar in euronna iad.
2. **Rátaí Úis[2] ➤** Leagann an Banc Ceannais Eorpach na rátaí úis amach do na tíortha atá ag baint úsáide as an Euro. Go dtí seo tá an Banc Ceannais Eorpach tar éis rátaí úis a chur ag leibhéal íseal.
   Is buntáiste iontach é seo do ghnólachtaí Éireannacha mar ciallaíonn sé go bhfuil aisíocaíocht níos lú le déanamh ar na hiasachtaí atá acu.

[2] An costas ar airgeadra a fháil ar iasacht

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 247

3. **Trádáil sa Bhreis** ➤ Bíonn trádáil sa bhreis ar siúl anois idir thíortha Limistéar an Euro mar níl aon bhaol ann go dtiocfaidh athruithe ar na rátaí malairte. Mar thoradh air seo spreagtar an-chuid turasóireachta freisin.
4. **Boilsciú** ➤ Ós rud é go bhfuil praghsanna earraí mar an gcéanna idir thíortha a úsáideann an Euro cuireann sé seo brú ar ghnólachtaí Éireannacha a bpraghsanna a ísliú. Coimeádfaidh sé seo an leibhéal boilscithe níos ísle.

Is iad seo a leanas na míbhuntáistí a bhaineann leis an Euro_

1. **An Ríocht Aontaithe (UK)** ➤ Níor ghlac An Ríocht Aontaithe leis an Euro. Déanann Éire cuid mhór dá trádáil idirnáisiúnta leis an mBreatain Mhór. Mar sin féin bíonn deacrachtaí ag gnólachtaí Éireannacha nuair a bhíonn siad i mbun trádála leis An Ríocht Aontaithe maidir le táillí bainc agus rátaí malairte.
2. **Rátaí Úis** ➤ Cé go bhfuil an Banc Ceannais Eorpach ag coimeád rátaí úis ag leibhéal íseal níl aon smacht ag Éirinn ar na rátaí úis. Má bhíonn drochthréimhse ag geilleagar na hÉireann b'fhéidir go bhféadfadh an Banc Ceannais Eorpach rátaí úis a athrú chun cabhrú leis an Eoraip seachas le hÉirinn.
3. **Iomaíocht** ➤ Tá gnólachtaí Éireannacha in iomaíocht i bhfad níos mó le gnólachtaí thíortha Limistéar an Euro. Íslíonn na gnólachtaí iasachta seo leibhéil brabúis na ngnólachtaí Éireannacha. *Mar shampla*, *Ryanair Versus Air France*

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2010 Roinn 3 – Ceist 3(C) – 20 Marc

Déan plé ar an tábhacht atá ag aon **dá** cheann de pholasaithe seo an AE d'Éirinn:
(i) An Comhbheartas Iomaíochta;
(ii) An Comhbheartas Iascaireachta (CI);
(iii) An Comhbheartas Talmhaíochta (CT).

2009 Roinn 1 – Ceist 10 – 10 Marc

Mínigh an ról atá ag Comhairle na nAirí i gcinnteoireacht an AE.
Ainmnigh dhá institiúid eile de chuid an AE a dhéanann cinntí.

2009 Roinn 3 – Ceist 3(A) – 30 Marc

Déan measúnú ar na deiseanna **agus** ar na dúshláin atá ann do ghnó na hÉireann i Margadh an AE.

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 248

2008 Roinn 3 – Ceist 3(A) – 25 Marc

Déan plé ar an tionchar atá ag an Margadh Eorpach Aonair ar ghnó na hÉireann.

2008 Roinn 3 – Ceist 3(B) – 20 Marc

Mínigh na feidhmeanna atá ag ***dhá*** cheann ar bith de na hinstitiúidí Eorpacha seo a leanas.

(i) Parlaimint na hEorpa
(ii) Comhairle na nAirí
(iii) Coimisiún na hEorpa

2008 Roinn 3 – Ceist 3(C) – 15 Marc

(i) I gcomhthéacs an Aontais Eorpaigh (AE) déan idirdhealú idir Treoir agus Rialachán.
(ii) Roghnaigh sampla ***amháin*** de cheachtar acu agus mínigh an cuspóir atá leis.

2007 Roinn 1 Ceist 3 – 10 Marc

Is é is treoir AE ann ná: _____

2007 Roinn 3 – Ceist 3(C) – 10 Marc

Bain úsáid as sampla amháin agus tabhair breac-chuntas ar an ról atá ag 'grúpaí sainleasa' san Aontas Eorpach.

2006 Roinn 3 – Ceist 3(A) – 25 Marc

(i) Tabhair breac-chuntas ar an bpróiseas cinnteoireachta san Aontas Eorpach.
(ii) Mínigh an téarma 'Treoir AE' agus an tionchar atá ag **ceann amháin** acu ar chúrsaí gnó in Éirinn.

2006 Roinn 3 – Ceist 3(B) – 20 Marc

Déan measúnú ar an tionchar atá ag aon **dá** cheann díobh seo a leanas ar Éirinn:

(i) An Comhbheartas Talmhaíochta
(ii) An Polasaí Iomaíochta
(iii) Cairt Shóisialta an Aontais Eorpaigh

2005 Roinn 3 – Ceist 3(A) – 25 Marc

Ligeann gníomhaíocht idirnáisiúnta do thír bheag mar Éire níos mó earraí agus seirbhísí a fháil.

Mínigh na deiseanna agus na dúshláin atá ann do ghnó Éireannach de thoradh na mballstát nua a tháinig isteach sa Mhargadh Eorpach Aonair sa bhliain 2004.

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 249

2005 Roinn 3 – Ceist 3(B) – 10 Marc

Rianaigh an tábhacht atá ann d'Éirinn maidir le:
Aon pholasaí ar bith de chuid an Aontais Eorpaigh

agus

Aon institiúid ar bith de chuid an Aontais Eorpaigh.

2004 Roinn 1 – Ceist 8 – 10 Marc

Liostaigh ceithre institiúid de chuid an Aontais Eorpaigh.

2004 Roinn 3 – Ceist 3(C) – 20 Marc

Tá a lán deiseanna agus dúshláin ann do gheilleagar na hÉireann sa timpeallacht idirnáisiúnta. Tá an geilleagar go mór faoi thionchar an chumais atá i ngnóthais Éireannacha earraí a táirgtear in Éirinn a dhíol ar mhargaí thar lear agus freisin ó na dúshláin atá ann dóibh ó iomaitheoirí eachtrannacha.

Déan cur síos ar dhá dheis gnó atá ann do ghnó Éireannach i measc na margaí sin atá 'ag forbairt' e.g. san Aontas Eorpach.

2003 Roinn 3 – Ceist 3(A) – 40 Marc

Le bunú an AE cruthaíodh do na ballstáit uile, comhbheartais tráchtála, achar gan teorainneacha inmheánacha agus cuireadh forbairt eacnamaíochta agus shóisialta chun cinn ar fud na hEorpa.

Mínigh an tábhacht a bhaineann leis an Margadh Eorpach Aonair do chúrsaí gnó in Éirinn.

2002 Roinn 1 – Ceist 7 – 10 Marc

Cad dó a seasann na litreacha seo a leanas? Scríobh gach freagra ina iomláine sa spás thíos.

CBT (CAP) _____

CPT (PLC) _____

AE (EU _____

TAI (ROI _____

OCP (PRO) _____

2001 Roinn 1 – Ceist 7 – 10 Marc

Cabhraíonn an Margadh Eorpach Aonair le gnó toisc:

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 250

2001 Roinn 3 – Ceist 3(B) – 25 Marc

I sochaí nua-aimseartha is beag tír a fhéadfaidh teacht slán trí bheith ag brath go hiomlán ar a trádáil bhaile féin. Tá tíortha uile an domhain, beagnach, idirspleách agus ag brath dá bhrí sin ar thrádáil idirnáisiúnta.

Mínigh an próiseas chun cinní a dhéanamh san Aontas Eorpach. Bíodh na hinstitiúidí cuí luaite i do fhreagra.

1999 Roinn 3 – Ceist 3(B) – 15 Marc

De bharr gur geilleagar oscailte í Éire bíonn tionchar ollmhór ag an timpeallacht trádála idirnáisiúnta ar Ghnó in Éirinn.

Maidir le hÉirinn, mínigh an tábhacht a bhaineann leo seo a leanas:-
(i) *aon cheann* amháin de pholasaithe an Aontais Eorpaigh
(ii) *aon cheann amháin* d'institiúidí an Aontais Eorpaigh.

AONAD 7

CAIBIDIL 26
CUIDEACHTAÍ TRASNÁISIÚNTA

- Is é atá i gceist le cuideachta trasnáisiúnta ná gnólacht a bhfuil a phríomhoifig aige i dtír amháin agus brainsí eile ar fud an domhain.
- Tá an phríomhoifig i gceannas ar an ngnólacht iomlán agus bíonn na brainsí atá ar fud an domhain i mbun spriocanna a bhaint amach.

Cúiseanna le Forbairt Cuideachtaí Trasnáisiúnta:

1. **Éagsúlú** ➤ Leathnaíonn cuideachtaí trasnáisiúnta chuig tíortha eile ionas go laghdóidh sé an riosca de bhrí go bhfuil margaí éagsúla ann: má theipeann ar ghnó amháin, beidh gnóthaí eile ann. Níl siad ag iarraidh bheith ag brath ar aon mhargadh amháin.
2. **Méadú ar bhrabús** ➤ Leathnaíonn cuideachtaí trasnáisiúnta chuig tíortha eile ionas go ndéanfaidh siad díolacháin bhreise agus mar sin breis brabúis.
3. **Dul chun cinn sa chumarsáid agus sa teicneolaíocht** ➤ Mar gheall ar an dul chun cinn sa chumarsáid agus sa teicneolaíocht tá sé i bhfad níos éasca gnólachtaí a reáchtáil i dtíortha iasachta. Leis an bhfíschomhdháil (videoconferencing), tugtar deis do bhainisteoirí gnólachtaí trasnáisiúnta a reáchtáil gan aon taisteal a dhéanamh thar lear. Is féidir leo cruinnithe a eagrú le brainsí ar fud an domhain ón bpríomhoifig atá acu.
4. **Bacainní Trádála** ➤ Is bealach iontach é seo do chuideachtaí trasnáisiúnta chun bacainní trádála a shárú.

   Tá Nissan tar éis monarcha a bhunú in Sunderland chun an cuóta atá ar an iompórtáil ón tSeapáin a shárú.
5. **Dírialáil/ Dírialú**[1] ➤ Is deis iontach é seo do chuideachtaí trasnáisiúnta mar is féidir leo earraí a dhíol ar fud an domhain.

[1] Deregulation

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 252

Na Buntáistí a bhaineann le Cuideachtaí Trasnáisiúnta:

1. **Fostaíocht ➤** Cruthaíonn siad an-chuid fostaíochta in Éirinn. Cruthaíonn an fhostaíocht seo caighdeán maireachtála níos airde do dhaoine in Éirinn. *Mar shampla, Dell, Intel, Tesco, ALDI, LIDL.*
2. **Teicneolaíocht ➤** Tugann siad an teicneolaíocht is nua-aimseartha, earraí nua agus scileanna bainistíochta nua go hÉirinn. Foghlaimítear an-chuid uathu.
3. **Iomaíocht ➤** Cruthaíonn siad níos mó iomaíochta i margadh na hÉireann. Is rud maith é seo don tomhaltóir mar íslítear praghsanna. Is rud maith é do gheilleagar na hÉireann freisin mar íslítear an ráta boilscithe dá bharr.
4. **Cáin ➤** Íocann Cuideachtaí Trasnáisiúnta cáin le Rialtas na hÉireann as an mbrabús a dhéanann siad. Is féidir le Rialtas na hÉireann an t-airgead seo a chaitheamh ar infreastruchtúr na tíre a fheabhsú.
5. **Éifeacht Buntáistí Breise ➤** Ceannaíonn siad amhábhair ó ghnólachtaí Éireannacha. Ardaíonn sé seo leibhéal brabúis gnólachtaí dúchasacha Éireannacha.

Na Míbhuntáistí a bhaineann le Cuideachtaí Trasnáisíunta:

1. **Fágann siad an tír ➤** Is féidir leo deontais a fháil ón rialtas agus nuair a thagann deireadh leis an airgead sin is féidir leo dúnadh agus dul go tír ina bhfuil costais fostaíochta níos lú.
2. **An Iomarca Cumhachta ➤** Is féidir leo bagairt a dhéanamh ar an rialtas go bhfágfaidh siad an tír mura bhfaighidh siad na rudaí a bheidh ag teastáil uathu. *(Cáin íseal/ Deontais / Coinníollacha Oibre atá oiriúnach dóibh)*
3. **Aisdúichiú ➤** Seolann na cuideachtaí trasnáisiúnta an brabús uile a dhéanann siad ar ais chuig an bpríomhoifig atá acu. Is drochrud é seo do gheilleagar na hÉireann mar ciallaíonn sé go bhfuil an t-airgead ón tír seo ag gluaiseacht amach as an tír.
4. **Cinntí déanta in oifigí thar lear ➤** Déantar na cinntí sna príomhoifigí ina bhfuil siad lonnaithe. Ní thógann siad teastálacha mhuintir na hÉireann san áireamh.

Margaíocht Dhomhanda

- An t-earra céanna a dhíol ar fud an domhain agus úsáid a bhaint as meascán den mhargaíocht chéanna. Díríonn gnólachtaí domhanda ar na cosúlachtaí atá idir thíortha éagsúla.
- Uaireanta athraíonn gnólachtaí domhanda gnéithe den mheascadh margaíochta chun teastálacha áitiúla a shásamh. Ach, cuireann sé seo le costais an ghnólachta.

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 253

An Meascadh Margaíochta Domhanda [2]

Táirge Domhanda:

- Is táirge é seo a dhíoltar ar fud an domhain. *Mar shampla, Coca-Cola.*
- De ghnáth fanann ainm an táirge mar an gcéanna ionas go mbeidh aitheantas níos fearr ag daoine ar an táirge.
- Ach, is gá do ghnólachtaí teastálacha agus cultúr áitiúil a chur san áireamh má tá súil acu go n-éireoidh leis an táirge.
- Ní dhíolann McDonalds *"beef burgers"* san India mar breathnaítear ar an mbó mar ainmhí naofa.

Praghas Domhanda:

Ar fud an domhain ní hionann an praghas a ghearrann gnólachtaí domhanda ar tháirgí i dtíortha difriúla.

Braitheann an praghas a ghearrann siad ar na tosca seo a leanas:

1. An caighdeán maireachtála i dtíortha difriúla. De ghnáth má bhíonn caighdeán maireachtála ard ann bíonn an praghas ard.
2. Costais Iompair/ Dáileacháin
3. An Ráta Cánach Breisluacha (CBL) sa tír sin?
4. An ngearrtar aon taraif sa tír sin?
5. Cén praghas a ghearrann na hiomaitheoirí ar an táirge sa tír sin?

Cur chun cinn Domhanda:

- Sábhálann gnólachtaí domhanda an-chuid airgid má úsáideann siad an fhógraíocht chéanna ar fud an domhain.
- Ach, ní hé seo an cás i gcónaí. Uaireanta, bíonn orthu fógraí a athrú de bharr cúrsaí teanga, cultúir agus dlíthe fógraíochta difriúla.
- Mura gcuireann gnólachtaí domhanda é seo san áireamh caillfidh siad custaiméirí agus beidh muintir na háite maslaithe.

Ionaid Dhomhanda:

- Tá sé an-deacair táirgí a chur ar fáil do chustaiméirí difriúla in ionaid éagsúla ar fud an domhain.
- Braitheann an-chuid gnólachtaí domhanda ar ghníomhairí agus gníomhaireachtaí áitiúla chun an táirge a dháileadh dóibh. *Mar shampla, in Iosrael is gnólacht áitiúil é "The Central bottling Company" a tháirgeann agus a dháileann deochanna Coca-Cola.*

[2] The Global Marketing Mix

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 254

An Ról agus an Tábhacht leis an Margaíocht Dhomhanda:

1. **Barainneacht Scála ➤** Trí tháirgí a dhíol ar fud an domhain bíonn costais níos lú ag gnólachtaí. Baineann siad leas ollmhór as barainneacht scála mar go dtáirgeann siad an oiread sin earraí. Cabhraíonn sé seo le gnólachtaí áitiúla táirgí a dhíol ag praghas an-íseal.
2. **Táirgeacht Ollmhór ➤** Téann gnólachtaí domhanda i mbun táirgeachta ollmhóire. Déanann siad infheistiú ar an-chuid airgid chun iniúchadh a dhéanamh ar earraí ar ardchaighdeán a fhorbairt. *Mar shampla, Sony, atá mar cheann de na táirgeoirí earraí is fearr ar domhan.*

3. **Cultúir Éagsúla ➤** Is gá do ghnólachtaí teastálacha agus cultúir áitiúla a chur san áireamh má tá siad ag súil go n-éireoidh leis an táirge. Mura ndéantar é seo ní dhíolfaidh siad mórán den táirge.
4. **Fógraíocht ➤** Is gá do ghnólachtaí domhanda cultúir tíortha difriúla a chur san áireamh nuair atá feachtas fógraíochta á chur i gcrích acu. Mura ndéantar é seo tá seans an-mhór ann go maslófar na daoine áitiúla. Beidh éifeacht aige sin ar an leibhéal díolachán a bheidh acu.

SEANCHEISTEANNA ÓN ARDTEISTIMÉIREACHT

2009 Roinn 3 – Ceist 3(B) – 30 Marc

(i) Mínigh an téarma 'margaíocht dhomhanda' **agus** ainmnigh **dhá** ghnó dhomhanda.

(ii) "Bíonn dúshláin bhreise mhargaíochta roimh ghnó atá páirteach i margaí domhanda."
Déan plé ar na dúshláin seo agus bain úsáid as samplaí chun tacú le do fhreagra.

2007 Roinn 3 – Ceist 3(B) – 25 Marc

Mínigh an téarma 'margaíocht dhomhanda' agus an ról atá aici sa ghnó idirnáisiúnta.

2005 Roinn 3 – Ceist 3(C) – 15 Marc

Déan cur síos ar choincheap na Margaíochta Domhanda chomh fada is a bhaineann sé le cúrsaí gnó na hÉireann.

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 255

2004 Roinn 3 – Ceist 3(A) – 20 Marc

Tá a lán deiseanna agus dúshláin ann do gheilleagar na hÉireann sa timpeallacht idirnáisiúnta. Tá an geilleagar go mór faoi thionchar an chumais atá i ngnóthais Éireannacha earraí a táirgtear in Éirinn a dhíol ar mhargaí thar lear agus freisin ó na dúshláin atá ann dóibh ó iomaitheoirí eachtrannacha.

Sainmhínigh Margaíocht dhomhanda. Déan cur síos ar an ról atá ag Margaíocht dhomhanda sa ghnó idirnáisiúnta.

2004 Roinn 3 – Ceist 3(B) – 20 Marc

Mínigh, agus úsáid á baint agat as samplaí, an tionchar atá ag cuideachtaí Trasnáisiúnta in Éirinn.

2002 Roinn 3 – Ceist 3(B) – 20 Marc

Aithnítear go bhfuil Éire na linne seo, mar gheilleagar oscailte, go mór faoi thionchar na timpeallachta trádála idirnáisiúnta. Tá cuid mhór foghlamtha ag lucht gnó in Éirinn trí staidéar a dhéanamh ar na hathruithe sa gheilleagar idirnáisiúnta agus iad féin a chur in oiriúint do na hathruithe sin agus a n-éifeacht ar chúrsaí gnó in Éirinn.

Mínigh an ról atá ag margaíocht dhomhanda a dhéantar ar tháirgí agus ar sheirbhísí sa ghnó idirnáisiúnta. Bíodh samplaí oiriúnacha agat mar léiriú ar do fhreagra.

2001 Roinn 3 – Ceist 3(A) – 35 Marc

I sochaí nua-aimseartha is beag tír a fhéadfaidh teacht slán trí bheith ag brath go hiomlán ar a trádáil bhaile féin. Tá tíortha uile an domhain, beagnach, idirspleách agus ag brath dá bhrí sin ar thrádáil idirnáisiúnta.

Déan anailís ar thábhacht Thrádáil Idirnáisiúnta i gcás na hÉireann. Déan tagairt i do fhreagra d'fhorbairt bhloic thrádála agus chomhlachtaí trasnáisiúnta.

2000 Roinn 3 – Ceist 3(A) – 20 Marc

Is geilleagar oscailte í Éire. Déanann tionchair ón gcoigríoch difear mór do gheilleagar na hÉireann. Cruthaíonn an timpeallacht idirnáisiúnta go leor deiseanna agus dúshlán do Ghnó na hÉireann m.sh. margú táirgí Éireannacha thar lear agus bagairt ó iomaitheoirí thar lear.

Mínigh, agus tú ag baint leasa as samplaí, an tábhacht a bhaineann le margú domhanda do ghnó domhanda.

1999 Roinn 1 – Ceist 10 – 10 Marc

Cad é cuideachta trasnáisiúnta? Ainmnigh dhá chuideachta Trasnáisiúnta.

AN CHEIST AR AN NGNÓ FEIDHMEACH (ABQ)

- Beidh 45 nóiméad agat don ABQ *(10 Nóiméad Léamh – 35 Nóiméad Scríobh)*
- **Léigh na ceisteanna sula léifidh tú an téacs**. Sa bhealach seo beidh a fhios agat cad atá tábhachtach agus tú ag léamh an téacs.
- Is iad na gnáthrialacha atá i bhfeidhm. Roinn gach ceist ar 5 leis an méid pointí is gá duit a scríobh a ríomh. ***Msh 30/5 = 6 Phointe.***
- ***Freagair gach ceist mar seo a leanas:***

  1. **Luaigh** (State)
  2. **Mínigh** (Explain)
     Tosaigh le *"Ciallaíonn ...."*
  3. **Nasc leis an téacs**
     Tabhair moladh/ treoir dóibh más gá. Is féidir abairt sa bhreis a bheith mar bhuntáiste/ míbhuntáiste nó mar do thuairim. *"Ceapaim go bhfuil tarmligean go maith do Phól mar....."*

     Tabhair abairt sa bhreis má deir sé sa cheist A) Déan measúnú B) Déan anailís C) Déan plé nó D) Déan cur síos.
  4. **Tagairt** (Reference/ Quote)

     Nasc an téacs leis an tagairt, mar shampla:

     feicimid go bhfuil scileanna maithe um smachtú/rialú ag Alex mar "*déanann sé scrúdú pearsanta ar gach píosa bréagáin a dhéanann a ghnó*". Is sampla é seo de Rialú Caighdeáin maith.

- **Tagairtí** ➤ Tá sé an-tábhachtach go gcuirfidh tú **tagairtí** *(Quotes)* ón téacs isteach i ngach pointe a dhéanann tú, fiú mura bhfuil i gceist ach 3 nó 4 fhocal.
- Ní leor focal amháin mar thagairt *(ar nós ainm an ghnólachta)* ◄ *ní leor sin.*
- Is féidir an tagairt chéanna a úsáid níos mó ná uair amháin.
- **Tá 32 marc as 80 marc ar fáil do thagairtí agus do naisc.**

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 257

- Bain úsáid as **peann gorm agus peann dubh san ABQ** ionas go seasfaidh do thagairtí amach. Mar shampla an ghnáthscríbhneoireacht i ndath gorm agus na tagairtí i ndath dubh.
- **Déan an ABQ díreach i ndiaidh duit na mioncheisteanna a dhéanamh.** Ná fág é go dtí deireadh an scrúdaithe chun é a dhéanamh mar tá sé an-deacair ABQ a dhéanamh má bhíonn brú ama ort.
- ***Déan deimhin de go mbeidh tú críochnaithe leis na mioncheisteanna agus an ABQ ag 3.15 pm.***

Tá an ABQ seo bunaithe ar Aonaid 5, 6 & 7 (2003)

A) Déan anailís ar fhoinse amháin gearrthéarma agus ar fhoinse amháin fadtéarma chuí airgeadais a bheadh ar fail do bhunú Cli-He.(30 Marc)

Gearrthéarmach = Creidmheas Trádála

Is foinse airgeadais gearrthéarmach é creidmheas trádála a ligeann don ghnólacht stoc a cheannach ar cairde ón soláthraí agus é a íoc níos déanaí (de ghnáth 30 lá níos déanaí)

Anailís: Molaim go mbaineann Clodagh leas as creidmheas trádála mar is foinse airgeadais saor é. Ní gá di aon ús a íoc má íocann sí an soláthraí laistigh den tréimhse ama atá tugtha.

Is féidir le Clodagh an creidmheas trádála a úsáid chun íoc as "amhábhair a thugann aird ar riachtanais na timpeallachta" atá ag teastáil uaithi chun "na bréagáin agus na cluichí do pháistí" a dhéanamh. Nuair a dhíolann sí na bréagáin seo leis an "deighleog den mhargadh nideoige "glas" " is féidir léi an soláthraí a íoc ar ais.

Fadtéarmach = Deontais

Is airgead saor é seo a thugann an rialtas do ghnólachtaí chun cabhrú leo feidhmiú. Is foinse airgid bhuan é seo nach gá don ghnólacht a íoc ar ais ar an gcoinníoll nach mbriseann siad aon téarmaí a bhaineann leis an deontas.

Anailís: Molaim go dtéann Clodagh ag lorg deontais ó Fhiontraíocht Éireann (Enterprise Ireland). Is airgead saor é agus ní gá don ghnólacht aon ráthaíocht/ chomhthaobhacht a thabhairt don rialtas.

Clúdóidh an deontas cuid de chostas tosaíochta an "fhiontair nua seo". Tá sé seo an-tábhachtach do *Cli-He* mar bíonn sé fíordheacair brabús a dhéanamh i ngnólacht

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 258

sna chéad chúpla bliain. Bheadh an deontas seo iontach do shreabhadh airgid an ghnólachta.

B) Déan cur síos ar an gcaoi is féidir le Clodagh a chinntiú gur cuideachta í Cli-He a thugann aird chuí ar an timpeallacht. (30 Marc)

Chun a cinntiú gur cuideachta í Cli-He a thugann aire don timpeallacht is féidir léi na rudaí seo a leanas a dhéanamh:

1. Athchúrsáil

Is féidir léi laghdú a dhéanamh ar an mbruscar sa domhan trí bhruscar daoine eile a thógáil agus é a úsáid chun táirgí a dhéanamh. Is gá do Clodagh a chinntiú go bhfuil a cuid pacáistithe de "na bréagáin agus na cluichí" déanta as páipéar athchúrsáilte. Má dhéanann sí é seo ceannóidh daoine ón "deighleog den mhargadh nideoige 'glas'" a cuid táirgí dá bpáistí mar beidh siad in ann é a athchúrsáil.

2. Gearradh siar ar Bhruscar

Ionas go dtugtar aire don timpeallacht is gá do chuideachta Clodagh a chinntiú go n-úsáideann sí an méid is lú páipéarachais agus is féidir. Mar sin ní bheidh mórán bruscair aici. Nuair atá Clodagh ag díol a táirgí "ar fud an domhain trí úsáid a bhaint as an idirlíon" ba chóir di a cuid orduithe uile a stóráil go leictreonach ar a ríomhaire agus gan iad a phriontáil amach. Sa bhealach seo beidh sí ag gearradh siar ar bhruscar.

3. Forbairt Inbhuanaithe[1]

Úsáideann gnólachtaí a thugann aire don timpeallacht an méid is lú breoslaí iontaise[2] agus foinsí fuinnimh in-athnuaite[3] nuair is féidir. Nuair atá Clodagh ag easpórtáil a cuid táirgí ar fud an domhain chuig an Eoraip, chuig na Stáit Aontaithe agus chuig áiteanna eile ba chóir di é a dhéanamh i méid mór chun laghdú a dhéanamh ar an seachadadh a dhéantar agus sa bhealach sin laghdófar an méid truaillithe a dhéantar.

4. Íoslaghdú a dhéanamh ar Thruailliú

Cinntíonn gnólachtaí a thugann aire don timpeallacht nach scaoileann siad ceimiceáin dainséaracha amach sa timpeallacht. Is gá do Clodagh a chinntiú nach scaoileann a "suíomh in Éirinn don fhiontar nua seo" ceimiceáin dainséaracha isteach san aer nó sna haibhneacha. Is gá di innealra a cheannach a choimeádann truailliú go dtí an leibhéal is lú.

1 Sustainable Development
2 Fossil Fuels
3 Renewable Energy Sources

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 259

5. Scrúduithe Timpeallachta

Beidh ar Clodagh scrúduithe rialta a dhéanamh ar an ngnólacht nua chun a chinntiú go "dtabharfaidh an chuideachta aird ar an timpeallacht ina modhanna táirgeachta uile" agus go bhfuil sí ag úsáid "amhábhair a thugann aird ar riachtanais na timpeallachta."

6. Comhairle a Lorg

Lorgaíonn gnólachtaí a thugann aird don timpeallacht comhairle ó dhaoine sula ndéanann siad aon chinntí atá ceangailte leis an timpeallacht. Ba cheart do Clodagh comhairle a lorg ó na "tomhaltóirí ar chás leo an timpeallacht" ionas gur féidir léi aire a thabhairt don "timpeallacht ina modhanna táirgeachta uile."

C) Pléigh na dúshláin atá roimh Cli-He chun margaí a forbairt thar lear. Bíodh tagairtí agat don téacs thuas i do fhreagra. (20 Marc)

1. Deacrachtaí Teanga

Cé go bhfuil Béarla mar an teanga trádála idirnáisiúnta, b'fhearr le cuid mhór custaiméirí eachtracha gnó a dhéanamh ina dteanga dúchais. Cruthaíonn sé seo roinnt mhaith dúshlán do chuideachtaí ar nós *Cli-He* a dhéanann an-chuid easpórtála. Nuair atá siad ag "margú a gcuid táirgí san Eoraip, sna Stáit Aontaithe agus in áiteanna eile ar fud an domhain trí úsáid a bhaint as an idirlíon" beidh orthu a chinntiú go bhfuil a suíomh Gréasáin ar fáil i dteangacha éagsúla.

2. Rátaí Malairte

Agus luach an Euro ag ardú, tagann ardú ar phraghas earraí Éireannacha i dtíortha nach n-úsáideann an Euro. Cruthaíonn sé seo níos lú díolachán agus brabúis do ghnólachtaí Éireannacha. Is dúshlán mór é seo dóibh mar beidh tionchar mór ag luach an Euro ar na díolacháin "sna Stáit Aontaithe."

3. Iomaíocht

Chun an costas ard atá ar chúrsaí fostaíochta a chlúdach caithfidh déantúsóirí Éireannacha praghas ard a ghearradh ar a dtáirgí. Bíonn costais fostaíochta i bhfad níos lú ag cuideachtaí i dtíortha eile, mar sin bíonn a gcuid táirgí i bhfad níos saoire. Ionas go n-éireoidh le *Cli-He* beidh ar an "deighleog den mhargadh nideoige 'glas' " a bheith sásta praghas níos airde a íoc as na táirgí.

4. Ag Bailiú Íocaíochtaí

Mura n-íocann custaiméirí ó thíortha iasachta níl mórán is féidir le gnólachtaí Éireannacha a dhéanamh chun a gcuid airgid a fháil ar ais. Tá dlíthe trádála difriúla

UNIT 7:Layout 1 13/07/2012 08:47 Page 260

i bhfeidhm i ngach tír. Mura n-íocann custaiméirí móra iasachta tá baol ann go rachaidh "an fiontar nua seo" i bhféimheacht[4]. Is dúshlán mór é seo.

AG PLEANÁIL AMA DON ARDTEISTIMÉIREACHT	
AM	**CEIST**
2.00 – 2.05 pm.	Léigh an páipéar agus roghnaigh do cheisteanna. Scríobh síos aon fhoirmlí/phointí in aice leis na ceisteanna áirithe.
2.05 – 2.30	Na Mioncheisteanna
2.30 – 3.15	An Cheist ar an nGnó Feidhmeach (ABQ) (Caithfidh tú a bheith críochnaithe leis an ABQ ag 3.15)
3.15 – 3.40	Ceist 1
3.40 – 4.05	Ceist 2
4.05 – 4.30	Ceist 3
4.30 – 4.55	Ceist 4
4.55 – 5.00 pm.	Achoimre ar an bPáipéar

4 Bankruptcy